Líonraí Gáis Éireann

# Ag croílár thodhchaí **fuinnimh na hÉireann**

**2025** Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais



Líonra seasmhach



An t-aistriú neodrach



Spreagtha ag custaiméirí

MAIDIR LINN

# Is sócmhainn náisiúnta -

de mhéid agus de scála é líonra gáis na hÉireann

## Ag Seachadadh Fhuinneamh na hÉireann

**30%** de riachtanais fuinnimh iomlána na hÉireann

**53.4 TWh** á iompar tríd an líonra do Phoblacht na hÉireann

**40%** de ghiniúint leictreachais na hÉireann

**Tháinig 17%** den ghás a úsáideadh in Éirinn ó gháscheantar na Coiribe go dúchasach

## Ag Seachadadh ar son na hÉireann

Sócmhainn náisiúnta faoi úinéireacht phoiblí **€3bn**

Fuarthas luach **€294m** d'earraí agus de sheirbhísí ó sholáthraithe Éireannacha

Cánacha **€190m** íoctha

**€217m** de chaiteachas caipitil

Íocaíocht díbhinne **€62m** leis an Státchiste

**830** ball foirne fostaithe go díreach ag Líonraí Gáis Éireann

EOCHAIR

- Píblínte atá ann Cheana
- Píblínte faoi Úinéireacht Eile
- Pointí Idirnasc
- Pointe Iontrála
- Pointe Iontrála Gáis In-athnuaite
- Pointe Iontrála Díchoimisiúnaithe




## Seasmhacht agus slándáil líonra a chur ar fáil

**4** cheangal tarchurtha nua - tógáil déanta

**3** Tógáil tosaithe ar 3 cheangal tarchurtha eile

Bogadh ar aghaidh go sciobtha le huasghráduithe ar chibearshlándáil agus shlándáil fhisiceach le linn 2025

D'fhaomh Rialtas na hÉireann forbairt Chúltaisce Straitéiseach Éigeandála Gáis, mar bhonneagar ríthábhachtach chun soláthar fuinnimh na hÉireann a dhaingniú.

Léirítear fós le Ráta Minicíochta Iomlán an dTeagmhas Ama Caillte (RMITAC) i gcomhair ball foirne agus soláthraithe **0.13** ár gcultúr ina dtugtar tosaíocht don tsábháilteacht atá againn

Tugadh taifead ar bhuaicéileamh laethúil de **370 GWh** ar an 8 Eanáir, 2025

## Seachadadh ar son todhchaí aeráidneodraífuture

### Bith-mheatán

Cuireadh tús le lárcheangal eangaí bithmheatáin Bhaile Mhistéala a thógáil

- **3** Conarthaí sínithe i gcomhair ceangal bithmheatáin
- **12** stáisiún gáis nádúrtha comhbhrúite (GNC) á oibriú faoi dheireadh 2025

### Hidrigin

- Glacadh páirt i nGrúpa Oibre Idir-Rannach an Rialtais ar Hidrigin.
- Leanadh ar aghaidh le taighde maidir le hUllmhacht Theicniúil Líonra agus comhoiriúnacht Hidrigine.

**3** **Ghnóthaigh muid 3 dhámhachtain**

1 - Bronnadh an Dámhachtain um Fheabhas Seirbhísí Tacaíochta i gcomhair Inbhuanaitheacht na Seirbhíse Poiblí 2025 ar Líonraí Gáis Éireann.

2 - Bronnadh Dámhachtain ESG um Ghníomhaí na Bliana ar Líonraí Gáis Éireann ag Dámhachtainí Glasa 2025.

3 - Bronnadh an Dámhachtain don Eispéireas agus don Chumarsáid Custaiméara is Fearr sna Dámhachtainí InBUSINESS de chuid Chambers Ireland 2025 ar Líonraí Gáis Éireann.

SDG AMBASSADOR

D'aistrigh Líonraí Gáis Éireann ónar ról mar Chrann Taca go ról marthanach mar **Ambasadóir SFI**

### Oibríochtaí dícharbónaithe

Dearbh-laghdú ar astaíochtaí SFI ó 2010 **(Scóip 1&2) - 27%**

Dearbh-laghdú ar astaíochtaí GCT ó 2024 **(Scóip 1&2) - 4%**

Cuireadh ar aghaidh **"Tionscadal Leictrithe na hAlban"** chun aistriú ó ghástuirbíní go cumhacht leictreach.

## Ag seachadadh dár gcuid custaiméirí

**720,000+** custaiméir i **23** contae, le 28,533 custaiméir tionscail agus tráchtála, lena n-áirítear stáisiúin chumhachta.

**95%** Tá scór sástachta custaiméirí de 95% fós ar leibhéal sármhaith.

Scór 8.2 as 10 i gcomhair shásamh Seoltóra / Soláthraí (an-sásta) **8.2**

**17%** Titim 17% ar líon na ngearán i gcomparáid le 2024, an leibhéal is ísle a ardaíodh le 10 mbliana

**1.8m** léamh méadar déanta

# Clár Ábhair













## 1 Feidhmíocht Straitéiseach


**Forléargas gnó**

| | |
|---|---|
| Ár stair agus aistear inbhuanaitheachta | 08 |
| Athbhreithniú an Chathaoirligh | 10 |
| Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin | 13 |

**Straitéis, samhail ghnó agus bainistíocht riosca**

| | |
|---|---|
| Ár gcreat straitéiseach | 19 |
| An tsamhail ghnó agus luach a chruthú | 23 |
| Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara | 24 |
| Bainistíocht riosca | 26 |


## 2 Feidhmíocht ghnó


**Athbhreithniú gnó**

| | |
|---|---|
| Athbhreithniú oibriúcháin | 42 |
| Athbhreithniú airgeadais | 63 |
| Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht | 71 |


## 3 Rialachas corparáideach


| | |
|---|---|
| An Bord | 104 |
| Tuarascáil an Bhoird | 107 |
| Tuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca | 122 |
| Tuarascáil na stiúrthóirí | 126 |


## 4 Ráitis airgeadais


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann | 130 |
| Ráiteas faoi ioncam an ghrúpa | 136 |
| Ráiteas an ghrúpa maidir le hioncam cuimsitheach eile | 137 |
| Clár comhardaithe an ghrúpa | 138 |
| Ráiteas an ghrúpa faoi athruithe sa chothromas | 140 |
| Ráiteas an ghrúpa faoi shreafaí airgid | 141 |
| Nótaí le ráitis airgeadais an ghrúpa | 142 |
| Clár comhardaithe na cuideachta | 187 |
| Ráiteas na cuideachta ar athruithe ar an gcothromas | 189 |
| Ráiteas na cuideachta ar shreafaí airgid | 190 |
| Nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais na cuideachta | 191 |

FEIDHMÍOCHT STRAITÉISEACH

**Agus Éire ag dul trí haistriú mór fuinnimh, tá an meon ceart againn chun ról a ghlacadh ansin.**



Cuid

1

# Feidhmíocht straitéiseach

**Forléargas gnó**


| | |
|---|---|
| Ár stair agus aistear inbhuanaitheachta | 08 |
| Athbhreithniú an Chathaoirligh | 10 |
| Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin | 13 |


**Straitéis, samhail ghnó agus bainistíocht riosca**


| | |
|---|---|
| Ár gcreat straitéiseach | 19 |
| An tsamhail ghnó agus luach a chruthú | 23 |
| Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara | 24 |
| Bainistíocht riosca | 26 |

ÁR STAIR AGUS ÁR N-AISTEAR INBHUANAITHEACHTA

# 50 bliain i mbun gnó

**Táimid ag súil go mór leis an gcéad chaibidil eile i scéal fuinnimh na hÉireann, a mhúnlú, i dteannta a chéile.**

Gas Networks Ireland | 50 Years of Moving Ireland's Energy

## 1970/80idí



*Roimh na 1970idí, tháirgtí "gás baile" ó ghual ag láithreáin oibreacha gáis áitiúla agus bhaintí úsáid as go príomha le haghaidh lampaí sráide.*

**1971** Thángthas ar ghás nádúrtha amach ón Seancheann, in iardheisceart na hÉireann.

**1976** Bunaíodh Bord Gáis Éireann chun gás a iompar agus a sholáthar in Éirinn, agus é le dul in ionad cuideachtaí príobháideacha "gáis bhaile".

**1978** Tugadh gás nádúrtha i dtír ar dtús trí phíblíne faoin bhfarraige san Inse i gCo. Chorcaí.

**1983 go 1989** Críochnaíodh an phíblíne gáis ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath, agus ina dhiaidh leathnaíodh isteach i gcathracha eile í, chun custaiméirí a aistriú ó "ghás baile" go gás nádúrtha.

## 1990idí



**1993** Tugadh chun críche an phíblíne Idirnascaire 1 faoin bhfarraige, lenar nascadh líonra gáis na hÉireann le heangach gáis na Ríochta Aontaithe.

Gás nádúrtha laistigh de 550,000 teach in Éirinn

**1996** Nochtadh gáscheantar na Coiribe amach ó chósta Mhaigh Eo in iarthar na hÉireann.

**1999** Tá an cion den leictreachas a ghintear ag an ngás nádúrtha fós ag dul i méid agus é ag 28% anois, sa chaoi sin téitear in ionad breoslaí iontaise a dhéanann truailliú trom amhail ola.

## 2000idí



**2000** Téann Aurora Telecom isteach i margadh an tsnáithín dhorcha

**2002** Píblíne Idirnascaire 2 fomhuirí tugtha chun críche, chun freastal ar éileamh níos airde ar ghás agus laghdú ar sholáthairtí ó gháscheantar Chionn tSáile.

Líonra gáis sínte chun gás nádúrtha a thógáil go hiarthar na hÉireann den chéad uair.

**2009** Bunaíodh ár gciste carthanachta agus ár dtiomantas don oideachas óige ar dtús

## 2010idí




**2014** Tugadh an t-ainm nua Ervia ar Bhord Gáis Éireann, tar éis gur díoladh Bord Gáis Energy

**2015** Téann gás nádúrtha ó gháscheantar na Coiribe isteach sa líonra gáis.

**2018** Foilsítear ár gcéad Thuarascáil Inbhuanaitheachta.

**2019** Téann bithmheatán in-athnuaite arna dhéanamh in Éirinn isteach sa líonra gáis.

## 2020idí



**2020** An chéad Thionscadal um Nochtadh Carbóin (TNC) Rátáil B i gcomhair athraithe carbóin bainte amach.

**2023** Bunaítear an Lárionad Nuálaíochta Líonra chun treochlár teicniúil agus sábháilteachta a bhunú i gcomhair hidrigine.

Scaradh Uisce Éireann go dlíthiúil ó Ervia. Ina dhiaidh sin díscaoileadh Ervia in 2024.

**2024** Foilsíodh "Conair chuig Líonra Carbóin-Neodrach".

11 stáisiún gáis nádúrtha chomhbhrúite (GNC) curtha i bhfeidhm faoi dheireadh 2024.

**2025** D'fhaomh Rialtas na hÉireann forbairt an Chúltaisce Straitéisigh Éigeandála Gáis.

## 2026

### Ag ceiliúradh 50 bliana de nuálaíocht fuinnimh

**Tá ról ríthábhachtach á ghlacadh againn i bhfuinneamh na hÉireann le 50 bliain anuas. Léiriú é an chloch mhíle seo ar na glúnta de chomhghleacaithe a d'fhorbair agus a neartaigh an eagraíocht seo lena dtallann, a dtiomantas agus a ndílseacht uathúil chun ligean dúinn fuinneamh na hÉireann sa lá atá inniu ann a chumasú, ar mhaithe leis an todhchaí. Tá caoga bliain de shaineolas agus de thaithí againn, agus táimid thar a bheith bródúil as sin. Agus caoga bliain á cheiliúradh againn, tugaimid gealltanas iomlán dár gcuid luachanna - tógáil ar thaithí, an rud ceart a dhéanamh, agus spreagtha chun athraithe – le cinntiú go mbeimid ag seachadadh, go n-éireoidh linn agus go mbeimid ag forbairt i gcónaí. De réir mar a athraíonn timpeallacht an fhuinnimh, is léir fós an fhís atá againn mar atá bheith ag croílár an fhuinnimh in Éirinn sa todhchaí. Beimid i gcónaí inár gceannairí freagracha, cuirfimid chun cinn an nuálaíocht, agus bainfimid amach tionchar dearfach dár gcuid custaiméirí, saoránach, pobal agus don phláinéad, le cinntiú go mairfidh ár n-oidhreacht feadh na mblianta fada. Agus an cuspóir céanna againn, táimid ag súil leis an gcéad chaibidil de scéal fuinnimh na hÉireann a mhúnlú, i dteannta a chéile.**

ATHBHREITHNIÚ AN CHATHAOIRLIGH

# Ag croílár thodhchaí fuinnimh na hÉireann

**D'fhaomh an Rialtas seachadadh an Chúltaisce Straitéiseach Éigeandála Gáis, mar bhonneagar ríthábhachtach chun soláthar fuinnimh na hÉireann a dhaingniú.**

**Forbróidh an líonra gáis go mbeidh ról lárnach aige i gcabhrú le hÉirinn spriocanna aeráid-neodracha a bhaint amach.**

## Réamhrá

Mar Chathaoirleach, tá lúcháir orm Tuarascáil Bhliantúil 2025 agus Ráitis Airgeadais Líonraí Gáis Éireann a chur i láthair.

I gcaitheamh na bliana, rinneamar dul chun cinn suntasach ar ár gcuid spriocanna straitéiseacha, thugamar tús áite d'athnuachan ár straitéise corparáidí agus d'oibríomar i dtreo ár bhfíse maidir le bheith i gcroílár thodhchaí fuinnimh na hÉireann. Leanaimid orainn ag seachadadh dár gcuid custaiméirí agus páirtithe leasmhara trí líonra sábháilte agus iontaofa a oibriú, slándáil agus seasmhacht an fhuinnimh in Éirinn a chinntiú agus deiseanna a fhiosrú chun dícharbónú a dhéanamh ar an líonra mar chuid d'aistriú na hÉireann go geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin.

## Ár ról ríthábhachtach i gcóras fuinnimh na hÉireann

Déanaimid bainistiú ar bhonneagar nua-aimseartha agus soláthraímid seirbhísí ríthábhachtacha gáis 365 lá sa bhliain. Is é príomhchuspóir Líonraí Gáis Éireann ná líonra gáis atá sábháilte agus iontaofa a oibriú, ag tacú le slándáil fuinnimh iomlán in Éirinn agus ag an am céanna ag éascú aistriú an líonra gháis go líonra carbóin ghlan-nialasaigh go héifeachtach.

Tá ról ríthábhachtach ag ár mbonneagar i gcóras fuinnimh na hÉireann agus i dtacú leis an margadh leictreachais sa mhéid is go gcúitíonn sé as an inathraitheacht a fhaightear go nádúrtha i bhfoinsí in-athnuaite mar fhuinneamh gaoithe agus gréine.

Féadann Líonraí Gáis Éireann réitigh a thabhairt ar dhúshláin a ghabhann le slándáil an tsoláthair fhuinnimh, srianta acmhainne agus dícharbónú. Táimid ag obair i ndlúthpháirt le ranna Rialtais, le Eirgrid agus eagraíochtaí eile nach iad maidir le samhaltú sonrach ar chás an líonra chun léiriú a thabhairt ar a mhéid a fhéadann an líonra gáis tacú le hÉireann le dul i ngleic le srianta acmhainne fuinnimh amach anseo.

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta chun ár mbonneagar a chothabháil agus infheistiú ann chun na caighdeáin is airde de shábháilteacht agus d'iontaofacht a chomhlíonadh. Sa bhliain 2025, choinníomar ár gcuntas teiste maidir le sárfheidhmíocht sábháilteachta agus leanamar ag seasamh le sábháilteacht mar phríomhthosaíocht maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla leanúnacha agus cinnteoireacht. Léiríodh solúbthacht, fáil agus iontaofacht an gháis chun tacú le slándáil agus seasmhacht fuinnimh na hÉireann i rith 2025, sa mhéid is nach raibh briseadh ar bith sa soláthar, fiú le linn imeachtaí aimsire crua mar Stoirm Éowyn i mí Eanáir.

D'fhaomh an Rialtas seachadadh an Chúltaisce Straitéiseach Éigeandála Gáis (CSÉG) i mí an Mhárta an bhliain seo, mar bhonneagar ríthábhachtach chun soláthar fuinnimh na hÉireann a dhaingniú fad is a leanann an Stát ar aghaidh lena aistriú go fuinneamh in-athnuaite. Forbróidh Líonraí Gáis Éireann an SGER thar ceann an Stáit. Déanfar an cúltaisce gáis nua a sheachadadh le hAonad Stórála agus Athghásaithe ar Snámh (Floating Storage and Regasification Unit/FSRU) agus tabharfar aghaidh leis ar riosca ríthábhachtach maidir le briseadh ar sholáthar gáis nádúrtha na hÉireann. I mí na Samhna 2025, tar éis gur tugadh faoi phróiseas cuimsitheach roghnúcháin, fógraíodh Cathair Dhá Chon feadh Inbhear na Sionainne mar an láithreán um SGER nua na hÉireann.

Leis an ngéarú ar an éagobhsaíocht pholaitiúil sa Mheánoirthear treisítear an tábhacht straitéiseach a ghabhann le slándáil fuinnimh. Anois go mbíonn margaí gáis an domhain ag éirí níos doichte agus go mbíonn praghsanna ag éirí níos luaine, is ionann an SGER atá faofa ag an Rialtas agus beart ríthábhachtach don tseasmhacht, lena dtugtar slándáil fuinnimh agus cosaint riachtanach chun tacú le leanúnachas an tsoláthair ghás in Éirinn i gcás briste.

## An bealach a leagan amach i dtreo neodrachta carbóin sa todhchaí

Tá spriocanna uaillmhianacha don athrú aeráide socraithe ag rialtas na hÉireann, agus é mar aidhm neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050. Forbróidh an líonra gáis go mbeidh ról lárnach aige i gcabhrú le hÉirinn na spriocanna sin a bhaint amach. Trí dhícharbónú a dhéanamh ar an líonra gáis agus comhtháthú leis an gcóras leictreachais a mhéadú, beidh Éire in ann aeráid-neodracht a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costas agus ar an mbealach is lú a mbeidh cur isteach ag baint leis agus feabhsófar slándáil agus éagsúlacht fuinnimh ag an am céanna.

Trí gháis in-athnuaite (bithmheatán agus hidrigin) a chur in ionad gáis nádúrtha, laghdóimid astaíochtaí ar fud earnálacha tábhachtacha, lena n-áirítear na hearnálacha a mbíonn sé deacair de ghnáth iad a dhícharbónú, amhail an tionscal ardteasa, giniúint cumhachta, talmhaíocht agus iompar mar a leagtar amach inár ndoiciméad Conairí a foilsíodh in 2024.

I rith 2025, leanamar orainn ag éascú an aistrithe go fuinneamh in-athnuaite, agus ar an gcaoi sin tacaítear le spriocanna aeráide uaillmhianacha na hÉireann. Rinneamar dul chun cinn a fhorbairt an lárionad instealla greille (LIG) i mBaile Mhisteála agus d'oibríomar as lámh a chéile le táirgeoirí bithmheatáin chun ceangail díreacha leis an líonra a chur ar fáil.

Cuireann Líonraí Gáis Éireann fáilte roimh thabhairt isteach an Oibleagáid Teasa In-athnuaite (OTI) ag an Rialtas, beartas cinniúnach a ceapadh chun dlús a chur leis an dícharbónú ar earnáil teasa na hÉireann agus chun an t-éileamh ar gháis in-athnuaite mar bhithmheatán, a spreagadh. Tacaímid leis an OTI mar chumasóir lárnach um mianta gáis in-athnuaite na hÉireann agus mar bheart ríthábhachtach beartais chun instealladh bithmheatáin a leathnú sa líonra náisiúnta.

## Straitéis

In 2025, rinneamar athnuachan ar ár straitéis tar éis go ndearna ár bhFeidhmeannacht agus ár mBord athbhreithniú cuimsitheach. Léirítear leis ár gcuspóir, 'Fuinneamh na hÉireann a chumasú sa lá atá inniu ann, ar mhaithe leis an todhchaí', agus ár bhfís, 'Bheith ag croílár an fhuinnimh in Éirinn sa todhchaí'. Tugtar tosaíocht leis dár líonra agus dá ról ó thaobh slándáil an tsoláthair a fheabhsú, ár mian dícharbónaithe agus an tábhacht a bhaineann le tacú lenár gcustaiméirí. Ag an am céanna, sheolamar ár n-iompraíocht eagraíochta, a thugann creat daingean dúinn, agus é tacaithe ag ár luachanna cuideachta, chun seachadadh ár straitéise a chumasú. Táimid muiníneach gurb é seo an straitéis cheart dár ngnólacht agus dár gcuid príomhpháirtithe leasmhara. Tá ár gcur chuige ag teacht le beartas an Rialtais agus tacaíonn sé leis, lena n-áirítear an Pacáiste Slándála Fuinnimh, an Straitéis Náisiúnta Bithmheatáin agus an Straitéis Náisiúnta Hidrigine.

## Inbhuanaitheacht

Le linn 2025, leanamar orainn ag cumhdach na hinbhuanaitheachta ar fud ár ngnólachta. Rinneamar athnuachan ar ár ngealltanais inbhuanaitheachta le go léireofaí ár straitéis chorparáideach athnuaite, measúnú daingean dúbailte ar ábharthacht, an creat gníomhaithe ar son na haeráide don earnáil tráchtála leathstáit agus ár mian tacú le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Ba ríthábhachtach freisin an gá le cur leis na gníomhaíochtaí sóisialta inár gcuid gealltanas inbhuanaitheachta. Tá trí réimse tosaíochta ag baint lenár ngealltanais inbhuanaitheachta nua:

Pláinéad: An t-aistriú a spreagadh le chéile i dtreo todhchaí aeráidneodraí d'Éirinn, Daoine: Ár ndaoine, ár gcomhghleacaithe, ár gcustaiméirí agus pobail agus Prionsabail a chosaint agus a chumhachtú: An rud ceart a dhéanamh mar ghnó. Tá ár gcuid gealltanas inbhuanaitheachta ceaptha chun ár spriocanna agus uaillmhianta inbhuanaitheachta a chomhlíonadh agus cultúr láidir inbhuanaitheachta a chothú san eagraíocht.

In 2025, d'aistríomar go hoifigiúil ónár ról mar Chrann Taca Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) chun gabháil dár



**Kevin Toland** Chairperson

ról nua mar Ambasadóir SFI don Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE).

In 2025 chomh maith, leanamar orainn ag faire ar an dul chun cinn san Eoraip ó thaobh cheanglais na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTCI) agus ár gcuid torthaí “gan aiféala” i gcomhair an TTCI a bhaint amach, lenar áiríodh ár dtuarascáil Sustainability in Action le haghaidh 2025 a thabhairt chun críche, agus é ar aon dul leis an gcreat ESG. Chuireamar ár gclár Astaíochtaí Meatáin i ngníomh i gcaitheamh na bliana faoi Rialachán an Aontais Eorpaigh (AE) maidir le Meatán 2024/1787. Rinneamar dul chun cinn lenár gcuid tionscadal um “leictriú” sa dá stáisiún comhbhrúiteora in Albain, ar cuid thábhachtach iad de thionscnamh dícharbónaithe Líonraí Gáis Éireann. Mar thoradh ar na tionscadail suiteálfar Tiomáintí Mótair Leictrigh Shingil (TML) i ngach stáisiún comhbhrúiteora. Táthar ag díriú ar an gclár sin a chur i gcrích le haghaidh 2030/31.

## Daoine

Leanaimid le hinfheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ár bhfoirne agus seachadadh go leor clár forbartha lena n-áirítear ár gcláir oiliúna teicniúla, cláir forbartha shaincheaptha éagsúla lena n-áirítear forbairt cheannaireachta agus bainistíochta, clár féincheannaireachta agus ár gcuid tacaíochta breisoideachais. Laghdaíodh níos mó in 2025 an bhearna pá idir na hinscní go 3.9%, rud a léiríonn go mbíonn tionchar ag ár gcuid iarrachtaí sa réimse sin. Is féidir tuilleadh sonraí a fheiceáil ar leathanach 88 faoi mar a thacaíonn ár ndaoine leis an nGnólacht agus mar a chumasaíonn siad é.

## Torthaí airgeadais agus díbhinní scairshealbhóirí

Ba é €146m brabús Líonraí Gáis Éireann tar éis na cánach in 2025. Tá ár gcuid torthaí airgeadais le haghaidh na bliana tacaithe ag béim láidir ar an airgeadas agus ag an ngá le hinfheistíocht leanúnach a dhéanamh inár líonra le tacú le mianta ó thaobh seasmhachta fuinnimh agus dícharbónaithe. Tá seasmhacht airgeadais ina phríomh-chumasóir dár straitéis, go háirithe, ár rátáil chreidmheasa de ghrád infheistíochta a chothabháil. Sa bhliain 2025, choinníomar rátálacha creidmheasa A+ / A2 le gníomhaireachtaí rátála S&P agus Moody. Forálann an beartas díbhinne de chuid Líonraí Gáis Éireann mar a comhaontaíodh leis an Rialtas, do dhíbhinní spriocdhírithe de 45% de bhrabús coigeartaithe tar éis cánach na bliana roimhe sin. Ag teacht leis an mbeartas seo, molann an Bord íocaíocht díbhinne de €66m i 2026, bunaithe ar fheidhmíocht airgeadais 2025.

## Rialachas corparáideach

Le linn na bliana lean an Bord le tús áite a thabhairt do rialachas corparáideach ar aon dul le dea-chleachtas, rialúchán atá ag teacht chun cinn, beartas rialtais agus trédhearcacht. Tháinig an Bord agus a fho-choistí le chéile go rialta agus ba eisceachtúil cineál agus cáilíocht an ábhair a cuireadh faoi bhráid an Bhoird le linn na bliana. Comhlíonann Líonraí Gáis Éireann an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit i ngach slí ábhartha. Déantar athbhreithniú foirmiúil ar rioscaí agus déantar monatóireacht orthu chun maoluithe agus rialuithe cuí a chinntiú. Mar Chathaoirleach, táim sásta go bhfuil na rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm agus go ndéantar bainistiú éifeachtach orthu chun ár riachtanais rialachais a bhaint amach.

## Athruithe ar an mBord agus ar an gCeannaireacht

Ag an am céanna lenár bhforbairt mar Chuideachta, aistríodh ár bpoist Boird agus ceannaireachta sinsearaí i gcaitheamh na bliana. Tháinig deireadh le tréimhse oifige Keith Harris ar an mBord ar an 4 Iúil agus ceapadh David Salisbury chuig an mBord le héifeacht ón 5 Meán Fómhair. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Keith as a chuid oibre, a thiomantas agus a rannchuidiú luachmhar do Líonraí Gáis Éireann agus fáilte a chur roimh David chuig ár mBord. Ina ról mar Phríomhfheidhmeannach, d’éirigh Cathal Marley as a Stiúrthóireacht ar an 1 Aibreán. Thar ceann an Bhoird, agus gach duine i Líonraí Gáis Éireann, gabhaim buíochas le Cathal as an gcion suntasach seo agus guímid gach rath air ina ghairm bheatha amach anseo.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le agus aitheantas a thabhairt do Ronan Galway atá ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach dár gcuid le bliain anuas. Tá Ronan ina cheannaire láidir ar ár ngnólacht, agus é ag tacú le gach gné dár gcuid eagraíochta chun ár bhfuinneamh láidir agus ár mbéim ar sheachadadh a choinneáil.

Ceapadh David Kelly chuig an ról mar Phríomhfheidhmeannach Líonraí Gáis Éireann, agus thosaigh sé i mbun an phoist i mí Feabhra 2026. Tá breis is fiche bliain de thaithí ag David san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon. Tá deich mblianta curtha de ag David leis an eagraíocht; bhí sé mar Cheannaire Grúpa i gcomhair Oibríochtaí Custaiméara agus Gnóthaí Poiblí le haghaidh Ervia i dtosach, agus ina dhiaidh sin thug sé faoin ról mar Stiúrthóireacht ar Fhorbairt Custaiméirí agus Gnó ceithre bliana ó sin. Ceapadh David mar Uachtarán ar Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath le déanaí.

Thar mo cheann féin, agus thar ceann an Bhoird, cúis mhór áthais dom comhghairdeas a dhéanamh le David as an gceapachán agus táim ag súil le bheith ag obair i ndlúthpháirt leis agus é i mbun a róil nua. Tá an t-eolas, na scileanna, agus na cumais, agus an treallús ceart ag David chun cabhrú le Líonraí Gáis Éireann a dhéanamh níos rathúla fós mar eagraíocht.

## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hAirí agus leis na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus sa Roinn Comhshaoil, Fuinnimh agus Cumarsáide as a dtacaíocht le linn na bliana. Gabhaim mo bhuíochas leis na hoifigigh ag NewERA a mbímid i dteagmháil leo go rialta maidir le cúrsaí rialachais. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine go léir a oibríonn le Líonraí Gáis Éireann agus lenár gcomhpháirtithe as a dtiomantas, a bhfeidhmíocht agus a seachadadh iontach. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhbhaill ar an mBord, leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus le foireann uile Líonraí Gáis Éireann as a dtacaíocht le linn na bliana.



**Kevin Toland**
Cathaoirleach





ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN

# Fuinneamh na hÉireann a chumasú inniu, le haghaidh na todhchaí

Is linn an líonra gás nádúrtha in Éirinn agus oibrímid, tógaimid agus cothaímid é. Tá líonra gáis Éireann ar cheann de na cinn is nua-aimseartha san Eoraip agus soláthraíonn sé soláthar fuinnimh atá sábháilte, slán agus iontaofa. Áirítear leis seo:

**Breis is 14,781km** de phíblínte, dhá idirnascaire faoin bhfarraige agus píblínte in Albain, i dTuaisceart Éireann agus ar Mhanainn.

Is é ár bpríomhghníomhaíocht ná **gás nádúrtha a iompar go sábháilte** agus go hiontaofa thar ceann **os cionn 720,000 custaiméir gás gnó** agus cónaithe, is cuma cén chuideachta soláthair gáis nádúrtha a roghnaíonn siad.



**David Kelly** *Príomhfheidhmeannach*

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN

Líonraí Gáis Éireann

**Tá an líonra gáis ina shócmhainn ríthábhachtach náisiúnta**, ag iompar 30% de phríomhriachtanais fuinnimh na hÉireann. Tá taca á chur fós ag an ngás faoi mheascán fuinnimh na hÉireann, is é is mó a chuireann le soláthairtí leictreachais, agus táirgeann sé 40% de leictreachas na hÉireann ar an meán.

Mar gheall ar éagsúlacht na gcineálacha breosla sa mheascán giniúna leictreachais, go háirithe gaoth agus gréine, tháinig buaicphointe 92% den éileamh ar ghiniúint leictreachais gáis le linn 2025, ag athdhearbhú a thábhachtaí atá sé soláthar gáis solúbtha agus iontaofa a bheith ann.

Tá tionchar freisin ag macra-threochtaí agus forbairtí sa gheilleagar níos leithne ar an gcaoi a gcuirimid cruthú luachanna inbhuanaithe agus ranníocaíocht eacnamaíoch san fhadtéarma i bhfeidhm. Tá breac-chuntas orthu seo ar leathanach 23. Tá sonraí ar ár bpríomhrioscaí, ár n-éiginnteachtaí agus ár bpríomh-mhaoluithe le fáil ar leathanaigh 29-37.



# Feidhmíocht sa bhliain **2025**

## Sábháilteacht

Sa bhliain 2025, choinníomar ár gcuntas teiste maidir le sárfheidhmíocht sábháilteachta agus an tsábháilteacht mar bhonn dár gcuid oibre go léir, idir gníomhaíochtaí oibríochtúla agus cinnteoireacht.

Léiríodh solúbthacht, fáil agus iontaofacht an gháis chun tacú le slándáil agus seasmhacht fuinnimh na hÉireann i rith 2025, sa mhéid is nach raibh briseadh ar bith sa soláthar, fiú le linn imeachtaí aimsire crua mar Stoirm Éowyn i mí Eanáir. Leanann ár Ráta Comhtháite Teagmhais Ama Chaillte don fhoireann agus do sholáthraithe seirbhíse lárnacha de bheith ag leibhéil cheannais agus léiríonn sé ár bhfócas agus ár gcultúr feidhmíochta sábháilteachta laistigh dár n-eagraíocht. I rith na bliana, chuamar faoi iniúchadh faireachais rathúil ar na cúig chóras ISO ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Thug an tuarascáil iniúchóra faoi deara 22 láidreacht ach go háirithe maidir le freagairt do stoirmeacha, cultúr sábháilteachta, agus inbhuanaitheacht. Bliain chinniúnach ab ea 2025 dár straitéis sábháilteachta Work Safe Home Safe, a spreagadh ag gealltanas na foirne chun na sábháilteachta. Chuireamar tús leis an mbliain le hathsheoladh ár straitéise sábháilteachta athbhreithnithe agus d'óstálamar imeachtaí beo suntasacha i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. I R2 sheolamar Feachtas Sábháilteachta Tiománaí agus bunaíodh ár ndara agus ár dtríú Coiste Sábháilteachta um Work Safe Home Safe. Tá na coistí seo deartha chun ár ndaoine a spreagadh, a chumhachtú, agus a thabhairt le chéile chun feachtais réamhghníomhacha don tsábháilteacht ar fud na heagraíochta a stiúradh. Reáchtáladh roinnt feachtas cumarsáide sábháilteachta agus feasachta don fhoireann le linn na bliana inar clúdaíodh saincheisteanna amhail sábháilteacht tiomána, oifige, samhraidh agus geimhridh. Cheiliúramar ár gcéad bhuaiteoir don Dámhachtain Laoich Sábháilteachta. Ar feadh na bliana, lean Líonraí Gáis Éireann le feasacht phoiblí ar shábháilteacht a chur chun cinn trí réimse feachtas, lena n-áirítear an tSeirbhís Éigeandála Gáis, Diailigh sula dTosaíonn tú ag Tochailt, Baint do Mhéadair, Úsáid Suiteálaí Cláraithe Gáis i gCónaí agus feachtais Aonocsaíd Charbóin. Ghnóthaigh ár bhfeachtas Dial before you Dig Cloigín Óir ag na ICADs (Institute of Creative Advertising and Design). Tagarmharc ratha iad na ICADanna don fhógraíocht chruthaitheach in Éirinn agus san Eoraip.

Tar éis breis is deich mbliana, d'fhill Líonraí Gáis Éireann ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, áit a raibh siad ag plé le breis is 10,000 a d'fhreastail ar an imeacht trí-lá Trí láithreachais agus ghníomhaíochtaí cruthaitheacha, thaispeánamar ár ngealltanas chun na sábháilteachta agus na nuálaíochta agus chun todhchaí níos glaine agus níos inbhuanaithe a mhúnlú don fhuinneamh in Éirinn.



## Infheistíocht chaipitil

In 2025, rinneadh €217 m d'infheistíocht chaipitil a sheachadadh le cinntiú go gcomhlíonann an líonra gáis na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht, iontaofacht agus slándáil agus an t-aistriú chuig réitigh fuinnimh in-athnuaite.

### Capital investment to note this year includes:

**Críochnaíodh** ar 4 cheangal Tarchurtha nua a thógáil agus críochnaíodh ar 3 cheangal breise nua a thógáil.

**Críochnaíodh** ar Thionscadail Slándála Fisicí a thógáil i eattock, Brighouse Bay, Twynholm and Cluden.

**Críochnaíodh** ar thrí Aonad Iontógála Aeir a thógáil i Beattock agus Brighouse Bay, agus críochnaíodh freisin oibreacha athchóirithe leictreachais i Brighouse Bay.

**Críochnaíodh** Oibreacha um Atreorú Tarchurtha in Irish Distillers i Mainistir na Corann agus ar láithreán Mhótarbhealach an M28 i Rinn an Scidígh.

**Fuarthas ábhair** i gcomhair trí thionscadail um instealladh díreach bithmheatáin

**Tugadh faoi Chibearslándáil Fheabhsaithe SL3** go leibhéal cuí i gcomhair 2 láithreáin bhunriachtanaigh agus cuireadh tús le hoibreacha i Stáisiún Comhbhrúiteora Beattock.

**Cuireadh tús le** hinstealladh lárnach greille (CGI) a thógáil i gcomhair bhithmheatáin i Mainistir na Corann.

**Tugadh** coimisiún do stáisiún Bhaile Phaghain na Ceapaí um Ghás Nádúrtha Comhbhrúite (GNC)

**Leagadh 1.6 km de** phríomhphíobán treisithe dáileacháin.

**Tugadh chun críche** uasghrádu acmhainne i Suiteáil Os Cionn Talún (AGI) na Bearnan Coill agus Uasghrádú Coire i AGI Bhaile Mhic Gormáin Céim 1.

**Cuireadh chun cinn Tionscadal Leictrithe na hAlban.**

### Oibríochtaí agus cothabháil

Is príomhghné dár straitéis é ár líonra a oibriú agus a chothabháil ar bhealach éifeachtach agus eacnamaíoch. In 2025 d'iompair an líonra thart ar 72.69 TWh de fhuinneamh timpeall na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus Mhanann. Ábhar bróid dúinn é nach raibh aon neamhchomhlíonadh gáis againn ar an líonra i gcaitheamh na bliana. Le linn aimsire thar a bheith fuar, tráth nach raibh mórán gaoithe i mí Eanáir 2025, tugadh taifead ar bhuaic-éileamh laethúil 370 GWh ar an líonra ar an 8 Eanáir.

I gcaitheamh na bliana, ghlacamar os cionn 1.8 milliún léamh méadar thar ceann soláthraithe gáis agus d'fhreagair muid do 14,072 éalú gáis a tuairiscíodh go poiblí, 99.9% laistigh de na critéir uair an chloig. Freisin sheolamar os cionn 47,768 ordú um obair chothabhála choisctheach agus tugadh 98% díobh chun críche.

### Cláir slándála fisicí agus cibearshlándála

Tá dul chun cinn an-mhaith déanta againn lenár gcláir slándála fisicí agus cibearshlándála in 2025 agus táimid ag fós ag bogadh ar aghaidh go tapa, chun cosaintí láidre le sraitheanna a fhorbairt dár gcuideachta. Ní mór dúinn bheith san airdeall i gcónaí agus ár gcuid sócmhainní agus faisnéise cuideachta a chosaint ar ghníomhairí mioscasacha. Coinneoimid cumarsáid agus oiliúint cibearfheasachta go rialta do gach fostaí agus conraitheoir. Táimid fós ar an mbóthar ceart lenár sprioc aibíochta 3+ (In-athdhéanta) a bhaint amach le haghaidh 2026 faoi chreat cibearshlándála an Institiúid Náisiúnta Caighdeán & Teicneolaíochta (National Institute of Standards & Technology) Mar a sonraíodh roimhe seo, leanadh ar aghaidh le huasghráduithe cibearshlándála agus slándála fisicí in ionaid éagsúla i bPoblacht na hÉireann (ROI) agus in Albain agus leanfar ar aghaidh leo i 2027 chomh maith.

### Slándáil an tsoláthair

I rith 2025, lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt le EirGrid agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) chun soláthar leictreachais níos sláine a chinntiú.

Chríochnaíomar ar cheithre cheangal Tarchurtha nua a thógáil agus cuireadh tús le trí cheangal nua eile a thógáil, agus ar an gcaoi sin tacaíodh leis an méadú ar acmhainn giniúna cumhachta agus cuireadh seasmhacht ar fáil maidir leis an méadú leanúnach ar ghiniúint leictreachais in-athnuaite. Ina theannta sin, tá conradh sínithe ag Bord Gáis Energy (BGE) le Líonraí Gáis Éireann i gcomhair stáisiúin bhuaice gáschumhachtaithe nua.

In 2025, d'oibrigh Líonraí Gáis Éireann ar an SGER a fhorbairt thar ceann an Stáit. Is féidir na sonraí go léir faoinár dtionscadal SGER a fháil inár n-athbhreithniú oibriúcháin.

### Bith-mheatán

Gás in-athnuaite atá neodrach ó thaobh carbóin de is ea bith-mheatán ar féidir é a dhéanamh as dramhaíl fheirme agus bhia trí dhíleá anaeróbach. Comhlíonann sé na caighdeáin theicniúla chéanna le gás nádúrtha agus tá sé ag luí go hiomlán leis an líonra gáis.

Céim mhór chun cinn d'earnáil an Bhithmheatáin ab ea fógairt an OTI ag an Rialtas i gcaitheamh

na bliana. I gcomhair an OTI is gá go mbeadh cion níos mó den fhuinneamh ó sholáthraithe breoslaí téimh ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite, ar aon dul le critéir inbhuanaitheachta an AE maidir le Fuinneamh In-athnuaite.

I gcaitheamh 2025, d'iompair an líonra gáis 35 GWh (11 GWh dúchasach agus 24GWh iompórtáilte de bhithmheatán. Ina theannta sin chuir Líonraí Gáis Éireann lena ghealltanas chun córas fuinnimh na hÉireann a dhícharbónú agus trí chonradh nua ceangail dhírigh sínithe aige, a bhfuil sé beartaithe iad a chur i gcrích in 2027. Freisin rinne Líonraí Gáis Éireann dul chun cinn mór lena shaoráid lárnach CGI a thógáil i mBaile Mhistéala, Co. Chorcaí, tionscadal bunchloiche chun bonneagar gáis in-athnuaite na hÉireann a leathnú. Cumasóidh an tsaoráid insealladh bithmheatáin ar scála a mór sa líonra gáis náisiúnta agus beidh ról lárnach aige ó thaobh spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann a chomhlíonadh.



## Gás in-athnuaite san iompar (BioCNG)

Sa bhliain 2025, tháinig méadú 13% ar an éileamh ar ghás in-athnuaite san earnáil iompair i gcomparáid le 2024. Cuireann Gás Nádúrtha Comhbhrúite (GNC) agus a choibhéis in-athnuaite, Bith-GNC) laghduithe suntasacha ar astuithe ar fáil don earnáil feithiclí earraí troma (HGV), agus astaíochtaí laghdaithe faoi suas le 90% ag Bith-GNC. Sa bhliain 2025, ba Bith-GNC 46% den GNC a dáileadh. D'fhaomh Bord Líonraí Gáis Éireann Straitéis um Ghás in-athnuaite san Iompar (RGT) i Meitheamh 2025 chun tacú le cur i bhfeidhm bonneagair bhreise GNC agus Bith-GNC. Is é is aidhm don straitéis seo HGVanna gáis a mhéadú go 2,000 faoi 2031/2032, an t-éileamh bliantúil ar bhithmheatán a ardú go 580GWh faoi 2031, agus freastal ar éileamh incriminteach ~1.8TWh idir 2025–2031. Bítear ag súil leis an Straitéis go laghdófar astaíochtaí iompair faoi suas le 350,000 tona de CO2eq faoi 2031 agus faoi breis is 1.2 milliún tona faoi 2040. Leanadh ar aghaidh le h iarrachtaí dícharbónaithe le seoladh an stáisiún nua um athbhreoslú GNC i gCeapach, Co. Bhaile Átha Cliath, agus seoladh thionscnamh Scéim na nDeontas Feithicle de chuid an Rialtais, GRAZE (Green Renewable Agricultural Zero Emissions) (ar luach €750,000) agus é riartha ag Líonraí Gáis Éireann chun tacú le hoibreoirí flít aistriú go HGVanna gáschumhachtaithe.

## Custaiméir

In 2025, lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag cur custaiméirí ag croílár ár gcuid oibríochtaí, agus rinneadh seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh go breis is 720,000 custaiméir teaghlaigh agus gnó.

Ba é 95% an Scór Sásamh Custaiméara a bhí againn ar an iomlán agus leanamar orainn ag feabhsú ár seirbhíse do chustaiméirí agus ár gcuid spriocanna um réiteach gearán sáraithe. 783 gearán san iomlán a fuarthas, agus é sin cuid mhaith faoi thairseach an CRU mar atá 1,800. Ba ionann sin agus laghdú 17% i gcoibhneas le 2024 agus ba é an leibhéal ab ísle a fuarthas le deich mbliana anuas.

I rith 2025, lean an Fhoireann Réiteach Custaiméara ar aghaidh ag plé go gníomhach le húsáideoirí móra fuinnimh ar an líonra. Foilsíodh ár gcáipéis treoirlínte céim-ar-chéim chun cabhrú le cuideachtaí, faoi réir rialacháin Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí (ETS) a thuiscint cén chaoi an bithmheatán a chuimsiú mar chuid dá gceanglais ó thaobh thuairisciú astaíochtaí.

Ghnóthaigh muid an dámhachtain 'Eispéireas agus Cumarsáid Custaiméara is Fearr' ag na Dámhachtainí Aitheantais InBUSINESS de chuid Chambers Ireland, rud a léiríonn ár ngealltanas chun caighdeán ard agus dea-chleachtas sa rialachas. Freisin cuireadh ar ghearrliosta muid i gcomhair Dámhachtana Nuálaíochta ag Aoisbhá Éireann.

## Hidrigin

Aithnítear sa Straitéis Náisiúnta Hidrigine (2023) an gá fadtéarmach le líonra náisiúnta hidrigine agus an deis úsáid a bhaint as an líonra gáis reatha chun hidrigin arna táirgeadh ó fhuinneamh gaoithe a iompar. I rith 2025, thacaigh Líonraí Gáis Éireann leis an straitéis sin a chur i gcrích trí rannpháirtíocht i Meitheal Idir-rannach an Rialtais ar Hidrigin agus cuireadh ar aghaidh ullmhúcháin chun meascadh hidrigine a dhéanamh sa líonra gáis náisiúnta agus chun athúsáid a bhaint as codanna den líonra i gcomhair hidrigine 100%.

Ar aon dul leis an obair sin lean an Lárionad Nuálaíochta Líonra in Iarthar na Cathrach ar aghaidh le tástáil hidrigine le comhpháirtithe taighde chun comhoiriúnacht agus feidhmiúlacht a mheasúnú, le cinntiú go mbeidh an líonra in ann hidrigin mheasctha agus hidrigin íon sa deireadh a iompar agus a stóráil go sábháilte amach anseo.

Tar éis gur tugadh feidhm do phacáiste an AE don mhargadh hidrigine agus gáis dhícharbónaithe i mí Lúnasa 2024, d'oibrigh Líonraí Gais Éireann leis an CRU agus an DCEE in 2025 chun ullmhacht leis an Rialachán (a mbeadh feidhm aige ó Fheabhra 2025) a chinntiú agus chun ullmhú leis an Treoir a thrasuí faoi Lúnasa 2026. Tá an eagraíocht ag plé freisin leis an DCEE maidir le sannadh na hÉireann mar Oibreoir Líonra Hidrigine, a ról a mheasaimid go bhfuilimid foirfe lena chomhlíonadh.





# Tosaíochtaí straitéiseacha **2026**

Ag croílár ár straitéise tá forbairt, oibriú agus cothabháil shábháilte líonra gáis sholúbtha agus dhaingean a fhreastalaíonn ar cheanglais fhuinnimh reatha na hÉireann agus a rachaidh in oiriúint d'éilimh fhuinnimh na todhchaí. Leanfaimid orainn ag bainistiú go sábháilte agus go hiontaofa an líonra gáis, 365 lá sa bhliain chun soláthar gáis solúbtha agus iontaofa a sholáthar le tacú le meascán fuinnimh na hÉireann.

Cosnóimid slándáil fuinnimh na hÉireann na hÉireann atá bunriachtanach um chobhsaíocht agus fás eacnamaíoch. Leanfaimid orainn ag ceangal cumhachtstáisiúin gáis chun giniúint cumhachta a neartú agus chun slándáil an tsoláthair fhuinnimh in Éirinn a fheabhsú trí Chúltaisce Straitéiseach Éigeandála Gáis sealadach a fhorbairt thar ceann an Stáit. In 2026, leanfaimid orainn ag oibriú ár líonra gáis agus infheistiú i níos mó ná €237m d'infheistíocht chaipitil chun cinntiú gcomhlíontar na caighdeáin is airde de shábháilteacht, d'iontaofacht, agus de shlándáil. Tosaíocht ard dár gcuideachta fós é baol an ionsaí fhisicigh nó an chibearionsaí ar ár líonra.

Díreoimid ar ról lárnach a ghlacadh i dtacú le riachtanais fhorbartha an fhuinnimh in Éirinn agus oibreoimid chun líonra a bheidh dícharbónaithe go hiomlán a sheachadadh faoi 2045, trí gháis in-athnuaite mar bhithmheatán carbóin agus hidrigin ghlas a chur in ionad an gháis nádúrtha. Bainfimid leas as ár saineolas agus comhoibreoimid lenár bpáirtithe leasmhara chun é sin a bhaint amach. Tuigimid a thábhachtaí is atá oibriú i ndlúthchomhar le príomh-rannpháirtithe fuinnimh eile chun córas fuinnimh atá comhtháite, inbhuanaithe agus éifeachtúil a fhorbairt d'Éirinn.

Leanfaimid orainn ag tógáil ár saoráid lárnach instealta greille ag Baile Mhistéala, agus cuirfimid chun cinn seachadadh na socruithe riachtanacha rialála agus tráchtála. Leanfaimid orainn ag tacú go gníomhach le forbairt an tionscail bithmheatáin in Éirinn.

Leanfaimid orainn ag gabháil d'obair le bheith réidh le hidrigin a iompar go sábháilte ar ár líonra i gcomhair leibhéal íseal de hidrigin mheasctha agus de hidrigin 100%. Oibreoimid leis an DCEE chun dul chun cinn a dhéanamh le trashuí Threoir an AE maidir le Hidrigin agus Dícharbónú an Mhargaidh Gháis chomh maith le deimhniú Líonraí Gáis Éireann mar an Oibreoir Líonra Náisiúnta Hidrigine.

Táimid an-tugtha do sheachadadh dár gcuid custaiméirí, táimid dírithe ar réitigh nuálacha a chur ar fáil dóibh, do thacú le beartais lena dtacófar lena leasanna agus do thacú le hinacmhainneacht fuinnimh. Beidh sé mar phríomh-dhúshlán dár n-eagraíocht i gcaitheamh na deich mbliana atá le teacht, cothrom a bhaint amach idir riachtanais na slándála fuinnimh, na hinacmhainneachta fuinnimh agus an gá le dícharbónú.

Táimid tiomanta dár bhfostaithe a chur i gcroílár ár ngnó agus dár gclár oibre inbhuanaitheachta a chur chun cinn. Leanfaimid orainn ag cur béime ar ár bhfórsa saothair oilte ar fud an ghnó, ionas go mbeimid in ann forbairt agus scileanna agus cumais a fhorbairt chun spriocanna na todhchaí a chomhlíonadh. Leanfaimid orainn ag tarraingt, ag coinneáil, agus ag forbairt fostaithe cumasacha trí chláir, dhul chun cinn agus dheiseanna ar fud na gnólachta.

Stiúrfaidh an Bord agus an fhoireann fheidhmiúcháin cur i gcrích ár straitéise chun fuinneamh na hÉireann a chumasú sa lá atá inniu ann ar mhaithe leis an todhchaí, agus chun bheith ag croílár an fhuinnimh in Éirinn amach anseo. Chun é sin a dhéanamh, ní mór dár líonra aeráidneodracht a bhaint amach trí ghás in-athnuaite a iompar go sábháilte agus go hiontaofa. Oibreoimid i dtreo fuinnimh inacmhainne agus ghlain dár gcuid custaiméirí sa todhchaí.

## Buíochas

Is mian liom aitheantas a thabhairt do sheirbhísí chomhaltaí an Bhoird. Cuireann siad maoirseacht, rialachas agus treoir ríthábhachtach ar fáil agus táim an-bhuíoch as a dtacaíocht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí na Foirne feidhmiúcháin as a bhfuinneamh, a ngairmiúlacht agus a gceannaireacht le linn na bliana. Ar deireadh, agus thar aon ní eile, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann go léir agus lenár gcomhpháirtithe seachadta as a n-obair chrua agus a dtiomantas. Táim bródúil as an dóigh a ndeachamar i ngleic leis na dúshláin agus as an dul chun cinn a rinneamar sa bhliain 2025.



**David Kelly** Príomhfheidhmeannach

FEIDHMÍOCHT STRAITÉISEACH

# Straitéis, samhail ghnó agus riosca





ÁR STRAITÉIS

## Ár gcreat straitéiseach

Tá ár gCuspóir, ár bhFís, ár Luachanna agus ár nUaillmhianta Straitéiseacha mar chuid dár gCreat Straitéiseach. Treoraíonn sé seo ár gcinnteoireacht, soláthraíonn sé treoir agus soiléiríonn sé ár rannchuidiú do pháirtithe leasmhara.

**Tá trí huaillmhian straitéiseach aitheanta ag Líonraí Gáis Éireann chomh maith le dhá chumasóir tacaíochta chun treochlár a sholáthar lenár bhfís a chomhlíonadh.**





ÁR STRAITÉIS

# Ár gcuspóir, ár bhfís agus ár scéal

## Ár gcuspóir

**Fuinneamh na hÉireann a chumasú inniu, le haghaidh na todhchaí**

## Ár bhfís

**Bheith ag croílár thodhchaí fuinnimh na hÉireann.**

Líonraí Gáis Éireann

### Is iad ár gcuspóir agus ár bhfís a leagann béim ar ár n-aitheantas mar chuideachta

I Líonraí Gais Éireann, ábhar bróid dúinn é go bhfuil foireann againn a fhéadann leas a bhaint as na blianta fada de thaithí agus de shaineolas chun freastal ar riachtanais fhorbartha an fhuinnimh in Éirinn.

Tá cuntas teiste againn ó thaobh athrú ó bhonn agus beart a dhéanamh de réir ár mbriathair in amanna d'athruithe móra. Anois táimid réidh lena dhéanamh arís; an bealach a leagan amach i gcomhair todhchaí níos fearr. Is é sin a chumhachtaíonn ár gcuspóir:

**Fuinneamh na hÉireann a chumasú inniu, le haghaidh na todhchaí**

## Ár ról

De réir mar a tharlaíonn aistriú mór fuinnimh in Éirinn

tá cumas láidir againn bheith rannpháirteach. Agus táimid sásta glacadh leis an dúshlán.

Bíonn an tsábháilteacht agus an tseasmhacht ag croílár ár gcuid oibre i gcónaí. I ndomhan luaineach an lae inniu tá brí eile i gceist leis sin, agus mothú slándála níos coitinne cuimsithe leis.

Táimid ag smaoineamh as an nua chun leas a bhaint as acmhainn an gháis in-athnuaite agus an neamhspleáchas fuinnimh níos fearr atá ag Éirinn dá barr. Leanfaimid orainn ag bainistiú bonneagair ríthábhachtach agus ag obair gach lá chun soláthar fuinnimh a chosaint dár gcuid custaiméirí.

Leis sin go léir cothaítear ár muinín as ár bhfís:

**Bheith ag croílár thodhchaí fuinnimh na hÉireann.**

## Ár n-uaillmhian

Chun é sin a dhéanamh, ní mór dár líonra neodracht charbóin a bhaint amach trí ghás in-athnuaite a iompar chomh sábháilte agus chomh hiontaofa is a rinneadh riamh. Ag an am céanna oibreoimid i dtreo todhchaí ina mbeidh fuinneamh inacmhainne agus glan ag ár gcuid custaiméirí.

Táimid ag iompar an bhithmheatáin cheana. Anois is gá dúinn cur lena méid, athúsáid a bhaint as ár líonra i gcomhair hidrigine, agus oibriú lenár gcuid comhpháirtithe fuinnimh chun córas fuinnimh atá neodrach ó thaobh carbóin a chruthú.

## Ár bhfoireann

Is maith atá ár bhfoireann in ann gabháil don chúram. Tá cumas, tiomantas agus dílseacht uathúil acu. Táimid an-bhródúil as seachadadh go comhsheasmhach ar fud ár líonra. Tacú lenár gcustaiméirí le cúram, gealltanas agus gairmiúlacht nach bhfuil a sárú le fáil.

Tríd na láidreachtaí sin a thógáil le chéile, déanfaimid difear ceart i gcónaí.

Fuinneamh na hÉireann a chumasú inniu, le haghaidh na todhchaí. Leis an treallús, leis an gcumas agus an mian bheith ag croílár an fhuinnimh in Éirinn amach anseo.





ÁR STRAITÉIS

# Achoimre ar ár straitéis




## Líonra seasmhach

Freastal i gcónaí ar riachtanais fhuinnimh na hÉireann le líonra sábháilte, solúbtha agus slán



## An t-aistriú neodrach

An t-aistriú a spreagadh le chéile i dtreo todhchaí neodraí d'Éirinn



## Spreagtha ag custaiméirí

Réitigh inacmhainne agus nuálacha a chur ar fáil do gach custaiméir fuinnimh




**Tacaithe ag na gealltanais sin**

**Sábháilteacht**
Tús áite don tsábháilteacht inár gcuid oibre go léir

**Seasmhacht líonra**
Freastal ar éilimh fhorbartha an fhuinnimh in Éirinn trí líonra iontaofa a fhorbairt agus a oibriú

**Slándáil an tsoláthair**
Na bearta riachtanacha a ghlacadh chun slándáil an fhuinnimh in Éirinn a chumasú

**Córas comhtháite**
Pleanáil córais iomláin a stiúradh ar fud thionscal an fhuinnimh chun an córas fuinnimh glan agus slán ar an gcostas is ísle a fhorbairt

**Bithmheatán a mhéadú**
Tacú le tionscal an bhithmheatáin agus ullmhú le bithmheatán a iompar ar scála i gcomhair custaiméirí

**Hidrigin a chumasú**
Forbairt hidrigine líonraithe a stiúradh mar ghné lárnach de chóras fuinnimh na hÉireann sa todhchaí

**Oibríochtaí dícharbónaithe**
Ár gcuid gealltanas maidir le hathrú aeráide a chomhlíonadh trínár gcuid oibríochtaí féin a dhícharbónú

**Réitigh spreagtha ag custaiméirí**
Réitigh fhuinnimh nuálacha agus éifeachtúla a sheachadadh dár gcuid custaiméirí

**Ionadaí custaiméara**
Tacú leis na beartais chearta a léiríonn leasanna custaiméirí fuinnimh

**Inacmhainneacht fuinnimh**
Tosaíocht a thabhairt d'inacmhainneacht fuinnimh trí hoibríochtaí éifeachtúla, infheistíocht straitéiseach chuí, agus praghsáil chothrom

Arna chumhachtú ag na háisitheoirí sin

**Ár ndaoine a chumhachtú**

**Cúrsaí airgeadais a choinneáil láidir**

ÁR STRAITÉIS

# Ár luachanna

Ag croílár ár gcultúir tá ár luachanna, a mhúnlaíonn ár n-iompraíocht, ár gcinnteoireacht, agus ár gcuid próiseas. Tá trí chroí-luach againne i Líonraí Gáis Éireann.



Cé gurb í ár bhfís a threoraíonn ár gcuid spriocanna fadtéarmacha agus ár straitéis a chuireann béim ar ár gcuid oibre; is é ár gcultúr a stiúrann muid ó thaobh beart a dhéanamh de réir ár mbriathair agus bheith i láthair gach lá.

| | | |
|---|---|---|
| **Forbairt ar thaithí** | **Táimid bródúil as an am atá thart, arb é ár n-ardán dár seachadadh, dár rath agus dár bhforbairt sa todhchaí.** | **Déanaimid** beart de réir ár mbriathair le mórtas, le béim ar ár gcuid spriocanna a bhaint amach, leas a bhaint as ár dtaithí agus ár riar scileanna fairsing.<br>**Comhoibrím** le mo chomhghleacaithe, lenár gcomhpháirtithe, agus le páirtithe leasmhara; chun seachadadh go seasmhach dár gcuid custaiméirí agus do mhuintir na hÉireann.<br>**Tuigim** mar a chuireann mo chuid gníomhartha lenár straitéis agus le rath gnó na cuideachta. |
| **An rud ceart a dhéanamh** | **Táimid freagrach as timpeallacht sábháilteachta, muiníne, measa agus muintearais a chruthú arb é an bonn um chultúr cumhachtaithe, feidhmíochta agus cuimsithe.** | Tugaim **tús áite** don tsábháilteacht i ngach rud a dhéanaim.<br>Bíonn **meas** agam ar gach duine, gníomhaím le **hionracas**, agus le misneach, fiú nuair nach bhfuil duine ar bith ag faire orm; ceiliúraim an dea-iompar agus tugaim dúshlán faoi ndrochiompar.<br>Táim **freagrach** as mo chuid gníomhartha agus cinntí féin; cuirim cúraim i gcrích go neamhspleách agus go muiníneach. |
| **Spreagtha chun athraithe** | **Is gá dúinn foghlaim, dul i dtaithí ar chúrsaí, smaoineamh as an nua agus athrú chun an tionchar a imirt a theastaíonn dár dtodhchaí.** | Táim **solúbtha** agus **beo-intinneach** ullmhaím le bogadh go gasta de réir mar a fhreastalaíonn ár ngnólacht ar éilimh, agus dúshlán na timpeallachta seachtraí.<br>Smaoiním **as an nua**, bainim triail as smaointe nua, déanaim simpliú ar mo chuid oibre, bainim castacht nach gá agus féachaim chuig forbairt i gcónaí.<br>I consider our **dtionchar** ar dhaoine agus ar an bpláinéad. Glacaim **freagracht** as mo chuid gníomhartha. |



ÁR STRAITÉIS

# Samhail ghnó

**Luach a chruthú - mar a dhéanaimidne é**

Agus iad ag obair le chéile, tógann agus oibríonn ár ndaoine agus ár gcomhpháirtithe ár líonraí gáis agus snáthoptaice, agus déanann siad cothabháil orthu, chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar dár gcustaiméirí, do phobail agus don gheilleagar.






## Gníomhaíochtaí gnó

Caomhnóirí líonra gáis nádúrtha na hÉireann agus líonra teileachumarsáide Aurora

### Ár líonraí a chothabháil agus a oibriú

Líonra gáis na hÉireann agus líonra snáthoptaice Aurora a oibriú agus a chothabháil go sábháilte agus go slán

### Infheistiú i sócmhainní

Acmhainn nua a fhorbairt agus cinnteacht an tsoláthair a chinntiú chun freastal ar an éileamh reatha agus sa todhchaí

### Dícharbónú

Ár n-oibríochtaí féin a dhícharbónú agus aistriú an líonra gháis go glan-nialas a chur chun cinn

### Freastal go maith ar ár gcustaiméirí

Dul i dteagmháil lenár gcustaiméirí agus réitigh fhuinnimh atá oiriúnach don fheidhm agus inacmhainne a sholáthar dóibh

### Dul i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara

Dul i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara agus tuairim a lorg uathu: is iad sin ná ár gcustaiméirí, ár rialtóirí, an rialtas agus infheisteoirí

### Pleananna don todhchaí a fhorbairt agus a mhaoiniú

Pleanáil éifeachtach agus beartú tosaíochta infheistíochta a dhéanamh atá dírithe ar ghníomhú aeráide. Ár n-aischur ar mheascán de shócmhainní rialaithe agus neamhrialaithe a bhainistiú

Sócmhainní iomlána:

Líonraí Gáis Éireann **€3bn**

ÁR STRAITÉIS

# Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Ag Líonraí Gáis Éireann, tugaimid an-aird ar chineál agus ar cháilíocht ár gcaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara. Oibrímid go dlúth lenár bpáirtithe leasmhara chun a dtuairimí agus na riachtanais atá ag teacht chun cinn a thuiscint, tosaíochtaí a chinneadh agus tionscnaimh a sheachadadh i gcomhpháirtíocht.



## Pobal phoiblí i gcoitinne

Daoine aonair, pobail, grúpaí comhshaoil, grúpaí tomhaltóirí, grúpaí sainleasa gnó, forais feirmeoireachta, 7rl.

### Tosaíochtaí

- Soláthairtí sábháilte, daingeana agus iontaofa gáis nádúrtha agus in-athnuaite a chinntiú
- Iomaíochas a chaomhnú
- Tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch
- Tacú le dícharbónú

### Freagra

- Díriú ar phlé ar leibhéal áitiúil agus pobail do sholáthairtí gáis nádúrtha reatha agus soláthairtí gáis in-athnuaite atá ag teacht chun cinn.
- Ár bhfeidhmíocht den scoth a chaomhnú maidir le freagairt phras nuair a thuairiscítear gás éalaithe.
- An plé leis an bpobal a fheabhsú i ndáil leis an tsábháilteacht.
- Páirt a ghlacadh in imeachtaí maidir le sábháilteacht tionscail.
- Bóithre a oscailt ar bhealach freagrach le cur isteach íosta.
- Feabhas a chur ar rannpháirtíocht an phobail maidir le conairí chuig dícharbónú líonra.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Suirbhéanna | | Suíomh gréasáin | ● |
| Duine le duine | | Na meáin shóisialta | ● |
| Ócáidí eolais | | Cruinnithe il-pháirtithe leasmhara | ● |
| Grúpaí oibre | | | |

## Páirtithe

Comhpháirtithe, lastóirí, soláthraithe agus soláthraithe seirbhíse tríú páirtí.

### Tosaíochtaí

- Oibriú go héifeachtúil le chéile chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar
- Nuálaíocht a spreagadh
- An líonra a dhícharbónú

### Freagra

- Dlúthchomhar le lastóirí agus soláthraithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais fhorbartha úsáideoirí gáis.
- Oibriú i gcomhpháirt le príomhpháirtithe tionscail chun an céatadán de ghás in-athnuaite ar ár líonra a mhéadú.
- Athbhreithnithe feidhmíochta agus plé a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí go rialta lenár gcuid comhpháirtithe seirbhíse chun ailíniú a chinntiú maidir le straitéis fuinnimh chomhtháite a chur i gcrích.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Suirbhéanna | ● | Suíomh gréasáin | ● |
| Duine le duine | ● | Na meáin shóisialta | ● |
| Ócáidí eolais | ● | Cruinnithe il-pháirtithe leasmhara | ● |
| Grúpaí oibre | ● | | |

## Rialtóirí

An Coimisiún um Rialáil Fóntas (Poblacht na hÉireann), an Rialaitheoir Fóntas

(Tuaisceart Éireann), Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (RA).

### Tosaíochtaí

- Tionscnaimh a chur i gcrích chun beartais fhuinnimh agus aeráide a chur i bhfeidhm
- Oibriú go héifeachtúil
- Ár gcuid gealltanas rialála a chomhlíonadh
- Painéal Measúnaithe na bPáirtithe Leasmhara Líonra Gáis (CRU) a sheachadadh

### Freagra

- Gealltanais Líonraí Gáis Éireann faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh i gcomhar le príomh-rannpháirtithe tionscail.
- Infheistiú i dtionscadail bhith-mheatáin, hidrigine agus gáis nádúrtha comhbhrúite.
- Oibriú leis na comhlachtaí ábhartha go léir ar shlándáil an tsoláthair gháis agus pleanáil éigeandála.
- Oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil chun ár gcuid gealltanas rialála a chomhlíonadh.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Suirbhéanna | | Suíomh gréasáin | |
| Duine le duine | ● | Na meáin shóisialta | |
| Ócáidí eolais | | Cruinnithe il-pháirtithe leasmhara | |
| Grúpaí oibre | ● | | |

## Scairshealbhóirí

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

### Tosaíochtaí

- Beartas Rialtais a chur i bhfeidhm
- Cabhrú le spriocanna dícharbónaithe an Rialtais a bhaint amach tríd an gcéatadán de gháis in-athnuaite ar an líonra a mhéadú
- Cumarsáid a dhéanamh go cruinn trédhearcach agus dul chun cinn maidir le pleananna a léiriú

### Freagra

- Líonra sábháilte, iontaofa agus éifeachtúil a oibriú, a chothabháil, a fhorbairt agus a dhícharbónú.
- Pleananna gnó a fhorbairt agus a bhaint amach atá ag teacht le spriocanna dícharbónaithe an Rialtais.
- Oibriú lenár gcuid Scairshealbhóirí agus le príomh-rannpháirtithe tionscail eile ar shlándáil an tsoláthair fhuinnimh chun iontaofacht an líonra ghás a fheabhsú tuilleadh.
- Tuarascálacha agus nuashonruithe feidhmíochta rialta a eisiúint d'fhorais mhonatóireachta agus mhaoirseachta.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Suirbhéanna | ● | Suíomh gréasáin | ● |
| Duine le duine | ● | Na meáin shóisialta | ● |
| Ócáidí eolais | ● | Cruinnithe il-pháirtithe leasmhara | ● |
| Grúpaí oibre | ● | | |

BAINISTÍOCHT RIOSCA

# Forléargas ar an mbainistiú riosca

Cuireann bainistíocht éifeachtach riosca ar chumas Líonraí Gáis Éireann dul i ngleic le dúshláin agus deiseanna a nochtadh, agus tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm rathúil ár straitéise.

De réir mar a leanann timpeallacht riosca na heagraíochta ar aghaidh ag forbairt, coinnímid gealltа chun cur chuige réamhghníomhach i dtreo na bainistíochta riosca a thugann luach dár gcuid páirtithe leasmhara, do chustaiméirí agus don phobal i gcoitinne. Leis an gcur chuige sin, cinntítear aithint, bainistíocht agus maolú tráthúil rioscaí ar fud ár n-eagraíochta.

Mar gheall ar nádúr fadtéarmach ár ngnólachta, tugaimid aghaidh ar rioscaí buana éagsúla a d'fhéadfadh go n-athrófaí a dtionchar féideartha agus a ndóchúlacht mar fhreagra ar thosca inmheánacha agus seachtracha araon.

Ina theannta, bíonn rioscaí nua ag teacht chun cinn i gcónaí. Chun dul i ngleic leis an timpeallacht dhinimiciúil sin, cothaímid cultúr de labhairt amach a spreagann cumarsáid oscailte agus airdeall. Tá an riosca sábháilteachta a bhainistiú ar cheann de na príomhthosaíochtaí fós, agus iarrachtaí réamhghníomhacha dírithe ar aithint agus mhaolú luath.

## Riosca a aithint

| | |
|---|---|
| **Lá go lá** | Rioscaí a shainaithint, a bhainistiú, dul i ngleic leo agus iad a thuairisciú. |
| **Comhtháthú i straitéis agus próiseas** | Tá measúnú riosca lárnach do phleanáil straitéiseach, tosaíocht infheistíochta agus breithmheas tionscadal. |
| **Rialachas** | Tacaíonn Coistí Feidhmiúla agus Feidhmiúcháin Riosca leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca. |





Feidhmíonn Líonraí Gáis Éireann creat daingean bainistíochta riosca atá ceaptha chun na príomhrioscaí a aithint, a mhonatóiriú agus a thuairisciú a d'fhéadfadh cur isteach ar ár gcumas ár spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh agus dúshlán a thabhairt dóibh. Leis an gcreat seo déantar cinnte go nglactar cur chuige comhsheasmhach ar fud na heagraíochta d'fhonn an tionchar féideartha ar ár ngnólacht agus dóchúlacht riosca a mheas.

### Rialachas riosca

Tá freagracht deiridh ar Bhord Líonraí Gáis Éireann as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca ar fud na heagraíochta, le tacaíocht ón gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca. Leis an gcreat um rialachas riosca atá bunaithe againn agus ár bpróiseas um thuairisciú cuimsitheach ar riosca, is féidir leis an mBord a bheith muiníneach go ndéanfar na príomhrioscaí roimh ár ngnólacht a aithint, a mhaoirsiú agus a bhainistiú go héifeachtach i gcónaí. Athbhreithníonn agus socraíonn an Bord ár n-inghlacthacht riosca gach bliain chun na cineálacha agus na leibhéil riosca a shocrú a bhfuilimid sásta glacadh leo chun ár gcuid cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh.

### Samhail na dtrí líne

Úsáideann Líonraí Gáis Éireann an Samhail na dTrí Líne chun rioscaí a bhainistiú go héifeachtach. I gcaitheamh na bliana, trí phlé leanúnach leis an ngnólacht sa chéad líne, agus comhar i measc na dara agus na tríú líne, cinntíodh gur glacadh cur chuige aontaithe i dtreo na bainistíochta riosca a chuimsítear sa chreat rialaithe inmheánaigh ar an iomlán. Ritheann an dara agus an tríú líne ceardlanna bliantúla chun ár riosca calaoise a mheasúnú ar fud na gnólachta lena gcinntítear timpeallacht iomlán riosca calaoise ina bhfuil rialuithe coisctheacha agus braite i bhfeidhm.

| | |
|---|---|
| **Comhlacht rialaithe**<br>Bord agus Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca | **Soláthraíonn sé rialachas agus maoirseacht ar an gcreat bainistíochta riosca agus ar an tuairisciú** |
| **Gnó**<br>Céad líne | **Riosca a shainaithint agus a bhainistiú go réamhghníomhach ina réimse freagrachta de réir bheartais agus nósanna imeachta** |
| **Riosca fiontraíochta**<br>Dara líne | **Bunaítear beartas, próiseas agus nósanna imeachta do chreat bainistíochta riosca Líonraí Gáis Éireann**<br>**Éascaíonn sé bainistíocht agus tuairisciú riosca na heagraíochta don chomhlacht rialaithe agus ag an am céanna cuireann sé cultúr riosca éifeachtach chun cinn** |
| **Iniúchadh inmheánach**<br>Tríú líne | **Soláthraíonn sé measúnú neamhspleách ar an timpeallacht rialaithe agus dearbhú don chomhlacht rialaithe** |

### Tuairiscítear ár bpríomhrioscaí i dtrí chatagóir:

1. **Príomhrioscaí ardtosaíochta -** atá ann cheana féin atá ríthábhachtach chun cuspóirí straitéiseacha Líonraí Gáis Éireann a bhaint amach.
2. **Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn & Treochtaí Rioscaí -** rioscaí nuafhorbartha nó athraitheacha atá deacair a chainníochtú agus a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith acu ar straitéis Líonraí Gáis Éireann mura ndéantar iad a bhainistiú go cúramach.
3. **Dóchúlacht Íseal Tionchair Ard -** rioscaí a bhféadfadh an tionchar is mó a bheith acu ar an ngnó ach gurb íseal an dóchúlacht go bhféadfadh siad tarlú.

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Déantar measúnú ar rioscaí ar bhonn a dtionchair fhéideartha agus a ndóchúlachta, agus machnamh déanta ar a seasamh nádúrtha agus iarmhartach chomh maith le haon spriocanna sa todhchaí. Trí ghníomhartha agus trí hamlínte maolaithe cinntítear bainistíocht éifeachtach agus feabhas leanúnach. Bainistíonn Líonraí Gáis Éireann rioscaí go réamhghníomhach i dtimpeallacht atá ag athrú de shíor, trí fhaisnéis riosca a nuashonrú agus a fheabhsú go leanúnach chun tacú le cinnteoireacht eolach ag gach leibhéal. Lenár bhfoireann riosca thiomnaithe agus ár samhail rialachais riosca atreisítear cultúr láidir bainistíochta riosca, trína chumasaítear forleathadh eolais faoi rioscaí agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Ar an gcaoi sin cinntítear cuntasacht agus freagracht chuí agus atreisítear ár ngealltanas chun timpeallacht éifeachtach bainistíochta riosca a choinneáil.

## Rioscaí atá ag teacht chun cinn

Coinníonn Líonraí Gáis Éireann ar an airdeall ó thaobh rioscaí nua a aithint agus a mhaoirsiú a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar chomhlíonadh ár gcuid spriocanna straitéiseacha. Féadann sé bheith deacair a n-éifeachtaí a thuar agus dá bharr sin, is bunriachtanach na rioscaí sin a bhainistiú go réamhghníomhach chun torthaí diúltacha a sheachaint agus chun cinntiú go gcoinnítear ar an mbóthar ceart ó thaobh ár gcuspóirí.

I gcaitheamh na bliana, tugaimid faoi athbhreithniú cuimsitheach ar thuairiscí/fhoilseacháin thionscal an riosca, mar chuid dár bpróiseas leanúnach chun an tréimhse ionchasach a bhreathnú. Cuireann sé sin ar ár gcumas ár dtuiscint a fheabhsú ar thimpeallacht fhorbartha an riosca sheachtraigh. Déanaimid bainistíocht gníomhach ar rioscaí nua i dteannta le príomhrioscaí na heagraíochta agus tugaimid tuairiscí rialta don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord.

## Cultúr riosca

I Líonraí Gáis Éireann tuigimid go mbraitheann bainistíocht dhaingean riosca ar chultúr riosca atá réamhghníomhach. Léirítear ár ngealltanas le ‘cur chuige ón mbarr aníos’ a shocraíonn an PF, an Fhoireann Fheidhmiúcháin, ARC agus an Bord. Trínar gclár ‘An Rud Ceart a Dhéanamh’, cuirimid chun cinn cultúr de ‘labhairt amach’ trína spreagtar do fhostaithe rioscaí agus ábhair imní a phlé, agus dearbhú tugtha go ndéileálfar i ndáiríre leo, agus go dtabharfar aghaidh orthu i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla. Feabhsaítear ár gcultúr réamhghníomhach um bainistíocht riosca, feasacht riosca agus labhairt amach ag gach leibhéal eagraíochta mar aon le rannpháirtíocht rialta, agus plean cumarsáide spriocdhírithe. Tríd na hiarrachtaí déantar cinnte go mbíonn an bhainistíocht riosca ag croílár ár gcuid oibríochtaí gnó.



## Na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí agus príomh-mhaoluithe

# Forléargas **2025**

I rith 2025 ba ard fós an timpeallacht riosca mar gheall ar éagobhsaíocht gheopholaitiúil leanúnach agus sofaisticiúlacht mhéadaithe i ndáil le bagairtí cibearshlándála. Chun dul i ngleic leis sin leanamar ar aghaidh le roinnt clár oibre, agus chuireamar i bhfeidhm cleachtaí bainistíochta riosca chun ullmhú le nó freagairt do chur isteach féideartha ar bith, agus ar an gcaoi sin slándáil an tsoláthair agus seachadadh seirbhíse a chosaint.

Rinneamar dlúthmhonatóireacht ar ár dtimpeallacht inmheánach agus sheachtrach chun aon tionchair fhéideartha ar Líonraí Gáis Éireann a aithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear bagairtí cibearshlándála agus slándála fisicí, dúshláin faoi shlándáil an tsoláthair, chomh maith le rioscaí sábháilteachta agus dícharbónaithe.





## Príomhrioscaí Líonraí Gáis Éireann

### Líonra seasmhach

Treocht riosca ▲

| | Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|---|
| **Sláinte, sábháilteacht, comhshaol** | Teagmhas mór sláinte agus sábháilteachta nó comhshaoil a mbíonn tionchar agus dochar suntasach d’fhostaí, do chonraitheoir nó don phobal mar thoradh air. | Coinníonn Líonraí Gáis Éireann cultúr láidir sábháilteachta agus táimid geallta chun tús áite a thabhairt don tsábháilteacht inár gcuid oibre go léir. Ní mór cloí leis an reachtaíocht agus leis na socruithe sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil go léir, chun baill foirne, conraitheoirí, agus an pobal a chosaint ar ghortú nó ar bhás agus chun ionchúisimh ionchasacha, caillteanas airgeadais agus damáiste do thimpeallacht agus do chlú a sheachaint. Tuilleadh sonraí ar leathanach 44-45. | • Maoirseacht an Bhoird ar fheidhmíocht Sláinte agus Sábháilteachta.<br>• Maoirseacht rialála ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRF) lena gcuimsítear Cásanna Sábháilteachta faofa.<br>• Deimhnithe do Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ISO45001 agus Córas Bainistíochta Comhshaoil ISO14001.<br>• Gníomhaíocht dhearbhaithe iniúchtaí, pleanáil éigeandála, cláir chothabhála agus chigireachta, bainistíocht agus tuairisciú ar eachtraí gáis.<br>• Cuimsítear leis an straitéis réamhghníomhach sláinte agus sábháilteachta feachtais sábháilteachta agus comhrá faoi cheannaireacht sábháilteachta.<br>• Monatóireacht agus idirchaidreamh tríú páirtí<br>• Tacaíocht do shláinte agus do fholláine foirne. |
| **Slándáil an tsoláthair** | Braitheann slándáil an soláthar gáis nádúrtha in Éirinn ar allmhairí iontaofa agus ar bhonneagar seasmhach.<br>D’fhéadfadh cur isteach suntasach ar bith, go háirithe ar na hidirnascairí gáis idir Éirinn agus Albain tionchar suntasach a imirt ar ghnólacht Líonraí Gáis Éireann agus ar gheilleagar na hÉireann. | Tá dlúthnasc idir cobhsaíocht eacnamaíoch na hÉireann agus slándáil leanúnach na soláthairtí gáis nádúrtha, arb ionann iad agus timpeall 30% de phríomhriachtanais fhuinnimh na hÉireann. Leis an timpeallacht gheopholaitiúil faoi láthair, lena n-áirítear an cás atá ag teacht chun cinn de thoradh na coinbhleachta sa Mheánoirthear, leagtar béim ar a thábhachtaí is atá bonneagar seasmhach gáis san Eoraip agus slabhraí soláthair iontaofa. Is í an Ríocht Aontaithe príomhfhoinse soláthair na hÉireann i gcónaí. D’fhéadfadh aon chur isteach ar sholáthar fuinnimh na Ríochta Aontaithe, nó ar bhonneagar straitéiseach gáis na hÉireann dul i bhfeidhm go mór ar ghnó/oibríochtaí Líonraí Gáis Éireann nó ar Gheilleagar na hÉireann i gcoitinne. | • Treisíonn píblíne gáis nasctha ar tír mór in Albain slándáil an tsoláthair. Soláthraíonn gáscheantar na Coiribe soláthar dúchasach gáis.<br>• An Cúltaisce Straitéiseach Éigeandála Gáis (SGER) in Éirinn a chur ar aghaidh go cinneadh infheistíochta deireanach (An Pacáiste Slándála Fuinnimh 2023).<br>• Ball den Ghrúpa Éigeandála Slándála Fuinnimh de chuid an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE).<br>• Plean Bainistíochta Éigeandála Gáis i bhfeidhm.<br>• Meamram Tuisceana Rialtas na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus Thuaisceart Éireann (2023) maidir le comhar le haghaidh shlándáil an tsoláthair gáis nádúrtha.<br>• GNI (RA) Limited agus prótacal deonach Gáis Náisiúnta le haghaidh Éigeandáil Soláthair Gáis. Déanann conradh idir-rialtasach gáis na hÉireann agus na RA (1993) foráil d’fhorbairt creata chun déileáil le briseadh isteach ar sholáthairtí gáis.<br>• Cláir chuimsitheacha iniúchta agus cothabhála sócmhainní agus tionscadail daingnithe.<br>• Samhaltú éilimh, Plean Forbartha Líonra, Plean Bainistíochta Acmhainne Líonra, Plean Infheistíochta Caipitil agus tionscadail.<br>• Déantar athbhreithniú gach ceithre bliana i dteannta leis an CRF ar an Measúnú Náisiúnta ar Shlándáil an tSoláthair Gháis (céad athbhreithniú eile le déanamh in 2026). |

Treocht ag Teacht Chun Cinn ▲ Treocht ag Ísliú ▼ Treocht sheasta ▬

# Líonra seasmhach

Treocht riosca ▲

| | Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|---|
| **Seachadadh caipitil** | Teip freastal ar riachtanais seachadta caipitil lena n-áirítear oibreacha caipitil a bhaineann le naisc do stáisiúin chumhachta nua agus úsáideoirí móra fuinnimh eile. | Tá aird tarraingthe ag EirGrid agus CRF ar an easnamh i nginiúint cumhachta teirmí in Éirinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, a chuireann slándáil an tsoláthair leictreachais i mbaol. Teastaíonn iarracht mhór chun na tionscadail ríthábhachtacha sin a sheachadadh. Déantar an dúshlán sin níos measa leis an méadú ar éileamh ó earnálacha eile, a d'fhéadfadh gurb gá tosaíocht a thabhairt dóibh, rud a d'fhéadfadh a bheith freagrach as dochar féideartha ó thaobh airgeadais agus clú. | • Comhar trípháirteach Líonraí Gáis Éireann, EirGrid agus CRF.<br>• Plé leis an Roinn Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF)<br>• Teagmháil le príomhpháirtithe leasmhara maidir leis an bpróiseas seachadta agus toilithe.<br>• Cumarsáid leanúnach le stáisiúin chumhachta agus le forbróirí móra fuinnimh eile.<br>• Pleanáil acmhainní agus slabhra soláthair a bharrfheabhsú chun seachadadh tionscadal a bhrostú.<br>• Comhpháirtíochtaí seachadta eile a fhorbairt sa slabhra soláthair chun cumais seachadta a fheabhsú agus cur isteach féideartha a mhaolú.<br>• Comhaontuithe seasmhach conartha agus maoirseacht sheasmhach. |
| **Slabhra soláthair / soláthraithe ríthábhachtacha** | Éagumas Pleananna Infheistíochta Caipitil agus/nó caighdeáin oibriúcháin a sheachadadh, mar gheall ar dhúshláin an tslabhra soláthair m.sh., méaduithe costais, cumas an tionscail tógála, moill ar sheachadadh ábhair nó teip príomhsholáthraí/chonraitheora, as a dtagann teip ar acmhainn líonra a chomhlíonadh nó sláinte sócmhainní a chothú. | Tá riosca ag gabháil fós le luaineacht eacnamaíoch agus teannas geopholaitiúil ar fud an domhain, lena n-áirítear méaduithe ar chostas seirbhísí agus ábhar, ganntanais soláthair, tréimhsí feithimh níos faide, a mbíonn tionchar acu go léir ar inmharthanacht na bpríomh-sholáthraithe.<br>D'fhéadfadh díospóidí le soláthraithe nó conraitheoirí ríthábhachtacha nó a mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh drochthionchar a imirt ar ár ngnó, ár gcuid oibríochtaí, ár straitéisí nó ár sláinte airgeadais. | • Tá samhail sheasmhach um bainistíocht caidrimh i bhfeidhm.<br>• Saineolas inmheánach ar an slabhra soláthair agus plé réamhghníomhach le príomhsholáthraithe.<br>• Le soláthairtí agus próisis nua tógála agus innealtóireachta cinntítear raon éagsúil soláthraithe.<br>• Monatóireacht agus athbhreithniú déanta ar sholáthraithe príomhchonarthaí chun caighdeáin fheidhmíochta a choinneáil.<br>• Stoic maoláin d'ábhair chriticiúla a chothabháil.<br>• Pleananna teagmhasacha agus leanúnachais gnó i bhfeidhm chun riosca teipe príomhsholáthraí a mhaolú, agus soláthar i gcomhair freagra éifeachtaigh. |
| **Slándáil áitribh agus suiteálacha** | Caillteanas suntasach ar chórais agus ar sheirbhísí ríthábhachtacha de bharr ionsaí slándála fisiceach ar ár sócmhainní ríthábhachtacha, ár n-áitreabh agus ár suiteálacha, rud a chuir isteach ar shábháilteacht, ar oibríochtaí agus ar chlú. | Tá méadú ag teacht ar bhagairtí ar an tslándáil fhisiciúil de bharr timpeallachta geopholaitiúla a bhíonn ag athrú, a d'fhéadfadh cur isteach ar ghnólachtaí, ar oibríochtaí, a bheith ina gcúis imní ó thaobh na sábháilteachta de, dochar a dhéanamh do chlú nó bheith ina gcúis le fíneálacha rialála, a mbeadh tionchar acu ar chustaiméirí gáis agus leictreachais agus gheilleagar na hÉireann. | • Clár caipitil slándála fisiciúla.<br>• Measúnuithe riosca slándála.<br>• Cianmhonatóireacht ar ionaid ríthábhachtacha.<br>• Plé le páirtithe leasmhara slándála in Éirinn agus sa RA.<br><br>Tuilleadh sonraí ar leathanach 46. |

| | Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|---|
| **Teip nó sárú ar chibearshlándáil / teicneolaíocht faisnéise** | Riosca cibearionsaí, teip shuntasach ar ár dTeicneolaíocht Faisnéise, nó sárú rialaithe mar gheall ar theicneolaíocht nua atá ag teacht chun cinn (e.g Intleacht Shaorga (IS)), as a dtagann caillteanas suntasach ar chórais/seirbhísí, tionchar ar oibríochtaí, sceitheadh sonraí, caillteanas airgeadais agus dochar do chlú. | Tá méid, castacht agus sofaisticiúlacht na mbagairtí cibearshlándála ag athrú i gcónaí. D'fhéadfadh fionraí gnó féideartha, cur isteach, fadhbanna sábháilteachta, dochar do chlú nó fíneálacha rialála a bheith mar thoradh ar theagmhas cibearshlándála. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag cibearionsaí, ag teip shuntasach ar ár dTeicneolaíocht Faisnéise nó ag sárú rialaithe ar chustaiméirí gáis agus leictreachais agus ar gheilleagar na hÉireann. | • Leanann Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag infheistiú i gcumais agus i seasamh aibí ó thaobh na cibearshlándála ar aon dul lena mbeifí ag súil uainn agus muid sannta mar oibreoir seirbhíse riachtanaí.<br>• Tá beartais, straitéis agus samhail oibriúcháin i bhfeidhm.<br>• Cláir chibearfheasachta agus oiliúna úsáideora, bogearraí agus uirlisí cosanta.<br>• Comhoibriú leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála.<br>• Monatóireacht/iniúchóireacht leanúnach de réir chaighdeáin an dea-chleachtais.<br>• Infheistíocht mhéadaithe i gcosc agus i rialuithe réamhghníomhacha slándála ar fud córas ríthábhachtach.<br>• Socruithe teagmhasacha do leanúnachas gnó forbartha agus tástáilte.<br>• Ionad Oibríochtaí Slándála i bhfeidhm (monatóireacht 24*7).<br>• Measúnuithe leanúnacha riosca.<br>• Cásanna oibriúcháin agus tástálacha struis ar phróisis ríthábhachtach agus pleananna freagartha.<br>• Beartais IS ag teacht le hAcht IS an Aontais. |
| **Dlí / comhlíontacht** | Teip maidir le cloí le hoibleagáidí dlíthiúla a fhorchuirtear le dlí, rialachán nó ceadúnas. | Tá gníomhaíochtaí gnó Líonraí Gáis Éireann faoi réir dlíthe agus rialachán a fhéadann cúrsaí a dhéanamh níos casta dár ngnólacht. Mar gheall ar shrianta seachtracha agus/nó beartais agus próisis easnamhacha a bheith i bhfeidhm d'fhéadfadh nach gcomhlíonfaí na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme. D'fhéadfadh go mbeadh pionóis agus smachtbhannaí ina dtoradh air sin a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar ár bhfeidhmíocht oibriúcháin, ár straitéis agus ár sláinte airgeadais. | • Comhlíonadh Oibleagáidí an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.<br>• Beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm.<br>• Monatóireacht ar fhorbairtí reachtaíochta.<br>• 'Cur chuige ón mbarr aníos' agus athbhreithniú débhliantúil ar an Ráiteas Beartais um Chomhlíonadh na Stiúrthóirí<br>• Plé leanúnach le páirtithe leasmhara seachtracha ábhartha.<br>• Cultúr láidir eiticiúil maidir le riosca agus comhlíontacht agus é tacaithe ag ár gclár 'An Rud Ceart a Dhéanamh'. |

Treocht ag Teacht Chun Cinn ▲ Treocht ag Ísliú ▼ Treocht sheasta ▬

# An t-aistriú aeráidneodrach

Treocht riosca ▲

| | Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|---|
| **Gáis in-athnuaite - ullmhacht agus fáil líonra** | Riosca nach bhfuil Líonraí Gáis Éireann réidh ó thaobh líonra de chun gás in-athnuaite a iompar. | Is príomhthosaíochtaí iad hidrigin agus bith-mheatán a fhorbairt chun Comhaontú Glas don Eoraip agus trasdul fuinnimh ghlain a bhaint amach. Chun tacú le clár oibre an Rialtais um athrú aeráide agus inmharthanacht fhadtéarmach a chinntiú, ní mór do Líonraí Gáis Éireann a chinntiú go bhfuil an cumas agus an inniúlacht líonra aige chun a bheith ina phríomhchumasóir don aistriú fuinnimh. Tuilleadh sonraí ar leathanach 50-55. | • Maoiniú nuálaíochta agus faomhadh rialála i gcomhair fhorbairt hidrigine agus bithmheatáin.<br>• Plé leanúnach leis an rialtas agus an CRU chun na Straitéisí Náisiúnta Bithmheatáin agus Hidrigine a chur i gcrích.<br>• Comhchathaoirleacht ar an meitheal oibre ar bhithmheatán i Gas Infrastructure Europe (GIE) chun tacú le tionscnaimh an Aontais le greillí gáis a dhícharbónú.<br>• Leanann ár Lárionad Taighde agus Nuálaíochta ar aghaidh ag stiúradh taighde agus tástála ar hidrigin, chun muid a choinneáil chun tosaigh maidir le dul chun cinn an tionscail.<br>• Oiliúint agus inniúlacht theicniúil níos fearr.<br>• Comhpháirtíochtaí straitéiseacha forbartha leis na príomhpháirtithe leasmhara i dtionscal an gháis.<br>• Cásanna sábháilteachta a fhorbairt chun cinntiú go ndéantar hidrigin a chomhtháthú go sábháilte inár líonra. |
| **Todhchaí an gháis** | Mainneachtain straitéis fhadtéarmach Líonraí Gáis Éireann a chur i gcrích, is é sin go rachaidh an gás in-athnuaite in ionad an gháis nádúrtha i gcóras fuinnimh comhtháite. | Teipeann ar Líonraí Gáis Éireann réitigh a sholáthar chun go mbeadh an gás líonraithe ina fhoinse inmharthana fuinnimh i gcóras fuinnimh dícharbónaithe nó tá moill le fáil gás in-athnuaite.<br>D'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar spriocanna an Rialtais um athrú aeráide agus úsáid an líonra gáis amach anseo a laghdú, rud a d'fhéadfadh méaduithe taraife agus sócmhainní tréigthe a bheith mar thoradh air. Tuilleadh sonraí ar leathanach 50-55. | • Geallta chun tacú le Straitéis Bhithmheatáin an Rialtais mar atá suas le 5.7 TWh de bhithmheatán a dhéantar in Éirinn a sheachadadh faoi 2030.<br>• Tionscnaimh a chur chun cinn tríd an 'gConair chuig Líonra Carbóin Aeráidneodrach' chun tacú le straitéisí Bithmheatáin agus Hidrigine an Rialtais.<br>• An bithmheatán a chomhtháthú sa líonra gáis lena n-áirítear an tsaoráid Insteallta Lárnach Greille a sheachadadh i mBaile Mhistéala.<br>• Oibriú le custaiméirí/úsáideoirí móra fuinnimh chun réitigh a sholáthar le conair chuig an dícharbónú.<br>• Forbairt agus méadú leantach an líonra BioCNG, an príomhbhealach ina úsáidtear an bithmheatán in Éirinn faoi láthair.<br>• Samhaltú ar Éileamh Fadtéarmach Líonra. |

| | Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|---|
| **Athrú aeráide – tionchar ar bhonneagar** | Riosca fisiceach go bhféadfadh tionchar a bheith ag adhaimsir nó aimsir neamhghnách ar ár mbonneagar. | D'fhéadfadh méadú ar dhéine agus dhothuarthacht na hadhaimsire a bheith ina chúis le mífheidhmeanna nó cur isteach gan choinne ar sheirbhísí.<br>D'fhéadfadh cur isteach fada ar sheirbhís a bheith ina chúis le cur isteach suntasach sóisialta/eacnamaíoch nuair a d'fhéadfadh gnólachtaí agus teaghlaigh rochtain ar chumhacht agus/nó théamh a chailliúint. | • Déantar athbhreithniú, tástáil agus nuashonrú rialta de réir mar a theastaíonn ar phleananna daingne um fhreagairt éigeandála agus bainistíocht géarchéime e.g. tar éis imeachtaí adhaimsire.<br>• Déantar measúnú ar bheartais, chaighdeáin agus shonraíochtaí ábhair chun cinntiú go mbíonn sócmhainní oiriúnach i gcónaí i gcomhair coinníollacha oibriúcháin.<br>• Limistéir leochaileacha a shainaithint agus sócmhainní a athlonnú.<br>• An Plean Oiriúnaithe um Athrú Aeráide de chuid Líonraí Gáis Éireann agus an Plean Oiriúnaithe Earnála (POE) i gcomhair líonraí gáis agus leictreachais.<br>• Samhaltú ar Chásanna Athraithe Aeráide agus cleachtaí measúnaithe riosca.<br>• Ullmhacht don gheimhreadh agus bearta daingnithe in aghaidh stoirme.<br>• Uirlisí chun monatóireacht/rialú a dhéanamh ar an mbonneagar.<br>• Aghaidh a thabhairt ar rioscaí aitheanta don bhonneagar líonra trí aighneachtaí rialála. |
| **Beartas fuinnimh** | Mainneachtain ról a bhaint amach don ghás nádúrtha agus do ghás in-athnuaite in aistriú fuinnimh na hÉireann. | Díríonn beartais ghníomhaíochta aeráide fuinnimh an AE agus na hÉireann ar laghdú fadtéarmach ar bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear an gás nádúrtha. Tá baol ann go dtiocfaidh laghdú ar úsáid an líonra amach anseo mura féidir beartas tacaíochta a dhaingniú do gháis in-athnuaite, rud a d'fhéadfadh méadú ar tharaifí agus sócmhainní tréigthe a bheith mar thoradh air. | • Tacú le forbairt gás in-athnuaite agus hidrigine in Éirinn.<br>• Tá Líonraí Gáis Éireann ar cheann de na baill bhunaidh de Líonra Eorpach na nOibreoirí Líonra um Hidrigin (ENNOH).<br>• I 'gConair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh' leagtar amach ról an líonra gáis dhícharbónaithe i gcóras fuinnimh na hÉireann amach anseo.<br>• Foireann beartais tiomnaithe a bhíonn ag plé go gníomhach le páirtithe leasmhara maidir leis an mbeartas fuinnimh.<br>• Caidrimh chomhoibríocha a fhorbairt le páirtithe leasmhara ar fud an tslabhra luacha ar fad.<br>• Teachtaireacht Líonraí Gáis Éireann maidir leis an dícharbónú a chur in iúl i gcainteanna poiblí faoin aistriú fuinnimh.<br>• Oibleagáid Teasa In-athnuaite faofa ag an Rialtas. |
| **Oibríochtaí inbhuanaithe** | Teip ar Líonraí Gáis Éireann a bheith ina phríomhghnó inbhuanaithe in Éirinn. | Chun ionchais an rialtais, na sochaí agus na bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh, ní mór do Líonraí Gáis Éireann astaíochtaí agus dramhaíl a íoslaghdú, an bhithéagsúlacht a fheabhsú agus tacú lena mhuintir agus lena phobail. | • Gealltanais inbhuanaitheachta agus monatóireacht feidhmíochta i bhfeidhm.<br>• Tuarascáil Líonraí Gáis Éireann ar an Inbhuanaitheacht foilsithe gach bliain.<br>• Rannpháirtí sa Tionscadal um Nochtadh Carbóin (TNC)<br>• Tiomanta do laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030.<br>• Deimhniú caighdeánach Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach<br>• Plean laghdaithe astaíochtaí meatáin i bhfeidhm lena n-áirítear ceanglais faoi Rialachán an AE um Laghdú Astaíochtaí Meatáin.<br>• Tionscadal um leictriú South West Scotland Onshore System (SWSOS) chun ár stáisiúin chomhbhrúiteora a dhícharbónú. |

Treocht ag Teacht Chun Cinn ▲ | Treocht ag Ísliú ▼ | Treocht sheasta ▬

# Spreagtha ag custaiméirí

Treocht riosca (seasta)

| | Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|---|
| **Inacmhainneacht** | Riosca go n-éireoidh an gás líonraithe neamhiomaíoch/róchostasach do chustaiméirí. | Mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag praghsanna arda mórdhíola gáis nádúrtha nó ag costais iomarcacha líonra úsáideoirí deiridh, tá baol ann go n-éireoidh gás nádúrtha neamhiomaíoch, rud a fhágann go bhféachfaidh custaiméirí/lucht déanta beartas ar réitigh fuinnimh eile. Tuilleadh sonraí ar leathanach 56 - 58. | • Costais líonra a íoslaghdú trí nuálaíocht, barrfheabhsú slabhra soláthair agus bainistíocht costais dea-chleachtais.<br>• Feabhsú shlándáil soláthair na hÉireann a mholadh, lena n-áirítear úsáid mhéadaithe gás in-athnuaite.<br>• Ballraíocht ar choiste náisiúnta ar inacmhainneacht.<br>• Plé gníomhach leis an CRF faoi Mhodheolaíochtaí agus struchtúir Taraife.<br>• Tacaíochtaí do chustaiméirí leochaileacha agus tacaíochtaí eile do chustaiméirí lena n-áirítear infhaighteacht méadar Íoc Mar a Úsáidtear (PAYG), rud a éascaíonn aistriú soláthraithe fuinnimh.<br>• Bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i measc úsáideoirí deiridh ar fad. |
| **Clú** | Dochar mór do chlú Líonraí Gáis Éireann má theipeann air ionchais na bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh rud a fhágtar go gcailltear muinín inár gceadúnas chun oibriú. | Damáiste do chlú Líonraí Gáis Éireann mar gheall ar theagmhas mór nó teip cleachtais shábháilte inár n-oibríochtaí, bainistíocht airgeadais agus rialachas corparáideach a chinntiú. | • Príomhphleananna um ghnóthaí poiblí agus plé le páirtithe leasmhara.<br>• Foireann thiomnaithe gnóthaí poiblí.<br>• Creataí riosca, comhlíonta agus rialaithe i bhfeidhm.<br>• Pleananna bainistíochta géarchéime i bhfeidhm.<br>• Cláir agus feachtais sábháilteachta agus feachtais fhógraíochta um fheasacht agus chur chun cinn.<br>• Rianú leanúnach branda agus monatóireacht leanúnach ar na meáin chun treochtaí nua agus saincheisteanna féideartha a aithint. |

Treocht ag Teacht Chun Cinn ▲ Treocht ag Ísliú ▼ Treocht sheasta ▬

# Daoine

Treocht riosca ▼

| | Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|---|
| **Daoine** | Mainneachtain daoine ag a bhfuil na scileanna agus na cumais chearta chun ár straitéis a sheachadadh a fhorbairt, a choinneáil nó a mhealladh. | Braitheann ár gcumas ár straitéis a chur i gcrích ar chumais, luachanna, iompar agus feidhmíocht ár bhfostaithe. Is bunriachtanach go mbeidís beo-intinneach agus in ann dul i dtaithí ar chúrsaí chun plé leis an timpeallacht sheachtrach athraitheach agus freastal ar ionchais forbartha na bpáirtithe leasmhara. Tuilleadh sonraí ar leathanach 89-95. | • Pleanáil straitéiseach líon foirne agus dearadh eagraíochtúil. Tionscnaimh rannpháirtíochta agus cultúir rialta.<br>• Clár sláinte agus folláine chun tacú leis an bhfoireann.<br>• Tionscnaimh Acmhainní Daonna lena n-áirítear an clár ibelong um éagsúlacht, chomhionannas agus chuimsiú agus obair hibrideach.<br>• Cláir cheannaireachta, fhoghlama agus fhorbartha agus Bainistíocht Feidhmíochta.<br>• Cláir um Bainistíocht Tallainne agus Forbairt Tallainne, lena n-áirítear cláir ar scor agus phleanáil comharbais.<br>• Cláir chéimí agus printíseachta.<br>• Monatóireacht leanúnach ar phríomhmhéadracht lucht saothair agus innéacsanna cobhsaíochta.<br>• Béim straitéiseach ar threochtaí an lucht oibre amach anseo. |
| **Paindéim** | Riosca suntasach do shláinte fostaithe nó cur isteach ar ghnó mar gheall ar thionchar féideartha paindéime. | Tinneas fostaithe ar scála mór de bharr eipidéime nó paindéime, a d'fhéadfadh cur isteach ar shláinte fostaithe, ar oibríochtaí, ar sheachadadh seirbhíse agus ar shlabhra an tsoláthair. | • Tá plean freagartha paindéime i bhfeidhm.<br>• Socruithe teagmhasacha do leanúnachas gnó forbartha.<br>• Rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara agus tagarmharcáil fóntais piaraí.<br>• Monatóireacht leanúnach ar bhagairtí sláinte domhanda trí ghníomhaireachtaí sláinte poiblí. |

# Airgeadais

Treocht riosca

| | Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|---|
| **Calaois** | Teagmhas mór calaoise a théann i bhfeidhm ar inmharthanacht agus ar chlú na heagraíochta. | D'fhéadfadh damáiste do chlú, caillteanas airgeadais chomh maith le himpleachtaí cánach do Líonraí Gáis Éireann a bheith mar thoradh ar chalaois a eascraíonn as cliseadh sa timpeallacht rialaithe. | • Oiliúint agus ceardlanna Frith-Chalaoise, Breabaireachta, Éillithe agus Nochtuithe Cosanta.<br>• Cultúr láidir rialaithe agus labhairt amach.<br>• Cláir feasachta calaoise agus oiliúint feasachta Cibearshlándála.<br>• Ceardlanna bliantúla maidir le Measúnú Riosca Calaoise<br>• Creataí riosca, comhlíonta agus rialaithe i bhfeidhm.<br>• Cláir iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí.<br>• Scaradh dualgas. |
| **Riosca airgeadais** | Teip maidir le feidhmíocht airgeadais leordhóthanach a sheachadadh de bharr rioscaí maicreacnamaíocha agus airgeadais – boilsciú, gluaiseacht praghsanna tráchtearraí, creidmheas, leachtacht, rioscaí airgeadra agus rátaí úis. | Tá ár gcumas ár straitéis a chur i bhfeidhm go rathúil ag brath ar bhainistíocht ar rioscaí airgeadais agus maicreacnamaíocha m.sh., costas méadaitheach maidir le gnó a dhéanamh, riosca éagsúlachta idir costais arna dtabhú agus costais a cheadaítear faoin tsamhail rialála. | • Samhail rialála le taifead ar aisghabháil costas cobhsaí agus trédhearcach.<br>• Creat docht rialuithe agus nósanna imeachta.<br>• Teorainneacha riosca sainithe agus monatóireacht ar neamhchosaint.<br>• Bainistíocht ar fhiachas ag rátaí seasta, nochtadh d'airgeadra eachtrach agus leachtacht.<br>• Monatóireacht dhlúth agus measúnú tionchair le haghaidh teagmhas maicreacnamaíoch.<br>• Teagmháil le príomhsholáthraithe chun cabhrú le príomhbhrú costais a mhaolú.<br>• Teagmháil leanúnach leis an rialtóir chun a chinntiú go n-aisghabhtar go tráthúil costais a thabhaítear go héifeachtach. |
| **Neart airgeadais** | Teip neart airgeadais a chaomhnú chun forbairt líonra sheasmhaigh agus inbhuanaithe a fhorbairt amach anseo. | Braitheann cur i gcrích straitéis Líonraí Gáis Éireann ar neart maoinithe a fháil agus a choinneáil. Ní mór do Líonraí Gáis Éireann clár comhardaithe láidir a choinneáil chun bainistiú a dhéanamh ar an méadú féideartha ar infheistíochtaí dícharbónaithe agus ar shlándáil tháirgí insoláthartha an tsoláthair. | • Rátáil láidir gráid infheistíochta.<br>• Idirphlé leanúnach agus caidrimh láidre le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an Rialtas, soláthraithe maoinithe agus infheisteoirí ionchasacha.<br>• Straitéis um maoiniú a nascadh le straitéis inbhuanaitheachta. |

| | Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|---|
| **Socraíochtaí rialála** | Teip cinneadh agus socrú rialála leordhóthanach agus tráthúil a bhaint amach. | Rialaíonn an CRF ioncaim ábhartha Líonraí Gáis Éireann faoi chreat teorainn ioncaim. Mura gcomhaontaítear liúntas leordhóthanach le haghaidh caiteachais agus brabúis ar chaipiteal infheistithe, lena n-áirítear tacaíocht do gháis in-athnuaite, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar bhaint amach ár straitéise, ar oibríochtaí, ionchais agus shláinte airgeadais. | • Rannpháirtíocht agus comhoibriú gníomhach le húdaráis rialála agus le páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go n-aithnítear agus go dtuigtear riachtanais ghnó.<br>• Cinneadh Rialú Praghsanna 5 (PC5) agus liúntais mhaoinithe i bhfeidhm go dtí 2027.<br>• Pleanáil i gcomhair Rialú Praghsanna 6 (PC6) ar siúl. |

Treocht ag Teacht Chun Cinn ▲ Treocht ag Ísliú ▼ Treocht sheasta ▬



Cuid
# 2

# Feidhmíocht ghnó

**Athbhreithniú gnó**


| | |
|---|---|
| Athbhreithniú oibriúcháin | 42 |
| Athbhreithniú airgeadais | 63 |
| Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht | 71 |


ATHBHREITHNIÚ GNÓ

## An líonra gáis a chumasaíonn fuinneamh na hÉireann sa lá atá inniu ann, le haghaidh na todhchaí

Sócmhainn náisiúnta **€3 bhilliún**

**720,000** custaiméir nasctha

**28,000+** gnólacht ar fud na tíre

**Réamhrá**

Is le Líonraí Gáis Éireann an líonra gáis nádúrtha in Éirinn agus déanann Líonraí Gáis Éireann an líonra a fheidhmiú agus a chothabháil. Chomh maith leis sin, soláthraímid seirbhísí snáthoptaice teileachumarsáide mórdhíola faoin ainm gnó Aurora Telecom.

Tá líonra gáis Éireann ar cheann de na cinn is nua-aimseartha san Eoraip agus soláthraíonn sé soláthar fuinnimh atá sábháilte, slán agus iontaofa. Cuireann sé seirbhísí ríthábhachtacha ar fáil do thithe, do ghnólachtaí agus do thionscal na hÉireann, agus tá dea-theist ar an eagraíocht ó thaobh sábháilteachta agus seachadta de. Is suntasach rannchuidiú an líonra gáis le hÉirinn, ní hamháin ó thaobh scála, ach freisin maidir lena ról ríthábhachtach ó thaobh córas fuinnimh na hÉireann a dhéanamh seasmhach trí thacú le soláthairtí eadrannacha leictreachais ghaoithe agus ghréine in Éirinn. Gach bliain iompraíonn an tsócmhainn náisiúnta seo ar luach c. €3 billiún gar do thriú cuid (30%) den riachtanas náisiúnta fuinnimh príomhúil trí 14,781 km de phíblínte. San iomlán, tá breis agus 720,000 custaiméir gáis ceangailte lenár líonra ar fud na tíre, lena n-áirítear breis agus 28,000 gnó. Is sócmhainn náisiúnta ríthábhachtach é an líonra gáis agus tá ról ríthábhachtach aige i ngeilleagar na hÉireann. Is iad ár n-idirnascairí gáis leis an RA na sócmhainní fuinnimh is tábhachtaí in Éirinn, a iompórtálann c. 83% d'éileamh bliantúil an Stáit ar ghás agus cosaint á soláthar do nádúr eadrannach na gcineálacha giniúna in-athnuaite sa mhargadh leictreachais, amhail giniúint ghaoithe agus ghréine. Sa lá atá inniu ann, is é gás líonraithe an phríomhfhoinse breosla inseolta i meascán giniúna leictreachais na hÉireann, a bhreoslaíonn 40% den leictreachas ar fad a ghintear gach bliain, agus 92% den leictreachas sna buaicthréimhsí. Is féidir athearraíocht iomlán a bhaint as an líonra gáis agus é a dhícharbónú go hiomlán amach anseo trí gháis in-athnuaite (bith-mheatán agus hidrigin) a chur in ionad gáis nádúrtha, agus is féidir leis cabhrú le córas fuinnimh comhtháite glan-nialasaigh a bhaint amach trí gháis in-athnuaite a úsáid go spriocdhírithe ar scála mór. Trí gháis in-athnuaite a chur in ionad gáis nádúrtha, soláthróimid líonra gáis carbóin ghlan-nialasaigh agus laghdóimid astaíochtaí ar fud earnálacha tábhachtacha, lena n-áirítear na hearnálacha a mbíonn sé deacair de ghnáth iad a dhícharbónú, amhail an tionscal ardteasa, giniúint cumhachta, talmhaíocht agus iompar. Tacaíonn aistriú níos tapúla go gáis in-athnuaite le héagsúlú feabhsaithe ar fhoinsí fuinnimh agus cabhraíonn sé le rioscaí geopholaitiúla agus rioscaí slándála soláthair a mhaolú. Cuirimid béim ar oibriú gach lá chun leanúint orainn le soláthar fuinnimh na hÉireann a chosaint trí bhonneagar ríthábhachtach fuinnimh a bhainistiú go sábháilte agus go hiontaofa, agus ag an am céanna iompar gás in-athnuaite a chur chun cinn agus réitigh nuálacha agus inacmhainne a éascú dár gcuid custaiméirí.

**bunaithe ar shonraí tuairiscithe suas go dtí 2024.*

FEIDHMEANNAIGH

# Foireann Fheidhmiúcháin

Foghlaim níos mó faoi fhoireann fheidhmiúcháin Líonraí Gáis Éireann.



Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

## David Kelly

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

Is é David Kelly an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin de chuid Líonraí Gáis Éireann, an eagraíocht leathstáit atá freagrach as líonra náisiúnta gáis na hÉireann ar luach €3 billiún, atá 14,781km ar fad, a bhainistiú, agus cinntiú go ndéantar gás a sheachadadh go sábháilte agus go hiontaofa go breis is 720,000 teach agus gnólacht ar fud na tíre.

Tá níos mó ná fiche bliain de thaithí ar leibhéal feidhmiúcháin ag David tar éis dó a bheith ag obair go fairsing san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon le linn a ghairme. Sular ceapadh chuig a ról reatha é, bhí David ina Stiúrthóir ar Fhorbairt Custaiméirí agus Gnó i Líonraí Gáis Éireann agus ina Cheann Grúpa ar Oibríochtaí Custaiméara agus Gnóthaí Poiblí le haghaidh Ervia. Cuntasóir Cairte é David le hInstitiúid na Stiúrthóirí agus tá BSc aige i dTeicneolaíocht na Faisnéise (DCU) agus Dioplóma Náisiúnta aige sa Ríomhaireacht (SETU).



Airgeadas

## Ronan Galwey

**Príomhoifigeach Airgeadais**

Tá Ronan freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta, lena n-áirítear straitéis, pleanáil agus tuairisciú airgeadais, agus bainistíocht ciste agus riosca.

Céimí ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh é Ronan agus tá sé ina Chomhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte. Sular ceapadh chuig a ról reatha é, bhí roinnt post sinsearach ag Ronan lenar áiríodh Príomhoifigeach Airgeadais Ervia.



Straitéis

## Edwina Nyhan

**Stiúrthóir Straitéise agus Rialála**

Tá Edwina freagrach as straitéis Líonraí Gáis Éireann a shainiú, as béim ar inbhuanaitheacht agus as gnóthaí rialála agus ina theannta sin bainistíonn sí timpeallacht páirtithe leasmhara agus beartais na heagraíochta. Tá taithí fhairsing ag Edwina ar thionscal an fhuinnimh, agus is Comhalta í de chuid Chumann na gCuntasóirí Cairte Éireann. Sular ceapadh chuig a ról reatha í, bhí roinnt post sinsearach ag Edwina a raibh ina measc Ceann Oibríochtaí Airgeadais in Ervia agus Ceann Airgeadais i Líonraí Gáis Éireann.



Seirbhísí

## Ian O'Flynn

**Stiúrthóir Seirbhísí Gnó**

Tá Ian freagrach as seirbhísí TF, sonraí, tacaíochta airgeadais, as an slabhra soláthair, áiseanna agus flít agus as feabhsú agus athrú leanúnach. Tá breis is 30 bliana de thaithí ceannaireachta sinsearaí aige sna hearnálacha fóntais agus miondíola agus bhí roinnt ról ceannaireachta aige le Líonraí Gáis Éireann agus le Grúpa Ervia, lenar áiríodh Ceann TF, Ceann Seirbhísí Roinnte, agus Ceann Gnóthaí Tráchtála agus Corparáideacha. Tá BSc (Onóracha) sa Ríomheolaíocht ag Ian chomh maith le MBA, agus Dioplóma Deimhnithe sa Chuntasaíocht agus san Airgeadas, agus cuireann sé béim láidir ar athléimneacht, ar bhunathrú digiteach agus ar aistriú fuinnimh na hÉireann a chumasú.



Oibríochtaí

## Bobby Gleeson

**Príomhoifigeach Oibríochtaí**

Tá breis is 25 bliana de thaithí ag Bobby ar na hearnálacha Fuinnimh agus Fóntas, tar éis dó 10 mbliana a chaitheamh le Fingleton White and Company, tháinig Bobby chuig Líonraí Gáis Éireann in 2006 agus bhí roinnt post sinsearach aige ansin lenar áiríodh Ceann ar Sheachadadh Sócmhainní agus Ceann HSQE. Tá céim san Innealtóireacht Mheicniúil (B.Eng (Onóracha)) ó Ollscoil Luimnigh ag Bobby.



Bonneagar

## Brian Sheehan

**Stiúrthóir Sócmhainní agus Bonneagair**

Tá breis is 25 bliana de thaithí ag Brian ar earnáil na bhfóntas. Sa ról atá aige faoi láthair tá freagracht air as an treo straitéiseach a shocrú i gcomhair bhonneagar an líonra náisiúnta gáis agus as seachadadh a shócmhainní, chun iompar sábháilte fuinnimh a chinntiú agus an t-aistriú chuig todhchaí dhícharbónaithe a chumasú. Sular ceapadh chuig a ról reatha é, bhí roinnt post sinsearach aige san eagraíocht lena n-áirítear Ceann ar Bhainistíocht Sócmhainní. Níos deireanaí bhí róil aige in Ervia agus bhí sé ina Stiúrthóir ar Sheachadadh Bonneagair in Uisce Éireann. Tá céim san Innealtóireacht Mheicniúil ag Brian ó Ollscoil Luimnigh, chomh maith le Dioplóma i dTreo Cuideachta ó Institiúid na Stiúrthóirí agus tá sé ina Chomhalta ag Engineers Ireland.



Dlíthiúil

## Emer Walsh

**Príomhoifigeach Dlí**

Tá taithí fhairsing ag Emer ar na hearnálacha fuinnimh, bonneagair agus athnuaiteán. Mar POD, tá freagracht uirthi as ceannaireacht as treo na ngníomhaíochtaí go léir i ndáil leis an dlí, le rialachas corparáideach agus le cosaint sonraí i Líonraí Gáis Éireann; tá ról lárnach aici i straitéis na heagraíochta a bhaint amach chun aistriú chuig líonra fuinnimh ísealcharbóin. Sular ceapadh chuig a ról reatha í, bhí post aici mar Cheann Gnóthaí Dlí i Líonraí Gáis Éireann le seacht mbliana anuas. Tá céim sa Dlí agus san Fhraincis ó UCC ag Emer chomh maith le teastas cleachta aturnae ó Dhlí-Chumann na hÉireann.



Daoine

## Nicola McSweeney

**Stiúrthóir Gníomhach ar Fhorbairt Custaiméirí agus Gnó**

Tá Nicola freagrach as an straitéis daoine agus cultúir a fhorbairt agus a chur i gcrích chun tacú le forbairt ár ndaoine agus ár bhfoirne, chun cinntiú go gcuirfear i gcrích plean gnó agus treo straitéiseach na heagraíochta, go háirithe i réimsí mar acmhainní daonna, thallann, éagsúlacht, cothromas agus cuimsiú chomh maith le forbairt agus éifeachtacht eagraíochta. Sular ceapadh chuig a ról reatha í, bhí roinnt post sinsearach ag Nicola a chuimsigh Ceann Seirbhísí Roinnte AD agus Comhpháirtíocht Ghnó le Ervia agus Ceann AD le Líonraí Gáis Éireann.

Tá BA (Onóracha) ag Nicola, chomh maith le hArd-Dioplóma sa Bhainistíocht Phoiblí, agus Dioplóma sa Bhainistíocht Cháilíochta agus i gCórais Bharainneacha, agus is Comhalta í de chuid an Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha (Chartered Institute of Personnel and Development/CIPD).

Is í Nicola an Stiúrthóir Gníomhach ar Fhorbairt Custaiméara agus Gnó. Táthar ag earcú i gcomhair an phoist faoi láthair tar éis gur ceapadh David Kelly mar POF le déanaí.

ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN

# Timpeallacht oibriúcháin

Le linn na bliana, sholáthair gáscheantar na Coiribe 17% de na riachtanais gháis ar fad i bPoblacht na hÉireann, agus d'fhreastail allmhairí ón Ríocht Aontaithe (RA) ar 83% den éileamh. Baineadh amach 11 GWh de ghás in-athnuaite agus soláthraíodh é tríd an bpointe insteallta bithmheatáin i gContae Chill Dara.



Éileamh Gáis
**1.5% níos ísle**

**53.4 TWh**
de ghás iomlán arna iompar in Éirinn

Giniúint Chumhachta **58%**

Tionsclaíocht agus Tráchtáil **30%**

Cónaitheach **11%**

Gás breosla **1%**

Iompar **0.09%**



Rinneadh freastal ar
**35GWh**
den éileamh ó **ghás in-athnuaite in 2025**
(11GWh as Éirinn agus 24GWh iompórtáilte)

## Éileamh agus soláthar

Le linn na bliana, d'fhreastail gáscheantar na Coiribe ar 17% de na riachtanais gháis go léir, agus pléadh leis an 83% eile den éileamh le hallmhairí ón RA. Baineadh 11GWh de ghás in-athnuaite amach agus soláthraíodh é tríd an bpointe insteallta bithmheatáin i gContae Chill Dara. Bhí praghsanna gáis luaineach fós in 2025, agus buaic 144p/therm sroichte acu i mí Feabhra le linn tréimhse fuaire stairiúla agus ídiú stórála san Eoraip, sular laghdaigh iad faoi 80 p/therm faoi dheireadh an tsamhraidh de réir mar a rinneadh dul chun cinn le hinstealltaí Eorpacha agus mar a mhaolaigh rioscaí geopholaitiúla. Maolaíodh rialacháin stórála na hEorpa i lár na bliana, agus laghdaíodh an sprioc athlíonta ó 90% go 83% faoin 1 Nollaig agus tugadh isteach solúbthacht bhreise chun brú margaidh a mhaolú. D'ainneoin sin, thit instealltaí na hEorpa chun deiridh sa samhradh mar gheall ar eacnamaíocht lag an mhargaidh agus briseadh seirbhíse san Iorua, sa chaoi gur fágadh fardail ar leibhéal na hEorpa ag 62% faoi dheireadh mhí na Nollag. Bhí soláthairtí gáis na hÉireann slán fós, agus iad tacaithe ag ceangal iontaofa leis an RA trí chóras idirnascaire nasctha. Cuireadh soláthar maith ar fáil, dá réir sin, do mhargadh na Ríochta Aontaithe trí mheascán de tháirgeadh dúchasach gáis, de tháirgeadh gáis na hIorua, agus d'allmhairí gáis nádúrtha leachtaithe (GNL).

Leanaimid orainn ag déanamh monatóireachta ar an éagobhsaíocht slándála fuinnimh atá ag teacht chun cinn de thoradh na coinbhleachta sa Mheán-Oirthear agus táimid ag déanamh measúnaithe ar thionchair fhéideartha dár gcuid oibríochtaí de réir mar a fhorbraíonn cúrsaí.

## Rialáil

Déanann an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) na sócmhainní ar fad ar líonraí gáis Tarchurtha agus Dáileacháin na hÉireann a rialáil, lena n-áirítear na hidirnascairí fomhuirí agus na sócmhainní ar tír mhór in Albain. Rialaíonn an Rialálaí Fóntais píblínte GNI (RA) Limited ar chóras tarchurtha Thuaisceart Éireann. Tá ceadúnas idirnascaire na Ríochta Aontaithe ó Ofgem ag Líonraí Gáis Éireann agus GNI (RA) Limited maidir leis na hidirnascairí fomhuirí le hAlbain. Feidhmíonn Líonraí Gáis Éireann na sócmhainní tarchurtha agus dáileacháin in Éirinn agus in Albain faoi chóras rialaithe praghsanna arna chinneadh ag an CRF. Oibríonn GNI (RA) Limited na píblínte tarchurtha i dTuaisceart Éireann faoi chóras rialaithe praghsanna arna chinneadh ag an Rialálaí Fóntais. Socraíonn gach rialálaí córas nua rialaithe praghsanna gach cúig bliana agus leagtar amach sa phróiseas sin an t-ioncam ceadaithe do Líonraí Gáis Éireann agus GNI (RA) Limited. Tháinig an próiseas athbhreithnithe ar rialú praghsanna GT22 do 2022-2027 chun críche nuair a

Fómhair 2022 agus tháinig an próiseas athbhreithnithe ar rialú praghsanna PC5 do 2022-2027 chun críche nuair a d'fhoilsigh CRF cinneadh PC5 i mí na Nollag 2023. I gcinneadh PC5 smaoiníodh ar dhreasachtaí feidhmíochta, ceanglais nua maidir le tuairisciú agus painéal nua páirtithe leasmhara a bhunú. Cheap an CRF an painéal ag tús 2025 agus ar an 31 Márta 2025, chuireamar céad phlean seachtrach Líonraí Gáis Éireann um plé le páirtithe leasmhara faoi bhráid an CRF. I rith 2025, d'oibrigh Líonraí Gáis Éireann ar thuairisciú ar Phlé le Páirtithe Leasmhara a chur i bhfeidhm. Foilseoidh Líonraí Gáis Éireann ár gcéad tuarascáil táirgeachta maidir le Páirtithe Leasmhara i R1 2026, ina dhéanfar machnamh ar ár bhfeidhmíocht ar Phlé le Páirtithe Leasmhara in 2025 agus i mí Aibreáin cuirfear faoi láthair Phainéal na bPáirtithe Leasmhara í, a ndéanfaidh an CRU cathaoirleacht air.

Léirítear leis na taraifí Tarchurtha don bhliain gháis 2025/26 méadú thart ar 4.86% (ainmniúil) i gcomparáid leis an mbliain gháis roimhe sin. Spreagadh an méadú sin go príomha ag próifíl Ioncam Tarchurtha PC5 le haghaidh 2025/26 i gcoibhneas le 2024/25, a cúitíodh i bpáirt le maolú beart um mhaolú costas/ioncaim ar aontaíodh orthu leis an CRF an bhliain roimhe. Léirítear leis na taraifí Dáileacháin don bhliain gháis 2025/26 laghdú thart ar 1.39% (ainmniúil) i gcomparáid leis an mbliain gháis roimhe sin.

ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN

# Líonra seasmhach



## Sábháilteacht

I Líonraí Gáis Éireann déanaimid cinnte go gcuirtear an tsábháilteacht chun tosaigh san obair go léir a dhéanaimid. Táimid geallta chun na caighdeáin sábháilteachta is airde agus is féidir. I rith 2025, leanamar orainn ag déanamh bainistíochta ar gach gné de na hoibríochtaí ar bhealach atá sábháilte agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de. Cinntíonn ár gCórais chuimsitheacha um Bainistíocht Sábháilteachta, Comhshaoil, Cáilíochta, Fuinnimh agus Sócmhainní, atá deimhnithe go neamhspleách ag ISO 45001, ISO 14001, ISO 9001, ISO 50001 agus ISO 55001, go ndéantar ár ngníomhaíochtaí a bhainistiú de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr. Sa bhliain 2025, chuaigh Líonraí Gáis Éireann faoi iniúchadh faireachais ar na cúig chóras ISO uile a rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Tharraing na hIniúchóirí aird ar 22 láidreacht, lena n-áirítear freagairt stoirme agus cultúr sábháilteachta na heagraíochta, agus a cur chuige i dtreo na hinbhuanaitheachta.

Le linn 2025, lean Líonraí Gáis Éireann lenár gcuntas teiste maidir le sárfheidhmíocht sábháilteachta. Le Ráta Minicíochta Iomlán na dTeagmhas Ama Caillte le haghaidh ball foirne mar atá 0.06, léirítear go bródúil ár dtiomantas agus ár n-aireachas maidir lenár gcultúr ina thugtar tús áite don tsábháilteacht.

Freisin déanaimid tomhas ar fheidhmíocht sábháilteachta na gcomhpháirtithe seachadta seirbhíse (conraitheoirí) a oibríonn allamuigh ar ár gcuid sócmhainní (is iad sin na hoibreoirí is mó a ndéanann ár gcuid gníomhaíochtaí agus sócmhainní difear dóibh). Rinne na comhpháirtithe seachadta seirbhíse sin breis is 1.37 milliún uair an chloig d’obair in 2025 agus thug siad taifead ar RMTAC iomlán de 0.22. Níor tuairiscíodh aon díobhálacha tromchúiseacha. Déantar iniúchadh ar gach teagmhas, agus déantar moltaí a rianú agus a mhonatóiriú le córas Tuarascála Gnímh Cheartaithigh (TGC) chun cabhrú le teagmhais a laghdú amach anseo. Táimid bródúil as an tsárfheidhmíocht seo; bímid i gcónaí iarraidh, áfach, nach dtarlódh gortú ar bith ar aon dul le sprioc shonraithe ár mBeartais Sábháilteachta mar atá “nach ndéanfadh ár gcuid gníomhaíochtaí ná sócmhainní dochar do dhuine ar bith”.

I rith 2025, thug baill foirne tuairisc ar breis is 1,100 tuairisc ghuaise – ba ionann sin agus méadú 20% i gcoibhneas le 2024. Trí ghuaiseacha a thuairisciú agus a dheisiú, chabhraigh muid le foinsí timpistí a bhaint sula mbeadh seans acu dochar a dhéanamh. Rinneamar corradh le 325 Comhrá Ceannasaíochta Sábháilteachta a thaifeadadh agus thugamar faoi 18 iniúchadh ar chóras bainistíochta inmheánaí chomh maith le beagnach 1,150 cigireacht sábháilteachta agus teicniúla. Ag tús 2025 seoladh ár straitéis athbhreithnithe Work Safe Home Safe, trínar cuireadh eispéireas idirghníomhach, amharclann-bhunaithe agus tumthach ar fáil, agus é faoi stiúir ár gcomhpháirtithe Theatre at Work. D’fhreastail breis is 700 fostaí ar na hocht seisiún agus thug 90% de na baill foirne rátáil ‘den scoth’ don imeacht.

Reáchtáladh roinnt feachtas cumarsáide agus feasachta maidir leis an tsábháilteacht don fhoireann le linn na bliana, inar clúdaíodh saincheisteanna amhail sábháilteacht tiomána, sábháilteacht san oifig, sábháilteacht sa samhradh agus sa gheimhreadh. In 2025, rinneadh athnuachan ar an leathanach Work Safe Home Safe ar inlíon na cuideachta (the Zone) agus baineadh úsáid as chun teachtaireachtaí agus méadrachtaí sábháilteachta a chruthú agus a scaipeadh ar fud na heagraíochta gach mí.

Maidir le hidirghníomhú rialála faoi chásanna sábháilteachta in 2025, fuair Líonraí Gáis Éireann glacadh rialála ón CRF i gcomhair Cáis Sábháilteachta Tarchurtha agus Dáileacháin araon mar chuid den Athbhreithniú Neamhspleách 5-Bliana.

D’fhaomh an CRF roinnt athruithe ábhartha eile ar na Cásanna Sábháilteachta freisin. Áiríodh leo siúd méadú breise ar Stáisiún CNG Bhaile an Bharbaigh chun dara aonad stórála a chur leis, chomh maith le hathrú ar ábhar ocsaigine chun ullmhú leis an mBithmheatán a úsáid sa líonra tarchurtha. Ina theannta sin, rinneadh roinnt aighneachtaí i gcomhair athrú ábhair in 2025. Áiríodh leo siúd Saoráid CGI Bhaile Mhistéala, Saoráid Iontrála don Líonra Bithmheatáin i mBaile an Huntaigh agus Saoráid Iontrála do Líonra Grúpa an Choláiste.

### Fógraíocht ar shábháilteacht

Ar feadh na bliana, lean Líonraí Gáis Éireann le feasacht phoiblí ar shábháilteacht a chur chun cinn trí réimse feachtas, lena n-áirítear an tSeirbhís Éigeandála Gáis, Diailigh sula dTosaíonn tú ag Tochailt, Baint do do Mhéadar, Úsáid Suiteálaí Cláraithe Gáis i gCónaí agus feachtais Aonocsaíd Charbóin. Bhain ár bhfeachtas sábháilteachta ‘Diailigh sula dTosaíonn tú ag Tochailt amach gradam óir don fhógra teilifíse is fearr ag na ICADanna (Institute of Creative Advertising and Design) agus ghnóthaigh sé gradam óir agus airgid i gcatagóirí i nGradaim Fhostaíochta Kinsale Shark a bhfuil clú agus cáil orthu ar fud an domhain. Tar éis breis is deich mbliana, d’fhill Líonraí Gáis Éireann ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. I gcaitheamh an imeacht trí-lá, phléigh ár bhfoireann le breis is 10,000 den lucht freastail, agus scaipeamar eolas faoin gcaoi a bhfuil todhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe, níos glaine agus níos sábháilte á múnlú d’Éirinn. Ó láithreachais ghéarchúiseacha go gníomhaíochtaí cruthaitheacha, léirigh ár láithreacht ag an gComórtas Treabhdóireachta go bhfuilimid tiomanta don tsábháilteacht, don nuálaíocht agus do phlé le pobail.

### Folláine fostaithe

Ní hí an tsábháilteacht fhisiceach amháin atá i gceist le Work Safe Home Safe; cuimsítear leis freisin an mheabhairshláinte agus an tsábháilteacht shíceolaíoch chomh maith. Tá raon imeachtaí agus tacaíochtaí sláinte agus folláine curtha ar fáil ag Líonraí Gáis Éireann lena n-áirítear roinnt imeachtaí faoin mbratach feasachta meabhairshláinte “Tá sé in Am Labhairt”. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí sin maidineacha caife na foirne, seisiúin eolais le haoichainteoirí, seisiúin bhricfeasta don fhoireann allamuigh agus seisiúin rialta do Gharchabhróirí Meabhairshláinte inmheánacha. Cuirtear tacaíochtaí, atá ar fáil don fhoireann chun cinn go rialta agus go forleathan don fhoireann ar fad ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear an Clár Cúnaimh le haghaidh Fostaithe agus Garchabhróirí Meabhairshláinte. Tá Líonraí Gáis Éireann creidiúnaithe ag Ibec lena ngradam “Keep Well Mark” don fholláine san ionad oibre.

### Teagmhais gháis iartheachtacha agus neamh-chomhlíonadh.

Faoin Acht Gáis (Leasú) 1987 tá sé dhualgas orainn “Teagmhais Intuairiscithe” (básanna, gortuithe a dteastaíonn cur san ospidéal mar gheall orthu, agus dochar ar luach níos mó ná €6,349) a nochtadh don CRF i gcás ina bhfuil gás nádúrtha i gceist, agus tá oibleagáid orainn aon teagmhais eile lena mbaineann gás nádúrtha a thuairisciú i gcás go measaimid gur tairbheach sin. Táimid geallta chun nochta thrédhearcaigh agus oscailte agus d’aontaíomar ar chatagóirí breise d’eachtraí atá ‘Intuairiscithe faoi na Treoirlínte’ (IFT) leis an CRF. Ní mór na teagmhais sin a thuairisciú cibé acu go dtarlaíonn siad ar ár líonra nó go hiartheachtach ón méadar gáis (arb iad an tomhaltóir atá freagrach astu).

In 2025, thugamar tuairisc ar dheich dTeagmhas Intuairiscithe; sé cinn ar shuiteálacha líonra agus ceithre cinn ar shuiteálacha iartheachtacha (custaiméara). Ní raibh bás ná drochghortú i gceist le teagmhas ar bith. Agus obair ar siúl ar shuiteálacha custaiméara, tá oibleagáidí orainn maidir le fearais gháis, píbobair suiteála agus aerú neamhchomhlíontach a thuairisciú atá iartheachtach ón méadar (agus dá bharr sin a bhfuil an custaiméar freagrach astu). Má aithnítear saincheisteanna sábháilteachta nó neamh-chomhlíonadh, eisímid Fógra faoi Ghuais don tomhaltóir agus d’fhéadfaimis an soláthar gáis chuig an bhfoirgneamh iomlán nó an soláthar gáis chuig fearas aonair a mhúchadh, ag brath ar nádúr na faidhbe a aithnítear. Ansin ceanglaítear ar an tomhaltóir teagmháil a dhéanamh le Suiteálaí Gáis Cláraithe chun an fhadhb (na fadhbanna) a chur i gceart. In 2025 d’eisíomar 16,783 Fógra faoi Ghuais.

### RMATC iomlán – Líon na ngortuithe fostaí (>asláithreacht 1 lá)/100k uair an chloig

| | |
|---|---|
| 2025 | 0.06 |
| 2024 | 0.20 |
| 2023 | 0.00 |
| 2022 | 0.23 |
| 2021 | 0.13 |

Úsáidimid an Ráta Minicíochta Teagmhas Ama Caillte (RMTAC) chun líon na dtimpistí a rianú a tharlaíonn do fhostaithe san ionad oibre in aghaidh gach 100,000 uair an chloig a oibrítear, a fhágann gur gá do fhostaí > 1 lá amháin saor a thógáil ón obair.

ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN

## Seasmhacht líonra

### Clár na hinfheistíochta caipitil

In 2025, thugamar faoi chlár caiteachais chaipitil dar luach €217 milliún lena n-áiríodh cláir a bhí ar siúl fós chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus iontaofacht an líonra. I dteannta le go leor tionscadal casta mar na ceithre cheangal Tarchurtha a cuireadh i gcrích, an dá hatreorú a rinneadh, Uasghráduithe Slándála SWSOS, agus an tionscadal athlonnaithe um DRI (Suiteáil um Rialú Dáileacháin) Shráid Hawkins, díríodh leis na cláir oibre leanúnacha ar fheabhas a chur ar sheasmhacht an líonra, ar shlándáil, acmhainn agus aistriú chuig réitigh fhuinnimh nua.

### Cothabháil ríthábhachtach ar an líonra

Gné bhunúsach dár gcuid cuspóirí straitéiseacha é oibriú agus cothabháil éifeachtúil agus eacnamúil ár líonra a chinntiú, ó dhubh go dubh agus i gcaitheamh na bliana.

In 2025, seoladh breis is 47,768 ordú um obair cothabhála coisctheí ar na líonraí tarchurtha agus dáileacháin agus tugadh 98% díobh chun críche. D'iompair an líonra thart ar 72.69 TWh de fhuinneamh timpeall na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus Mhanann agus níor tharla neamhchomhlíonadh ar bith ó thaobh chaighdeán an gháis. Tugadh taifead ar bhuaicéileamh laethúil de 370 GWh ar an 8 Eanáir, 2025.

Sholáthair Líonraí Gáis Éireann breis is 1.8 milliún léamh méadair (1,752,279) thar ceann soláthraithe gáis. D'fhreagraíomar do 14,072 éalú gáis a thuairiscigh an pobal in 2025, agus baineadh amach comhlíontacht 99.9% ó thaobh freagairt laistigh de 1 uair an chloig. Rinneadh oibreacha feabhais ar 75 foirgneamh iláitithe agus cuireadh suirbhéanna i gcrích ar sceitheadh ar 1,464km de phríomhlíonraí agus seirbhísí.

I mí Iúil chuaigh Líonraí Gáis Éireann isteach sa ghrúpa um Dheisiú Píblíne agus Idirghabháil Fhomhuirí, a riarann Equinor. Déanann an grúpa seo nasc idir oibreoirí bonneagair chriticiúil faoin uisce (BCFU) le soláthraithe árthaigh, speisialtóirí deisiúcháin, trealamh speisialtóra, agus ábhair laistigh de 21 lá ó fhógra a fháil. Tá plean á fhorbairt chun an próiseas fógartha ó cheann go ceann le Equinor a thástáil.

**Soláthraíodh**
**1.8m**
léamh méadair in 2025 (1,752,279).

**Tarchuireadh**
**72.69TWh**
de fhuinneamh.

**Buaicéileamh laethúil de**
**370GWh**
taifeadta ar an 8 Eanáir 2025.

### Slándáil Fhisiceach agus Cibearshlándáil

Bíonn an timpeallacht bagartha ag athrú i gcónaí, idir bagairtí geopholaitiúla, cibearbhagairtí agus bagairt hibrideach agus mar gheall air sin, neartaítear an tábhacht straitéiseach a bhaineann le bonneagar náisiúnta fuinnimh na hÉireann a chosaint. Is ard fós ach is cobhsaí iad na cibearbhagairtí don bhonneagar criticiúil, ach bíonn gníomhaíocht leanúnach ar siúl ag grúpaí coiriúla agus gníomhairí ailínithe le stáit ar fud earnáil fuinnimh na RA agus an AE. Léiríodh arís eile le teagmhais ardphróifíle le déanaí a bhain le hiompar, monarú, agus le slabhraí soláthair fuinnimh san Eoraip go bhféadann cibearionsaithe cur isteach a dhéanamh, go háirithe sa chás go dtéitear i dtír ar spleáchais tríú-pháirtí agus thimpeallachtaí oidhreachta.

Tá Líonraí Gáis Éireann sa bhliain dheireanach dár gClár Cibearshlándála cúig-bliana agus sa bhliain leathdheireanach dá Chibearchlár ar Theicneolaíocht na hInnealtóireachta (TI). Táimid fós ar an mbóthar ceart lenár sprioc aibíochta 3+ (In-athdhéanta) a bhaint amach le haghaidh 2026 faoi chreat cibearshlándála an Institiúid Náisiúnta Caighdeán & Teicneolaíochta (National Institute of Standards & Technology) Gné lárnach a spreag an méadú sin ar aibíocht i rith 2025 ab ea soláthar cibear-rialuithe bunúsacha lena n-áirítear bainistíocht neartaithe sócmhainní, monatóireacht slándála, agus rialachas riosca tríú-pháirtí.

Bliain mhórathraithe ab ea 2025 um rialáil na cibearshlándála san Eoraip, agus leagan a dó de Threoir an AE maidir le Córais Gréasáin agus Faisnéise (NIS2), ag bogadh ó fhorbairt bheartais isteach sa chéim fhorfheidhmithe, i dteannta leis an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (CER) agus an Gníomh um Chibear-Athléimneacht a thabhairt isteach. Leis na creata sin ardaítear go mór ionchais i gcomhair oibreoirí seirbhísí bunriachtanacha, go háirithe rialachas, bainistíocht sócmhainní, tuairisciú teagmhas, dearbhú slabhra soláthair, agus athléimneacht oibríochtúil fhollasach. Is ionann an Treoir maidir le CER agus forbairt bhreise ar chur chuige an AE i dtreo seirbhísí bunriachtanacha a chosaint, agus an bhéim aistrithe ó shócmhainní aonair a chosaint go hathléimneacht a chinntiú ar fud eintitis. Ceanglaíonn CER ar oibreoirí a léiriú go bhfuil an cumas acu teagmhais a chuireann le cur isteach a chosc, a sheasamh, agus freagairt dóibh, lena n-áirítear cibear-imeachtaí, ionsaithe fisiceacha agus guaiseacha nádúrtha.

In 2025 d'ailínigh Líonraí Gáis Éireann a chuid creataí cibearshlándála agus slándála fisicí le ceanglais ionchais na Treorach maidir le NIS2 agus CRF trí rialachas neartaithe, méadrachtaí oibriúcháin méadaithe, bainistíocht fheabhsaithe acmhainní, agus méadú ar dhearbhú tríú-pháirtí. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn arís i rith 2025 lenár gClár Slándála Corparáidí agus Fisicí, agus é bogtha ar aghaidh ó dhearadh go cur i bhfeidhm iomlán, lena dhéantar feabhsúcháin inbhraite ar fud gach ionaid. Tá cumais chibearshlándála agus slándála fisicí atá á mbaint amach le cúig bliana anuas cumhdaithe in oibríochtaí laethúla, agus iad tacaithe ag cuntasacht níos soiléire, méadrachtaí níos láidre, agus feabhas ar réidhe rialála.



# Príomhthionscadail chaipitil 2025:

- Críochnaíodh ar Thionscadail Slándála Fisicí a thógáil i Beattock, Brighouse Bay, Twynholm agus Cluden.
- Críochnaíodh ar thrí Aonad Iontógála Aeir a thógáil i Beattock agus Brighouse Bay, agus críochnaíodh freisin oibreacha athchóirithe leictreachais i Brighouse Bay.
- Críochnaíodh Oibreacha um Atreorú Tarchurtha in Irish Distillers i Mainistir na Corann agus ar láithreán Mhótarbhealach an M28 i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí.
- Fuarthas ábhair i gcomhair trí thionscadail um instealladh díreach bithmheatáin.
- Feabhsaíodh an Chibearshlándáil go leibhéal cuí i gcomhair 2 ionaid bhunriachtanaigh.
- Rinneadh stáisiún CNG Beauparc na Ceapaí a choimisiúnú.
- Leagadh 1.6 km de phríomhphíobán treisithe dáileacháin.
- Cuireadh chun cinn Tionscadal Leictrithe na hAlban.
- Críochnaíodh ar 4 cheangal Tarchurtha nua a thógáil agus críochnaíodh ar 3 cheangal breise nua a thógáil.
- Tugadh chun críche uasghrádu acmhainne in AGI na Bearnan Coill agus Uasghrádú Coire in AGI Bhaile Mhic Gormáin Céim 1.
- Cuireadh tús le CGI Bhaile Mhistéala a thógáil.

## Bainistíocht Géarchéime agus Leanúnachas Gnó

Ós sinne an t-oibreoir don líonra gáis in Éirinn, tá nósanna imeachta láidre agus tástáilte ar bun againn chun slándáil an tsoláthair gháis dár gcustaiméirí a choinneáil ar bun agus lena chinntiú go ndéantar folláine ball foirne agus custaiméirí a chosaint.

Ós rud é gurb é Líonraí Gáis Éireann an Bainisteoir Éigeandála Náisiúnta Gáis, bítear ag pleanáil de shíor don Phlean Éigeandála Náisiúnta Gáis i gcomhairle leis an tionscal gáis, an tionscal leictreachais, an Coimisiún um Rialáil Fóntais agus an Rialtas.

Mar aon leis na nósanna imeachta láidre atá i bhfeidhm againn chun slándáil an tsoláthair gháis a chothabháil, glacann roinnt foirne laistigh de Líonraí Gáis Éireann, lena n-áirítear na foirne Feidhmiúcháin, Oibríochtaí agus Cumarsáide páirt go rialta i gcleachtaí ionsamhlúcháin chun réimse cásanna géarchéime a d'fhéadfadh a bheith ann a thástáil. Tá na cleachtaí seo ríthábhachtach chun freagairt chomhordaithe a phleanáil ar mhórtheagmhais sa chás annamh go dtarlaíonn siad. Tugann siad deis dúinn éifeachtúlacht na socruithe bainistíochta géarchéime reatha a thástáil freisin, chomh maith le deis dár bhFoireann Bainistíochta Géarchéime agus dár bhfoirne oirbheartaíochta freagartha do ghéarchéim an fhreagairt a chleachtadh agus cabhrú le hathbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna bainistíochta géarchéime agus cumarsáide géarchéime atá ann cheana féin agus iad a nuashonrú.

Glacann ionadaithe ó earnáil fóntais fuinnimh na hÉireann agus ón Rialtas, lena n-áirítear EirGrid, Líonraí BSL, CRF páirt freisin nuair is cuí.

I mí Eanáir, tharla dhá theagmhas do Líonraí Gáis Éireann a chuir bagairt thromchúiseach roimh sheasmhacht agus shláine an líonra gáis. Ar dtús, léiríodh seasmhacht láidir in aghaidh imeachtaí drochaimsire, nuair a coinníodh soláthairtí gáis gan bhriseadh i rith Stoirm Éowyn, d'ainneoin fholáireamh rabhaidh dhearg ar fud na tíre. Cuireadh foireann phráinnfhreagartha Líonraí Gáis Éireann ar fuireachas, agus treisíodh an líon foirne a bhí ann cheana sna stáisiúin chomhbhrúiteora roimh an bhfoláireamh dearg aimsire chun nach gcuirfí isteach ar an soláthar gáis agus chun tacú le mearfhreagairt ar aon saincheisteanna nua. Ba é a bhí i gceist leis an dara teagmhas, a tharla ag an am céanna le Stoirm Éowyn ná ligean ó phríomhphíobán uisce ardbhrú a chuimsigh príomhphíobán gáis, agus a chuir an líonra gáis faoi uisce dá bharr. Mar thoradh ar an teagmhas tharla briseadh gáis do 910 custaiméir i gceantar an Bhaile Bhoicht Baile Átha Cliath 3 agus chun é sin a chur i gceart ba ghá breis is 76 tochailt a dhéanamh ar an bpríomhphíobán gáis i gcaitheamh 11 lá. I dteannta lenár gcomhpháirtithe gnó GMC, thug na feisteoirí agus criúnna práinnfhreagartha de chuid Líonraí Gáis Éireann freagairt láithreach agus thug siad aghaidh ar na gnéithe casta éagsúla den deisiúchán.

Ar an 19 Lúnasa 2025, chuir Líonraí Gáis Éireann an Fhoireann Bainistíochta Géarchéime i bhfeidhm tar éis go bhfuarthas Rialú Gáis glao ó Bhriogáid Dóiteáin Átha Cliath (DFB) ag iarraidh cúnaimh le dóiteán ar dhroichead ar Dhuga Sheoirse, IFSC, Baile Átha Cliath 1. Ba é a bhí i gceist leis an teagmhas ná dóiteán, agus an toradh air gur theip ar phríomhphíobán Meánbhrú (4 bharra) agus gur cailleadh srianadh. Ba é sin an teagmhas ba shuntasaí i ndáil le gás a tuairiscíodh le breis is deich mbliana anuas.

### Slándáil fuinnimh in Éirinn

I rith 2025, bhí Líonraí Gáis Éireann i roinnt ionsamhlúchán géarchéime agus cleachtaí éigeandála chun ullmhacht a chinntiú ar aon dul leis an bPlean um Éigeandáil Náisiúnta Gáis (PÉNG). Áiríodh leis na príomhghníomhaíochtaí:

**Cleachtadh Ghearóid:** Ionsamhlú bliantúil chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an Phlean Náisiúnta Éigeandála Gáis (PNÉG).

**Freagairt do theagmhas:** Cuireadh an Fhoireann Bainistíochta Géarchéime (FBC) i bhfeidhm mar fhreagra ar theagmhas mór ar Dhroichead Dhuga Sheoirse, Baile Átha Cliath, tar éis go ndearnadh dochar do cheann de na príomhphíobáin gháis 4 bharra dár gcuid agus gur tharla dóiteán ina dhiaidh.

**Cleachtadh Glacier:** (Oighearshrutha) Rannpháirtíocht sa Chleachtas Náisiúnta Tarchurtha Gáis de chuid na Ríochta Aontaithe, chun ról Líonraí Gáis Éireann mar Chomhordaitheoir Éigeandála Líonra (CÉL) a bhailíochtú agus prótacail chumarsáide a thástáil le páirtithe leasmhara i dtionscal gáis na RA.

**Cleachtaí cuimsitheacha córais fhuinnimh:** Rannpháirtíocht in imeachtaí mar Chleachtadh Atlantic (an Atlantaigh) faoi stiúir EirGrid san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí) agus Cleachtadh Foyle (an Fheabhail) (faoi stiúir an Chomhordaitheoir Éigeandála Líonra i dTuaisceart Éireann, lena raibh baint ag ranna rialtais, údaráis rialála agus oibreoirí córais.





# Cúltaisce Straitéiseach Éigeandála Gáis

## Slándáil an tsoláthair

Teastaíonn réiteach solúbtha, sealadach ó Éirinn chun a soláthar fuinnimh a chosaint agus muid ag aistriú go foinsí fuinnimh in-athnuaite. Chinn an Rialtas Cúltaisce Straitéiseach Éigeandála Gáis (CSÉG) - chun slándáil fuinnimh náisiúnta a chosaint le linn an aistrithe sin. Saoráid shealadach neamhthráchtála um stóráil gáis nádúrtha a bheidh sa CSÉG, nach n-úsáidfear ach i gcás go dtarlódh imeacht ardtionchair- a chuirfeadh isteach ar sholáthar gáis na hÉireann, imeacht nárbh dóchúil go dtarlódh sé.



Cúltaisce straitéiseach éigeandála gáis

D'fhaomh an Rialtas seachadadh an Chúltaisce Straitéiseach Éigeandála Gáis (CSÉG) i mí an Mhárta 2025 mar bhonneagar ríthábhachtach a theastaíonn chun soláthar fuinnimh na hÉireann a chosaint agus an Stát ag leanúint ar aghaidh leis an aistriú go fuinneamh in-athnuaite. Is i bhfoirm **Aonad Stórála agus Athghásaithe ar Snámh** (AASS) a bheidh an chúltaisce gáis nua.

Forbróidh Líonraí Gáis Éireann an CSÉG thar ceann an Stáit. Leis an CSÉG tabharfar aghaidh ar riosca criticiúil an chur isteach ar sholáthar gáis náisiúnta na hÉireann. Déanann Éire thart ar 83% (suas go 90% ar laethanta buaicéilimh) dá gás nádúrtha a iompórtáil trí dhá hidirnascaire ón mBreatain Mhór. Dá gclisfeadh ar cheann de na hidirnascairí sin, chuirfí isteach go mór ar théamh agus leictreachas do thithe agus ghnólachtaí ar feadh tréimhse faide de roinnt míonna.

Aithníodh FSRU mar an réiteach is fearr. Stórálann an tsainlong sin gás nádúrtha leachtaithe (GNL) agus tiontaíonn sé go gás nádúrtha é nuair is gá sin. Tiocfaidh sé chun duga ag cé agus déanfaidh sé an gás nádúrtha sin a sheachadadh chuig an líonra gáis reatha i gcás bhriseadh soláthair. Cuirfidh an FSRU slándáil fuinnimh ar fáil agus Éire ag aistriú go foinsí in-athnuaite fuinnimh mar fhuinneamh gaoithe, fuinneamh gréine, bithmheatán agus hidrigin ghlas. Amhail 2025, tá breis is 50 FSRU á n-oibriú ar fud an domhain – agus iad ag léiriú go mbíonn siad láidir agus iontaofa ó thaobh na sábháilteachta de.

Nuair a aistríonn Éire go foinsí fuinnimh in-athnuaite go rathúil agus nach bhfuil an baol ann a thuilleadh go gcuirfear isteach ar sholáthairtí gáis, seolfar an FSRU ar shiúl, agus is féidir athearraíocht a bhaint as lamairne an Stáit agus as an tsaoráid ar tír le haghaidh úsáidí eile.

I mí na Samhna 2025, tar éis gur tugadh faoi phróiseas cuimsitheach roghnúcháin, fógraíodh Cathair Dhá Chon ar Inbhear na Sionainne mar an láithreán um SGER nua na hÉireann. Garsprioc lárnach in 2025 ab ea roghnú an láithreáin, a lig don fhoireann SGER tús a chur le tuilleadh suirbhéanna, measúnachtaí agus Dearadh Innealtóireachta Tosaigh (FEED/DIT), a mbeidh siad go léir mar chuid d'aighneacht phleanála, a meastar go leagfar isteach é i dtreo dheireadh 2026.

ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN

# An t-aistriú aeráidneodrach



An t-aistriú a spreagadh le chéile i dtreo todhchaí neodraí d'Éirinn

## Córas comhtháite

Chun mianta na hÉireann um ghníomhú ar son na haeráide agus dhícharbónú 2050 a bhaint amach beidh gá le córais fhuinnimh a chomhtháthú níos mó agus ní bhainfear é sin amach ach má dhéanann mórchodanna an chórais fhuinnimh seachadadh i dteannta a chéile. Measaimid go mbeidh ról lárnach ag Líonraí Gáis Éireann maidir le pleanáil córais iomláine a spreagadh ar fud thionscal an fhuinnimh chun an córas glan agus slán ar an gcostas is ísle a fhorbairt. Trí phleanáil chomhtháite déanfar barrfheabhsú ar infheistíochtaí an líonra gáis amach anseo agus déanfar uasmhéadú ar úsáid agus luach na bhfoinsí in-athnuaite gáis agus leictreachais in Éirinn, atá ag dul i méid. Beidh sé ríthábhachtach dó sin samhaltú agus pleanáil a dhéanamh i gcomhair líonraí na todhchaí.

I rith 2025, rinne Líonraí Gáis Éireann dul chun cinn suntasach maidir le córais chomhtháite a chur ar aghaidh agus pleanáil i gcomhair líonra na todhchaí. Tugadh chun críche an próiseas iomlán comhairliúcháin agus anailíse maidir le Plean 2024 um Fhorbairt Líonra, a chuimsigh ionchur fairsing ag páirtithe leasmhara agus fuarthas faomhadh rialála sular foilsíodh sa deireadh é. D'fhoilsigh Líonraí Gáis Éireann Ionchas an tSamhraidh agus an Gheimhridh, chun léargas soiléir a thabhairt ar leordhóthanacht gháis sa ghearrthéarma- agus rinneadh seisiúin eolais spriocdhírithe a sheachadadh ar fud an tionscail.

Réimse mór béime don bhliain ab ea forbairt na pleanála tuarascála don CRU nua, idir Pleanáil Oiriúnaitheach agus Solúbthacht Lárnach. Cuimsíodh leis sin clár cuimsitheach um plé le páirtithe leasmhara trí sheimineáir ghréasáin chun boinn tuisceana an tsamhaltaithe a bheachtú, chomh maith leis an tsamhail -mhór nua de chuid Líonraí Gáis Éireann i gcomhair chóras fuinnimh chomhtháite a chruthú chun líonraí gáis, hidrigine agus leictreachais a nascadh ar fud na hÉireann, na Breataine Móire agus na hEorpa. (Leis an obair bunaíodh cur chuige trédhearcach fianaise-bhunaithe i dtreo solúbthacht an chórais a mheasúnú agus bonn eolais a chur faoi chinntí infheistíochta fadtéarmacha trí fhorbairt cásanna i gcomhair 2040.



## Bithmheatán a mhéadú

### Táirgeoirí bithmheatáin nua a nascadh

Gás in-athnuaite atá neodrach ó thaobh carbóin de is ea bith-mheatán ar féidir é a dhéanamh as dramhaíl talmhaíochta agus bhia trí dhíleá anaeróbach. Comhlíonann sé na caighdeáin theicniúla chéanna le gás nádúrtha agus tá sé ag luí go hiomlán leis an líonra gáis. Ciallaíonn sé sin gur foinse fuinnimh straitéiseach ísealcharbóin atá i gceist leis an mBithmheatán a fhéadann tacú le dícharbónú an téimh, le próisis tionscail, le hiompar agus le giniúint cumhachta. Féadann an bithmheatán dul díreach in ionad an gháis nádúrtha agus ní gá aon leasuithe a dhéanamh ar shuiteáil na gcustaiméirí ná ar an líonra gáis. Tá tairbhí móra ó thaobh an dícharbónaithe ag gabháil le húsáid an bhithmheatáin ar scála mór in Éirinn, slándáil fuinnimh toisc go laghdófar spleáchas na hÉireann ar an ngás nádúrtha allmhairithe, fás eacnamaíoch trí gheilleagair áitiúla a spreagadh le cruthú post agus tairbhí talmhaíochta trí laghdú ar an ngá le leasacháin cheimiceacha agus cáilíocht ithreach níos fearr.

Rinne Líonraí Gáis Éireann forbairt in 2025 ar a ghealltanas chun córas fuinnimh na hÉireann a dhícharbónú trí chonarthaí ceangail a shíniú le trí tháirgeoir bithmheatáin nua: Evergreen Agricultural Enterprises i gContae Chill Dara, Nephin Renewable Gas i gContae Mhaigh Eo, agus Carbon AMS i gContae na Mí. I dteannta a chéile, léiríonn na tionscadail sin dul chun cinn suntasach ó thaobh tionscal bithmheatáin láidir a fhorbairt in Éirinn a thacaíonn le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann.

I Mainistir Eimhín, tá saoráid €50 milliún um dhíleá anaeróbach á fhorbairt ag Evergreen Agricultural Enterprises a fhéadann 100,000 tona de fhotháirgí ón tionscal driogtha a thiontú go bithmheatán in-athnuaite gach bliain. Nuair a bheidh sé i mbun oibre, beifear ag súil go dtáirgfidh an tsaoráid suas le 100 GWh de ghás in-athnuaite gach bliain agus go laghdófar astaíochtaí carbóin faoi nach mór 18,500 tona. I mBaile an Róba, tá monarcha €50 milliúin á fhorbairt ag Nephin Renewable Gas a phróiseálfaidh 90,000 tona de bhunábhar gach bliain chun níos mó ná 85 GWh de bhithmheatán a ghiniúint. Is é an tionscadal seo an chéad cheann as trí shaoráid bheartaithe a meastar go ndéanfaidh siad 250 GWh de ghás in-athnuaite a sheachadadh gach bliain, agus a thabharfaidh deiseanna nua d'fheirmeoirí chomh maith le tacú le forbairt eacnamaíoch tuaithe. I nDamhliag, tá an tsaoráid bhithmheatáin de chuid Carbon AMS deartha chun beagnach 8,000 tona de charbón a ghabháil, 45,000 tonna de bhithleasachán ilchothaitheach a ghiniúint, agus astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 21,253 tona. Is í saoráid Dhamhliag an chéad cheann as 10 n-ionad beartaithe i gcomhair Carbon AMS, ar a bhfuil sé beartaithe €200 milliún a chaitheamh sna blianta atá le teacht.

Beidh an bithmheatán a thiocfaidh ó na hionaid sin go hiomlán oiriúnach don líonra gáis mar atá faoi láthair, agus bealach é a bheidh ar fáil láithreach agus a mbeifear in ann a leathnú, chun an téamh, an tionscal, an t-iompar agus an ghiniúint chumhachta a dhícharbónú. Léiríonn na comhaontuithe ceangail sin ceannaireacht leantach Líonraí Gáis Éireann ó thaobh fuinneamh glan, slán agus inbhuanaithe a bhaint amach ar fud na tíre.

### Táirgeadh bithmheatáin a bhrostú

Neartaigh Líonraí Gáis Éireann a cheannaireacht san aistriú chuig córas fuinnimh ísealcharbóin trí Mheabhrán Tuisceana (MT) a shíniú le CycleØ, speisialtóir maidir le hionaid bhithmheatáin a fhorbairt agus a oibriú. Tá an comhar sin deartha chun comhtháthú an táirgeadh bithmheatáin i líonra gáis náisiúnta na hÉireann a bhrostú.

Is ionann an chomhpháirtíocht sin agus garsprioc thábhachtach ó thaobh earnáil an gháis inathnuaite a fhorbairt in Éirinn. Oibreoidh Líonraí Gáis Éireann i ndlúthpháirt le CycleØ chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais rialála agus teicniúla, caighdeáin deartha agus sábháilteachta a shruthlíniú, agus cinntiú go bhfuil neart acmhainní ann le seachadadh tionscadal a bhrostú. Atreisíonn an MT mian Líonraí Gáis Éireann go mbeadh 38% den líonra déanta suas den bhithmheatán faoi 2045 agus tarraingítear aird ar chumas na hÉireann an Eoraip a stiúradh sa táirgeadh gáis in-athnuaite agus ag an am céanna astaíochtaí talmhaíochta a laghdú agus slándáil an fhuinnimh a fheabhsú.

### Bonneagar gáis in-athnuaite na hÉireann a chur ar aghaidh

Freisin rinne Líonraí Gáis Éireann dul chun cinn mór lenar lárionad instealltа greille a thógáil i mBaile Mhistéala, Co. Chorcaí, tionscadal bunchloiche chun bonneagar gáis in-athnuaite na hÉireann a leathnú. Cumasóidh an tsaoráid, a chuirfear ar fáil i gcomhpháirtíocht GMC Utilities Group, le hinstealladh bithmheatáin ar scála mór sa líonra gáis náisiúnta agus beidh ról lárnach aige ó thaobh spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann a chomhlíonadh.

Baineadh amach garspriocanna tábhachtacha tógála i rith na bliana. Doirteadh boinn an fhoirgnimh don tsaoráid iontrála do líonra an bhithmheatáin agus don aonad pacáistithe coire, agus suiteáladh struchtúir duchtála agus dúnpholl. Leagadh na boinn le haghaidh na bhfoirgneamh leictreach, uirlisí agus folláine, agus tá dul chun maith á dhéanamh le déantúsaíocht struchtúrach. Cuireadh plean cuimsitheach um bainistíocht tráchta i bhfeidhm le cinntiú go mbeadh foireann an láithreáin agus oibreoirí loighistice sábháilte fad is a bheadh na seirbhísí cumhachta agus teileachumarsáide faoi thalamh á suiteáil go hiomlán.

Nuair a bheidh sé ag obair, beidh ionad CGI Bhaile Mhistéala in ann suas le 700 GWh den bhithmheatán in-athnuaite a instealladh gach bliain; is ionann sin agus 12% de sprioc 2030 na hÉireann don táirgeadh bithmheatáin. Tacóidh an t-instealladh fuinnimh ghlan sin le laghdú thart ar 130,000 tona d'astaíochtaí CO2, rud a neartóidh dul chun cinn na hÉireann i dtreo líonra gáis a bheidh dícharbónaithe go hiomlán.

Is ionann an t-ionad agus céim mhór i dtrí fhís Líonraí Gáis Éireann mar atá líonra gáis le hathrú cuspóra agus méide, a bheidh neodrach ó thaobh fuinnimh faoi 2045.



ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN

De réir mar a mhéadóidh an t-éileamh ar réitigh fhuinnimh inbhuanaithe, beidh tionscadail bhonneagair mar Bhaile Mhisteála bunriachtanach chun cabhrú leis na húsáideoirí fuinnimh is mó a gcuid spriocanna dícharbónaithe a chomhlíonadh, agus todhchaí an fhuinnimh in-athnuaite in Éirinn a dhaingniú.

## An oibleagáid teasa in-athnuaite a thabhairt isteach

Cuireann Líonraí Gáis Éireann fáilte roimh thabhairt isteach an Oibleagáid Teasa In-athnuaite (OTI) ag an Rialtas, beartas cinniúnach a ceapadh chun dlús a chur leis an dícharbónú ar earnáil teasa na hÉireann agus chun an t-éileamh ar gháis in-athnuaite mar bhithmheatán, a spreagadh. Leis an OTI ceanglaítear ar sholáthraithe breoslaí téimh a chinntiú go mbeidh cion níos mó den fhuinneamh a sholáthraíonn siad ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite, ar aon dul le critéir inbhuanaitheachta an AE maidir le Fuinneamh In-athnuaite.

Is ionann tabhairt isteach an OTI agus céim shuntasach i dtreo gealltanais aeráide náisiúnta agus AE a chomhlíonadh, lena n-áirítear an sprioc d'Éirinn atá ina ceangal de réir dlí mar atá neodracht carbóin faoi 2050 agus laghdú 51% faoi 2030. Is é an téamh a chuimsíonn breis is 13% de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn faoi láthair, agus tá an OTI deartha chun an laghdú ar scaireanna téimh in-athnuaite a chur in cheart trí chomhartha margaidh cobhsaí agus fadtéarmach a chruthú i gcomhair breoslaí in-athnuaite.

Is féidir leis an mbithmheatán ról lárnach a ghlacadh faoin scéim nua. Mar ghás atá neodrach ó thaobh carbóin de agus a dhéantar as dramhaíl talmhaíochta agus bhia, is féidir leis an mbithmheatán coigiltis mhóra a bhaint amach d'astaíochtaí saolré agus tacaíonn sé le geilleagair tuaithe trí tháirgeadh dúchasach a dhreasú.

Tacaímid leis an OTI mar chumasóir lárnach um mianta gáis in-athnuaite na hÉireann agus mar bheart ríthábhachtach beartais chun instealladh bithmheatáin a leathnú sa líonra náisiúnta. Leanfaimid orainn ag comhoibriú le comhpháirtithe tionscail agus déantóirí beartais chun cinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go rathúil an scéim agus chun bogadh ar aghaidh le haistriú na hÉireann chuig todhchaí fuinnimh níos daingne.

## Gás in-athnuaite san iompar (BioCNG)

Leanadh ar aghaidh leis na hiarrachtaí an t-iompar trom in Éirinn a dhícharbónú nuair a d'oscail an tAire Aeráide, Comhshaoil agus Fuinnimh, Darragh O'Brien TD go hoifigiúil stáisiún athbhreoslaithe nua Panda don ghás nádúrtha comhbhrúite (GNC) i gCeapach, Co. Bhaile Átha Cliath, i gcomhpháirt le Líonraí Gáis Éireann. Leis an ionad, an dara hionad GNC poiblí de chuid Panda i mBaile Átha Cliath, tar éis gur osclaíodh ionad eile i mBaile an Mhóta níos luaithe i mbliana, méadaíodh líon iomlán na n-ionad ar fud na tíre go dhá hionad déag, rud a mhéadaigh inrochtaineacht i gcomhair iompair lastais le hastaíochtaí ísle.

Tharraing freastal an Aire O'Brien aird ar thábhacht eacnamaíoch earnáil an iompair agus ar an ngá le réitigh shaincheaptha lasmuigh den leictriú i gcomhair feithiclí earraí troma (HGVanna). Shonraigh an tAire go raibh breis is 170 HGV gás-chumhachtaithe ar bhóithre na hÉireann, agus go raibh borradh os cionn 90% tagtha ar úsáid an gháis sa bhliain roimhe, rud a chomharthaigh móiminteam láidir i dtreo lastais inbhuanaithe.

Cé nach gcuimsíonn siad ach 3% de fheithiclí, tá HGVanna freagrach as timpeall 20% d'astaíochtaí carbóin bainteach le hiompar, rud a chiallaíonn gur bunriachtanach an dícharbónú chun go mbainfí amach spriocanna náisiúnta don aeráid. Leis an GNC faightear laghdú suas le 22% láithreach, agus cumasaíonn bith-GNC in-athnuaite de réir mar a bhogtar ar aghaidh le comhtháthú bithmheatáin.

Leag infheistíocht leantach Panda i bhfeithiclí agus in ionaid GNC nua béim ar ghealltanas na cuideachta chun a gcuid oibríochtaí a dhícharbónú. Léiríonn na hiarrachtaí comhoibritheacha idir an rialtas, an tionscal, agus cuideachtaí príobháideacha dul chun cinn praiticiúil maidir le slabhraí soláthair inbhuanaithe a fhorbairt agus turas na hÉireann a bhrostú i dtreo iompair tráchtála atá aeráidneodrach.

## GRAZE: Cabhrú le heagraíochtaí le dícharbónú

Ag an am céanna leis an imeacht i gcomhair ionad nua Panda, seoladh Scéim na nDeontas Feithicle GRAZE (Green Renewable Agricultural Zero Emissions), clár arna mhaoiniú ag an rialtas a riarann Líonraí Gáis Éireann agus €750,000 leithdháilte sa chéad chéim de.

Cruthaíodh Scéim na nDeontas Feithicle GRANT chun cabhrú le hoibreoirí flít agus le hiompróirí na hÉireann an t-aistriú i dtreo feithiclí gáis níos glaine a mhaoiniú.

Leis an scéim nua cuirtear deontais suas le €10,000 in aghaidh na feithicle ar fáil, a chlúdaíonn suas le 40% den difreálach costais idir HGVanna díosal-chumhachtaithe agus gás-chumhachtaithe le haghaidh suas le seachtó-cúig oibreoir flít atá chun aistriú chuig an rogha eile sin, ar rogha níos glaine é.



# Hidrigin a Chumasú

## Córas fuinnimh aeráidneodrach a sholáthar le hidrigin ghlas

Léirítear le Straitéis Náisiúnta Hidrigine an rialtais go mbeidh ról tábhachtach ag forbairt na hidrigine in-athnuaite nó "glaise" i gcóras fuinnimh na hÉireann amach anseo. Chun an hidrigin ghlas a tháirgeadh úsáidtear foinsí in-athnuaite fuinnimh mar fhuinneamh gaoithe nó gréine chun próiseas táirgthe ar a dtugtar "leictrealú" a chumhachtú.

Beidh forbairt fhairsing na hidrigine ina gné thábhachtach de spriocanna na hÉireann don dícharbónú. Mar a sonraíodh i Straitéis Náisiúnta Hidrigine an Rialtais, beidh sé riachtanach leas a bhaint as an hidrigin i gcomhair earnálacha áit nach indéanta nó nach costéifeachtach an leictriú díreach. Freisin d'fhéadfaí slándáil fuinnimh na hÉireann a fheabhsú leis an hidrigin trína forbairt chun leas iomlán a bhaint as giniúint in-athnuaite agus chun stóráil shéasúrach fuinnimh ar scála mór a fhorbairt. Aithnítear sa Straitéis Náisiúnta Hidrigine freisin go bhfuil deis fhadtéarmach ag Éirinn an hidrigin a onnmhairiú chuig dlínsí eile.

Admhaítear sa Straitéis Náisiúnta Hidrigine an ról ríthábhachtach a bheidh ag líonra gáis na hÉireann i dteacht chun cinn na hidrigine in-athnuaite amach anseo agus moltar réimsí sonracha de chóras fuinnimh na hÉireann ina bhféadfadh an hidrigin íseal-charbóin cabhrú leis an dícharbónú lena n-áirítear an gá le hearnálacha mar iompar, téamh tionscail, agus giniúint cumhachta a mhaolú. Sonraítear inti, "I gcás inar féidir, bheadh sé fabhrach cuspóir an bhonneagair píblíne gáis nádúrtha atá ann cheana le haghaidh hidrigine a athrú," agus "De réir mar a leathnaíonn an táirgeadh, meastar gurb iad píblínte hidrigine an rogha iompair is suntasaí."

I mí Dheireadh Fómhair 2025, sheol rialtas na hÉireann go hoifigiúil an clár um chur i bhfeidhm an Straitéis Náisiúnta Hidrigine ina leagtar amach mar a bhainfear amach na fiche-haon bheart sa cháipéis Straitéise. Anois tá sraith meithleacha oibre bunaithe ag an rialtas chomh maith le tascfhórsa uileghabhálach chun seachadadh an straitéis náisiúnta hidrigine a spreagadh. Beidh ról gníomhach ag Líonraí Gáis Éireann sna grúpaí sin sna blianta amach romhainn de réir mar a bheidh an straitéis faoi lán seoil. Mar ghné lárnach den gheilleagar hidrigine a chumasú in Éirinn, forbrófar go mór an earnáil amach ón gcósta in Éirinn agus tá pleananna náisiúnta á gcur ar aghaidh sa réimse sin, ina gcuirfear béim i dtosach ar leas a bhaint as an ngaoth amach ón gcósta i gceantair chósta an deiscirt.

Maidir le ról Líonraí Gáis Éireann agus chun ullmhú le teacht chun cinn na hidrigine dúchasaí agus na hidrigine trínár gcuid idirnascairí le hAlbain, tá Líonraí Gáis Éireann i mbun chlár fairsing oibre in dá réimse: (1) réidhe líonra chun go mbeifear in ann "meascán" de hidrigin a



mheascadh leis na soláthairtí gáis atá ann cheana agus (2) ullmhacht líonra chun go mbeifear in ann athúsáid iomlán a bhaint as codanna den líonra chun an hidrigin íon a iompar. Gné ríthábhachtach anseo a bheidh sa bheartas sa Bhreatain Mhór i ndáil le meascáin hidrigine. I mí Mheán Fómhair 2025, seoladh comhairliúchán rialtais sa Bhreatain Mhór inar leagadh amach cinneadh beartaithe meascán hidrigine 2% a úsáid i líonra tarchurtha gáis reatha na Breataine Móire. Leis an meascán sin bheifí in ann forbairt gheilleagar hidrigine a chumasú agus a bharrfheabhsú sa Bhreatain Mhór trí ligean do tháirgeoirí hidrigine an hidrigin iomarcach a sháraigh riachtanais na n-úsáideoirí deiridh a instealladh isteach sa líonra gáis. Ós rud é go mbraitheann Éire go mór ar allmhairí gáis ón mBreatain Mhór, dá nglacfaí an cinneadh is é a bheadh á allmhairiú go bunúsach ag Éirinn ná meascán hidrigine agus mar sin is ríthábhachtach go ndéanfaí measúnú ar an líonra gáis a oibríonn Líonraí Gáis Éireann ó thaobh a chumais meascáin hidrigine a éascú.

## Ullmhacht i gcomhair hidrigine agus taighde uirthi

Gné lárnach chun réidhe i gcomhair hidrigine (nó meascáin hidrigine) a chinntiú é an clár oibreacha chun measúnú a dhéanamh ar comhoiriúnacht theicniúil an líonra gháis don hidrigin. Tá sraith oibreacha ullmhúcháin déanta ag Líonraí Gáis Éireann sa réimse sin chun go mbeifear in ann measúnú iomlán a dhéanamh. I rith 2025, le cabhair ó oibreoir líonra Eorpach ag a bhfuil taithí ar réimse na hidrigine, d'fhorbair Líonraí Gáis Éireann "treochlár réidhe teicniúla" i gcomhair meascán hidrigine agus athrú iomlán cuspóra don líonra. Sa treochlár sin tá clár cuimsitheach ilbhlianta leagtha amach arbh gá tabhairt faoi chun go mbeadh an líonra réidh agus deimhnithe le hidrigin a iompar. Tá Líonraí Gáis Éireann ag comhoibriú le hoibreoirí píblíne gáis eile freisin chun eolas agus tuairimí a roinnt, agus i mí an Mheithimh 2025, síníodh MT le hoibreoir tarchurtha gáis na Breataine Móire, National Gas, a ligfidh don dá chuideachta comhoibriú go foirmiúil chun hidrigin a fhorbairt in Éirinn agus sa RA, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar dhinimic fhéideartha soláthair agus éilimh, ar bhacainní teicniúla agus rialála, agus ar na forbairtí beartais a theastaíonn.

Gné eile den chlár ullmhachta é taighde a dhéanamh ar hidrigin. Tá saoráid tástála hidrigine forbartha ag Líonraí Gáis Éireann inár Lárionad Nuálaíochta Líonra, atá suite in Iarthar na Cathrach Baile Átha Cliath. Tá tástálacha déanta cheana ag an tsaoráid sin ar thionchar na meascán hidrigine agus i measc na bpleananna don todhchaí tá tástáil a dhéanamh ar oibríocht hidrigine 100% lasmuigh den ghreille. Tá Líonraí Gáis Éireann ag tabhairt faoi roinnt clár taighde i gcomhar le hoibreoirí píblíne eile agus le comhlachtaí taighde/acadúla. Sampla de sin é an tionscadal taighde "Ábhair a Thástáil agus a Fhorbairt faoi Chóimheasa Athraitheacha Hidrigine" atá á dhéanamh ag eolaithe ó AMBER, lárionad Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um Thaighde ar Ardábhair agus Bhithinnealtóireacht, atá lonnaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i gcomhar le hinnealtóirí ó Líonraí Gáis Éireann.





ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN

## Pacáiste um margadh hidrigine agus gáis dícharbónaithe an Aontais Eorpaigh

Tar éis gur tugadh feidhm do phacáiste an AE don mhargadh hidrigine agus dícharbónaithe i mí Lúnasa 2024, chuaigh Rialachán an AE i bhfeidhm ar an 5 Feabhra 2025, agus beidh an Treoir trasuite sa dlí náisiúnta ag Ballstáit faoin 5 Lúnasa 2026. Dearadh na rialacha athbhreithnithe chun rochtain níos fearr a thabhairt do gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin (m.sh. hidrigin agus bith-mheatán) ar mhargaí agus ar bhonneagar, rud a éascaíonn athsholáthar méadaithe an gháis nádúrtha. D'oibrigh Líonraí Gáis Éireann le CRU agus le DCEE in 2025 chun cinntiú go mbeifear réidh le cur i bhfeidhm an Rialacháin ag tús na bliana, agus ullmhú freisin le trasuí na Treorach. Le linn 2025, lean Líonraí Gáis Éireann le páirt a ghlacadh go gníomhach i meithleacha agus comhlachais gháis éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh san Eoraip lena n-áirítear an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (ENTSOG), Líonra Eorpach na n-Oibreoirí Eorpacha don Hidrigin (ENNOH), Eurogas, Bonneagar Gáis na hEorpa (GIE) and Dáileoirí Gáis le haghaidh Inbhuanaitheachta (GD4S). Díríonn na grúpaí sin ar thacú le forbairt agus cur chun feidhme bheartas fuinnimh agus aeráide an AE. Mhéadaigh Líonraí Gáis Éireann a rannpháirtíocht in ENNOH ar leibhéal meithle oibre in 2025, de réir mar a chuir an eagraíocht leis an obair chun na rialacha agus an creat rialála a fhorbairt i gcomhair oibreoirí an líonra hidrigine. Ina theannta sin, d'oibrigh Líonraí Gáis Éireann go gníomhach le piareagraíochtaí trí Eurogas agus GD4S chun oibreoirí an chóras dáileacháin gháis (CDG) a chuimsiú in Eintiteas DSO an AE. Tar éis go raibh na caibidlí déanta, seoladh dréacht-reachtanna chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) agus chuig an gCoimisiún Eorpach i gcomhair comhairliúcháin agus tuairime.

# Oibríochtaí dícharbónaithe

## Tionscadal leictrithe na hAlban

Oibríonn Líonraí Gáis Éireann dhá phríomhionad comhbhrúiteora in Iardheisceart na hAlban – Brighouse Bay agus Beattock, atá riachtanach chun gás a iompar ón RA go hÉirinn trínár gcuid nascairí fomhuirí. Is iad tuirbíní gáis idir 6MW agus 12MW de chumhacht rátáilte a stiúrann na comhbhrúiteoirí gáis nádúrtha sna hionaid. Seoladh Clár Leictrithe an South West Scotland Onshore System (SWSOS) agus é mar aidhm ídiú an ghás breosla a laghdú sa dá ionad, rud a laghdódh astaíochtaí éalaitheacha meatáin chun tacú le gealltanas Líonraí Gáis Éireann chun laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030. Cuimsítear gnéithe móra innealtóireachta sa chlár mar; Halla comhbhrúiteora nua a thógáil agus é feistithe le tiomáint mótair leictrigh (EMD) agus córais tacaíochta; agus ceangal leictreach nua a shuiteáil chun méadú a dhéanamh ar acmhainn an soláthar leictreachais áitiúil a theastaíonn chun na EMDanna a chumhachtú. Leis an leictriú baintear amach garsprioc thábhachtach don dícharbónú, toisc go n-aistrítear na tiomántóirí comhbhrúiteora ó thuirbíní breosla iontaise go cumhacht leictreach – agus laghdaítear astaíochtaí san ionad ar an gcaoi sin. In 2025, thug SP Energy Networks (SPEN) in Albain faoin obair dheartha don dá cheangal leictreach (33kV) (i Brighouse agus Beattock) agus thug an fhoireann dheartha chun críche an chéim bhailíochtaithe. Tugadh chun críche freisin an dearadh coincheapa don dá láithreán, pacáiste oibreacha Imscrúdaithe láithreáin (I.L.) agus pacáiste oibreacha Líonraí Gáis Éireann chun an leictriú a chumasú.

## Astaíochtaí meatáin agus comhlíontacht rialála

In 2025, le go gcomhlíonfadh sé Rialachán an AE maidir le Meatán (Rialachán 2024/1787) agus creataí um bainistíocht meatáin, ar aon dul leis an gComhpháirtíocht Meatáin Ola agus Gáis (CMOG), chuir Líonraí Gáis Éireann tionscadal i bhfeidhm chun a cuid cumas laghdaithe meatáin a neartú trí chórais fheabhsaithe um Thomhas, Thuairisciú agus Fhíorú (TTF). De réir rialachán AE, ar tugadh feidhm dó ar an 4 Lúnasa 2024, ceanglaítear ar oibreoirí próisis daingne um TTF a chur i bhfeidhm lena n-áirítear tomhas cruinn - um astaíochtaí meatáin, tuairisciú trédhearcach, agus fíorú neamhspleách, tiocfaidh na príomhoibleagáidí tuairiscithe i bhfeidhm in 2025 agus leathnófar go dtí 2030 iad.

D'fhonn cloí le Rialachán an AE maidir le hAstaíochtaí Meatáin 2024/1787, thug Líonraí Gáis Éireann faoi shuirbhé bonnlíne ar bhrath agus dheisiú sceití (BADS) idir mí Eanáir agus Lúnasa 2025. Rinneadh sin ar 11,571 km ar aon dul leis na Rialacháin sainordaithe maidir le hAstaíochtaí Meatáin. Rinneadh suirbhéanna sceití ar 13,035km san iomlán in 2025.

Cuirfear an Tuarascáil ar Astaíochtaí Meatáin a thiocfaidh chun cinn as faoi bhráid an Údaráis Inniúil nuair a cheapfar sin, d'fhonn ailíniú le spriocanna aeráide an AE agus na hÉireann a chinntiú.

ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN

# Spreagtha ag custaiméirí



Réitigh inacmhainne agus nuálacha a chur ar fáil do gach custaiméir fuinnimh

## Plé le custaiméirí

In 2025, lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag cur custaiméirí ag croílár a chuid oibríochtaí, agus rinneadh seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh go breis is 720,000 custaiméir teaghlaigh agus gnó. D'fheidhmigh an eagraíocht go han-mhaith ó thaobh méadrachtaí eispéiris chustaiméara (CX) agus oibriúcháin, a chuimsigh:

- 73,530 coinne custaiméirí agus ráta comhlíontachta 99.8%
- Breis is 1.8 milliún léamh méadair
- Phléigh ár n-ionad teagmhála le 535,648 idirghníomhú le custaiméirí, ba ionann sin agus méadú 14,176 ón mbliain roimhe.

I gcaitheamh 2025, fuarthas 783 gearán san iomlán, figiúr atá cuid mhaith faoi bhun thairseach an CRU, mar atá 1,800, agus a léiríonn laghdú 17% i gcomparáid le 944 in 2024 - an leibhéal ab ísle le deich mbliana anuas. Bhaineamar amach comhlíontacht 98% ó thaobh gearáin a réiteach laistigh de 10 lá i gcoinne sprice de 96%, agus bhaineamar amach comhlíontacht 98.5% ar réitigh 30-lá i gcoinne sprice de 98%. Spreagadh an feabhas sin ag cláir chun turas custaiméara a leagan amach, rud a d'fheabhsaigh próisis um bainistíocht gearán agus eispéireas iomlán an chustaiméara.

Chomhlíon an t-Ionad Teagmhála na méadrachtaí go léir maidir le glaonna a fhreagairt, idir méadrachtaí conartha agus CRU. Tá laghdú 26% tagtha ar atreorú gearán i gcomparáid le 2024 agus 2025 i dteannta a chéile, rud a laghdaigh glaonna athuaire agus a d'fheabhsaigh an t-eispéireas custaiméara. Chuaigh tionscadal le custaiméirí a spreagadh chun féinfhreastal beo in 2025.

Ghlacamar páirt i bhfóraim móra tionscail: Global CCA, CCMA UK, CCMA Ireland, agus CXPA, chun dea-chleachtas a roinnt agus taispeánadh a straitéis CX ag an gCruinniú Mullaigh um Sheachtain na bhFóntas i Birmingham, nuair a díríodh ar léargais dhigiteacha agus rannpháirtíocht fostaithe.

Seoladh an clár 'Ar an mBóthar' i gcomhair 'Ár nDícheall a Dhéanamh do Chustaiméirí', agus ceiliúradh 213 Ceannaire CX ag searmanais ráithiúla. Óstáladh dhá Lá CX, nuair a tugadh deis labhairt go díreach le custaiméirí faoi na dúshláin a bhíonn acu ar an mbealach i dtreo na haeráidneodrachta. Lean an eagraíocht ar aghaidh le Fóraim ráithiúla CX agus Insight into Action, chun feabhas a spreagadh trí chomhar le príomhpháirtithe leasmhara.

Mhéadaigh Líonraí Gáis Éireann a chlár um Monatóireacht agus Léargais CX, chun aiseolas a ghabháil ó chustaiméirí agus forbraíodh Straitéis Aibí do Theaghlaigh atá bunaithe ar léargais ó thomhaltóirí ata ag smaoineamh faoin ngás i gcomhair a gcuid tithe. Freisin d'fheabhsaigh an eagraíocht a Tairseach Tuairiscithe um Méadrachtaí CX, lenar áiríodh teimpléid dhigiteacha a thabhairt isteach chun léargais a roinnt, agus tacaíodh leo siúd le hábhar físeáin ar fud na n-oifigí.

In 2025, aithníodh 59 dtionscnamh um feabhsú custaiméara, agus tugadh chun críche 65 díobh. D'ardaigh Líonraí Gáis Éireann breis is €10,000 i gcomhair Age Action agus Chumann Croise Deirge na hÉireann trína chlár Monatóireachta CX.

Cuireadh Líonraí Gáis Éireann ar ghearrliosta i gcomhair na ndámhachtainí Náisiúnta um Aitheantas agus Éachtaí Aoisbhá sa chatagóir nuálaíocht gnó. Tosaíodh ar obair chun Creat Custaiméirí Leochaileacha a fhorbairt agus rinneadh dul chun cinn le tionscnaimh inrochtaineachta, lena n-áirítear gur baineadh amach céim an athbhreithniú úsáideora i gcomhair uirlis tuairiscithe ar líne do chustaiméirí bodhra agus lagéisteachta. Tugadh isteach próiseas chun soláthraithe a chur ar an eolas faoi chustaiméirí a bhainfeadh tairbhe as bheith cláraithe ar chlár na seirbhísí speisialta.

Bhunaigh agus stiúir Líonraí Gáis Éireann an Meitheal Oibre Custaiméara agus Cumarsáide don Tionscadal Athsholáthair PAYG, rud a chinntigh cúram agus cumarsáid chomhleanúnach agus chomhordaithe do chustaiméirí ar fud Líonraí Gáis Éireann, soláthraithe agus an CRU, rud a d'fheabhsódh an t-eispéireas custaiméara le linn an aistriú go táirge nua PAYG.

## Réitigh chustaiméara

Tá ár nGealltanas um Réitigh atá Spreagtha ag Custaiméirí bunaithe ar dhá phrionsabal bhunúsacha. Ar an gcéad dul síos, is é atá i gceist leis ná plé go leanúnach lenár gcuid custaiméirí chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar a gcuid riachtanas. Ar an dara dul síos, cuirtear béim leis ar réitigh inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a éascaíonn iarrachtaí dícharbónaithe ár gcustaiméirí. Trí chabhrú le custaiméirí le húsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua, cruthóidh Líonraí Gáis Éireann réitigh fhuinnimh a bheidh saincheaptha do riachtanais sonracha, agus a spreagfaidh léargais agus sonraí custaiméara.

Tar éis gur bunaíodh Foireann Réiteach Custaiméara in 2024 chun tacaíocht thábhachtach a thabhairt do 300 de na custaiméirí is mó dár gcuid, a bhfuil fonn láidir orthu go léir dícharbónú agus a mbeidh gá acu le gás in-athnuaite mar chuid dá n-aistriú go haeráidneodracht, lean an Fhoireann Réiteach Custaiméara ar aghaidh ag plé go réamhghníomhach le húsáideoirí móra fuinnimh ar an líonra. Foilsíodh ár gcáipéis treoirlínte céim-ar-chéim i R4, chun cabhrú le cuideachtaí, faoi réir rialacháin Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí (ETS) a thuiscint cén chaoi an bithmheatán a chuimsiú mar chuid dá gceanglais ó thaobh thuairisciú astaíochtaí, agus cinntíodh leis sin go mbeidh treochlár ag an gcohórt sin de chustaiméirí móra chun an bithmheatán a chuimsiú mar fhoinse breosla ar an láthair. Trí hoideachas a chur ar agus eolas a thabhairt do chustaiméirí sna hearnálacha teasa maidir le tairbhí an bhithmheatáin dá ngnó, chabhraigh an fhoireann le roinnt príomhchustaiméirí lárnacha a éascú chun dul ar aghaidh leis an mbithmheatán a fhiosrú mar réiteach chun a lorg charbóin a laghdú. Leanfaidh an Fhoireann Réiteach Custaiméara ar aghaidh ag cur i bhfeidhm na dtreoirlínte céim-ar-chéim atá luaite thuas do gach custaiméir ETS an AE ar ár líonra in 2026, agus iad ag cabhrú le custaiméirí neamhrialáilte na bealaí éagsúla a thuiscint ina fhéadann an gás in-athnuaite tionchar dearfach a imirt ar a gcuid spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide.

## Suirbhéanna lastóirí/soláthraithe

Déanann Líonraí Gáis Éireann suirbhéanna bliantúla chun measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht mar a bhraitheann Lastóirí agus Soláthraithe Gáis í. Tugadh rátáil ard i leith fheidhmíocht fhoriomlán Líonraí Gáis Éireann sa bhliain 2025, agus tháinig méadú suntasach ar an nGlanscór Tionscnóra go +52 le haghaidh 2025. Thug Lastóirí agus Soláthraithe meánscór sástachta 8.2 agus fuarthas scór iomlán sástachta de 92%. Leis an eolas a fuarthas tarraingíodh ard ar chaidrimh láidre le páirtithe leasmhara, rannpháirtíocht fheabhsaithe, eispéiris dhearfacha ar iontráil sa mhargadh agus freagrúlacht Líonraí Gáis Éireann. Mhol páirtithe leasmhara an tacaíocht réamhghníomhach, an comhar ar thionscadail agus an t-idirphlé straitéiseach, agus d'iarr siad cinnteoireacht oibriúcháin níos tapúla, cumarsáid níos soiléire, agus dul chun cinn maidir le hearraí in-athnuaite.

## Athrú ó sholáthraí gáis amháin go soláthraí eile

Is féidir le custaiméirí coigilteas suntasach costais a bhaint amach trí athrú ó sholáthraí gáis amháin go soláthraí eile. Déanann CRF cur síos ar athrú mar an dóigh is fearr chun airgead a shábháil ar bhillí gáis agus leictreachais. Chun aistriú custaiméara a éascú, oibríonn Líonraí Gáis Éireann an próiseas um aistriú tionscail. In 2025, phróiseáil Líonraí Gáis Éireann tuairim is 150,000 aistriú, taifead nua aistrithe i mbliain féilire agus méadú c. 17% i gcaitheamh 2024.

## Nuálaíocht custaiméara

In 2023, bhunaigh Líonraí Gáis Éireann Grúpa Stiúrtha nua ar Nuálaíocht Gháis. Cuimsítear sa Ghrúpa Stiúrtha ar Nuálaíocht Gáis ionadaithe ar gach colún gnó san eagraíocht agus cuireann dhá bhall seachtrach neamhspleách leis. Feidhmíonn an grúpa stiúrtha mar bhord rialachais maidir le leithdháileadh na gCistí Nuálaíochta Gáis arna sholáthar ag CRF faoin Rialú Praghsanna reatha. In 2025, bhí cruinnithe gach ráithe ag ár nGrúpa Stiúrtha ar Nuálaíocht Gáis, chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtionscadal gníomhach um nuálaíocht agus chun faomhadh a mheas i gcomhair tionscadal nuálaíochta nua atá beartaithe. I measc na samplaí de thionscadail ar tugadh faomhadh dóibh um maoiniú bhí 'Braiteoir Gáis', tionscadal chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt le cáilíocht gáis a thomhas, i socrú comh-chistiúcháin le hoibreoirí an líonra gáis sa RA agus "Digital As-Laids' tionscadal chun réitigh nua a fhorbairt lenár ndigitiú ar thaifid líonra a fheabhsú.

Chuir an CRU maoiniú nuálaíochta €5.3m don tréimhse rialaithe praghsanna PC5, lena n-áirítear maoiniú nuálaíochta don Chiste Nuálaíochta Líonra-Bhunaithe agus freisin Ciste Nuálaíochta Straitéisí (CNS). Is féidir níos mó sonraí faoi na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na cistí sin a fháil sa chéad Thuarascáil Bhliantúil ar Nuálaíocht de chuid PC5 a d'fhoilsigh CRU agus Líonraí Gáis Éireann i mí na Nollag 2025. Go dtí seo sáraíonn leithdháileadh iomlán maoinithe do thionscadail nuálaíochta an NBIF €2.8m, agus tógann sé sin líon iomlán na dtionscadal nuálaíochta maoinithe go 39.

Chuir Líonraí Gáis Éireann níos mó le comhar taighde ar leibhéal na hEorpa trínár mballraíocht ar GERG (Grúpa Taighde Gáis na hEorpa), nuair a d'óstáil sé Comhthionól Ginearálta an GERG i mí Bhealtaine i mBaile Átha Cliath. Tugadh tacaíocht do chláir taighde náisiúnta chomh maith, a raibh ina measc Next Generation Energy Systems (NexSys), clár uile-oileáin um thaighde ildisciplíneach ar fhuinneamh. Is í Institiúid Fuinnimh UCD, i gcomhpháirt le hocht bpríomh-institiúid taighde eile, a óstálann NexSys. Comhpháirtí tionscail don Chlár taighde é Líonraí Gáis Éireann. Freisin, in 2025, tháinig Líonraí Gáis Éireann chun




bheith ina bhall de IRDG (Grúpa Taighde agus Forbartha Tionscail), rud a fheabhsaíonn ár gcomhar le pobal na nuálaíochta in Éirinn agus ár dtacaíocht dó.

## Taighde ar an bhfuinneamh glan

Chun cur le dul chun cinn i dtreo spriocanna aeráidneodracha, tá Líonraí Gáis Éireann ag breathnú níos mó ar raon de chonairí nuálacha um théamh ísealcharbóin a fhéadann spleáchas ar ghnáthchóras breosla-bhunaithe a laghdú. Is é atá i gceist leis an obair sin ná measúnú a dhéanamh ar roghanna inscálaithe atá tíosach ar fhuinneamh ar féidir a chomhtháthú leis an mbonneagar reatha agus tacú le spriocanna fadtéarmacha an dícharbónaithe ag an am céanna. Trí roghanna nua, indéantacht oibriúcháin, agus tairbhí comhshaoil ar fud an chórais a mheasúnú, tá súil ag Líonraí Gáis Éireann go n-aithneofar réitigh a laghdaíonn astaíochtaí ach a fheabhsaíonn seasmhacht agus inacmhainneacht ag an am céanna.

Bhí ról lárnach fós ag an Lárionad Nuálaíochta Líonra atá lonnaithe in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath maidir le tacú lenár ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. Éascaíonn líonra na bpíblínte gáis ar an láthair ina bhfuil breis is 500m de phíblínte Íseálbhrú agus Meánbhrú tástáil ar agus triail leanúnach thionscadail nua um threalamh agus nuálaíocht líonra.

D'oibrigh Líonraí Gáis Éireann i gcomhpháirt le Taighde Éireann chun Dúshlán Nuálaíochta Thaighde Éireann – Líonraí Gáis Éireann ar luach €2.7 milliún a sheoladh, tionscnamh mór é sin atá dírithe ar réitigh fhionnachtana a spreagadh chun tacú le dícharbónú ar líonra gáis na hÉireann. Faoin gclár uaillmhianach sin tugtar cuireadh do fhoirne ildisciplíneacha taighde chun teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt maidir le táirgeadh in-athnuaite gáis, comhtháthú córais fhuinnimh agus intleacht shaorga (AI), a bhfuil siad go léir bunriachtanach um aistriú na hÉireann go todhchaí fuinnimh ísealcharbóin.

Cloíonn an dúshlán, atá comhchistithe ag an gCiste Nuálaíochta Gáis de chuid Líonraí Gáis Éireann, le samhail cistiúcháin chéimnithe atá ceaptha chun smaointe a chothú ó chéim an choincheapa go cur i bhfeidhm ardtionchair. Gheobhaidh na foirne roghnaithe suas le €250,000 le linn na gcéimeanna luatha den fhorbairt, agus déanfar duais €1 milliúin a dhámhachtain ar an togra is mó athraithe chun forbairt an tionscadail sin a bhrostú.

Díríonn an tionscnamh ar dhá théama tosaíochta. Faoin Dúshlán um Chomhtháthú na gCóras Fuinnimh, iarrtar réitigh chun tacú le comhtháthú éifeachtach gás in-athnuaite —mar bhithmheatán agus hidrigin — le córas fuinnimh na hÉireann, i dteannta le huirlisí diagnóiseacha arna stiúradh ag AI um fheidhmíocht chliste an líonra gáis. Is í aidhm Dhúshlán an Bhithmheatáin agus na Bith-hidrigine ná feabhas a chur ar éifeachtúlacht, inmharthanacht tráchtála agus táirgeadh inbhuanaithe gás in-athnuaite, lena gcuimsítear modhanna chun fothairgí a bhainistiú agus a úsáid.

Gné thábhachtach den chlár é a bhéim ar phlé domhain le páirtithe leasmhara. Beidh foirne taighde ag obair i ndlúthchomhar le hinnealtóirí agus saineolaithe teicniúla Líonraí Gáis Éireann le go bhfaighidh siad léargais phearsanta ar dhúshláin córais sa saol mar atá. Mar aon le cistiú, gheobhaidh rannpháirtithe oiliúint, meantóireacht agus rochtain ar an Ionad Taighde agus Nuálaíochta de chuid Líonraí Gáis Éireann.





# Príomhthionscadail chaipitil 2026:

**Roinnt oibreacha tábhachtacha a chur chun cinn, lena n-áirítear:**

- Críoch a chur le tógáil an tionscadail um Atreisiú Cheantar an Deiscirt chun go mbeifear in ann brú an phíblíne Tarchurtha a thabhairt ar ais go 85 barra i mí na Samhna 2026.
- Conraitheoir foirgníochta a roghnú tar éis an chomórtas tairisceana agus tús a chur leis an bhfoirgníocht i gceann amháin de na ionaid atreorúcháin Tarchurtha ar athchúrsa mhótarbhealach Fhainge.
- Tús a chur leis an Tionscadal Uasghrádaithe Acmhainne a thógáil san Stáisiúin Chomhbhrúiteora in Albain.
- Uasghrádú a dhéanamh ar an tslándáil fhisiceach i 13 stáisiún Tarchurtha i bPoblacht na hÉireann.
- Uasghráduithe ar shlándáil leictreach a dhéanamh ar 12 stáisiún Tarchurtha i dTuaisceart Éireann (TÉ).
- Críoch a chur le hathchóiriú agus le huasghrádú na gcóras réamhthéimh gáis i 3 stáisiún um laghdú ar bhrú tarchurtha i bPoblacht na hÉireann agus 1 stáisiun i NI.
- Uasghráduithe Cibearshlándála a dhéanamh in ionaid bhunriachtanacha agus uasghráduithe leibhéil a thosú in ionaid roghnaithe.
- Uasghrádú saorsreafa stáisiúin a dhéanamh ar AGI Charraig Fhearghais.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar Thionscadal an Chúlchiste Straitéiseach Éigeandála Gáis idir an dearadh, an phleanáil agus na ceadanna.
- Réamhdhearadh agus iarratais phleanála a thabhairt chun críche don Chlár um Leictriú Stáisiún Comhbhrúiteora.
- Tógáil 4 thionscadail um cheangal Tarchurtha a thabhairt chun críche agus dul chun cinn a dhéanamh ar fhoirgníocht ar 1 tionscadal amháin atá le bheith críochnaithe in 2027.
- 3 thionscadal um cheangal díreach bithmheatáin a choimisiúnú agus trealamh aga fhada a ordú i gcomhair 2 thionscadail.
- Uasghrádú ar AGI Ballinaclose chun iontráil gáis bhithmheatáin ón gceangal bithmheatáin nua a éascú.
- Réamhdhearadh agus dearadh sonracha a thabhairt chun críche do na chéad Aonaid Ais-Chomhbhrú ar an líonra i AGI an Chnoic Rua.
- An fhoirgníocht a thabhairt chun críche ar shaoráid an Lárionad Insealta Greille i mBaile Mhistéala chun go mbeifear in ann é a choimisiúnú ag tús 2026.

GNI (UK) Ltd.

# GNI (UK) Ltd.

Tá GNI (UK) Ltd. ina fhochuideachta faoi úinéireacht iomlán Líonraí Gáis Éireann, agus is é an ról lárnach atá aici ná slándáil agus seachadadh gáis go hoileán na hÉireann. Clúdaíonn a chuid oibríochtaí go leor dlínsí, agus tá a bhonneagar ríthábhachtach chun gás a sholáthar go Poblacht na hÉireann, go Tuaisceart Éireann agus go Manainn.

Tá GNI (UK) rannpháirteach in úinéireacht agus oibriú go leor píblínte gáis móra ardbhrú. Tá an chuideachta ina húinéir páirteach agus oibríonn sí na píblínte tarchurtha ardbhrú a théann ó Moffat in Albain go hÉireann agus Manainn. Tá an phíblíne fhomhuirí sin ina bpríomhbhealach soláthair chun gás a sheachadadh go Poblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus Manainn. Téann an gás ar fad a dhéantar a sholáthar go Tuaisceart Éireann trí bhonneagar a bhainistíonn GNI (UK), in éineacht le sócmhainní faoi úinéireacht páirteach eile. Tá GNI (UK) ina úinéir agus ina oibreoir freisin ar dhá phríomh-phíblíne tarchurtha i dTuaisceart Éireann – an phíblíne Theas-Thuaidh (South-North pipeline/SNP): Ritheann sé ó Bhaile Mhic Gormáin i gCo. na Mí go Co. Aontroma agus an phíblíne Thiar-Thuaidh (North-West pipeline / NWP) a cheanglaíonn Carraig Fhearghais le stáisiún cumhachta Chúil Chaorach. Oibríonn GNI (UK) sócmhainní i go leor dlínsí ina bhfuil a chuid gníomhaíochtaí rialáilte ag trí rialtóir ar leithligh: an CRU i gcomhair sócmhainní atá nasctha le Poblacht na hÉireann, an Utility Regulator (UR) i gcomhair bonneagair i dTuaisceart Éireann agus Ofgem i gcomhair oibríochtaí a ndéanann an RA maoirseacht rialála orthu. I rith 2025, chomhoibrigh GNI (UK) le príomhpháirtithe leasmhara ar fud Thuaisceart Éireann chun cabhrú leis an timpeallacht bheartais agus rialála a mhúnlú a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus fuinnimh an réigiúin.






Aurora TELECOM

An operating division of Gas Networks Ireland

## Léirigh Aurora Telecom, rannóg oibriúcháin de chuid Líonraí Gáis Éireann,

fás leantach in 2025, agus é ag sárú na spriocanna sínte oibriúcháin go léir agus ag daingniú a sheasaimh mar sholáthraí seirbhísí snáithín dhorcha in Éirinn.

Le tacaíocht ó shaineolas Líonraí Gáis Éireann ar thionscal na bhfóntas, oibríonn Aurora Telecom an príomhlíonra iompróir-neodrach, rochtana oscailte, aisiompair snáithín dhorcha, a sholáthraíonn réitigh daingne ardacmhainne. Tugtar tosaíocht fós don tslándáil agus don tseasmhacht, agus atreisítear iad siúd le monatóireacht chuimsitheach theicniúil ar leibhéal na talún chun iontaofacht líonra nach bhfuil ag líonra ar bith eile a chinntiú.

Tá fáil 100% ar an líonra náisiúnta snáithín dhorcha de chuid Aurora Telecom le breis is sé bliana i ndiaidh a chéile; léiríonn sé sin neart agus marthanacht a bhonneagair a chuireann chun tosaigh sa tionscal é agus gealltanas a fhoirne. Soláthraíonn toipeolaíocht fháinne an líonra iomarcaíocht ionsuite, a chinntíonn go bhfuil sé chun tosaigh sa mhargadh ó thaobh aga fónaimh agus iontaofacht do chliaint.

D'éirigh le Aurora in iniúchadh faireachais, a rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar thrí chóras ISO, na córais ISO 45001, ISO 14001 agus ISO 9001 um bainistíocht sábháilteachta, comhshaoil agus cáilíochta.

Leanann Aurora Telecom ar aghaidh ag leathnú a chuid líonraí cathrach isteach i mBaile Átha Cliath, i Sionainn agus in Inis, agus clúdaíonn a líonra aisiompair náisiúnta os cionn 1,550 km ar fud 15 chontae, a chuireann nascacht snáithín ultra-ard ar fáil do gach mórionad uirbeach.

Léirítear béim Aurora Telecom ar an nuálaíocht fós agus staidéir indéantachta aige i gcomhair roinnt conairí aisiompair nua agus dul chun cinn déanta le príomhobair ullmhúcháin chun tacú le cur i bhfeidhm líonra agus seoladh seirbhíse amach anseo.

Mar gheall ar infheistíocht spriocdhírithe Aurora Telecom i dtacaíocht do bhonneagar cábla fomhuirí, tá nascacht idirnáisiúnta na hÉireann feabhsaithe go mór, agus tá seasamh na tíre mar phríomh-gheatabhealach digiteach domhanda atreisithe. Mar iompróir tiomnaithe, dearann agus seachadann Aurora Telecom réitigh líonra saincheaptha agus ardacmhainne a thacaíonn le cumarsáid nach mór go mbeadh sí ar fáil i gcónaí dá chuid custaiméirí.

De réir mar a théann riachtanais dhigiteacha i méid le IS, meaisínfhoghlaim, agus 5G, beidh an líonra ardluais snáithín-dhorcha le haga folaigh íseal de chuid Aurora Telecom ríthábhachtach do réitigh na chéad ghlúine eile agus do fhorbairt dhigiteach leanúnach na hÉireann. Cé gurb í an phríomhsprioc atá againn ná cnámh droma náisiúnta láidir a fhorbairt, tugaimid tosaíocht freisin do fheabhsú na nascachta i gceantair tuaithe agus ceantair nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu chun cur le fás eacnamaíoch, cianobair a chumasú agus ionchuimsiú digiteach a fheabhsú.




Sócmhainní iomlána:
**€45m**

- Píblínte atá ann Cheana
- Cáblaí fomhuirí
- Líne nua á forbairt

FEIDHMÍOCHT GHNÓ

# Athbhreithniú airgeadais



ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

## Feidhmíocht airgeadais shásúil

Bhí feidhmíocht airgeadais shásúil ag Líonraí Gáis Éireann le linn 2025, go háirithe i gcomhthéacs margaidh luainigh do phraghsanna gáis mórdhíola agus na dúshláin gheopholaitiúla leanúnacha a mbíonn tionchar acu ar an ngeilleagar Éireannach agus domhanda.

Ghin Líonraí Gáis Éireann brabús i ndiaidh cánach de €146m, rinne siad íocaíocht díbhinne bhliantúil de €62m leis an Státchiste agus sholáthair siad €217m in infheistíochtaí criticiúla i mbonneagar gáis le linn na bliana.

Choinnigh Líonraí Gáis Éireann a ngrád infheistíochta rátála creidmheasa de A2 le Moody's agus A+ le S&P sa bhliain 2025.

Mar gheall ar an toradh airgeadais don bhliain agus méadrachtaí láidre airgeadais agus rátáil chreidmheasa láidir tá Líonraí Gáis Éireann in ann rochtain a fháil ar raon leathan de fhoinsí maoinithe ar phraghsanna iomaíocha. Cuireann sé sin ar chumas Líonraí Gáis Éireann leanúint ar aghaidh ag infheistiú inár líonra gáis d'fhonn slándáil fuinnimh a threisiú agus líonra dícharbónaithe a sheachadadh a thacaíonn lenár mianta aeráide.

Lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag baint amach tairbhí do gheilleagar na hÉireann i rith 2025, lenar áiríodh breis is €600m de ranníocaíochtaí díreacha i bhfoirm ceannachán ó sholáthraithe Éireannacha, párolla, cánacha, rátaí gnó agus díbhinní.

Táimid ag déanamh dlúthfhaireachán ar an dóigh a bhfuil cúrsaí ag forbairt sa choimhlint sa Mheánoirthear agus ag déanamh measúnaithe ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann dár n-oibríochtaí mar a thagann an staid chun cinn go leanúnach.

## Príomh-bhuaicphointí 2025

| Méadracht | Luach | Athrú |
|---|---|---|
| Ioncam | €635m | +€35m vs 2024 |
| Brabús tar éis cánach | €146m | +€8m vs 2024 |
| Díbhinní íoctha | €62m | +€18m vs 2024 |
| Capex | €217m | +€29m vs 2024 |
| Glansócmhainní | €1,482m | +€105m vs 2024 |
| Glanfhiachas | €608m | -€91m vs 2024 |

# Príomhthreochtaí










## Ráiteas achomair ar ioncam

| Catagóir | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Ioncam | 635 | 600 |
| Costais oibriúcháin | (294) | (276) |
| **TRÚCDA** | **341** | 323 |
| Dímheas agus amúchadh | (154) | (154) |
| Glanchostais airgeadais | (15) | (4) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | **173** | 165 |
| Muirear cánach | (27) | (27) |
| **Brabús tar éis cánach** | **146** | 138 |
| Díbhinn a íocadh leis an Státchiste | 62 | 44 |

*D'fhéadfadh difríochtaí slánúcháin a bheith infheidhme nuair a chuirtear iad i gcomparáid le ríomh amhairc ar na hiomláin sna táblaí atá anseo.*

### Ioncam

Tháinig ardú €35m ar an ioncam iomlán de €635m i gcomparáid le 2024. Ba ionann ioncam rialaithe de €593m agus 93% den ioncam iomlán agus tháinig méadú €40m air i gcomparáid le 2024, rud a bhí spreagtha go príomha ag taraifí dáileacháin níos airde agus éileamh níos airde. Tháinig laghdú €5m bliain ar bhliain ar ioncam neamhrialaithe de €43m, rud a léiríonn go príomha próifíl na gconarthaí neamhrialaithe.

### Costais oibriúcháin

Tháinig méadú €18m ar na costais oibriúcháin (glan) de €294m i gcomparáid le 2024. An phríomhchúis leis sin ab ea costais níos airde as gás féin-úsáide, riachtanais níos mó ó thaobh acmhainní fostaí, méadú ar ghníomhaíochtaí cothabhála líonra, tobhaigh rialála níos airde agus leanúint ar aghaidh le gnáthbhrú costais an bhoilscithe. Rinneadh na harduithe sin ar chostais a fhritháireamh go páirteach le seachadadh leanúnach na n-éifeachtúlachtaí costais oibriúcháin.

### Dímheas

Bhí an dímheas agus an t-amúchadh de €154m cothrom bliain ar bhliain.

### Glanchostais airgeadais

Bhí na glanchostais airgeadais de €15m níos airde faoi €11m i gcomparáid le 2024. Ba í an phríomhchúis leis sin an ráta cúpóin níos airde ar an eisiúint banna €300m i mí Mheán Fómhair 2024. Anuas air sin, rud eile a raibh tionchar aige ar an méadú bliain ar bhliain ab ea gnóthachan athfhillteach airgeadais de €4m in 2024, a d'eascair ó aisíocaíocht pháirteach luath an fhiachais d'Eorabhanna 2026.

### Brabús tar éis cánach

Ag €146m, bhí an brabús i ndiaidh cánach €8m níos airde i gcomparáid le 2024.

### Díbhinní

D'íoc Líonraí Gáis Éireann díbhinn bhliantúil €62m le Rialtas na hÉireann in 2025. Bhí an díbhinn bhliantúil bunaithe ar 45% ó bhrabús na bliana roimhe sin sula gcuirtear míreanna eisceachtúla áirithe san áireamh.





# Príomhthreochtaí










## Clár comhardaithe achomair

| Catagóir | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Sócmhainní bonneagair | 2,593 | 2,548 |
| Sócmhainn pinsin (CIC 19) | 46 | 23 |
| Sócmhainní eile | 386 | 278 |
| **Sócmhainní iomlána** | **3,025** | 2,849 |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (860) | (860) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | (151) | (141) |
| Ioncam agus deontais iarchurtha | (300) | (253) |
| Dliteanais chánach iarchurtha | (224) | (210) |
| Dliteanais eile | (8) | (8) |
| **Dliteanais iomlána** | **(1,543)** | (1,472) |
| **Glansócmhainní** | **1,482** | 1,377 |
| **Glanfhiachas** | **(608)** | (699) |

*D'fhéadfadh difríochtaí slánúcháin a bheith infheidhme nuair a chuirtear iad i gcomparáid le ríomh amhairc ar na hiomláin sna táblaí atá anseo.*

Tar éis dheireadh na bliana, mhol an Bord díbhinn bhreise €66m a íoc le Rialtas na hÉireann in 2026, ar bhonn thorthaí 2025.

### Sócmhainní bonneagair agus caiteachas caipitil

Sholáthair Líonraí Gáis Éireann clár infheistíochta caipitil dar luach €217m sa bhliain 2025, méadú infheistíochta 15% i gcomparáid le 2024. Go háirithe tugadh 5 cheangal giniúna gásadhainte chun críche i rith 2025 agus tá dul chun cinn déanta againn le forbairt an Chúltaisce Straitéisigh Éigeandála Gáis, thar ceann an Stáit.

Tá ár gcuid clár agus tionscadal infheistíochta caipitil dírithe ar shábháilteacht agus shlándáil an líonra a chinntiú agus ar an aistriú chuig gáis in-athnuaite a éascú. Leanamar de thosaíocht a thabhairt d'inacmhainneacht custaiméara le cinntiú go nglactar cinntí infheistíochta ar bhealach costéifeachtach.

### Sócmhainn pinsin

Ar an 31 Nollaig 2025, bhí barrachas pinsin cuntasaíochta de €46m ag an scéim seo, i gcomparáid le €23m ar an 31 Nollaig 2024. Ba í an phríomhchúis leis an ngluaiseacht sa bharrachas glan pinsin ná rátaí lascaine margaidh níos airde agus iad cúitithe i bpáirt ag torthaí sócmhainne níos ísle, mar thoradh go príomha ar straitéis meaitseála dliteanais na scéime.

### Sócmhainní eile

Bhí sócmhainní eile de €386m níos airde faoi €108m i gcomparáid le 2024 agus iad cuimsithe go príomha d'airgead tirim agus de choibhéisí airgid thirim agus d'infháltais trádála agus eile. Mhéadaigh an t-airgead agus na coibhéisí airgid ó €182m go €277m i rith na bliana, mar atá leagtha amach thall. Bhí an t-airgead tirim agus na coibhéisí airgid thirim de €277m cuimsithe den airgead tirim de €253m a bhí ar fáil agus airgead tirim srianta de €25m (féach ar nóta 15 de na ráitis airgeadais). Coinnítear acmhainní airgid thirim de €253m chun oibleagáidí gearrthéarmacha airgid thirim a chomhlíonadh lena n-áirítear riachtanais caipitil oibre, infheistíochta caipitil agus díbhinne.

# Mar a Úsáideadh Airgead Tirim le linn 2025

Airgead tirim tosaigh
**€182m**

Airgead tirim ó oibríochtaí
**€403m**

Ús
**€16m**

Cáin
**€22m**

Caiteachas Caipitiúil
**€206m**

Iasachtaí agus fiachas eile
**€0m**

Díbhinní
**€62m**

Eile
**€1m**

Airgead deiridh
**€277m**

Sreafaí airgid isteach 2025 | Sreafaí airgid amach 2025

*D'fhéadfadh difríochtaí slánaithe a bheith i bhfeidhm i gcomparáid le ríomh amhairc ar iomláin sna táblaí atá anseo.*



## Glanfhiachas agus sreafaí airgid thirim

Ba ionann an glanfhiachas agus €608m (olliasachtaí €860m lúide airgead tirim de €253m a bhí ar fáil) ar an 31 Nollaig 2025, i gcomparáid le €699m an bhliain roimhe. Úsáideadh glansreafaí airgid oibriúcháin tar éis ús agus sreafaí airgid cánach, de €365m, mar seo a leanas go príomha:

- Baineadh úsáid as €206m chun riachtanais infheistíochta caipitil a chistiú,
- baineadh úsáid as €62m chun na híocaíochtaí díbhinne leis an Státchiste a mhaoiniú,
- baineadh úsáid as €95m chun airgead tirim coinnithe de €277m a mhéadú, Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais,

## Ioncam iarchurtha agus deontais rialtais

Bhí an t-ioncam iarchurtha agus na rialtais de €300m níos airde faoi €47m i gcomparáid le 2024 agus tá siad cuimsithe go príomha de ranníocaíochtaí le ceangail chustaiméara. Scaoiltear na luachanna sin chuig an Ráiteas Ioncaim mar ioncam le himeacht ama de réir mar a thugtar rochtain ar an líonra gáis - féach ar nóta 20 de na ráitis airgeadais chun tuilleadh sonraí a fháil.

## Acmhainní caipitiúla

Bhí iasachtaí agus fiachas eile iomlána de €860m ag Líonraí Gáis Éireann an 31 Nollaig 2025 (€860m sa bhliain 2024). Ina theannta sin, bhí saoráidí neamhtharraingthe de €300m agus €253m in airgead tirim nó i gcoibhéisí airgid thirim ar fáil ar an 31 Nollaig 2025.

Bhí 88% d'fhiachas Líonraí Gáis Éireann (gan dliteanais léasa a áireamh) socraithe ag rátaí seasta ar an 31 Nollaig 2025 (2024%). 88%). Ba é 1.85% (2024:  1.8%) an meánráta úis ualaithe ar phunann na n-iasachtaí gan íoc agus ba é 4.19 bliain meánaibíocht a fhiachais (2024:  5.27 bliain).

Soláthraíonn saoráid creidmheasa imrothlaigh le grúpa 6 bhanc intíre agus idirnáisiúnta leibhéal láidir leachtachta don Ghrúpa go dtí 2029 agus bainfear úsáid as i gcomhair cuspóirí corparáideacha i gcoitinne.

## Rialachas Cistíochta

Feidhmíonn Líonraí Gáis Éireann feidhm cistíochta láraithe. Is é Bord Líonraí Gáis Éireann a bhí freagrach as gníomhaíocht na cistíochta agus a feidhmíocht, agus comhlíon sé a chuid freagrachta trí athbhreithniú rialta.

Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe. Chomhlíon Líonraí Gáis Éireann ceanglais agus coinníollacha an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992.

Ní dhéantar feidhm chistíochta Líonraí Gáis Éireann a oibriú mar aonad brabúis agus déantar bainistíocht ar staideanna airgid ar bhealach a sheachnaíonn riosca. Tá cúis bhailí bhunúsach ghnó taobh thiar de gach idirbheart cistíochta agus tá diantoirmeasc ar sheasaimh amhantracha. Tá tuilleadh sonraí maidir lenár mbeartais um bainistíocht riosca airgeadais an rialachas chistíochta leagtha amach i nóta 24 sna Ráitis Airgeadais.

## Ionchas airgeadais

Sa bhliain 2025, choinnigh Líonraí Gáis Éireann a rátáil fhadtéarmach chreidmheasa le Moody's Investors Services ag A2 agus S&P ag A+. Agus clár comhardaithe láidir léirithe aige (lena n-áirítear sócmhainní iomlána €3bn agus glansócmhainní €1.5bn) agus samhail sheasmhach agus chobhsaí rialála, i gcaitheamh na mblianta atá le teacht cuirfidh Líonraí Gáis Éireann lena neart airgeadais chun go mbeifear in ann bonneagar ríthábhachtach a sheachadadh agus beidh sé chun tosaigh san aistriú go córas fuinnimh ísealcharbóin. Trí líonra gáis éifeachtúil agus athléimneach agus soláthar gáis sábháilte agus iontaofa a chinntiú, tacaímid go díreach le fás eacnamaíoch, cruthú luachanna agus cuirimid todhchaí fuinnimh inbhuanaithe chun cinn.



# Próifíl aibíochta fiachais €m

amhail an 31 Nollaig 2025




*Ba é 4.19 bliain an mheánaibíocht fiachais ar an 31 Nollaig 2025.*

# Ár n-acmhainní a úsáid ar bhealach inbhuanaithe

## Ranníocaíocht dhíreach os cionn €600m le Geilleagar na hÉireann in 2025

| Cánacha Phoblacht na hÉireann a íocadh | Cánacha a iompraíodh | Cánacha a bailíodh |
|---|---|---|
| **€190m** | **€28m** | **€162m** |

Ba ionann ár ranníocaíocht i dtaca le cánacha Éireannacha a iompraíodh agus a bailíodh i rith 2025 ná €190m san iomlán mar a thaispeántar thall:

### Rátaí gnó:

Íocadh rátaí €27m an bhliain airgeadais seo, a chuir go mór le geilleagair áitiúla.

### Fáltas don scairshealbhóir:

Íocadh díbhinn €62m le Rialtas na hÉireann sa bhliain 2025. Le cúig bliana anuas, tá os cionn €200m i ndíbhinní dáilte againn dár scairshealbhóir, Rialtas na hÉireann.

Tá sé beartaithe díbhinn €66m a íoc le Rialtas na hÉireann in 2026 ó bhrabúis 2025.

### Slabhra soláthair:

Fuarthas luach €294m (81%) d'Earraí agus do Sheirbhísí ó Sholáthraithe Éireannacha le linn 2025.

### Ag tacú le pobail áitiúla:

| Costais phárolla | Uaireanta Oibrithe Deonacha | **42,095** | Tacaíodh le **109** |
|---|---|---|---|
| **€102m** | **os cionn 980** | Uair an Chloig de Thionchar Sóisialta | tionscadal pobail |












FEIDHMÍOCHT GHNÓ

# Inbhuanaitheacht



ATHBHREITHNIÚ AR INBHUANAITHEACHT

## Tá inbhuanaitheacht i gcroílár ár ngnó

**Táimid ag athrú an líonra gháis ó bhonn chun gáis in-athnuaite a iompar.**

Tá an inbhuanaitheacht ag croílár ár róil mar phríomh-sholáthraí fóntais, atá dírithe ar fhuinneamh glan agus inacmhainne a sheachadadh don todhchaí in Éirinn, trínár líonra a dhícharbónú.

In 2025, rinne Líonraí Gáis Éireann nuashonrú ar a chuid Gealltanas Inbhuanaitheachta faoi na colúin Pláinéad, Daoine agus Prionsabail. Bhí na gealltanais sin múnlaithe ag an timpeallacht oibriúcháin sheachtrach, an Straitéis Chorparáideach athnuaite, Measúnú cuimsitheach ar Ábharthacht Dhúbailte, an Creat Gníomhaithe ar son na hAeráide don Earnáil LeathstáitTráchtála, agus ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaith (SFInna) na Náisiún Aontaithe.

Tá ár gcuid gealltanas inbhuanaitheachta ceaptha chun ár spriocanna agus uaillmhianta inbhuanaitheachta a chomhlíonadh agus cultúr láidir inbhuanaitheachta a chothú san eagraíocht.



**Edwina Nyhan** Stiúrthóir Straitéise agus Rialála

## I rith 2025, rinneamar dul chun cinn lenár ár ngealltanais inbhuanaitheachta agus lenár gcuid tosaíochtaí faoi na trí cholún ar a bhfuil ár ngealltanais inbhuanaitheachta bunaithe.

### Seo a leanas na trí réimse tosaíochta:

**Pláinéad**
An t-aistriú a spreagadh le chéile i dtreo todhchaí neodraí d'Éirinn

**Daoine**
Ár bhfostaithe, ár gcomhpháirtithe, ár gcustaiméirí agus ár bpobail a chosaint agus a chumhachtú

**Prionsabail**
An rud ceart a dhéanamh mar ghnó

### Pláinéad

I rith 2025, leanamar orainn ag éascú an aistrithe go gáis in-athnuaite, agus ar an gcaoi sin tacaítear le spriocanna aeráide uaillmhianacha na hÉireann. Rinneamar dul chun cinn ar fhorbairt an Lárionad Instealltа Greille (CGI) i mBaile Mhisteála agus d'oibríomar as lámh a chéile le táirgeoirí bithmheatáin chun ceangail díreacha leis an líonra a chur ar fáil, rud a chríochnaigh le conarthaí le trí tháirgeoir bithmheatáin. Freisin chun ullmhú le teacht chun cinn na hidrigine dúchasaí agus na hidrigine meascṫha i rith 2025, forbraíodh "treochlár ullmhachta teicniúla".

Chuireamar chun cinn dhá phríomhthionscadal chun astaíochtaí oibriúcháin a laghdú: clár chun astaíochtaí meatáin a laghdú ar fud an líonra agus ár gcuid tionscadal um "leictriú" sa dá stáisiún comhbhrúiteora chun astaíochtaí a laghdú. Tá na tionscnaimh sin ríthábhachtach chun ár sprioc a chomhlíonadh mar atá astaíochtaí scóip 1 agus 2 a laghdú faoi 51% faoi 2030.

Freisin chomhlíonamar ár ngealltanais bhithéagsúlachta i gcomhair 2025 faoi "Seeds for Nature" a bunaíodh in 2019 mar chuid de thionscnamh faoi stiúir an rialtais ina raibh comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí príobháideacha agus ENRanna rannpháirteach chun cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bhithéagsúlacht na hÉireann a bhrostú.

### Daoine

Sa bhliain 2025, choinníomar ár gcuntas teiste maidir le sárfheidhmíocht sábháilteachta agus leanamar ag seasamh le sábháilteacht mar phríomhthosaíocht maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla leanúnacha agus cinnteoireacht. Athsheoladh ár straitéis sábháilteachta athbhreithnithe "Work Safe Home Safe (Sábháilte ag an Obair, Sábháilte sa Bhaile)". Leanann ár Ráta Comhtháite Teagmhais Ama Chaillte don fhoireann agus do sholáthraithe seirbhíse lárnacha de bheith ag leibhéil cheannais agus léiríonn sé ár bhfócas agus ár gcultúr feidhmíochta sábháilteachta laistigh dár n-eagraíocht.

I rith 2025 rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar ár gcuid clár i gcomhair daoine trí chomhtháthú leanúnach ár gcuid clár cultúrtha tríd an gclár iBelong um Éagsúlacht, Chothromas agus Chuimsiú, rannpháirtíocht mhaith, le scór 91% i gcomhair rannpháirtíochta inbhuanaithe, agus leanamar orainn ag infheistiú i bhforbairt fostaithe trí chláir saincheaptha oiliúna agus oideachais agus chuireamar fáilte roimh ghrúpa nua céimithe.

Le linn 2025, thacaíomar lenár gcuid pobal ar luach os cionn €250,000 trínár gcuid clár rannpháirtíochta pobail agus le síntiúis do charthanais.

### Prionsabail

Tá Líonraí Gáis Éireann ar cheann de díreach 40 cuideachta in Éirinn ag a bhfuil Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach (BWR). In 2025, bhaineamar amach athdheimhniú ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI), rud a threisigh ár ngealltanas chun an inbhuanaitheacht a chumhdach i ngach gné dár ngnó.

I rith na bliana, chuamar faoi iniúchadh faireachais rathúil ar na cúig chóras ISO ag an NSAI. Sa tuarascáil iniúchóra, tugadh faoi deara 22 láidreacht sna réimsí go léir.

In 2025, d'aistríomar go hoifigiúil ónár ról mar Chrann Taca Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) chun gabháil dár ról nua mar Ambasadóir SFI don Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

In 2025, leanamar ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn maidir leis an Treoir maidir le Tuairisciú ar Inbhuanaitheacht Chorparáideach (Corporate Sustainability Reporting Directive/CSRD) agus bhaineamar amach ár gcuid spriocanna "gan aiféala" faoin CSRD.





# Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe agus ár ról mar Ambasadóir SFI




Tacaímid leis na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe agus is iad na sé sprioc thíos na spriocanna is ábhartha dár ngnó, agus iad ag croílár ár gcuid mianta straitéiseacha.

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe**



In 2024, bhí an-áthas ar Líonraí Gáis Éireann gur cheap an tAire Comhshaoil, Aeráide, Cumarsáide agus Iompair é mar Chosantóir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) 2024/2025. Go háirithe, ba é Líonraí Gáis Éireann an chéad sholáthraí fuinnimh ar tugadh an sannadh sin dó. Léirigh an t-aitheantas sin ár ngealltanas chun tacú le SFInna na Náisiún Aontaithe agus iad a chur chun cinn. I mí Iúil 2025, d'aistrigh Líonraí Gáis Éireann go ról buan mar Ambasadóir SFI. Cuirimid feasacht faoin inbhuanaitheacht chun cinn i measc ár bhfostaithe agus ár bpáirtithe leasmhara trí rannpháirtíocht phobail, cleachtais fhreagracha ghnó, ceardlanna oideachasúla, cumarsáid sheachtrach, comhdhálacha agus seimineáir ghréasáin.

## Measúnú ar ábharthacht dhúbailte

In 2024, thugamar faoi Mheasúnú Ábharthachta Dúbailte (Double Materiality Assessment/DMA) chun ár gcuid tionchar, rioscaí agus deiseanna i ndáil le hinbhuanaitheacht ábhartha a aithint agus a mheasúnú. Leanaimid orainn ag cuimsiú na hinbhuanaitheachta inár straitéis chorparáideach agus ár samhail ghnó agus chabhraigh an DMA le bonn eolais a chur faoinár straitéis chorparáideach athbhreithnithe a sheolamar in 2025 agus le forbairt ár ngealltanas inbhuanaitheachta a d'fhaomh ár mBord le déanaí.

## Comhthéacs na hinbhuanaitheachta

Cabhraíonn an ábharthacht leis na saincheisteanna tosaíochta is tábhachtaí dár ngnólacht agus dár gcuid páirtithe leasmhara a aithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Thugamar faoi phróiseas cuimsitheach chun anailís a dhéanamh ar cheanglais Líonraí Gáis Éireann, idir ceanglais earnála, rialála agus ceanglais um thuairisciú inbhuanaitheachta. Mar chuid de sin rinneadh athbhreithniú ar mheasúnuithe ábharthachta agus riosca a rinneadh roimhe agus tugadh faoi anailís ar an tslabhra breisluacha agus piaraí.

## Iomláine ábharthachta

Leis an bpróiseas ábharthachta dúbailte déantar breithniú ar na tionchair suntasacha go léir ar fud ár slabhra breisluacha. Cinntíodh ionchuimsiú na bpáirtithe leasmhara trí haiseolas ónár maitrís rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a mheas. Ghlac 108 páirtí leasmhar inmheánach agus seachtrach inár gcuid ranna agus gníomhaíochtaí éagsúla páirt i suirbhé. Roghnaigh siad na hábhair ab ábhartha dóibh ó thaobh a gcuid oibre. Ansin roghnaíodh ó na hagallaimh cúig rannpháirtí seachtrach don suirbhé chun aiseolas cáilíochtúil breise a thabhairt ar a gcuid freagraí ar an suirbhé.






# Mar a thagann sé go léir le chéile

## Luachanna agus cultúr Líonraí Gáis Éireann

Tá ár gcuid gealltanas inbhuanaitheachta múnlaithe ag aschuir ár measúnú ábharthachta dúbailte, ár straitéis chorparáideach, ag luachanna agus cultúr na heagraíochta, SFInna na Náisiún Aontaithe agus an Creat Gníomhaithe ar son na hAeráide do Chomhlachtaí Leathstáit Tráchtála.





# Ár gcuid gealltanas agus éachtaí inbhuanaitheachta

| Creat colún | Tosaíochtaí 2025-29 | Measúnú ar ábharthacht dhúbailte | Ár n-éachtaí inbhuanaitheachta | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Pláinéad**<br>An t-aistriú a spreagadh le chéile i dtreo todhchaí neodraí d'Éirinn | • Córas comhtháite<br>• Bithmheatán a mhéadú<br>• Hidrigin a chumasú<br>• Oibríochtaí dícharbónaithe<br>• Tionchar an chúltaisce straitéiseach éigeandála gáis a íoslaghdú | • An t-Athrú Aeráide<br>• Seirbhísí Fuinnimh In-athnuaite<br>• Líonra Fuinnimh Athléimneach<br>• Bithéagsúlacht agus Éiceachórais | Cuireadh conarthaí i gcrích i gcomhair ceangal díreach le **3 tháirgeoir bithmheatáin**<br><br>**Forbraíodh treochlár um ullmhacht theicniúil i gcomhair hidrigine** | **Rinneadh dul chun cinn ar dhá thionscadal lárnach chun astaíochtaí oibriúcháin a laghdú**<br><br>Ar son na Bithéagsúlachta/an Dúlra – gealltanais **"seeds for nature"** i gcomhair 2025 a chomhlíonadh | **Laghdú ar astaíochtaí GCT ó 2024 (Scóip 1 agus 2)**<br>• Dearbh-laghdú 4% ar astaíochtaí GCT<br>• Laghdú 2% ar dhéine astaíochtaí GCT<br><br>Baineadh amach **Scór B** um Athrú Aeráide CDP |
| **Daoine**<br>Ár ndaoine, ár gcomhpháirtithe, ár gcustaiméirí agus ár bpobail a chosaint agus a chumhachtú | • Tús áite don tsábháilteacht<br>• Ár ndaoine a chumhachtú<br>• Tionchar ar chustaiméirí<br>• Tionchar ar phobail | • Sláinte agus Sábháilteacht<br>• Tionchar ar Phobail<br>• Fórsa Oibre Féin<br>• Custaiméirí agus Úsáideoirí Deiridh<br>• Oibrithe sa tSlabhra Breisluacha | **Sábháilteacht**<br>• RMTAC Iomlán – Fostaithe: 0.06<br>• RMTAC Iomlán – Conraitheoirí: 0.22 | **Ár ndaoine a chumhachtú**<br>• Inneács DEI: 82%<br>• An Bhearna Phá idir na hInscní: 3.9%<br>• Scór Rannpháirtíochta Inbhuanaithe: 91% | **Tionchar ar phobail**<br>• Uair an Chloig de Thionchar Sóisialta: 42,095<br>• Uaireanta an chloig ar bhonn deonach 980<br>• Tiomsú Airgid ag Fostaithe: €34,219<br>• Luach Iomlán na Tacaíochta do Phobail: €251,906<br>• Eagraíochtaí nó Grúpaí ar Tacaíodh Leo: 109 |
| **Prionsabail**<br>An rud ceart a dhéanamh mar ghnó | • Gnó freagrach<br>• Feabhas rialachais<br>• Soláthar inbhuanaithe | • Rialachas, Ionracas agus Eitic | **Coinníodh 5 Córas Bainistíochta ISO** ISO (Sábháilteacht, Cáilíocht, Comhshaol, Fuinneamh agus Bainistíocht Sócmhainní)<br><br>Thugamar faoinár ról mar **Ambasadóir Sprice Forbartha Inbhuanaithe** | Deimhnithe arís do **Shéala an Ghnó Ag Obair go Freagrach**<br><br>Foilsíodh tuarascáil 2025 ar an inbhuanaitheacht a chur i ngníomh | **Scór A-** bainte amach sa Mheasúnú ar Rannpháirtíocht Soláthraithe CDP |

ATHBHREITHNIÚ AR INBHUANAITHEACHT

# Pláinéad

**An t-aistriú a spreagadh le chéile i dtreo todhchaí neodraí d'Éirinn**

## Tosaíochtaí 2025-29

**Córas comhtháite**
Pleanáil córais iomláin a stiúradh ar fud thionscal an fhuinnimh chun an córas fuinnimh glan agus slán ar an gcostas is ísle a fhorbairt.

**Bithmheatán a mhéadú**
Tacú le tionscal an bhithmheatáin agus ullmhú le bithmheatán a iompar ar scála i gcomhair custaiméirí.

**Hidrigin a chumasú**
Forbairt hidrigine líonraithe a stiúradh mar ghné lárnach de chóras fuinnimh na hÉireann sa todhchaí.

**Oibríochtaí dícharbónaithe**
Ár ngealltanas chun athrú aeráide a chomhlíonadh trínár gcuid oibríochtaí féin a dhícharbónú agus cur le Domhan ar son an Dúlra tríd an mbithéagsúlacht.

**Tionchar an chúltaisce straitéiseach éigeandála gáis**
Cinntiú go mbíonn íoslaghdú ar thionchar na ngás ceaptha teasa ag croílár ár gcinneadh dearaidh agus infheistíochta.

Faoi cholún an Phláinéid, tá ár gcuid tosaíochtaí don inbhuanaitheacht dírithe ar chúig réimse lárnach. Léiríonn na tosaíochtaí sin mianta lárnacha ár Straitéise Corparáidí athnuaite agus tá siad ríthábhachtach chun ár gcuspóir uileghabhálach a bhaint amach, is é sin bheith aeráidneodrach.

Sa chuid seo, cuirimid béim ar Oibríochtaí Dícharbónaithe, agus leagaimid amach mar a chomhlíonaimid ár ngealltanais don athrú aeráide agus mar a laghdaímid astaíochtaí inár gcuid gníomhaíochtaí féin. Mar chuid den ghealltanas sin, tarraingímid aird freisin ár ndul chun cinn ó thaobh cur le domhan Dúlra-Dearfach trínár bPlean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht a chur i gcrích, a thacaíonn lenár mianta aeráide trí héiceachórais a chosaint agus a thabhairt ar ais áit a mbíonn lorg ag ár gcuid oibríochtaí agus an dea-chleachtas bithéagsúlachta/dúlra-dearfach a chumhdach inár gcuid gníomhaíochtaíó lá gochéile.

Fiosraítear go sonrach na gealltanais eile, is iad sin ná Pleanáil Chomhtháite Córais, Bithmheatán, Hidrigin agus SGER sa phríomhchuid den tuarascáil seo, áit a dtarraingítear aird ar na tionchair a bhíonn acu ar an gcóras i gcoitinne agus mar a chuireann siad le haistriú fuinnimh na hÉireann.





# Oibríochtaí dícharbónaithe

Ár ngealltanas chun athrú aeráide a chomhlíonadh trínár gcuid oibríochtaí féin a dhícharbónú agus cur le Domhan Dúlra-Dearfach tríd an mbithéagsúlacht.

## Astaíochtaí GCT ginte ag ár ngníomhaíochtaí féin

Lenár spriocanna faofa chun gáis cheaptha teasa a laghdú — laghdú 51% ar astaíochtaí Scóip 1 agus 2 agus laghdú 25% ar astaíochtaí Scóip 3 faoi 2030 — léirítear ionchas soiléir, is é sin ná gur bunriachtanach dícharbónú ár gcuid oibríochtaí féin chun líonra gáis seasmhach atá réidh leis an todhchaí a chothabháil.

Ar aon dul leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na hÉireann, agus leis an eolaíocht aeráide is deireanaí, léiríonn na spriocanna sin conair a thagann le téamh domhanda a theorannú go 1.5°C. Cuireadh cláir suntasacha oibre i bhfeidhm chun astaíochtaí oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann, a bhfuil sonraí fúthu leagtha amach san athbhreithniú oibriúcháin, a laghdú.

Gach bliain, bailímid agus fíoraímid sonraí cuimsitheacha ar fhuinneamh agus astaíochtaí chun ár gcuid astaíochtaí Scóip 1, 2 agus 3 a chainníochtú laistigh dár dteorainn oibriúcháin. Áirítear leis sin ná sé ghás ceaptha teasa atá sainithe le Prótacal Kyoto: dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), meatán ($CH_4$), ocsaíd nítriúil ($N_2O$), hidreafluaracarbóin (HFCanna), sárfhluaracarbóin (PFCanna), agus heicseafluairíd sulfair ($SF_6$) agus na torthaí go léir tuairiscithe i dtonaí de choibhéis $CO_2$ ($tCO_2e$).

Chun laghdú leanúnach ar astaíochtaí a bhaint amach dár gcuid sócmhainní éagsúla teastaíonn rialachas láidir, seachadadh struchtúrtha agus dearbhú neamhspleách. Déanaimid ár n-astaíochtaí GCT a thomhas agus tugaimid tuairisc orthu ar aon dul leis na ceanglais rialála agus na creataí tríú-pháirtí is infheidhme. Bímid i gcónaí ag athbhreithniú ár gcuir chuige i dtreo an tomhais agus na tuairiscithe d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé ar aon dul le dea-chleachtais.

### Miondealú ar Scóip 1, 2, 3

Rinneadh ár bhfardal GCT a fhíorú go neamhspleách in 2025 i gcomhréir le sonraíochtaí ISO 14064-3:2019, Treorú in 2021 chun Ráitis maidir le Gás Ceaptha Teasa a Bhailíochtú agus a Fhíorú. Is ó fhoinsí fíoraithe a thagann na fachtóirí tiontaithe i gcomhair na gcoibhéis carbóin a úsáidtear.

Sna codanna seo a leanas tugtar níos mó sonraí ar threochtaí Scóip 1, 2 agus 3 ó 2010 ar aghaidh.

Sprioc chun laghdú **51% a bhaint amach** ar astaíochtaí Scóip 1 & 2 faoi 2030

**Sprioc chun laghdú 25% astaíochtaí** Scóip 3 a bhaint amach faoi 2030



## Miondealú ar fhoinsí astaíochta de réir gníomhaíochta:

Sa chuid seo tugtar forléargas ar ár n-astaíochtaí GCT. Tugaimid tuairisc ar astaíochtaí i dtrí chatagóir: Scóip 1, Scóip 2, agus Scóip 3.



### Scóip 1

**Clúdaíonn sé sin na hastaíochtaí a dhéanann Líonraí Gáis Éireann go díreach — mar shampla fad is a bhímid ag rith ár gcuid coirí, comhbhrúiteoirí agus feithiclí chomh maith le hastaíochtaí meatáin.**

- Astaíochtaí Neamhbheartaithe Gáis Nádúrtha ó Threalamh
- Gáis Próisis Mhéadraithe
- Gás Breosla Scaoilte ó Chomhbhrúiteoir
- Oifigí - Gás
- Flít
- Gás cuisneáin (ar a dtugtar F-ghás) a úsáidtear in aerchóiriú agus i gcórais chuisniúcháin



### Scóip 2

**Sin iad na hastaíochtaí a dhéantar go hindíreach – mar shampla nuair atá an leictreachas chun foirgnimh a théamh agus leictreachas ar an láthair, á dhéanamh thar ár gceann.**

- Oifigí – Leictreachas
- Úsáid Leictreachais ar Láithreáin Phróisis



### Scóip 3

**Sa chatagóir sin tá na hastaíochtaí indíreacha go léir a bhfuil an eagraíocht freagrach astu, ar fud ár slabhra breisluacha. Mar shampla, nuair atá táirgí á gceannach ó sholáthraithe.**

- Príomhchonraitheoirí Tréimhse
- Flít Liath
- Suirbhéanna Héileacaptair
- Uisce
- Dramhaíl
- Soláthraithe
- Comaitéireacht Foirne
- Cianobair
- Tacsaithe
- Tógáil Píblíne Dáileacháin
- Tógáil Píblíne Tarchurtha
- Méadair Gháis
- Néalríomhaireacht
- Taisteal Aerlíne[1] agus fórsaí RF san áireamh
- Taisteal ar Iarnród
- Astaíochtaí tobair go dabhach i gcomhair fuinnimh ídithe
- Páipéar Priontáilte
- Caillteanais leictreachais Tarchurtha agus Dáileacháin
- Iompar earraí chuig an láthair

1 *Is éard atá i bhFórsaí Radantacha (FR) ná an coincheap a úsáidtear chun cuntas a thabhairt i leith thionchar iomlán na heitlíochta ar an aeráid, seachas díreach astaíochtaí carbóin*





## Dearbh-laghdú ar astaíochtaí GCT ó 2010 (Scóip 1 agus 2) **-27%**

## Laghdú ar astaíochtaí GCT ó 2010 (Scóip 1 agus 2) **-20%**

## Dearbh-laghdú ar astaíochtaí GCT ó 2024 (Scóip 1 agus 2) **-4%**

## Laghdú ar dhéine astaíochtaí GCT ó 2024 (Scóip 1 agus 2) **-2%**

| Scóip | Catagóir | AONAD | 2025 |
|---|---|---|---|
| 1 | Astaíochtaí meatáin neamhdhóite | $TCO_2e$ | 29,041 |
| 1 | Astaíochtaí gáis dóite | $TCO_2e$ | 108,087 |
| 1 | Breisithe F-gháis | $TCO_2e$ | 4 |
| 1 | Flít Líonraí Gáis Éireann | $TCO_2e$ | 722 |
| 2 | Leictreachas - bunaithe ar ionad | $TCO_2e$ | 1,933 |
| 2 | Leictreachas (margadh-bhunaithe) | $TCO_2e$ | 299 |
| 3 | Catagóir 1: Earraí agus seirbhísí ceannaithe | $TCO_2e$ | 5,184 |
| 3 | Catagóir 2: Earraí caipitil | $TCO_2e$ | 5,704 |
| 3 | Catagóir 3: Gníomhaíochtaí bainteach le breosla agus fuinneamh (nach bhfuil san áireamh i scóip 1 agus 2) | $TCO_2e$ | 18,850 |
| 3 | Catagóir 4: Iompar agus dáileadh réamhtheachtach | $TCO_2e$ | 29 |
| 3 | Catagóir 5: Dramhaíl ginte in oibríochtaí | $TCO_2e$ | 97 |
| 3 | Catagóir 6: Taisteal gnó | $TCO_2e$ | 304 |
| 3 | Catagóir 7: Comaitéireacht fostaithe | $TCO_2e$ | 1,587 |
| 3 | Catagóir 8: Sócmhainní léasaithe réamhtheachtacha | $TCO_2e$ | 0 |
| 3 | Catagóir 9: Iompar agus dáileadh iartheachtach | $TCO_2e$ | 0 |
| 3 | Catagóir 10: Próiseáil táirgí díolta | $TCO_2e$ | 0 |
| 3 | Catagóir 11: Úsáid táirgí díolta | $TCO_2e$ | 79 |
| 3 | Catagóir 12: Cóireáil ré caite ar earraí díolta | $TCO_2e$ | 0 |
| 3 | Catagóir 13: Sócmhainní léasaithe iartheachtacha | $TCO_2e$ | 0 |
| 3 | Catagóir 14: Gnólachtaí Saincheadúnais | $TCO_2e$ | 0 |
| 3 | Catagóir 15: Infheistíochtaí | $TCO_2e$ | 0 |

Déanann Líonraí Gáis Éireann measúnú bliantúil ábharthachta chun socrú cén catagóirí Scóip 3 is ábhartha dá chuid oibríochtaí. Tá na Catagóirí Prótacail GCT 8–12 eisiata óna fhardal Scóip 3 mar gheall ar a ábharthacht theoranta d'oibríochtaí Líonraí Gáis Éireann, nach mbaineann le díolacháin táirgí ná próiseáil iartheachtach. Ar mhaithe le trédhearcacht, cuirtear astaíochtaí measta ó úsáid gáis iompartha —13.5 milliún tCO 2 anseo le haghaidh trédhearcachta agus comhthéacs.

Nóta 1: Tá na sonraí sin sealadach go mbeidh fíorú deireanach déanta.

Nóta 2: Tá cainníochtú astaíochtaí meatáin á fhorbairt faoi láthair. Léiríonn na figiúir tuairiscithe i gcomhair meatáin neamhdhóite na sonraí is fearr a bhí ar fáil tráth na tuairisce, agus iad bunaithe ar ghníomhaíochtaí feabhsaithe braite agus cainníochtaithe.

(féach ar leathanach 83). De réir mar a bheidh na modheolaíochtaí beachtaithe níos mó, d'fhéadfadh go ndéanfaí na figiúir sin a nuashonrú i dtuairiscí amach anseo.

## Astaíochtaí Scóip 1 agus 2 ($tCO_2e$)




## Astaíochtaí Scóip 3 ($tCO_2e$)









### Breoslaí bithghineacha

512 kWh de Bith-CNG úsáidte

### Baint / creidmheasanna GCT

Níor cheannaigh Líonraí Gáis Éireann aon bhaint ná chreidmheas GCT in 2025

### Déine astaíochtaí mar chuid den ghlanioncam

220 $tCO_2e$ / Milliún Euro

De réir mar a théann táirgeadh ó gháscheantar na Coiribe i laghad, tá Éire ag brath níos mó ar ghás a dhéantar a allmhairiú trí Phointe Iontrála Moffat. Mar gheall air sin is gá níos mó úsáide a bhaint as na stáisiúin chomhbhrúiteora in Albain, ina dhéantar gás breosla a dhó chun brú córais a choinneáil—rud a spreagann méadú ar astaíochtaí Scóip 1. Idir 2010 agus 2019, chuaigh ár gcuid astaíochtaí Scóip 1 agus 2 i laghad go páirteach toisc gur tháinig an Choirib chun bheith ina sholáthar dúchasach tábhachtach, rud a laghdóidh an gá leis an méid gáis ar gá é a chomhbhrú in Albain. Anois go bhfuil aschur na Coiribe ag dul i laghad, tá an spleáchas ar stáisiúin chomhbhrúiteora na hAlban, a mbíonn tionchar díreach aige ár gcuid astaíochtaí Scóip 1.

D'ainneoin an aistrithe, fanann astaíochtaí Scóip 1 agus 2 i gcomhair 2025 27% faoi bhun ár mbonnlíne i gcomhair 2010, rud a léiríonn tionchar na mbeart leanúnach um éifeachtúlacht agus na feabhsúcháin oibriúcháin.

Sna codanna seo a leanas tugtar níos mó sonraí ar threochtaí Scóip 1, 2 agus 3 ó 2010 ar aghaidh.

## Feidhmíocht i leith astaíochtaí meatáin

Réime lárnach béime do Líonraí Gáis Éireann é an meatán toisc gurb é an dara rud is mó a chuireann leis an téamh domhanda tar éis na dé-ocsaíde carbóin agus tá acmhainn um théamh domhanda cuid mhaith níos airde (29.8 uair níos cumhachtaí i gcaitheamh amscála 100 bliana). Tuigimid gurb é an meatán an phríomhchuid den ghás nádúrtha agus nach mór ár gcuid oibríochtaí a bhainistiú go cúramach chun astaíochtaí éalaitheacha ó shócmhainní líonra agus aon astaíochtaí scaoilte ar fud an chórais a íoslaghdú. Tacaíonn ár n-aitheantas lenár ngealltanas láidir chun astaíochtaí meatáin a chainníochtú, a bhainistiú agus a laghdú.

Le blianta beaga anuas, tá Tionscadal tiomnaithe um Astaíochtaí Meatáin bunaithe ag Líonraí áis Éireann chun dul chun cinn sa réimse sin a bhrostú. Tá ár gcur chuige um chainníochtú astaíochtaí feabhsaithe go mór trí fheachtais fhairsinge um Brath agus Deisiú Ligean (BADL), lena n-áirítear suirbhéanna tiomána (breis is 12,000 km clúdaithe) agus monatóireacht shonrach ar AGI, chomh maith le trialacha ar uirlisí sofaisticiúla um brath. Cuireann na tionscnaimh seo sin feabhas ábhartha ar dhaingne ár gcuid astaíochtaí tuairiscithe.

Áit gur braitheadh ligin tríd an gclár sin, chinntigh Líonraí Gáis Éireann gur tugadh tosaíocht dóibh agus gur réitíodh iad chomh luath agus ab fhéidir go praiticiúil. Glacadh gach cinneadh deisiúcháin i gcomhréir le nósanna imeachta sábháilteachta cruthaithe. Tacaíonn an cur chuige réamhghníomhach sin i dtreo ligin a brath, a chur in ord tosaíochta agus a dheisiú lenár ngealltanas chun astaíochtaí GCT a laghdú.

Tá Líonraí Gáis Éireann ina bhall gníomhach de MARCOGAZ, an cumann teicniúil de chuid thionscal an gháis nádúrtha san Eoraip. Eagraíocht tacaíochta é MARCOGAZ le haghaidh na bPrionsabal Treorach um Meatán, i dteannta le Gas Infrastructure Europe (GIE), rud a léiríonn ár ngealltanas chun feabhais leanúnaigh agus ailíniú leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

## Fuinneamh agus astaíochtaí ó stáisiúin chomhbhrúiteora

Tá na stáisiúin chomhbhrúiteora dár gcuid in Albain ríthábhachtach chun c 83% de Ghás Nádúrtha na hÉireann a sheachadadh.

Cuimsíonn na stáisiúin chomhbhrúiteora sin in Albain níos mó ná 70% dár n-úsáid fuinnimh agus ár n-astaíochtaí Scóip 1 agus 2), toisc go dteastaíonn gás breosla brú córais a choinneáil agus tréchur a bhainistiú. De réir mar a théann táirgeadh ó gháscheantar na Coiribe i laghad, ní mór níos mó gáis a allmhairiú agus a chomhbhrú, rud a mhéadaíonn ídiú breosla agus na hastaíochtaí a ghabhann leis sin. Tagann astaíochtaí breise chun cinn ó scaoileadh oibriucháin riachtanach nuair a bhíonn comhbhrúiteoirí á dtosú, á ndúnadh nó nuair a bhíonn gníomhaíochtaí eile ar siúl atá ríthábhachtach don tsábháilteacht. I dteannta a chéile, is iad na hastaíochtaí sin ó ghníomhaíochtaí dócháin agus scaoilte a shocraíonn déine na n-oibríochtaí comhbhrú.

Le feabhsúcháin dheireanacha ar iontaofacht i Beattock laghdaíodh astaíochtaí NOx agus CO ach méadaíodh úsáid breosla in 2025. Cabhraíonn uasghráduithe ar chomhlaí rialaithe anois le brú súite a chobhsú agus ligeann siad do thuirbíní oibriú ar bhealach níos seasta i mód Tirim Astaíochtaí Ísle.

Oibrítear an dá stáisiún comhbhrúiteora le maoirseacht dhian ón Scottish Environment Protection Agency (SEPA), agus déantar fíorú agus iniúchóireacht neamhspleách ar thuairisciú ráithiúil agus bliantúil ar mheatán, CO2, NO2, SO2 agus truailleáin eile. Toisc go gcuireann siad go mór le hastaíochtaí agus le húsáid fuinnimh, cuirtear béim fós inár gclár dícharbónaithe ar na stáisiúin sin de réir mar a mhéadaíonn spleáchas na hÉireann ar an ngás allmhairithe.

| Pointe sonraí | Unit | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|---|
| Clúdaíodh ag Scéim Trádála Astaíochta na Ríochta Aontaithe | $TCO_2e$ | 89,563 | 89,649 | 99,027 | 97,251 |




### Scóip 2

Tá laghdú 64% tagtha ar astaíochtaí carbóin ó 2010 ar ár n-astaíochtaí Scóip 2. Tá leictreachas arna cheannach chun riachtanais oibriúcháin Scóip 2 a éascú faoi stiúir airgeadais agus oibriúcháin againn.

| Foinsí astaíochtaí Scóip 2 | Astaíochtaí bunaithe ar ionad ($tCO_2e$) | Astaíochtaí bunaithe ar mhargadh ($tCO_2e$) |
|---|---|---|
| Leictreachas ceannaithe | 1,933 | 299 |
| Teas ceannaithe | 0 | 0 |
| Gal ceannaithe | 0 | 0 |
| **Iomlán na n-astaíochtaí scóip 2** | **1,933** | **299** |



### Scóip 3 (astaíochtaí slabhra breisluacha)

Go dtí 2023, míníodh éagsúlacht na n-astaíochtaí bliantúla scóip 3 ag athruithe bliantúla ar fhoirgníocht, e.g. píblíne gáis 50km idir Cluden agus Brighouse Bay in 2017/2018. Tá ár gcuid astaíochtaí scóip 3 imithe i méid i 2023/2024 toisc gur cuireadh tuilleadh soláthraithe agus ábhar lenár gcuid ríomhaireachtaí. Freisin tá Catagóir 3 Scóip 3 faoin bPrótacal GCT (gníomhaíochtaí eile bainteach le breosla) curtha againn leo chun na hastaíochtaí réamhtheachtacha a chur san áireamh a ghabhann leis an bhfuinneamh a úsáidimid – bhí na gníomhaíochtaí sin a bhí bainteach le breosla freagrach as 18k breise de TCO2e in 2023. Ba iad earraí caipitil agus faisnéis bhreise ónár gcuid soláthraithe a bhí freagrach as thart ar 2.4k eile de TCO2e. Tá gach gné de Scóip 3 faoi stiúir airgeadais agus oibriúcháin ár ngnó anois.




## Fuinneamh

Chun astaíochtaí GCT a laghdú agus seasamh le gealltanas ar leithligh chun bhainistíocht fhreagrach an fhuinnimh, cuimsímid an éifeachtúlacht fuinnimh i ngach gné den eagraíocht. Inár mBeartas Éifeachtúlachta Fuinnimh, atá deimhnithe de réir ISO 50001 um Chóras Bainistíochta Fuinnimh tugtar sonraí faoi ghealltanais agus ghníomhaíochtaí i ndáil le bainistíocht fhreagrach an fhuinnimh. Sa scóip sin áirítear an úsáid fuinnimh go léir agus na hastaíochtaí go léir a bhfuil Líonraí Gáis Éireann freagrach astu.



## Spriocanna Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí (MTEP)

Sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide in 2021 socraíodh sprioc don earnáil phoiblí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50% faoi 2030. Leanann Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag tacú leis an mian náisiúnta sin trí rannpháirtíocht ghníomhach sa chlár MTEP, faoina cheanglaítear air úsáid fuinnimh agus astaíochtaí a thuairisciú go bliantúil. Clúdaíonn sé sin ár gcuid oifigí agus ár bhflít, a dhéanann suas níos lú ná 1% dár gcuid astaíochtaí ar an iomlán.

In 2024, bhaineamar amach laghdú 31% ar ár gcuid astaíochtaí CO2 ar an iomlán i gcomparáid leis an mbonnlíne, laghdú 1.5% ar ár n-astaíochtaí iontaise CO2 agus laghdú 48% ar ár dTáscaire Feidhmíochta Fuinnimh (EnPi) ó bhonnlíne 2006-2008. Beidh sonraí 2025 ar fáil go poiblí trí láithreán gréasáin an SEAI i R3 2026. Léiríonn ár ndul chun cinn feabhsúcháin ar éifeachtúlacht sócmhainní, monatóireacht agus comhtháthú níos fearr ar bhearta coigilte fuinnimh, agus iad sin tacaithe ag ár gCóras Bainistíochta Fuinnimh atá ag teacht le ISO50001

Ar fud na bpríomhláithreán dár gcuid, leanaimid orainn de theicneolaíochtaí tíosacha ar fhuinneamh a chur i bhfeidhm, a bhfuil ina measc PV gréine, soilse uathoibrithe agus braiteoir-rialaithe, córais SSAV le tiomáint luais inathraithe, teochtaí uisce te a laghdú, ár dteaschaideál a chasadh as le linn an tsamhraidh, aisghabháil teasa inár sceithchóras agus teaschaideáil ardéifeachtúla. Freisin táimid ag cur lenár n-úsáid fuinnimh in-athnuaite agus ag feabhsú fheidhmíocht flít trí huasghráduithe feithicle, cláir chigireachta níos fearr, agus tionscnaimh chun tiomáint bhreosla-éifeachtúil a chur chun cinn.

## Pleananna chun astaíochtaí GCT a laghdú

### Pleananna chun astaíochtaí GCT Scóip 1 agus 2 a laghdú

In 2025, leanamar ar aghaidh ag roinnt clár mór oibre chun ár n-astaíochtaí oibriúcháin de gháis ceaptha teasa a laghdú go mór agus chun ionracas ár sonraí astaíochta a neartú.

**1. Tionscadal astaíochtaí meatáin**

Rinneamar dul chun cinn i gcaitheamh 2025 ar ár gclár oibreacha um astaíochtaí meatáin, atá dírithe ar astaíochtaí meatáin a laghdú agus cainníochtú astaíochtaí a fheabhsú ar fud ár líonra.

**2. Leictriú stáisiún comhbhrúiteora in Albain**

Freisin rinneamar dul chun cinn ar an gclár chun ár stáisiúin chomhbhrúiteora in Albain a leictriú, tionscnamh ceannródaíoch é sin a bhainfidh amach laghduithe móra san fhadtéarma ar astaíochtaí Scóip 1. Is iad an dá stáisiún sin atá freagrach faoi láthair as timpeall 80% de líon iomlán na n-astaíochtaí GCT Scóip 1 agus 2 dár gcuid, agus mar gheall air sin tá leictriú na stáisiún ar cheann de na tionscadail is mó tionchair ó thaobh laghdú carbóin atá ar siúl faoi láthair.

Cuireann na cláir sin go mór lenár spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach mar atá laghdú 51% ar astaíochtaí Scóip 1 agus 2 faoi 2030 agus laghdú 25% ar astaíochtaí Scóip 3.

### Bearta um laghdú astaíochtaí Scóip 3

Chun astaíochtaí Scóip 3 a laghdú, tugaimid tosaíocht do rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, do chomhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite, agus do ghníomh comhoibritheach ar fud an tslabhra breisluacha.

**Bearta um rannpháirtíocht páirtithe leasmhara**

1. Tugadh faoi chleachtaí débhliantúla um léarscáiliú teasa chun conarthaí ardtionchair a shainaithint.
2. Cuimsíodh ceisteanna bainteach le GCT i measúnuithe tairisceana, agus cuireadh leis na ceanglais i gcomhair conarthaí ardtionchair.
3. Cumhdaíodh PTFanna i gcomhair soláthraithe móra chun ailíniú le spriocanna Líonraí Gáis Éireann um laghdú astaíochtaí a chinntiú.
4. Tugadh rochtain do sholáthraithe ar uirlisí Scoil an tSlabhra Soláthair Inbhuanaitheachta.
   - Neartaíodh comhar trí: Feasacht agus cloí lenár gCairt Inbhuanaitheacha a chinntiú.
5. Comhobair ar thionscnaimh um laghdú astaíochtaí.
6. Iarraidh sonraí bliantúla ar astaíochtaí GCT agus fachtóirí astaíochta a bhí sonrach do tháirgí nuair ab ábhartha iad.

**Bearta rannpháirtíochta fostaí**

7. Leanadh ar aghaidh ag déanamh roghanna comaitéireachta le hastaíochtaí ísle a chur chun cinn, chun astaíochtaí taistil gnó a laghdú. Agus cuireadh feabhas ar chumais um chomhar i gcéin
8. Tugadh seisiúin eolais agus cuireadh oiliúint foirne ar fáil faoin inbhuanaitheacht agus faoin mbainistíocht GCT.
9. Cuireadh nuashonruithe in iúl lenár ríomh-nuachtlitir, cruinnithe colúin i bpearsa agus cruinnithe fíorúla agus imeachtaí cuideachta do gach uile dhuine.
10. Tacaíodh le ceardlanna inmheánacha leanúnacha chun cur leis an tuiscint ar astaíochtaí GCT agus ar bhealaí um laghdú.

**Nuálaíocht agus comhar**

Leanamar orainn ag obair le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta —lena n-áirítear Marcogaz, GIE, agus SEAI— chun dea-chleachtas a fhorbairt agus a roinnt, modheolaíochtaí astaíochta a fheabhsú, agus nuálaíochta a spreagadh ar fud earnáil an fhuinnimh.

**Feidhmíocht TNC**

Tá an Tionscadal Nochta Carbóin (TNC) aitheanta ar fud an domhain mar an bpríomh-chreat um thrédhearcacht chomhshaoil chorparáideach. Tugtar scór ó A go D, ar bhonn cháilíocht an nochta, bainistíocht riosca, rialachas agus uaillmhian.

Táim ag tuairisciú go deonach chuig an TNC le roinnt blianta anuas, rud a léiríonn ár ngealltanas chun trédhearcachta agus chun bhainistíocht láidir astaíochtaí. In 2025, tugadh scór B um Athrú Aeráide do Líonraí Gáis Éireann, a thagann le meán réigiúnach na hEorpa (B) agus leis meán earnáil na Líonraí Fóntais Fhuinnimh (B).

ATHBHREITHNIÚ AR INBHUANAITHEACHT

# Ról a ghlacadh i ndomhan dúlra-dearfach tríd an mbithéagsúlacht.

I Líonraí Gáis Éireann, leagaimid béim ar thábhacht na bithéagsúlachta mar chuid dár ngealltanas chun na maoirseachta comhshaoil agus chun na hinbhuanaitheachta. Tuigimid go bhfuilimid freagrach as bithéagsúlacht na hÉireann a chosaint agus a thabhairt ar ais trínár líonra fairsing bonneagair faoin talamh agus trí roinnt AGInna agus ionaid oifige. Mar chaomhnóirí na láithreán sin, glacaimid cur chuige réamhghníomhach i dtreo tionchar na bithéagsúlachta a sheachaint, a íoslaghdú agus an bhithéagsúlacht a athnuachan ar fud ár líonra.

Shínigh Líonraí Gáis Éireann Cairt ‘Seeds for Nature’ an rialtais don bhithéagsúlacht, agus gheallamar ár mbonneagar, ár mbonn sócmhainní agus ár n-ionaid oifige go léir a bhainistiú ar aon dul leis an Dea-chleachtas don Bhithéagsúlacht faoi 2025 agus féachaint chuig tionchar glanghnóthachain a bheith againn ar an mbithéagsúlacht inár gcuid oibríochtaí go léir chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht,








é a mhéadú agus a bhrostú. Tá Líonraí Gáis Éireann ina Chomhpháirtí i bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí, ar príomhthionscnamh don bhithéagsúlacht é san Eoraip.

Inár bPlean Gníomhaíochtaí don Bhithéagsulacht, leagtar amach bearta agus spriocanna chun feasacht faoin mbithéagsúlacht a chur chun cinn i measc comhghleacaithe agus pobal, chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú agus chun gnáthóga a thacaíonn le pailneoirí a chruthú ar fud na tíre. Trí chloí leis an Dea-chleachtas don Bhithéagsúlacht agus bheith inár gcomhpháirtí i dtionscnaimh mar an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí, tá sé mar aidhm againn tionchar “gan ghlanchaillteanas” a imirt ar an mbithéagsúlacht agus féachaint chuig tionchar glanghnóthachain a imirt. Cuimsíonn ár gcur chuige próisis chuimsitheacha bainistíochta, pleanáil chomhshaoil, agus foireann uirlisí don dearadh chun cinntiú go gcuimsítear dea-chleachtais um bainistíocht na bithéagsúlachta inár gcuid oibríochtaí. In 2025, chuireamar lenár gcuid iarrachtaí, rinneamar neartú ar ár gcórais, rinneamar feabhsúcháin ar an mbithéagsúlacht a bhrostú, agus chuireamar le rannpháirtíocht fostaithe agus pobal.

## Iniúchadh ar Bhithéagsúlacht

Mar chuid dár bPlean Gníomhaíochta don Bhithéagsúlacht, d’fhostaíomar comhairleoir seachtrach chun iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht d’fhonn dul chun cinn a fhíorú i dtreo ár ngealltanais, mar atá ár líonra sócmhainní a bhainistiú ar aon dul leis an dea-chleachtas don bhithéagsúlacht faoi 2025, agus féachaint chuig glanghnóthachan a bhaint amach inár gcuid oibríochtaí go léir.

Nochtadh leis an iniúchadh go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag Líonraí Gáis Éireann ó thaobh an dea-chleachtas don bhithéagsúlacht a chur i bhfeidhm ina chuid oibríochtaí go léir. Léiríodh leis na fionnachtana go bhfuilimid ag obair go héifeachtach i dtreo ár sprice Gan Ghlanchaillteanas, agus, bunaithe ar na láithreáin a ndearnadh measúnú orthu, tá an cuspóir sin bainte amach againn go dtí seo.

## Bainistíocht don bhithéagsúlacht

Gné lárnach dár gcur chuige i dtreo na bainistíochta comhshaoil é obair a bhainistiú a fhéadann tionchar a imirt ar an mbithéagsúlacht. Tá próiseas daingean bainistíochta i bhfeidhm againn mar chuid dár gCóras Bainistíochta Comhshaoil, agus tá uirlisí saincheaptha againn chun cabhrú lenár ndearthóirí ár gcuid spriocanna a bhaint amach.

In 2025, bhaineamar triail as ár n-uirlis shaincheaptha, Uirlis Dheartha um Ghnáthóg Chúiteach. Leis an uirlis sin déantar comparáid idir gnáthóga bonnlíne a bhí ann cheana ar an láthair agus na gnáthóga beartaithe tar éis na foirgníochta agus gintear athrú céatadáin ar an mbithéagsúlacht. Ceadaíonn sé sin modh eolaíochta ar féidir a thomhas chun feabhsú na bithéagsúlachta a chuimsiú i ndearadh tionscadail.

## An bhithéagsúlacht a fheabhsú

In 2025, thug Líonraí Gáis Éireann clár mór d’oibreacha um feabhsú na bithéagsúlachta chun críche ar fud ár líonra sócmhainní in Albain. Gné lárnach ab iad na hoibreacha sin ó thaobh cinntiú go rabhthas ag cloí leis na moltaí a tháinig chun cinn ón bplean gníomhaíochta don bhithéagsulacht agus ó mheasúnuithe bonnlíne le haghaidh na láithreán. Chuimsigh na hoibreacha chun gnáthóga a athchóiriú speicis ionracha a bhaint chun an fheidhm éiceolaíoch a thabhairt ar ais, breis is 800 m de fhál sceach a chur, speicis mheasctha de chrainn dúchasacha a chur mar aon le breis is 44,000 bleibín, 5 ghnáthóg gheimhreachais a chur chomh maith le 4 bhanc beiche agus 10 gcarn lomáin. Freisin suiteáladh 38 mbosca ialtóige agus 32 bhosca éin. Rinneadh oibreacha móra chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú sa tSuiteáil os cionn Talún i mBaile an Aba in 2025. Mar chuid den tionscadal cuireadh 192 crann dúchasach measctha, cruthaíodh lochán chun tacú le speicis uisceacha agus leath-uisceacha agus tógadh beirmeacha móra chun topagrafaíocht agus gnáthóga éagsúlaithe a chur ar fáil. Cuireadh gnéithe breise ar fáil freisin mar chairn smionagair, cairn lomáin, gairdín tirim gainimh agus gairbhéil, agus bainc bheiche chun foscadh agus acmhainní a sholáthar do fheithidí, d’éin agus do mhamaigh bheaga. In 2025, lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag bainistiú ár gcuid láithreán de réir córais chairdiúil do phailneoirí, a chuimsigh laghdú ar bhearradh féir. Tugadh faoi bhearta breise chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú sna Suiteálacha os cionn Talún in Ardráth Beag, i gCarraig Thuathail, sa tSeanchúirt agus i Ráth Mhín. I measc na mbeart sin bhí crainn dúchasacha a chur, boscaí éin agus boscaí ialtóige a shuiteáil, fál sceach a chur, bleibíní a chur agus carnáin lomáin a chruthú. Tríd na gníomhartha sin baintear amach tairbhí don bhithéagsúlacht ar féidir a thomhas agus tacaítear go díreach le spriocanna ár bPlean Gníomhaíochta don Bhithéagsúlacht.

## Clár feabhsúcháin Envirokit

I rith 2025 leanamar ar aghaidh le clár cuimsitheach don fheabhas leanúnach a chur chun cinn i gcomhair ár n-uirlis measúnaithe comhshaoil, Envirokit. Trí shraith de cheardlanna comhoibritheacha, aithníodh roinnt tionscnamh feabhsúcháin, lenar áiríodh soiléiriú cá háit a bhfuil gá le measúnuithe Envirokit, agus na ceisteanna measúnaithe comhshaoil a bheachtú chun cinntiú go bhfuil siad ag teacht le riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus le hionchais rialála. Thacaigh na ceardlanna freisin le comhaontú maidir le díolúintí cuí i gcomhair sruthanna oibre sonracha, chabhraigh siad le hualaigh oibre a shruthlíniú agus coinníodh maoirseacht dhaingean ar an gcomhshaol. Chun forbairt a dhéanamh ar thorthaí an phlé sin, tá sraith gníomhartha leantacha á cur ar aghaidh.

## Oiriúnú don Athrú Aeráide

In 2025, d’oibríomar as lámh a chéile leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE) ar an bPlean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide le haghaidh Earnáil an Leictreachais agus an Gháis.

In 2025 d’fhorbraíomar bPlean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide dár gcuid féin do Líonraí Gáis Éireann agus chuireamar i láthair é dár gCoiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine agus é mar mhian againn go mbeadh sé faofa ag an mBord i R1 2026.

ATHBHREITHNIÚ AR INBHUANAITHEACHT

# Daoine

**Ár ndaoine, ár gcomhpháirtithe, ár gcustaiméirí agus ár bpobail a chosaint agus a chumhachtú**

| Tosaíochtaí 2025-29 | Tús áite don tsábháilteacht | Ár ndaoine a chumhachtú | Tionchar ar chustaiméirí | Tionchar ar phobail |
|---|---|---|---|---|
| | Tús áite don tsábháilteacht inár gcuid oibre go léir.<br><br>Tá sonraí iomlán faoinár bhfeidhmíocht agus ár ngníomhaíochtaí sábháilteachta curtha ar fáil san athbhreithniú oibríochtaí ar leathanach 44 - 45. | Fórsa oibre éagsúil agus ionchuimsitheach a chothú.<br><br>Scileanna agus cumais a fhorbairt chun spriocanna na todhchaí a chomhlíonadh.<br><br>Cur ar chumas ár ndaoine spriocanna a chomhlíonadh tríd an inbhuanaitheacht (an bhithéagsúlacht san áireamh) a chuimsiú inár gcuid próiseas sócmhainne. | Réitigh fhuinnimh nuálacha agus éifeachtúla a sheachadadh.<br><br>Tosaíocht a thabhairt d'inacmhainneacht fuinnimh trí hoibríochtaí éifeachtúla, infheistíochtaí inbhuanaithe chuí, agus praghsáil chothrom. | Tionchar buan a imirt ar ár bpobail leis na cláir um rannpháirtíocht pobail agus leis an gciste tairbhe pobail. |

## Ár ngealltanais chun daoine

Faoin gcolún Daoine, tá ár gcuid príomhthosaíochtaí don inbhuanaitheacht dírithe ar shábháilteacht, ar dhaoine a chumhachtú, ar tionchar dearfach a imirt ar ár bpobail, agus ar réitigh nuálacha agus éifeachtúla a chur ar fáil do chustaiméirí le béim ar an inacmhainneacht. Léiríonn na tosaíochtaí sin mianta lárnacha ár Straitéise Corparáidí athnuaite agus tá siad bunriachtanach chun tacú leis an bhforbairt shocheacnamaíoch.

Sa chuid seo, cuirimid béim faoi leith ar Chumhachtú ár nDaoine, agus ar Thionchar ar Phobal. Tá tús áite don tsábháilteacht agus an Tionchar ar Chustaiméirí ina dtosaíochtaí lárnacha dár ngealltanais inbhuanaitheachta agus ábhartha dár ngnó, ach tugtar aghaidh orthu sa chuid den tuarascáil seo ina phléitear le hAthbhreithniú Oibriúcháin.





ATHBHREITHNIÚ AR INBHUANAITHEACHT

# Ár ndaoine a chumhachtú

Is éard atá i gceist le cumhachtú ár ndaoine ná fórsa oibre éagsúil agus ionchuimsitheach a chothú, na scileanna agus na cumais a fhorbairt a theastaíonn chun ár mianta don todhchaí a chomhlíonadh, agus cur ar chumas ár bhfoirne spriocanna a chomhlíonadh tríd an inbhuanaitheacht - an bhithéagsúlacht san áireamh - a chuimsiú inár bpróisis bainistíochta sócmhainne.

Le linn 2025 chuimsigh ár gcláir daoine comhtháthú leantach ár gclár cultúrtha, cumarsáid agus plé inmheánach láidir, ceannaireacht spriocdhírithe, cláir fheabhsaithe um shláinte agus fholláine, agus béim leanúnach ar scileanna agus chumais don todhchaí.

Réimse a ndírímid go leantach air is ea folláine ár ndaoine. Is éard atá in Time to Talk ná clár meabhairshláinte eagraíochtúil dár gcuid a bhfuil mar aidhm leis cur chuige struchtúrtha i leith tionscnamh maidir le meabhairshláinte inár n-ionad oibre. Lean an clár ag dul chun cinn go seoigh in 2025, le tacaíocht bhreise dár gcuid garchabhróirí meabhairshláinte, clár sainiúil cumarsáide dár gcomhghleacaithe san Fhórsa Allamuigh agus eagraíodh imeachtaí iomadúla chun feasacht a mhúscailt agus chun spás a sholáthar do chomhráite faoin bhfolláine mheabhrach agus faoin tsláinte.

Tá Líonraí Gáis Éireann creidiúnaithe ag Ibec de réir a ndámhachtana "Keep Well Mark" don fholláine san ionad oibre, rud a léiríonn ár ngealltanas chun fórsa oibre sláinte agus táirgiúil a chur chun cinn, agus chun cloí leis na caighdeáin is airde den fholláine i gcomhair ár gcuid fostaithe.



## Éisteacht lenár bhfoireann

Tá ár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht fostaithe cumhdaithe ar fud na heagraíochta agus sa bhliain 2025 chonaiceamar dul chun cinn ar leibhéal na heagraíochta agus na foirne áitiúla araon. Léiríodh sin trí rannpháirtíocht láidir, agus breis is 75% dár gcomhghleacaithe i láthair ag Athbhreithnithe Ráithiúla Gnó, an suirbhé rannpháirtíochta ag deireadh na bliana comhlánaithe ag 85% díobh, agus scór 91% don rannpháirtíocht inbhuanaithe. Tá an rannpháirtíocht ríthábhachtach fós chun go n-éireodh linn, toisc go dtugtar deis léi dul chun cinn na cuideachta a chur in iúl, aiseolas a fháil, ár gcultúr a mhúnlú go leanúnach agus feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanaimid rudaí agus tacaíocht níos fearr a thabhairt dár bhfostaithe.

## Cumarsáid agus ceangal láidir a chumhdach

I gcaitheamh na bliana, bhí ár straitéis rannpháirtíochta tacaithe ag cumarsáid thrédhearcach rialta, agus cainéil éagsúla i gcomhair idirphlé oscailte. Le ceithre chruinniú do na fostaithe go léir agus nuashonruithe míosúla ar fheidhmíocht na heagraíochta cinntíodh feasacht leanúnach ar fud an ghnó agus ghlac ceannairí ar na leibhéil go léir ról gníomhach ó thaobh na teachtaireachtaí a threisiú. Rinneadh idirghníomhú leanúnach leis an nGrúpa Ceannaireachta agus le pobal na mBainisteoirí Daoine chun tacú le cumarsáid dhá bhealach agus cabhrú le comhréiteach a choinneáil ar fud na bhfoirne.

## Rannpháirtíocht rialta

Bealach eile inar tugadh tacaíocht do fhostaithe ab ea an raon leathan de phointí teagmhála don rannpháirtíocht, a bhí ceaptha chun daoine a choinneáil ar an eolas agus nasctha lena chéile. Áiríodh leo siúd:

- An ríomhiris choicísiúil Staying Connected
- Féilire imeachtaí ar an inlíon
- Seisiúin Learn from the Experts (Foghlaim ó na Saineolaithe)
- Comharthaí digiteacha inár gcuid príomhoifigí chun teachtaireachtaí inmheánacha tábhachtacha a choinneáil
- Fóraim dhémhíosúla do fhostaithe
- Nuashonruithe All Hands agus Ráithiúla

I dteannta a chéile, neartaigh na gníomhaíochtaí sin an chumarsáid, chuir siad ardáin inrochtana ar fáil do ghuth na bhfostaithe, agus chuir siad le cultúr inar mhothaigh comhghleacaithe gur leagadh luach orthu, gur éisteadh leo agus go raibh siad in ann tionchar a imirt ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre.

## Sochair fostaithe

Bíonn na sochair seo a leanas ar fáil do gach fostaí – bíonn tréimhse cháilithe 1-bhliana i gceist le haghaidh saoire breoiteachta.





# Croí-shochair

- Scéim pinsin
- 2.5 lá cuideachta, 24 lá de shaoire bhliantúil
- Scéim pá breoiteachta, cosaint ioncaim, bás le linn seirbhíse
- Cúnamh oideachais
- Saoire íoctha i gcomhair pósta/ páirtnéireachta sibhialta
- Saoire aithreachais íoctha
- Pá feabhsaithe i gcomhair saoire máithreachais
- Saoire atruach
- Cineálacha eile saoire reachtúla lena n-áirítear saoire do thuismitheoirí, saoire cúramóra agus force majeure

# Folláine airgeadais

- Ticéad Coigilteora Cánach
- Comhar Creidmheasa na bhFostaithe
- Scéim na gclár baile de chuid Microsoft
- Saoráid coigiltis don Nollaig
- Dámhachtainí fadseirbhíse
- Síntiúis ghairmiúla a íoc

# Folláine fhisiceach

- Scéim um rothaíocht chun na hoibre
- Seomra corpacmhainne ar an láthair
- Bialann fhóirdheontais do fhostaithe
- Vacsaínithe don fhliú
- Grúpscéim sláinte - Laya, VHI, HSF
- Soláthar cúraim súl
- Seirbhís dochtúra dhigitigh
- Tionscnaimh sláinte ceirde
- Clár inrochtaineachta

# Folláine mhothúchánach

- Dámhachtainí daoine
- Obair sholúbtha
- Clár Time to Talk don mheabhairshláinte lena n-áirítear:
  - Garchabhróirí meabhairshláinte oilte
  - Oiliúint feasachta ar an meabhairshláinte i gcomhair bainisteoirí agus fostóirí
- An clár cúnaimh do fhostaithe lena n-áirítear
  - Láithreán gréasáin tacaíochta ar líne don Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe
  - Eolas dlí / airgeadais
  - Comhairleoireacht ghutháin
  - Comhairleoireacht aghaidh ar aghaidh
- Seachtain na folláine / tionscnaimh fholláine



## Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú

Fórsa oibre cuimsitheach a léiríonn na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu Is í aidhm ár gcuid iarrachtaí um Éagsúlú, Chothromas agus Chuimsiú ( Diversity, Equity and Inclusion/DE&I) ná cinntiú go ndéileáiltear go cothrom le gach duine agus mbíonn mothú muintearais acu. Mar shínitheoir don Ghealltanas Elevate de chuid BITCI, leanaimid orainn ag cur chun cinn ionaid oibre níos cuimsithí agus cuirimid le hiarrachtaí náisiúnta chun an éagsúlacht a neartú i dtionscal na hÉireann.

### Ár mbonn DE&I a neartú

Bhí ár gclár DE&I, iBelong, fós ag dul in aibíocht in 2025, agus tugadh faoi obair chun struchtúir an chláir a neartú sula gcuirfí i bhfeidhm níos forleithne é in 2026. Bhí an Chomhairle DE&I agus ár gcuid Grúpaí Acmhainne do Fhostaithe (GAFanna) fós ag croílár an dul chun cinn sin, agus ionadaíocht déanta acu ar phobail lena n-áirítear Mná, Rainbow (LADTIA+), Teaghlaigh, Néara-éagsúlacht agus Cumas, Cultúr agus Eitneacht, agus NextGen Youth. Le linn na bliana, bhí ról fiúntach ag na grúpaí sin in oideachas, i bhfeasacht agus i muintearas trí himeachtaí aitheantais a chur ar fáil, chomh maith le hócáidí ceiliúrtha Bróid, deasghnátha cultúrtha mar Holi agus Eid, seimineáir ghréasáin agus gníomhaíochtaí do shaorálaithe. Freisin thacaigh siad le bliain a dó dár straitéis trí-bliana iBelong a rith.

### Comhionannas inscne a chur chun cinn

Lenár gclár Forbartha Ban - a d'aithin Engineers Ireland mar thionscnamh foghlama den chéad scoth - leanadh ar aghaidh ag neartú ionadaíochta inscne san innealtóireacht agus tugadh tacaíocht do dhul chun cinn gairme ar fud na heagraíochta agus cohórt eile dár gcomhghleacaithe mná rannpháirteach. Tá an clár sin tábhachtach don ghnólacht agus muid ag leanúint lenár dtallann a chothú agus ag feabhsú ionadaíocht ban ag gach leibhéal den eagraíocht ag an am céanna. Díol suntais ab ea na rátaí ratha i measc rannpháirtithe, agus d'aistrigh nach mór 50% do róil nua, trí ghluaiseacht trasna nó ardú céime, tar éis gur thug siad an clár chun críche. Laghdaíodh níos mó ná 2025 an bhearna pá idir na hinscní go 3.9%, rud a léiríonn go mbíonn tionchar ag ár gcuid iarrachtaí sa réimse sin.

I measc na dtionscnamh comhlántach bhí Clinicí ar an mBearna Pá Inscne, áit ar cruthaíodh áit oscailte i gcomhair plé agus trédhearcachta faoin bpá, agus an Feachtas Éadaí WorkEqual lenar bailíodh éadaí corparáideacha chun tacú le mná atá ag dul ar ais san fhórsa oibre.

### Inrochtaineacht a fheabhsú

Rinneadh dul chun cinn freisin le bliain anuas le dearadh inrochtaineachta agus ionaid oibre chuimsithigh. Sheolamar arís ár gClár Inrochtaineachta le líonra Oifigeach agus Crann Taca Rochtana chun tacú níos fearr le comhghleacaithe a mbíonn dúshláin inrochtaineachta acu. Tugadh isteach r-fhoghlaim faoin gCárta JAM (cárta nó aip dhiscréideach é an Cárta Just a Minute nó JAM a chomharthaíonn "Teastaíonn roinnt ama nó foighne breise uaim".) chun feasacht faoi mhíchumas a fheabhsú agus idirghníomhú le custaiméirí a fheabhsú, agus le seisiúin bhreise faoi phlé le tacaí míchumais, neartaíodh ár gcuid cleachtas cuimsitheach. D'oibrigh ár GAF ar Néara-éagsúlacht i gcomhpháirt freisin leis





an Oifig Inrochtaineachta i gColáiste na hOllscoile Corcaigh chun ár gcead chlár a sheachadadh d'Intéirnigh, le bealaí praiticiúla isteach san eagraíocht a chur ar fáil. Leanfar ar aghaidh le hobair in 2026 chun creat fadtéarmach a bhunú lena gcumhdófar athrú fiúntach agus marthanach.

Tríd na hiarrachtaí sin le chéile, cuireadh lenár mboinn DE&I, agus tugadh tacaíocht do chultúr ina mhothaíonn gach fostaí go dtugtar meas orthu, go bhfuil siad páirteach agus gur féidir leo ról iomlán a ghlacadh i rath ár n-eagraíochta.

## Folláine agus meabhairshláint

Tugadh tosaíocht fós do thacú le sláinte agus folláine ár bhfostaithe. Faoin gclár Time to Talk ar bhealaí eile, ritheamar raon imeachtaí sláinte agus tacaí sláinte in 2025, lenar áiríodh seisiúin fheasachta ar ailse, maidineacha caife do fhostaithe, seisiúin eolais le haoi-chainteoirí, seisiúin bhricfeasta do fhostaithe allamuigh agus seisiúin rialta do Gharchabhróirí Meabhairshláinte intí. Freisin spreagamar folláine fhisiceach ár bhfostaithe le clár Couch to 5k, dúshlán 'Move More' agus clár vacsaíní fliú don gheimhreadh. Cuirtear tacaíocht, atá ar fáil do fhostaithe chun cinn go rialta agus go forleathan don fhoireann ar fad, lena n-áirítear an Clár Cúnaimh le haghaidh Fostaithe agus Garchabhróirí Meabhairshláinte.

Leanadh ar aghaidh ag leathnú an chláir Time to Talk – ár dtionscnamh struchtúrtha don mheabhairshláinte trí:

- Thacaíocht neartaithe do Gharchabhróirí Meabhairshláinte
- Cumarsáid shaincheaptha do chomhghleacaithe san fhórsa allamuigh
- Imeachtaí feasachta, cainteanna agus áiteanna machnamhacha

Freisin chuireamar tacaí fairsinge don fholláine ar fáil, lena n-áirítear maidineacha caife, seisiúin sláinte agus stíle maireachtála, aoi-chainteoirí, agus rochtain ar ár gClár Cúnaimh do Fhostaithe.

D'éirigh linn san iniúchadh creidiúnaithe don KeepWell Mark de chuid Ibec; léiriú ab ea sin ar ár ngealltanas chun feabhais san ionad oibre.

### Ceangal agus cultúr a chothú

In 2025, choinníomar orainn ag cothú cultúir tarraingtigh agus nasctha san ionad oibre trí thionscnaimh mar sheisiúin aireachais, grúpaí folláine fisicí, clubanna sóisialta, imeachtaí Time to Talk, agus cainteoirí spreagúla. Neartaigh na gníomhaíochtaí sin caidrimh fhoirne agus thacaigh siad le folláine fhisiceach agus mheabhrach.

## Scileanna agus cumais

Is bunriachtanach a chinntiú go bhfuil na scileanna ag ár bhfórsa oibre chun tacú le forbairt fhadtéarmach an líonra gáis. In 2025, sholáthair muid réimse leathan oiliúna – oiliúint i bpearsa agus fhíorúil – chun ábhair forbartha pearsanta, gairmiúla agus teicniúla a chlúdach. Freisin thacaíomar le fostaithe chun dul in oiriúint do theicneolaíochtaí eile tríd an teicneolaíocht chúnta Copilot a chur i bhfeidhm.

### An inbhuanaitheacht a chumhdach i gcleachtais oibre

Tríd an inbhuanaitheacht, lena n-áirítear cúrsaí bithéagsúlachta, a chomhtháthú inár gcuid cleachtas um bainistíocht sócmhainní, cinntímid go bhfuil na scileanna riachtanacha ag fostaithe chun réitigh nuálacha a sholáthar atá dírithe ar an todhchaí.

### Feidhmíocht agus forbairt

Glacann gach fostaí páirt inár bpróiseas bliantúil um bainistíocht feidhmíochta, lena n-áirítear plé míosúil ar fheidhmíocht agus trí sheicphointe tábhachtach lena n-áirítear spriocanna a shocrú ag tús na bliana, agus athbhreithniú foirmiúil i lár na bliana agus ag deireadh na bliana. Bíonn sprioc curtha san áireamh ag bainisteoirí ina gcuid athbhreithnithe feidhmíochta féin, chun béim ar an réimse sin a chinntiú.

### Printíseachtaí agus luathfhorbairt gairme.

Lenár gCláir do Chéimithe, do Phrintísigh agus d'Intéirnigh chun luathchumas gairme a fhorbairt, trí fhorbairt phraiticiúil a thairiscint do fhostaithe sóisearacha trí thaithí fhairsing agus phraiticiúil. Tá ról ríthábhachtach ag na cláir sin maidir le tallann a fhorbairt ar fud na heagraíochta. Chuireamar fáilte roimh 11 chéimí nua in 2025

### Forbairt scileanna trí shaorálaíocht

Leis an tsaorálaíocht freisin tugtar deiseanna fiúntacha chun scileanna a fhorbairt. Tacaíonn deiseanna comhordaitheora agus saorálaí le forbairt na ceannaireachta, na cumarsáide, agus scileanna tionscadail agus neartaítear tionchar an phobail.











## Tionchar ar phobail

> Tionchar buan a imirt ar ár bpobail leis na cláir um rannpháirtíocht pobail agus leis an gciste tairbhe pobail.

I Líonraí Gáis Éireann, táimid geallta chun dul i bhfeidhm ar bhealach fiúntach agus buan ar na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu. Tá ár gcuid clár cuimsitheach um rannpháirtíocht pobail agus tabhartais charthanachta ag croílár an ghealltanais sin, agus tacaíonn siad le raon leathan tionscnamh atá ceaptha chun an t-athrú dearfach a bhaint amach ar fud na hÉireann.

### Croí-chláir phobail

Tá ár gcuid clár pobail bunaithe ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha agus tionscnaimh a mbíonn tionchar acu. Trínár gcomhar leanúnach le hAoisghníomhaíocht Éireann, chuireamar tacaíocht sheasmhach ar fáil do dhaoine breacaosta sa phobal le ranníocaíochtaí airgeadais agus leis an mBlitz Garraíodóireachta a d'éirigh go han-mhaith leis. Rinne breis is 50 fostaí, in éineacht le saorálaithe ónár gcomhpháirtithe conartha, GKC and Murphy's athrú ó bhonn ar bhreis is dhá ghairdín déag i gcomhair cliant de chuid Aoisghníomhaíocht Éireann le go mbeidís ina dtimpeallachtaí slána agus fáilteacha amuigh faoin aer. Tá an t-oideachas fós ag croílár ár bplé leis an bpobal; comharthaítear sin le comhpháirtíocht cúig-bliana déag le Junior Achievement Ireland (JAI), agus comhar naoi-mbliana déag le Business in the Community Ireland (BITCI) a chuimsíonn ár ngealltanas chun an Mharc um Ghnó ag Obair go Freagrach, ar aon dul le caighdeán ISO 26000 don Inbhuanaitheacht Shóisialta, agus don Ghealltanas Elevate. Bhíomar inár mbaill fós ar Leave No Trace Ireland a thacaíonn linn i ngníomhaíochtaí comhshaoil chun cur le gníomhaíochtaí oibriúcháin ar leibhéal áitiúil.

### Fostaí ag obair go deonach

Tá clár Líonraí Gáis Éireann do shaorálaithe ag dul i méid i gcónaí ó thaobh scála agus tionchair araon, rud a léiríonn ár ngealltanas leanúnach chun rannpháirtíochta pobail. In 2025, chaith 220 fostaí – duine as ceathair dár bhfórsa oibre – a chuid ama i mbun na saorálaíochta uair amháin ar a laghad i rith na bliana. Bhí ár gcuid conraitheoirí agus comhpháirtithe páirteach freisin, rud a threisigh an leibhéal suntasach rannpháirtíochta.

I dteannta a chéile, chaith ár bhfoirne 42,095 uair an chloig, méid suntasach ama, i mbun tionchair shóisialta i rith 2025. Fuarthas aiseolas dearfach amach is amach ó na saorálaithe: Luaigh 95% díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu gur fheabhsaigh an tsaorálaíocht lena mothú rannpháirtíochta san eagraíocht, agus shonraigh 90% go raibh éifeacht thairbheach aige ar a meabhairshláinte. Treisíonn an fhreagairt dhearfach sin ár dtiomantas chun cultúr a chothú atá fréamhaithe san éagsúlacht, sa chothromas, sa chuimsiú agus san fholláine.

### Daonchairdeas agus freagracht shóisialta

I rith 2025, chuir fostaithe Líonraí Gáis Éireann tacaíocht ríthábhachtach ar fáil do neart eagraíochtaí trí ról gníomhach a ghlacadh i dtionscnaimh saorálaíochta, tiomsaithe airgid agus tabhartas carthanachta. Buaicphointe ab ea an tionscnamh 'One Song One Voice' de chuid chór na cuideachta, a thiomsaigh airgead do na carthanais atá lonnaithe i gCorcaigh, Headway agus My Canine Companion; thug níos mó ná 100 fostaí a nguthanna agus a dtacaíocht don tionscnamh sin. Ní amháin gur ghin an tionscnamh sin cistí bunriachtanacha ach freisin chothaigh sé meon aontachta agus rannpháirtíochta pobail i measc na mball foirne.

Bhí ár gCiste Fostaithe ina ardán don daonchairdeas aonair, agus é curtha ar chumas na bhfostaithe suas le €250 a dheonú do charthanas dá rogha féin. Tugadh tacaíocht do 60 eagraíocht leis an gciste sin agus chuir sé lenár rannchuidiú coiteann le raon éagsúil cúiseanna. Thug na fostaithe ranníocaíocht shuntasach airgeadais don charthanas, tar éis gur thiomsaigh siad nach mór €35,000 i dteannta a chéile mar thacaíocht do thionscnaimh inmheánacha um thiomsú airgid.

In 2026 fiosróimid roghanna um Chiste Tairbhe Pobail agus é mar sprioc gníomhaíochtaí oibriúcháin a chomhlánú, trí thacú le heagraíochtaí áitiúla, agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh.

### Oideachas óige agus inbhuanaitheachta

Lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag déanamh oideachas óige a chur chun cinn i dteannta le rannpháirtíocht sa bhithéagsúlacht trí raon clár nuálach arna seachadadh i gcomhpháirt le JAI, BITCI, Midlands Science, agus O'Donnell Environmental. Oibrímid as lámh a chéile le scoláirí idir 9 agus 16 bliana d'aois, agus trí cheardlanna praiticiúla, trí himeachtaí idirghníomhacha agus trí chomórtais spreagúla.

Chun an rannpháirtíocht a leathnú, spreag Líonraí Gáis Éireann rannpháirtíocht in ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic), go háirithe trí chomórtas ealaíne Aurora Telecom, a chothaigh an chruthaitheacht agus a tharraing aird ar an luach a bhaineann le cuimsiú na n-ealaíon san fhoghlaim theicniúil. Cuireadh feasacht faoin mbithéagsúlacht sa phobal chun cinn le hábhar oideachais urraithe, le siúlóidí dúlra, turais scoláire le linn Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta agus imeachtaí mar Shiulóidí Éin i mBogaigh Oileán an Harpúraigh. Léiriú ab ea an rannpháirtíocht i No Mow May ar thacaíocht do phailneoirí, a mbíonn torthaí dearfacha aige don bhithéagsúlacht. Léiríonn na gníomhaíochtaí éagsúla sin gealltanas Líonraí Gás Éireann chun tionchar buan don phobal, oideachas agus inbhuanaitheacht a chruthú.

ATHBHREITHNIÚ AR INBHUANAITHEACHT

# Prionsabail

**An rud ceart a dhéanamh mar ghnó**

**Tosaíochtaí 2025-29**

| Gnó freagrach | Feabhas rialachais | Soláthar inbhuanaithe |
| --- | --- | --- |
| Cloí leis na caighdeáin is airde d'ionracas i ngach gné ár ngnó.<br>Ár gclár Doing the Right Thing (DTRT) a sheachadadh.<br>Leas a bhaint as luachanna ár n-eagraíochta chun ár gcultúr inbhuanaitheachta a neartú agus a chur chun cinn. | Rialachas agus comhlíontacht mhionchúiseach a choinneáil.<br>Cinnteoireacht agus cuntasacht thrédhearcach a chinntiú. | Slabhra soláthair freagrach agus inbhuanaithe a fhorbairt, chun daoine agus an pláinéad a chosaint.<br>Prionsabail an tsoláthair ghlas agus an gheilleagair chiorclaigh a chomhtháthú. |

## Réamhrá

I Líonraí Gáis Éireann, cloímid leis na caighdeáin is airde d'ionracas, dírímid ar rialachas críochnúil, cúis mhórtais dúinn iad ár gcleachtais fhreagracha gnó agus cinntímid go mbíonn ár gcuid cleachtas soláthair freagrach agus inbhuanaithe. Is ríthábhachtach ár gclú agus muinín ár gcustaiméirí, ár bpáirtithe leasmhara agus an phobail asainn dár rath leanúnach. Tugtar cuntas níos sonraí sa chuid den tuarascáil seo a bhaineann leis an rialachas corparáideach ar ár ngealltanas chun rialachas críochnúil a choinneáil. Sa chuid den tuarascáil seo a phléann le feidhmíocht straitéiseach leagtar amach an creat riosca atá cumhdaithe inár ngnó. Sa chuid seo díreofar ar ár dtosaíochtaí ó thaobh an ghnó fhreagraigh agus an tsoláthair inbhuanaithe.





# Gnó freagrach

BUSINESS WORKING RESPONSIBLY

Cúis mhórtais dúinn é go gcloímid leis na caighdeáin is airde. Tá deimhnithe ISO éagsúla bainte amach againn a thacaíonn lenár ngealltanas chun feabhais. I rith na bliana, chuamar faoi iniúchadh faireachais rathúil ar na cúig chóras ISO ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) chun measúnú a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht agus comhlíonadh na gcaighdeán sin a chinntiú.

Lenár dtiomantas chun an ionracais agus chun foinsiú freagrach cuirtear chun cinn cultúr láidir inbhuanaitheachta agus cuirtear ar ár gcumas ról éifeachtach a imirt i dtodhchaí shlán, sheasmhach agus inbhuanaithe d'Éirinn.

In 2025, bhain Líonraí Gáis Éireann amach athdheimhniú de réir chaighdeán an Mharc um Ghnó ag Obair go Freagrach (BWR). Is é an Marc um Ghnó ag Obair go Freagrach caighdeán Eacnamaíoch, Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ECSR) na hÉireann. Agus fíorú tríú-pháirtí déanta air ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiunta na hÉireann, is é an caighdeán don inbhuanaitheacht lena gcothaítear cultúr feabhais agus cuntasachta leanúnaí, agus ceannaireachta. Táimid i measc díreach 40 cuideachta in Éirinn a bhfuil an marc BWR acu.





## An Rud Ceart a Dhéanamh

Tá ár gclú agus an mhuinín atá ag ár gcustaiméirí, páirtithe leasmhara agus an pobal asainn bunriachtanach maidir lenár rathúlacht. Tá ionracas ríthábhachtach chun an mhuinín sin a chothú. Cabhraíonn ár gclár darb ainm “An Rud Ceart a Dhéanamh” le fostaithe le tábhacht an ionracais a thuiscint agus a aithint.

Cuirtear oiliúint ar fhostaithe lena gcinntítear go bhfuil aon chinneadh gnó a dhéantar:

1. Dlíthiúil
2. I gcomhréir le luachanna na cuideachta
3. I gcomhréir le beartas na cuideachta
4. Ina rud ceart le déanamh

Mar chuid den tionscnamh, eisítear treoirleabhair d’fhostaithe maidir le príomhbheartais a bhaineann le heitic mar aon le nuashonraithe oiliúna bliantúla agus comhráite ráithiúla i dtaobh ionracas foirne.

### Ár gcuid luachanna agus ár gcultúr inbhuanaitheachta

Cé gurb í ár bhfís a threoraíonn ár gcuid spriocanna fadtéarmacha agus ár straitéis a chuireann béim ar ár gcuid oibre; is é ár gcultúr a stiúrann muid ó thaobh beart a dhéanamh de réir ár mbriathair agus bheith i láthair gach lá. Ag croílár ár gcultúir tá ár luachanna, a mhúnlaíonn ár n-iompraíocht, ár gcinnteoireacht, agus ár gcuid próiseas. Tá trí chroí-luach againn i Líonraí Gáis Éireann agus bainimid leas astu chun ár gcultúr inbhuanaitheachta a neartú agus a chur chun cinn. Tá ár luachanna leagtha amach sa chuid den tuarascáil a phléann le feidhmíocht straitéise.

Cumhdaímid agus tugaimid chun saoil ár gcultúr inbhuanaitheachta faoinár luach “ Spreagtha chun Athraithe”, agus leis an iompraíocht:

**Smaoiním faoinár dtionchar ar dhaoine agus ar an bpláinéad. Glacaim freagracht as mo chuid gníomhartha**





FEABHAS RIALACHAIS

# Iompar gnó

## Struchtúr agus acmhainní don rialachas inbhuanaitheachta

Tá an inbhuanaitheacht ag croílár ár ngnó agus déanann ár mBord agus ár gCoistí Stiúrtha maoirseacht uirthi. An ról atá ag coistí, grúpaí stiúrtha a dhéanann maoirseacht ar an inbhuanaitheacht, agus an fhoireann inbhuanaitheachta, ná gníomh ar son na hinbhuanaitheachta agus athrú a spreagadh ar fud na gnólachta agus cultúr inbhuanaitheachta a chumhdach.

### Ár struchtúr rialachais

- Bord Líonraí Gáis Éireann — An Coiste Boird um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Dhaoine
- Foireann Fheidhmiúcháin Líonraí Gáis Éireann — An Coiste Stiúrtha don Inbhuanaitheacht — An Coiste Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide — An Coiste Stiúrtha um Bainistíocht Sócmhainní — An Coiste Bainistíochta um Shábháilteacht Líonraí

### Struchtúr ár bhfoirne inbhuanaitheachta

- Stiúrthóir Straitéise agus Rialála
- Bainisteoir Inbhuanaitheachta
  - Bainisteoir Inbhuanaitheachta Comhshaoil
    - Innealtóir Inbhuanaitheachta
    - Innealtóir Inbhuanaitheachta
  - Bainisteoir Inbhuanaitheachta Sóisialta
  - Innealtóir Dea-Chleachtais Inbhuanaitheachta

# Soláthar inbhuanaithe

## Slabhra soláthair freagrach agus inbhuanaithe a fhorbairt, chun daoine agus an pláinéad a chosaint

Cinntíonn Líonraí Gáis Éireann go bhfuil ceanglais a bhaineann leis an gcomhshaol agus inbhuanaitheacht leabaithe sa phróiseas soláthair ag gach céim go dtí seachadadh na conartha.

Soláthraímid méid suntasach seirbhísí agus ábhar chun tacú le tógáil, cothabháil, agus soláthar an líonra gáis. Táimid geallta chun na hinbhuanaitheachta, tríd an inbhuanaitheacht a chumhdach mar bhunchloch inár bpróisis soláthair; freisin stiúraimid cleachtais níos fearr don inbhuanaitheacht ar fud an tslabhra soláthair ina iomlán.

Rinneadh ár bpríomhchonarthaí tríú páirtí a dhearadh chun dea-chleachtas inbhuanaitheachta agus comhshaoil a sholáthair le linn shaolré an tionscadail. I gcás go sáraíonn conraitheoirí agus soláthraithe PTFanna, tá forálacha i dtéarmaí airgeadais an chonartha chun ceadú dámhachtainí feidhmíochta breise a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, i gcás na tearcfheidhmíochta, d'fhéadfadh go ndéanfaí athruithe ó thaobh feidhmíochta airgeadais de. Mar chuid den phróiseas tairisceana sin in 2025, nuair a bhí oibreacha, seirbhísí agus ábhair á bhfáil againn, rinneamar cinnte go raibh ár gcuid spriocanna Inbhuanaitheachta ag croílár cheanglais na tairisceana agus an chonartha. Ina theannta sin, tá ceanglais níos dúshlánaí curtha san áireamh againn anois i ndáil le spriocanna um laghdú dramhaíola, Pleanáil um Feabhsú Bithéagsúlachta, Pleanáil Soláthair Inbhuanaithe, Pleanáil Inbhuanaitheachta, Cláir Phobail, Sclábhaíocht an Lae Inniu agus Bainistíocht Astaíochtaí Carbóin mar chuid dár gconarthaí nua.

### Na príomhghnéithe dár bpróiseas slabhra soláthair

| **Straitéis soláthair a shocrú** | **Foinsiú agus bainistíocht chatagóire** |
|---|---|
| Pleanáil straitéiseach chatagóire | Foinsiú straitéiseach |
| Bainistíocht feidhmíochta | Beartas agus bainistíocht catagóire |
| Bainistíocht riosca agus seasmhachta | Monatóireacht ar chomhlíontacht a chur i bhfeidhm |
| Soláthar inbhuanaithe | |

| | |
|---|---|
| Bainistíocht ar sholáthraithe | Foréileamh pá |
| Bainistíocht ar chaidreamh le soláthraithe | Idirbhearta a phróiseáil |
| Bainistíocht ar fheidhmíocht conarthaí | Ceannach catagóire |
| Bainistíocht riosca soláthraí | Bainistíocht máistirshonraí |
| | Próiseáil |

### Príomhghníomhaíochtaí inbhuanaithe an tslabhra soláthair in 2025

Tá ár bhfoireann slabhra soláthair ag obair chun straitéis cuimsitheach um sholáthar inbhuanaithe a chur i gcrích. Tá creat feidhmithe don soláthar inbhuanaithe forbartha ag an bhfoireann, agus tá sé mar sprioc againn a bheith aitheanta mar cheannaire i réimse an tsoláthair inbhuanaithe. Áirítear le Príomhghníomhaíochtaí Inbhuanaitheachta an tSlabhra Soláthair in 2025 faoinár gcreat um sholáthar inbhuanaithe:

Tá Líonraí Gáis Éireann ina bhall comhbhunaithe de Scoil na hÉireann um Inbhuanaitheacht Slabhra Soláthair a thacaíonn le tionscal na hÉireann lena n-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus dícharbónaithe.

Bhain Líonraí Gáis Éireann amach scór A sa Mheasúnú ar Rannpháirtíocht Soláthraithe faoin TNC (Tionscadal um Nochtadh Carbóin) in 2025.

Mar chuid dár gclár leanúnach um rannpháirtíocht soláthraithe, reáchtáladh roinnt imeachtaí chun feasacht a mhéadú faoi shaincheisteanna tráthúla i leith na hinbhuanaitheachta, a raibh ina measc imeacht bliantúil do sholáthraithe, seimineáir agus ceardlanna oiliúna.

Leanamar orainn ag cur i bhfeidhm ár gcreata um riosca criticiúil soláthraí trína n-aithnítear an phróifíl riosca, rioscaí na hinbhuanaitheachta san áireamh, a ghabhann lenár bpríomhsholáthraithe agus leis an tslabhra soláthair leathnaithe, cur i bhfeidhm beart chun riosca a mhaolú, agus monatóireacht leanúnach ar thimpeallacht ár slabhra soláthair.

### Prionsabail an tsoláthair ghlas agus an gheilleagair chiorclaigh a chomhtháthú

Cinntíonn Líonraí Gáis Éireann go bhfuil ceanglais a bhaineann leis an gcomhshaol agus inbhuanaitheacht leabaithe sa phróiseas soláthair ag gach céim go dtí seachadadh ár gconarthaí go léir. Tá an cleachtas is fearr agus feabhsuithe próisis á nglacadh againn i gcomhréir le ISO 20400, an Caighdeán Treorach um Sholáthar Inbhuanaithe. Tá an caighdeán seo ar thús cadhnaíochta go hidirnáisiúnta sa réimse seo. D'fhorbraíomar beartas um sholáthar inbhuanaitheachta chomh maith. Mar chuid d'fhorbairt an bheartais, chuir an fhoireann shlabhra soláthair cleachtadh tagarmharcála i gcrích chun comparáid a dhéanamh idir ár nósanna imeachta i gcoinne na gcuideachtaí fuinnimh is fearr, agus cuireadh suirbhé soláthair inbhuanaithe i gcrích lenár bpríomhsholáthraithe. Is é ár gcuspóir ná a bheith aitheanta mar cheannaire i réimse an tsoláthair inbhuanaithe.

Is léir ár ngealltanas chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus éifeachtúlacht acmhainne a chur chun cinn agus muid ag triail ábhar foirgníochta athchúrsáilte agus coincréit úr íseal ar roinnt tionscadal bonneagair dár gcuid e.g. an tionscadal Bithmheatáin i mBaile Mhistéala in 2025. Chomh maith leis sin chuimsíomar úsáid ábhar ísealcharbóin corpraithe do thionscadal mhóra inár gConradh um Obair Seirbhísí Líonra a gcuirfear tús leis in 2026. Trí dhíriú ar ár lorg chomhshaoil a íoslaghdú trí húsáid a bhaint as ábhair ísealcharbóin chorpraithe i gcomhair oibreacha móra, cuirimid le hacmhainní nádúrtha a chaomhnú agus le hastaíochtaí GCT a laghdú.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

**Le linn na bliana lean an Bord le tús áite a thabhairt do rialachas corparáideach ar aon dul le dea-chleachtas, rialacháin atá ag teacht chun cinn, beartas rialtais agus trédhearcacht.**



Cuid

# 3

# Rialachas corparáideach


| | |
|---|---|
| An Bord | 104 |
| Tuarascáil an Bhoird | 107 |
| Tuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca | 122 |
| Tuarascáil na stiúrthóirí | 126 |

AN BORD

# An bord stiúrthóirí

## Kevin Toland



Cathaoirleach

An dáta ar ceapadh ar Bhord **Líonraí Gáis Éireann** é:

**Aibreán 2023**
*Ceapadh ar Bhord Ervia é roimhe sin i mí Eanáir 2023*

Próifíl, scileanna agus taithí:

**Tá Kevin ina Chathaoirleach ar an gCoiste Luacha Saothair.**

Tá breis agus 30 bliain de thaithí ag Kevin agus tá saineolas POF agus bainistíochta ar leith aige san earnáil bhia, cothaithe, dí, eitlíochta, agus miondíola ar fud an domhain. Tá sé léirithe arís is arís eile ag Kevin go bhfuil sé in ann foirne a fhorbairt agus a threorú a spreagann fás agus luach an ghnó go rathúil. Bhí sé ina chathaoirleach agus POF do chuid mhór cuideachtaí rathúla:

**Reatha**
- Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireachta le haghaidh Dole cpt
- Cathaoirleach Ornua agus Cathaoirleach C&D Foods

**Roimhe Seo**
- POF Aryzta AG (2017 – 2020)
- POF DAA cpt, an grúpa seirbhísí aerfoirt (2013-2017)
- Cathaoirleach ARI (2013-2017)
- Stiúrthóir Feidhmiúcháin Glanbia 1999-2012 agus Uachtarán ar Glanbia USA/Global Nutritionals.

Is Comhalta d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta é Kevin agus tá Dioplóma san Airgeadas Feidhmeach aige ó Fhoras Bainistíochta na hÉireann (FBÉ).

## John Curran



Ball boird

An dáta ar ceapadh ar Bhord **Líonraí Gáis Éireann** é:

**Meán Fómhair 2024**

Próifíl, scileanna agus taithí:

**Tá John ina bhall den Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine agus den Choiste Luacha Saothair.**

Tá breis agus 25 bliain de thaithí ag John mar cheannaire sinsearach agus mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin san earnáil Inbhuanaitheachta agus TSR, agus is eisean a bhí chun tosaigh maidir le tionscnaimh straitéiseacha mhórscála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud earnálacha gnó éagsúla.

**Reatha**
- Stiúrthóir Bainistíochta Blue Planet Consulting Limited
- Oibríonn sé go dlúth le boird agus ceannairí gnó sinsearacha agus tugann sé sainléargas, comhairle agus treoir theicniúil chun tacú lena n-inbhuanaitheacht agus le haistriú TSR.

**Roimhe Seo**
- Bhí sé ina Cheann Inbhuanaitheachta ag Musgrave agus bhí sé ina bhall de bhord stiúrthóirí Repak Limited agus Scéim Éarlaise agus Aisíoca na hÉireann CLG.
- Bhí róil shinsearacha éagsúla aige le linn a 25 bliana san earnáil ola agus gáis..

Is Máistir Mairnéalaigh é John agus tá MSc aige san Eolaíocht Comhshaoil, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht. Tá sé ina bhall d'Institiúid na Stiúrthóirí agus d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann.

## Fiona Egan



Ball boird

An dáta ar ceapadh ar Bhord **Líonraí Gáis Éireann** é:

**Aibreán 2023**
*Ceapadh ar Bhord Ervia í roimhe sin i mí Iúil 2022.*

Próifíl, scileanna agus taithí:

**Is ball den Choiste Luacha Saothair, den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca, agus den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta í Fiona.**

Is Stiúrthóir Bainistíochta í a bhfuil go leor taithí aici agus breis agus 20 bliain caite aici ag obair mar POF, mar Bhaincéir Corparáideach agus Infheistíochta agus mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin i roinnt ról ceannaireachta, forghníomhaithe agus rialachais.

Ina theannta sin, bhí na róil seo a leanas aici roimhe seo:

**Reatha**
- Stiúrthóir Bainistíochta Rabobank Ireland

**Roimhe Seo**
- Airgeadas Corparáideach Goodbody
- Stiúrthóir Neamhfheidhmiucháin an North-West News Group 2011-2018

Tá Fiona ina Cuntasóir Cairte cáilithe (oilte i KPMG) agus céim Baitsiléara Gnó aici ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus Dioplóma sa Chuntasaíocht Ghairmiúil aici ó Scoil Gnó Smurfit.



## Saoirse Fahey



Ball boird

An dáta ar ceapadh ar Bhord **Líonraí Gáis Éireann** é:

**Aibreán 2023**
*Ceapadh ar Bhord Ervia í roimhe sin i mí Eanáir 2023.*

Próifíl, scileanna agus taithí:

**Tá Saoirse ina Chathaoirleach ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus tá sí ina ball den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta.**

Tá breis agus 20 bliain de thaithí aici i róil cheannaireachta idirnáisiúnta i gcuideachtaí seirbhísí airgeadais agus teicneolaíochta agus tá neart taithí aici ar fhoirne a threorú i dtimpeallachtaí ardfháis leanúnacha.

**Reatha**
- CFO i gcomhair AMCS (cuideachta dhomhanda bogearraí le ceanncheathrú in Éirinn a chuireann réitigh ar fáil i gcomhair acmhainní, dramhaíola, athchúrsála, iompair agus loighistice ESG agus EHS).

**Roimhe Seo**
- Ceann Airgeadais agus Straitéise i Stripe i gcomhair Díolachán agus Margaíochta Domhanda agus Ceann Airgeadais i gcomhair EMEA agus APAC
- Phorest Salon Software (Príomhoifigeach Airgeadais/ Príomhoifigeach Oibriúcháin) - Baile Átha Cliath
- Microsoft (róil cheannaireachta maidir le hAirgeadas, Margaíocht, Díolacháin agus Oibríochtaí) - Baile Átha Cliath, Idirnáisiúnta, Maidrid
- PricewaterhouseCoopers (Iniúchadh, Cáin) - Baile Átha Cliath, San Francisco

Tá Saoirse ina céimí de chuid Choláiste na hOllscoile Corcaigh (B Elec Eng) agus ina hiarchéimí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (PDA). Tá Saoirse ina Cuntasóir Cairte Cáilithe (oilte i PwC) agus ina ball d'Institiúid na Stiúrthóirí (Institute of Directors) in Éirinn.

## Liz Joyce



Ball boird

An dáta ar ceapadh ar Bhord **Líonraí Gáis Éireann** é:

**Eanáir 2025**

Próifíl, scileanna agus taithí:

**Liz Joyce is a member of the Remuneration Committee and the Safety, Sustainability and People Committee.**

Liz (BA, MBS, CDir, FCIPD) is an organisation development consultant/advisor, leadership/executive coach and facilitator with a strong track record in people and culture leadership, strategy development and execution, change management and governance.

**Reatha**
- Stiúrthóir Neamhspleách le bord Spórt Éireann
- Stiúrthóir Cairte le hInstitiúid na Stiúrthóirí
- Comhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann (FCIPD)

**Roimhe Seo**
- Bhí róil neamhfheidhmiúcháin éagsúla aici roimhe sin, lena n-áirítear Ervia, Uisce Éireann, Aware agus Concern International
- Bhí róil fheidhmiúcháin shinsearacha aici i gcuid mhór eagraíochtaí ar fud na n-earnálacha príobháideacha, poiblí agus deonacha lena n-áirítear Banc Ceannais na hÉireann, Diageo, Pioneer Investments, Greenstar, agus Concern International.

Tá taithí fhorleathan ag Liz maidir le hathrú a threorú agus teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmharadtimpeallachtaí idirnáisiúnta agus casta.

Céimí ó Choláiste na hOllscoile, Gaillimh (BA Onórach sa tSíceolaíocht) agus iarchéimí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (MBS i Straitéisí AD) agus tá dioplómaí aici sa Chóitseáil (Scoil Ghnó Michael Smurfit COBÁC) agus san Airgeadas Gnó (IMI).

## Geraldine Kelly



Ball boird

An dáta ar ceapadh ar Bhord **Líonraí Gáis Éireann** é:

**Aibreán 2023**
*Ceapadh ar Bhord Ervia í i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus athcheapadh ar Bhord Líonraí Gáis Éireann í i mí Dheireadh Fómhair 2024.*

Próifíl, scileanna agus taithí:

**Is Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta í Geraldine, agus tá sí ina ball den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca.**

Tá breis agus 25 bliain de thaithí aici ag cur le cuideachtaí idirnáisiúnta rathúla in earnálacha na Teicneolaíochta, an Fhuinnimh agus na Teicneolaíochta Glaine, agus tá an cumas inti straitéisí teicneolaíochta agus digiteacha a bharrfheabhsú d'fhonn réitigh ghnó inbhuanaithe a fhorbairt.

Áirítear lena cuid oibre:

**Reatha**
- Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin Kinore Limited

**Roimhe Seo**
- Cathaoirleach Plan Ireland
- Cathaoirleach Microfinance Ireland
- Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de Bhanc Morgáiste Bhanc na hÉireann
- Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin Cenergise Energy Trading Limited
- Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin Gaelectric Limited
- Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin Institiúid Náisiúnta Tyndall

Is céimí ó Choláiste na hOllscoile, Gaillimh í Geraldine (Matamaitic agus Eacnamaíocht), agus tá iarchéim aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (MA san Eacnamaíocht). Tá sí ina Stiúrthóir Cairte le hInstitiúid na Stiúrthóirí agus ina Stiúrthóir Bainc Deimhnithe le hInstitiúid na Baincéireachta.

AN BORD

# An bord stiúrthóirí



## David Kelly

Ball boird

An dáta ar ceapadh ar Bhord **Líonraí Gáis Éireann** é:

**February 2026**

Próifíl, scileanna agus taithí:

**Tá David Kelly ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Líonraí Gáis Éireann a bhfuil breis is 25 bliana de thaithí aige mar fheidhmeannach sinsearach sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon.**

**Reatha**

- Is é David an 137ú Uachtarán ar Chomhlachas Tráchtála agus tá ina bhall de Chomhairle Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath ó bhí 2023 ann agus tá sé ina bhall de Bhord na Stiúrthóirí ó 2024. Tá David ina bhall freisin den Tascfhórsa Pleanála agus Bonneagair de chuid Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath agus den CBS ar Athrú Aeráide, Chomhshaol agus Fhuinneamh de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**Roimhe Seo**

- Chuaigh sé le Ervia in 2015 mar Cheann Grúpa ar Oibríochtaí agus Ghnóthaí Poiblí. Sular ceapadh mar POF é, bhí sé ina Stiúrthóir ar Fhorbairt Custaiméirí agus Gnó, áit ar stiúir sé aistriú straitéiseach Líonraí Gáis Éireann ón ngás nádúrtha go gáis in-athnuaite agus áit a ndearna sé maoirseacht ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus an straitéis chumarsáide.

Cuntasóir Cairte é David le hInstitiúid na Stiúrthóirí agus tá BSc aige i dTeicneolaíocht na Faisnéise (DCU) agus Dioplóma Náisiúnta aige sa Ríomhaireacht (SETU).



## Keara Robins

Ball boird

An dáta ar ceapadh ar Bhord **Líonraí Gáis Éireann** é:

**Aibreán 2023**
*Ceapadh ar Bhord Ervia í roimhe sin i mí Eanáir 2023.*

Próifíl, scileanna agus taithí:

**Is Cathaoirleach an Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Foireann í Keara, agus tá sí ina ball den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta.**

Tá breis is 30 bliain de thaithí aici ar earnáil an fhuinnimh idirnáisiúnta i róil theicniúla, ghnó agus chomhairleoireachta. D'oibrigh sí ar bhonn domhanda le Shell International agus thacaigh sí le rialtais, le cuideachtaí ola neamhspleácha, le fondúireachtaí agus leis na Náisiúin Aontaithe ar raon dúshlán fuinnimh.

Ina theannta sin, bhí na róil seo a leanas aici roimhe seo:

**Reatha**

- Stiúrthóir Neamhspleách 4D Global Energy Funds

**Roimhe Seo**

- Ball boird den Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA)
- Innealtóir peitriliam, innealtóir conarthaí agus innealtóir tionscadail shinsearaigh le Shell International

Tá céim san innealtóireacht (BA BAI) ag Keara ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



## David Salisbury

Ball boird

An dáta ar ceapadh ar Bhord **Líonraí Gáis Éireann** é:

**Meán Fómhair 2025**

Próifíl, scileanna agus taithí:

**Ball é David den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta agus den Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine.**

Tá níos mó ná 30 bliain de thaithí aige ar phoist ceannaireachta sinsearaí i dTionscal an Fhuinnimh agus na bhFóntas, ar bhain go leor di le Dáileachán Gáis agus Tarchur Gáis lena n-áirítear;

**Roimhe Seo**

- Ball de Fhoirne Ceannaireachta Feidhmiúcháin ar ghnó Dáileacháin Gáis, Tarchurtha Leictreachais agus Tarchurtha Gáis de chuid na hEangaí Náisiúnta
- Príomhinnealtóir don Líonra Dáileacháin Leictreachais is mó san Astráil, Essential Energy
- Babcock International agus an MOD ag tacú le riachtanais bhonneagair fhiontar na bhFomhuireán Núicléach sa RA.
- Ball den Bhord i Marcogaz
- Ball Boird den Ghrúpa Taighde Eorpach ar Ghás (Gas European Research Group/GERG) áit a raibh sé ina Uachtarán le 7 mbliana, agus é ina cheannaire agus ina ionadaí ar fhorbairt mhúnlaitheach an Chonair Hidrigine Cumhacht go Gás/Gás go Cumhacht.

Tá David ina Innealtóir Cairte ag a bhfuil céim céad onóracha san Innealtóireacht Mheicniúil agus ina Chomhalta d'Institiúid na n-Innealtóirí agus na mBainisteoirí Gáis (Institute of Gas Engineers and Managers), den Institiúid Innealtóirí Meicniúla (Institute of Mechanical Engineers) agus den Institiúid Bainistíochta Sócmhainne (Institute of Asset Management) agus ina chéimí ó Institiúid na Stiúrthóirí Cuideachta san Astráil.





TUARASCÁIL AN BHOIRD

# Ráiteas faoi rialachas

Déanaimid **athbhreithniú agus nuashonrú** rialta ar ár mbeartais agus ar ár nósanna imeachta d'fhonn cloí le **dea-chleachtas.**

Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar **idirchaidreamh díreach** idir Bord Líonraí Gáis Éireann agus an lucht bainistíochta.

## Rialachas

Tá Bord Líonraí Gáis Éireann ("an Bord") freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ("an tAire") as feidhmíocht fhoriomlán an Ghrúpa agus as a chinntiú go bhfuil dea-rialachas i bhfeidhm.

Sa tuarascáil seo, tugtar cuntas ar an gcaoi ar chuir Líonraí Gáis Éireann na prionsabail sin i bhfeidhm agus ar chloígh sé leis na forálacha infheidhme sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód"). Aithníonn Líonraí Gáis Éireann go bhfuil rialachas maith corparáideach ríthábhachtach chun go n-éireodh leis agus chuige sin, déanaimid athbhreithniú agus uasghrádú leanúnach ar ár mbeartais agus ar ár nósanna imeachta d'fhonn cloí le dea-chleachtas. Tá an Bord sásta gur chloígh Líonraí Gáis Éireann le riachtanais infheidhme an Chóid ar gach slí ábhartha le linn na bliana atá faoi athbhreithniú.

## Róil agus freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as gníomhaíochtaí a threorú agus a stiúradh, gníomhaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm laistigh de chreat rialúcháin stuama agus éifeachtaigh a cheadaíonn measúnacht agus bainistíocht riosca. Déanann an Bord na cinntí suntasacha straitéiseacha ar fad, agus is fúthusan amháin atá rialú iomlán éifeachtach ar ghníomhaíochtaí eagraíochta an Ghrúpa, agus fágann siad an ghnáthhbainistíocht laethúil faoin bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus a Fhoireann Feidhmiúcháin.

Tá ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhFoireann Feidhmiúcháin an treoir straitéiseach a leagann an Bord síos a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag an mBord ar na príomhghníomhaíochtaí, na príomhchinntí agus na príomhthorthaí feidhmíochta, chomh maith le haon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus an lucht bainistíochta.

Chuir an Bord struchtúr rialachais chorparáidigh i bhfeidhm a tharmligeann údarás dá Choistí le tascanna ar leith a chur i gcrích ar a shon, ionas gur féidir leis an leibhéal ceart airde agus breithnithe a thabhairt ar na hábhair sin agus ábhair eile. Tá tuilleadh eolais faoi Choistí Boird ar fáil ar leathanach 112-113.

Pleanáiltear gníomhaíocht an Bhoird agus a chuid Coistí gach bliain chun a chinntiú go ndéantar gnó an Ghrúpa a mhaoirsiú agus a rialú go héifeachtach. Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird sa Chreat Rialachais.

Áirítear leis an gcreat chomh maith ábhair atá forchoimeádta go sonrach don Bhord le cinneadh a dhéanamh, de réir mar a dhéantar achoimre orthu thíos.

**I measc na míreanna a phléann an Bord ag gach cruinniú tá:**

- Fógra maidir le haon choimhlint leasa.
- Tuarascáil sábháilteachta
- Tuarascálacha ó Choistí.
- Tuairisciú airgeadais
- Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.

TUARASCÁIL AN BHOIRD

## Sceideal foirmiúil ábhair atá forchoimeádta do Bhord Líonraí Gáis Éireann

Áirítear leis an Sceideal Foirmiúil Ábhair a ndéileálann an Bord amháin leis, de réir mar atá leagtha amach sa Chreat Rialachais, i leith gach eintiteas grúpa, faomhadh na nithe seo a leanas:

- Beartas sábháilteachta.
- Buiséid bhliantúla.
- Pleananna gnó ilbhlianta.
- Na conarthaí agus an caiteachas go léir a bhfuil luach
- os cionn €10 milliún acu.
- Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- Ceapadh/baint iniúchóirí.
- Ábhair chistíochta.
- Athruithe suntasacha ar scéimeanna pinsin.
- Téarmaí fostaíochta na hardbhainistíochta.
- Cód Iompair Ghnó.
- Beartas um Bainistíocht Riosca Fiontair, Beartas Frith-Chalaoise, Beartas um Nochtaí Cosanta, agus Beartas Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe.

# Ábhair a phléigh an Bord sa bhliain 2025

### Straitéis

- Treo Straitéiseach Líonraí Gáis Éireann.
- Tionscadal an Chúltaisce Straitéiseach Éigeandála Gáis lena n-áirítear roghnú láithreáin.
- Slándáil an tsoláthair.
- Straitéis lena gcuimsítear fís agus misean.
- Scórchártaí Comhordaithe 2025.
- Plé leanúnach le scairshealbhóir Líonraí Gáis Éireann maidir le ceisteanna straitéiseacha.
- Gás in-athnuaite san Iompar
- Nuashonruithe ar:
  Tallann
  Rannpháirtíocht fostaithe.
  Rialú Praghsanna.
  Cumarsáid.
  Bith-mheatán.
  Hidrigin.
  Téamh Ceantair.

### Sábháilteacht

- Méadracht mhíosúil maidir le sláinte agus sábháilteacht.
- Anailís dhomhain dhébhliantúil ar an tsábháilteacht lena n-áirítear sábháilteacht próisis
- Teagmhas ar Dhuga Sheoirse, Baile Átha Cliath
- Feabhsúcháin ar thuairisciú sábháilteachta

### Oibríochtaí

- Tuarascáil Oibriúcháin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta.
- Measúnuithe ar infheistíocht chaipitil.
- Tionscadail chriticiúla a sholáthar go sábháilte.
- Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.
- Tionscadal Leictrithe na hAlban
- Ionchas Acmhainne Líonra.
- Pointí iontrála nua don chóras.
- Tuarascáil ar Chroí-Sholúbthacht
- Freagairt ar stoirm Éowyn.

### Airgeadas

- Torthaí bliantúla foilsithe.
- Torthaí míosúla trádála, lena n-áirítear feidhmiúchán i gcomparáid le buiséid agus réamhaisnéis.
- Buiséad bliantúil agus maoiniú.
- Réamhaisnéis a dhéanamh arís go ráithiúil.
- Díbhinní.
- Plean Gnó 2025-2029.
- Beartas an státchiste.
- Forléargas ar an gcóras leictreachais.

### Riosca

- Monatóireacht riosca leanúnach.
- Leagadh amach inghlacthacht riosca.
- Athbhreithniú rialta an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca ar chibearshlándáil agus Intleacht Shaorga.

## Ráiteas freagrachtaí Boird don tuarascáil bhliantúil agus do ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú mar aon leis na Ráitis Airgeadais a ghabhann léi, a thugann, de réir an Bhoird, léargas fírinneach cóir ar staid cúrsaí agus ar bhrabús Líonraí Gáis Éireann don bhliain. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus ionracas faisnéise corparáidí agus airgeadais áirithe ar shuíomh gréasáin na heagraíochta. D'fhéadfaí nach ionann an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh Ráiteas Airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile. D'ullmhaigh an Bord na Ráitis Airgeadais de réir an dlí is infheidhme de chuid na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach. Coinníonn an Bord taifid chuntasaíochta chuí de réir na n-oibleagáidí a leagtar síos san Acht Gáis 1976 (arna leasú) agus in Achtanna na gCuideachtaí.

Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht an chórais rialúcháin inmheánaigh, lena n-áirítear rialúcháin airgeadais, oibriúcháin, chomhlíonta agus bainistíochta riosca agus as sin a thuairisciú don Aire. Ar deireadh, tá an Bord freagrach as cosaint sócmhainní uile Líonraí Gáis Éireann agus as gníomhú mar is cuí le calaois agus neamhrialtachtaí eile a sheachaint agus a bhrath.

Agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí sásta:

- Gur roghnaíodh beartais chuntasaíochta oiriúnacha agus gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad.
- Go n-úsáidtear breithiúnais agus meastacháin atá stuama agus réasúnta.
- Go bhfuil ullmhúchán na Ráiteas Airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh oiriúnach.
- Tugann na Ráitis Airgeadais léargas fírinneach cóir ar staid airgeadais Líonraí Gáis Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

Tugann na Ráitis Airgeadais léargas fírinneach cóir ar staid airgeadais Líonraí Gáis Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

TUARASCÁIL AN BHOIRD

# An Bord



Tá sonraí comhaltaí Boird reatha ar leathanaigh 104-106.

## Comhdhéanamh an Bhoird

Is faoin Rialtas a fhaigheann comhairle ón Aire atá ceist chomhdhéanamh an Bhoird. Déanann an tAire cinntí maidir le comhaltaí Boird a cheapadh agus a athcheapadh ar aon dul leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Téann an Cathaoirleach i dteagmháil leis an Aire roimh cheapacháin ar an mBord maidir le haird a tharraingt ar na scileanna sonracha agus an taithí a theastaíonn ar an mBord.

Tá meascán scileanna agus taithí agus an cumas riachtanach ag comhaltaí Boird chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach.

Is é an Cathaoirleach, Kevin Toland, atá i gceannas ar an mBord, agus is eisean atá freagrach as a éifeachtacht maidir le gnéithe uile a róil a chinntiú. Tá Rúnaí na Cuideachta, Liam O'Riordan, freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird agus as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, faoi chúrsaí rialachais i gcoitinne.

## Ionduchtú agus forbairt chomhaltaí nua an Bhoird

Ar cheapadh dóibh, cuirtear doiciméid mhionsonraithe eolais a bhaineann le rialachas, cúrsaí airgeadais agus cúrsaí oibríochtaí ar fáil do chomhaltaí boird, agus tugtar deis dóibh eolas a fháil ón bhFoireann feidhmiúcháin ar ghnéithe éagsúla de ghnó an Ghrúpa.

Tá rochtain ag comhaltaí boird ar chláir oiliúna agus déantar athbhreithniú ar a riachtanais forbartha leanúnacha.

## Neamhspleáchas

Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird neamhspleách ar an lucht bainistíochta, ó thaobh carachtair agus breithiúnais de, agus saor ó chaidrimh nó ó chúinsí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu, nó a d'fhéadfadh go ndealródh sé go bhfuil tionchar acu, ar a mbreithiúnas agus a gcumas chun dul i ngleic le riachtanais an róil. Tugann gach comhalta Boird a bhreithiúnas neamhspleách féin ar shaincheisteanna straitéise, feidhmiúcháin, acmhainní agus caighdeáin iompraíochta. Ní mór do chomhaltaí Boird aon leas nó caidreamh a fhógairt a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar fheidhmiú a mbreithiúnais neamhspleáigh. Is mír bhuan ar an gclár do gach cruinniú Boird agus Coiste é dearbhú maidir le haon choinbhleachtaí leasa.

## Luach saothair, costais agus tinreamh comhaltaí Boird

Is é an tAire a shocraíonn na táillí atá iníoctha le comhaltaí Boird. Tá sceideal leagtha amach thíos den fhreastal ar chruinnithe Boird agus Coiste le haghaidh 2025.

I rith 2025 aisíocadh €17,756 leis nó thar ceann na gcomhaltaí Boird i gcomhair speansas taistil, cóiríochta agus eile a thabhaigh siad go díreach i ndáil lena ról mar chomhaltaí Boird.



| Bord Ball | Luach saothair (€) | Costais (€) | Bord (a d'fhreastail air/ incháilithe) | Iniúchadh agus Riosca (a d'fhreastail air/ incháilithe) | Luach saothair (a d'fhreastail air/ incháilithe) | Airgeadas agus infheistíocht (a d'fhreastail air/ incháilithe) | Sábháilteacht, inbhuanaitheacht agus daoine (a d'fhreastail air/ incháilithe) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Kevin Toland (Cathaoirleach Boird agus Cathaoirleach an Choiste um Luach Saothair) | 31,500 | 305 | 9/9 | - | 7/7 | - | - |
| Fiona Egan | 15,750 | 329 | 9/9 | 4/4 | 7/7 | 7/7 | - |
| Geraldine Kelly (Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta) | 15,750 | 220 | 8/9 | 4/4 | - | 7/7 | - |
| *Liz Joyce | 14,841 | 365 | 9/9 | - | 7/7 | - | 1/1 |
| *Keith Harris | 8,117 | 187 | 5/5 | 2/2 | - | 3/3 | - |
| Keara Robins (Cathaoirleach an Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine) | 15,750 | 839 | 9/9 | - | - | 7/7 | 3/3 |
| Saoirse Fahey (Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca) | 15,750 | 53 | 9/9 | 4/4 | - | 2/4 | 2/2 |
| *Sean Hogan | 788 | - | - | - | | - | |
| John Curran | 15,750 | 274 | 9/9 | - | - | - | 3/3 |
| *David Salisbury | 5,028 | 404 | 2/3 | - | - | 2/2 | 1/1 |
| **Cathal Marley (iar-POF) | Note 2 | - | 2/3 | - | - | 1/2 | - |

** Nóta 1 – Chuaigh Sean Hogan ar scor ón mBord ar an 19 Eanáir 2025, chuaigh Cathal Marley ar scor ón mBord ar an 1 Aibreán 2025, chuaigh Keith Harris ar scor ón mBord ar an 4 Iúil 2025, ceapadh Liz Joyce chuig an mBord le héifeacht ón 20 Eanáir 2025 agus ceapadh David Salisbury chuig an mBord le héifeacht ón 5 Meán Fómhair 2025, dá bharr sin tá a n-incháilitheacht i gcomhair cruinnithe difriúil le hincháilitheacht na gcomhaltaí Boird eile..*

*** Nóta 2 – Ní bhfuarthas táille Boird de réir na dTreoirlínte maidir le Conarthaí, Luach Saothair agus Coinníollacha Eile do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Lucht Bainistíochta Sinsearaí Comhlachtaí Tráchtála Stáit.*

TUARASCÁIL AN BHOIRD



Déanann an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a Choistí. Déantar measúnú seachtrach feidhmíochta ar an mBord agus a chuid Coistí gach trí bliana agus rinneadh in 2025 é; cuireadh na haschuir i láthair ag cruinniú an Bhoird i mí Eanáir 2026.

## Éifeachtacht agus measúnú an Bhoird agus an Choiste

Déanann an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a Choistí. Baineann an measúnú le feidhmíocht an Bhoird agus na gCoistí ina n-iomláine. Is mar seo a leanas na modheolaíochtaí measúnaithe a chuireann an Bord i bhfeidhm chun a éifeachtacht a shocrú:

### Measúnú inmheánach

Scaiptear an ceistneoir féinmheasúnaithe Boird, mar a cuireadh ar fáil sa Chód, ar an mBord. Sa cheistneoir, déantar anailís ar an meascán ar an mBord idir inscne, éagsúlacht agus scileanna, bunaithe ar an Aguisín leis an gCód maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú. Sna ceistneoirí comhlánaithe, tá tuairimí maidir le feidhmíocht agus moltaí maidir le feabhsúchán. Déanann an Bord cinneadh foirmiúil maidir lena fheidhmíocht féin, le feidhmíocht na gCoistí, agus le feidhmíocht an Chathaoirligh, an POF agus Rúnaí na Cuideachta.

### Measúnú seachtrach

D'fhonn forálacha an Chóid a chomhlíonadh, tugtar faoi mheastóireacht sheachtrach feidhmíochta ar an mBord agus a Choistí gach 3 bliana. Rinneadh measúnú seachtrach ar fheidhmíocht in 2025 agus cuireadh na haschuir i láthair ag cruinniú an Bhoird i mí Eanáir 2026. Mar thoradh air sin ní dhearnadh measúnú inmheánach in 2025.

## Coistí an Bhoird

Tá struchtúr éifeachtach Coiste i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn cabhrú lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Le linn na bliana 2025, thug ceithre Choiste de chuid an Bhoird cabhair lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh agus chuir an Bord freagrachtaí ar leith orthu mar a leagadh amach ina dTéarmaí Tagartha.

## An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Déantar cur síos ar a ndearna an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca sa bhliain 2025 i dTuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca ar leathanaigh 122 - 124. Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca le linn na bliana.

## An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta

Leagtar freagrachtaí an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta amach ina Théarmaí Tagartha atá ar fáil ar www.gasnetworks.ie. Bhí 7 gcruinniú ag an gCoiste Airgeadais agus Infheistíochta le linn na bliana.

## I measc na bpríomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta fúthu sa bhliain 2025, bhí:

- Tionscadal an Chúltaisce Straitéisigh Éigeandála Gáis.
- Measúnú ar thionscadal caipitil agus ar chur chuige pleanála infheistíochta.
- Nuashonruithe maidir le tionscadail chaipitil agus meastacháin ar chostais lena mbaineann.
- Gach moladh caiteachais chaipitil a sháraíonn €10 milliún.
- Rialú Praghsanna.
- Measúnú seachtrach ag Líonraí Gáis Éireann.
- Plean Gnó 2025-2029.
- Nuashonruithe ar Shócmhainní/Ionaid Chriticiúla
- Nuashonruithe ar Thionscadail Chaipitil.
- Tionscadal Leictrithe na hAlban
- Nuashonruithe ar Théamh Ceantair, Gás san Iompar, Bithmheatán agus Hidrigin.
- Úsáideoirí Móra Fuinnimh.
- An t-eolas is déanaí ar rialáil beartais náisiúnta agus AE.
- Athbhreithnithe iarthionscadal.

## An Coiste um Luach Saothair

Leagtar amach freagrachtaí an Choiste Luacha Saothair ina Théarmaí Tagartha atá ar fáil ar www.gasnetworks.ie. Bhí 7 chruinniú ag an gCoiste Luach Saothair i rith na bliana.



## I measc phríomhghníomhaíochtaí an Choiste um Luach Saothair sa bhliain 2025, bhí:

- Luach saothair an POF.
- POF nua a cheapadh.
- Téarmaí luacha saothair le haghaidh ceapachán mar fheidhmeannach gníomhach.
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht an Fheidhmeannaigh le haghaidh 2024.
- Tagarmharcáil fheidhmiúcháin.
- Pleanáil tallainne agus fórsa saothair.
- Feidhmíocht a shocrú agus a athbhreithniú de réir scórchártaí Comhardaithe 2025.

## An Coiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine

Leagtar freagrachtaí an Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Foireann amach sna Téarmaí Tagartha atá ar fáil ar www.gasnetworks.ie. Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Foireann le linn na bliana.

## I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinne an Coiste Sábháilteacht, Inbhuanaitheachta agus Daoine sa bhliain 2025, bhí:

- Sábháilteacht Próisis, athbhreithniú ar fheidhmíocht sábháilteachta agus ar phleananna gníomhaíochta don tsábháilteacht.
- Athbhreithniú ar Ráiteas ar Sclábhaíocht Chomhaimseartha do Líonraí Gáis Éireann agus GNI (RA) Teoranta.
- Straitéis Inbhuanaitheachta.
- Straitéis Páirtithe Leasmhara.
- Plean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide
- Réitigh agus feidhmíocht chustaiméara.
- Rannpháirtíocht fostaithe.
- Ibelong, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

## Nochtaí atá riachtanach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid comhlíonta ag Líonraí Gáis Éireann. Éilíonn an Cód na nochtaí seo a leanas:

## Anailís ar shochair fhostaithe

Tá sonraí ar líon na bhfostaithe a bhfuil a sochair fostaí iomlán (gan costais pinsin fostóra agus sochair scoir a chur san áireamh) don bhliain airgeadais do gach banna de €25,000 ó €50,000 in airde leagtha amach sa tábla seo a leanas.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| €50,000-€75,000 | 253 | 257 |
| €75,001-€100,000 | 248 | 213 |
| €100,001-€125,000 | 144 | 130 |
| €125,001-€150,000 | 77 | 59 |
| €150,001-€175,000 | 25 | 24 |
| €175,001-€200,000 | 20 | 18 |
| €200,001-€225,000 | 8 | 5 |
| €225,001-€250,000 | 5 | 5 |
| €250,001-€275,000 | 2 | 2 |
| €275,001-€300,000 | 1 | 0 |

*Nóta 1: Áirítear sa nochtadh thuas gach sochar fostaithe gearrthéarma maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe. Féach Nóta 5 de na Ráitis Airgeadais le haghaidh anailís bhreise ar na sochair éagsúla atá ináirithe.*

TUARASCÁIL AN BHOIRD



Tá Líonraí Gáis Éireann geallta chun feabhas a chur ar thuiscint an phobail ar an gcaoi a n-oibríonn an eagraíocht agus ár ról ó thaobh bonneagar náisiúnta tábhachtach a sheachadadh chomh maith le seirbhísí chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann.

## Costais sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais shainchomhairleoireachta an costas a thabhaítear go díreach ó chomhairle sheachtrach. Sainmhínítear costais sainchomhairleoireachta mar cheapacháin a sholáthróidh seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí atá bunaithe ar shaineolas (m.sh. anailís agus comhairle ó shaineolaithe) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, srl., a chabhróidh le cinnteoireacht nó ceapadh beartas, agus é seo ar feadh tréimhse theoranta chun tasc ar leith a chur i gcrích. Ní áirítear leo gnáthfheidhmeanna oibre atá á seachfhoinsiú.

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | **593** | 769 |
| Comhairle airgeadais | **307** | 243 |
| Fógraíocht, margaíocht, | **189** | 155 |
| caidreamh poiblí | **3,902** | 3,593 |
| Feabhsú/athrú gnó | **270** | 182 |
| **Eile** | **5,261** | 4,942 |
| Costais iomlána sainchomhairleoireachta | **-** | - |
| Caipitlithe | **5,261** | 4,942 |
| **Ráiteas ioncaim** | **5,261** | 4,942 |
| **Costais iomlána sainchomhairleoireachta** | | |

Laistigh de na catagóirí thuas fuarthas sainchomhairle maidir leis na nithe seo a leanas; Slándáil an tSoláthair (€1.2m), Athrú Aeráide agus Gáis In-athnuaite (€1.9m), Pleanáil ar Rialú Praghsanna, Straitéis agus Soláthar (€0.6m), Cuntasaíocht/Cáin/Pinsean/AD (€0.3m), Cibearshlándáil agus Pleanáil Leanúnachais Ghnó (€0.9m), agus Fógraíocht, Margaíocht agus Caidreamh Poiblí (€0.2m).

## Costais dlí agus socruithe

Tá miondealú sa tábla thíos de na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí réitigh agus eadrána. Ní áirítear sa tábla caiteachas a bhain le comhairle ghinearálta dlí, toisc go n-áirítear é sna costais chomhairliúcháin thuas.

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Costais agus táillí dlí | **477** | 298 |
| Socraíochtaí | **1,215** | 267 |
| **Iomlán** | **1,692** | 565 |
| Líon cásanna dlí | **5** | 4 |

*Nóta 1: Baineann líon na gcásanna le himeachtaí dlí ar chuir Líonraí Gáis Éireann féin tús leo nó le himeachtaí dlí a tionscnaíodh ina aghaidh, agus níl imeachtaí árachais san áireamh.*



## Caiteachas taistil agus cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| *Intíre* | | |
| Bord | **18** | 13 |
| Fostaí | **2,211** | 2,031 |
| *Idirnáisiúnta* | | |
| Bord | **-** | - |
| Fostaí | **354** | 286 |
| **Iomlán** | **2,583** | 2,330 |

## Fáilteachas

Cuimsíonn an ráiteas ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas na foirne | **238** | 215 |
| Fáilteachas na gcliant | **83** | 98 |
| **Iomlán** | **321** | 313 |

## Trédhearcacht

Eagraíocht oscailte is ea an comhlacht tráchtála stáit Líonraí Gáis Éireann, a bhfuil sé mar aidhm aige a bheith freagrach agus trédhearcach os comhair an phobail agus tá sé tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir leis an dóigh a bhfeidhmíonn an eagraíocht agus maidir lenár ról i mbonneagar tábhachtach náisiúnta agus seirbhísí a sholáthar d'fhonn tacú le forbairt shóisialta agus gheilleagrach na hÉireann.

## Nochtaí cosanta agus cúiseanna imní a léiriú

Cuirtear síos ar an gcóras is féidir le fostaithe agus lucht bainistíochta a úsáid chun ábhair imní a léiriú, nó chun nochtadh a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, i mBeartas um Nochtadh Cosanta.

Tá tuilleadh treorach don lucht bainistíochta agus do na fostaithe maidir le hábhair imní a léiriú leagtha amach sa Chód Iompair Ghnó, sa Bheartas Frith-Chalaoise agus sa Bheartas Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe. Éilítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú) go bhfoilsíonn Líonraí Gáis Éireann Tuarascáil Bhliantúil, lena soláthraítear sonraí maidir le haon nochtadh cosanta a rinneadh faoin Acht sa bhliain féilire roimhe sin. De réir an cheanglais seo, dhearbhaigh Líonraí Gáis Éireann, sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2025, nár tuairiscíodh éagóir fhéideartha ar bith.

## Brústocaireacht a rialáil

Tá Líonraí Gáis Éireann, cláraithe ar an gclár brústocaireachta a choinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus rinne sé na haighneachtaí riachtanacha do na tréimhsí tuairisceáin sa bhliain 2025, i gcomhréir le riachtanais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (mar atá leasaithe)

Tá Líonraí Gáis Éireann geallta chun a chuid oibleagáidí go léir a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (mar atá leasaithe) agus na rialacháin ghaolmhara arna ndéanamh faoi ("ATO" a thugtar orthu i dteannta a chéile. Tá Líonraí Gáis Éireann ag obair i dtreo comhlíontacht le ATO a bhaint amach ar fud na gnólachta agus ceapadh an Ceann ar Chúram Custaiméirí agus Chumarsáid chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú ar a chuid oibleagáidí faoi ATO.

I rith 2025, chloígh Líonraí Gáis Éireann go hiomlán leis an oibleagáid mar a bhí 5% den chaiteachas bliantúil fógraíochta ar na meáin Ghaeilge mar atá leagtha síos faoi alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) (1) (b), bhí an oibleagáid faoina cheanglaítear go ndéanfaí 20% ar a lú den fhógraíocht go léir trí Ghaeilge nach mór comhlíonta agus leanfaidh an eagraíocht ar aghaidh ag obair i dtreo na comhlíontachta iomláine.

## Íocaíochtaí prasa

Shínigh Líonraí Gáis Éireann an Cód um Íoc Pras, a sheol an Rialtas sa bhliain 2015, agus de bhun a fhorálacha, geallann sé soláthraithe a íoc in am, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus na soláthraithe sin a spreagadh chun glacadh leis an gcód laistigh dá slabhraí soláthair féin. Tá próisis chuí inmheánacha um rialú airgeadais i bhfeidhm i Líonraí Gáis Éireann chun a chinntiú go gcomhlíontar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012-2016. Íocadh gach sonrasc nach raibh aighneas ina leith a fuarthas sa bhliain 2025 laistigh de thréimhsí íocaíochta comhaontaithe. Nuair a dhéanann Líonraí Gáis Éireann iarratas ar íocaíocht dhéanach ó sholáthraí a bhailíochtú, tá sé mar bheartas ag Líonraí Gáis Éireann ús atá dlite ar íocaíochtaí déanacha den sórt sin a íoc. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí úis dá leithéid maidir le híocaíochtaí déanacha le linn na bliana 2025.

TUARASCÁIL AN BHOIRD

## Scéimeanna foilseacháin eiseamláireacha

De réir Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, ceanglaítear ar Líonraí Gáis Éireann cloí leis an scéim eiseamláireach foilseacháin arna foilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. De réir na scéime, foilsíonn Líonraí Gáis Éireann an oiread eolais agus is féidir ar bhealach oscailte agus inrochtana lasmuigh d'iarratais Saorála Faisnéise, agus aird á tabhairt do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta a leagtar amach san Acht.

Déanann Líonraí Gáis Éireann iarracht prionsabal na trédhearcachta a chur i bhfeidhm agus cloíonn sé leis an scéim foilseacháin eiseamláireach tríd an bhfaisnéis ábhartha is déanaí a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, https://www.gasnetworks.ie.

## Cothromaíocht inscne, éagsúlacht, cothromas agus cuimsiú

I rith 2025 lean Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag cur lenár ngealltanais DE&I agus á gcomhlíonadh. Le 12 mhí anuas, tá athruithe déanta againn ar ár bpróiseas earcaithe tallainne, chun ár gcuid próiseas agallaimh a dhéanamh níos simplí d'fhonn inrochtaineacht a mhéadú agus bacainní a laghdú. Bhí sé d'ádh orainn roinnt clár intéirneachta inrochtaineachta a éascú agus táimid buíoch do na mic léinn agus do na bainisteoirí ósta go léir a thacaigh leis an gclár sin. Bainfimid leas as na léargais atá faighte againn chun bonn eolais a chur faoinár gcuir chuige amach anseo i dtreo an chuimsithe agus na hinbhuanaitheachta.

Leanamar orainn ag déanamh monatóireachta ar ár mBearna Pá Inscne agus baineadh amach laghdú ó 4.5% go 3.9%; dar linne léiríonn sé sin an tábhacht a leagaimid ar chinntiú go n-oibríonn Líonraí Gáis Éireann ar bhonn cothrom.

I rith 2025, thugamar isteach tairiscint chuimsitheach oiliúna i ndáil le Ceannaireacht agus Cumarsáid Chuimsitheach d'fhonn a chinntiú go gcruthaíonn ár gCeannairí ar gach leibhéal ionaid agus réimsí oibre ina chuirtear fáilte roimh an éagsúlacht, ina dhéileáiltear go cothrom le gach duine agus ina mothaíonn gach duine go bhfuil siad páirteach. Cúis mhórtais dúinn é gur thug 100 comhghleacaí dár gcuid chun críche an clár tábhachtach sin agus leanfaimid orainn á chur ar fáil dár gcuid foirne in 2026.

Leanfaimid orainn ag ceiliúradh na héagsúlachta agus tacú léi inár gcuideachta trí laethanta tábhachtacha a cheiliúradh mar Lá an Bhróid, Lá Idirnáisiúnta na bhFear agus ag forbairt ár gcuid Beartas do Dhaoine.

Leanaimid orainn ag féachaint chuig cothromaíocht inscne níos fearr a bhaint amach go háirithe inár bhfoireann Ceannaireachta i rith 2025, bhaineamar amach méadú 3.5% agus leanfaimid orainn lenár gcuid iarrachtaí. Tá ag éirí go hiontach lenár gClár Forbartha Ban agus bhain os cionn 50% de na rannpháirtithe leas as an tsoghluaisteacht inmheánach tar éis gur thug siad chun críche an clár. Leanaimid orainn ag soláthar ár gclár Féincheannaireachta atá ceaptha chun acmhainní sonracha a chur ar fáil do thallann úr agus do ghrúpaí níos éagsúla inár ngnólacht.

In 2026, déanfar roinnt athruithe ar ár gcur chuige i dtreo DE&I ó thaobh ár GAF, ár gComhairle, chun ár gcuid spriocanna a chomhlíonadh níos éifeachtaí.







# Ráiteas faoin gcóras rialaithe inmheánaigh

## Raon feidhme na freagrachta

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoinneofaí agus go ndéanfaí córas éifeachtach rialaithe inmheánach a chur i bhfeidhm.

## Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis. Níl ann, mar sin, ach cinnteacht réasúnta seachas dearbhú iomlán go gcosnaítear sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus go gcoimeádtar cuntas ceart díobh agus go n-aithnítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go stoptar iad ar bhealach tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir na treorach a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin na Seirbhísí Poiblí agus Digitiúcháin, i bhfeidhm i Líonraí Gáis Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais.

## Bainistíocht riosca agus timpeallacht rialaithe

Tá gach fostaí freagrach as riosca a bhainistiú go héifeachtach agus áirítear leis sin córais rialaithe inmheánaigh a dhearadh, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an feidhmeannach freagrach ar a bhfuil an fhreagracht deiridh. Tarmligeann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire ar a Fhoireann Feidhmiúcháin agus ar na daoine atá faoina stiúir siúd maidir leis an mbainistíocht éifeachtach ar riosca agus maidir lena chinntiú go bhfuil na córais rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go héifeachtach.

## Timpeallacht riosca agus rialaithe

Déanann an Bord a chinntiú go bhfuil córais chuí an rialaithe inmheánaigh agus na bainistíochta riosca ar bun. Chun é sin a bhaint amach, baintear feidhm as na struchtúir agus córais seo a leanas:

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (an "CIR") ag Líonraí Gáis Éireann ar a bhfuil 3 chomhalta neamhfheidhmiúcháin Boird a bhfuil an saineolas riachtanach acu don ról. Déanann an CIR maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann an Bhoird, agus tá sé freagrach as cabhrú leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh de réir mar a bhaineann siad leis an réimse sin. Gach ráithe, déanann an CIR athbhreithniú substainteach ar an bpróifíl riosca arna ullmhú ag an lucht bainistíochta, rud a chinntíonn go ndéantar maoirseacht ar na príomhrioscaí agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn agus go ndéantar athbhreithniú ar éifeachtúlacht fhreagairtí an lucht bhainistíochta do na príomh-neamhchosaintí riosca. Déanann an CIR athbhreithniú freisin ar iontaofacht fhoriomlán an chórais bhainistíochta riosca, lena n-áirítear éifeachtúlacht na bhfeidhmeanna riosca agus iniúchóireachta inmheánaí.

## Fóram Dearbhaithe Comhtháite

Tá freagracht ar Líonraí Gáis Éireann faoin gCód as a chinntiú go ndéantar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a oibriú agus go leantar ar aghaidh leo. Tá measúnú ar éifeachtacht na rialuithe sin de dhíth gach bliain. Chun dul i ngleic leis an gceanglas sin, tá Fóram Dearbhaithe Comhtháite ("FDC") curtha i bhfeidhm ag Líonraí Gáis Éireann.

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus iad siúd atá freagrach dó ina mbaill den fhóram sin. Tagann an FDC le chéile gach ráithe lena dheimhniú go gcomhordaítear gníomhaíochtaí dearbhaithe agus formheas riachtanach, agus go dtugtar fianaise maidir leo, ar bhealach struchtúrtha. Cuirtear an CIR ar an eolas faoi thorthaí an FDC ar bhonn ráithiúil.

Tugann an FDC dearbhú don Bhord maidir le héifeachtúlacht na rialuithe ag deireadh na bliana. Tugann an próiseas FDC, chomh maith le roinnt gníomhaíochtaí eile rialachais, riosca agus rialaithe ar fud Líonraí Gáis Éireann, tacaíocht don Bhord agus an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh á chomhaontú.

## Iniúchadh inmheánach

Tá feidhm sheanbhunaithe iniúchta inmheánaigh ag Líonraí Gáis Éireann a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a thugann faoi chlár oibre a shocraítear leis an CIR. Tuairiscíonn Ceann an Iniúchta Inmheánaigh don CIR agus don Phríomhoifigeach Airgeadais.

Soláthraíonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh cur chuige córasach agus rialaithe chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach Líonraí Gáis Éireann agus feabhas a chur air sin.

Feidhm an iniúchta inmheánaigh:

- Déanann sí meastóireacht ar neamhchosaint ar riosca i ndáil le spriocanna straitéiseacha Líonraí Gáis Éireann a bhaint amach.
- Measúnú ar na córais a cuireadh ar bun chun comhlíonadh na mbeartas, pleananna, nósanna imeachta, dlíthe agus rialachán a chinntiú.
- Measúnú ar na modhanna atá ann chun sócmhainní a chosaint.
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca agus na próisis sin a mheas.
- Oibríochtaí sonracha a mheas ar iarratas ón mBord nó ón bhfoireann bainistíochta, de réir mar is cuí. Cuireann sí seirbhísí comhairleacha ar fáil maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú de réir mar is cuí.

TUARASCÁIL AN BHOIRD

## Feidhm na bainistíochta riosca

Tá feidhm bainistíochta riosca seanbhunaithe i Líonraí Gáis Éireann freisin, a bhfuil na hacmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus atá freagrach as dearadh agus cur i bhfeidhm Creata um Bainistiú Riosca Fiontair, agus as a chinntiú go bhfuil eolas, taithí agus scileanna bainistíochta riosca leordhóthanacha ar fáil ar fud Líonraí Gáis Éireann.

Tuairiscíonn Ceann na Bainistíochta Riosca don Phríomhoifigeach Airgeadais chomh maith le freastal ar chruinnithe CIR. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe ráithiúla ag an gCoiste Bainistíochta Riosca, agus bíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina chathaoirleach orthu.

Déanann an fheidhm Bainistíochta Riosca na rudaí seo a leanas go háirithe:

- A chinntiú go mbíonn próisis agus maoirseacht imleor, chomhsheasmhach i bhfeidhm leis na rioscaí atá ann do Líonraí Gáis Éireann a aithint, a thomhas, a bhainistiú, a mhaoirsiú, a cheistiú, agus a thuairisciú.
- A chinntiú go gcoinneofar maoirseacht ar agus go ndéanfar measúnú ar an bpróifíl riosca, lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rioscaí forleathana, rioscaí ardtionchair agus rioscaí lena mbaineann dóchúlacht íseal, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin, úinéireacht shoiléir agus na bearta cuí maolaithe.
- Cultúr labhartha amach um bainistíocht riosca cuí a chur i bhfeidhm faoi cheannas meon feasachta ar riosca ón mbarr anuas agus próiseas tuairiscithe ón mbun aníos gach ráithe.

## Gnéithe den timpeallacht rialaithe

Chomh maith leis na príomhstruchtúir a bhfuil tagairt dóibh thuas, dearbhaíonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe, a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm:

- Freagracht ar bhainistíocht ag gach leibhéal i Líonraí Gáis Éireann as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca;
- Creat um Rialachas Corparáideach a chuimsíonn rialú airgeadais agus measúnú riosca. Déanann Feidhmeannacht Líonra Gáis Éireann agus feidhmeanna iniúchta inmheánaigh agus riosca Líonraí Gáis Éireann monatóireacht air sin;
- Struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir, ina bhfuil teorainneacha sainithe údaraithe agus córais um thuairisciú chuig leibhéil níos airde den lucht bainistíochta agus don Bhord;
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitil san áireamh. Teastaíonn faomhadh an Bhoird le haghaidh tionscadal mór caipitil, agus déanann an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta dlúthmhonatóireacht orthu ar bhonn leanúnach;
- Próisis sheanbhunaithe chun cineál, fairsinge agus impleacht na rioscaí gnó, lena n-áirítear riosca airgeadais, a bhí os comhair na heagraíochta a shainaithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a cheapann sé a bheith inghlactha. Próisis eile chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na beartais, na próisis rialaithe atá aitheanta, measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta na rioscaí a thagann chun cinn a bhainistiú agus a mhaolú trí phleananna agus straitéisí gaolmhara um maolú;
- Dealú cuí dualgas agus taifeadadh próiseas agus rialuithe atá dírithe ar chalaois a chosc agus a bhrath;
- Córas buiséadaithe cuimsitheach agus buiséad bliantúil ann arna athbhreithniú agus arna aontú ag an mBord;
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais;
- Déantar sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis na bainistíochta agus táscairí feidhmíochta gach ráithe a cheadaíonn monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn de réir cuspóirí fadtéarmacha agus buiséad bliantúil;
- Polasaithe inmheánacha a éilíonn ar na fostaithe go léir a bheith ag gníomhú go hionraic agus na caighdeáin is airde a choinneáil ó thaobh na heitice de. Ar na beartais sin, bhí: an Cód Iompair Ghnó, an Beartas Frith-Chalaoise, Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe, an Beartas um Brústocaireacht a Rialáil agus an Beartas um Nochtadh Cosanta;
- Creat cuimsitheach um Bainistíocht ar Riosca Calaoise chun tacú leis an ngnólacht le calaois a chosc agus a bhrath agus cultúr neamhfhulaingthe ar an gcalaois a chruthú ar fud na gnólachta.
- Athbhreithnithe córasacha ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus oibriúcháin trí iniúchadh inmheánach. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear é sin leis an measúnú riosca; agus
- Measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ina dtugtar faoi mheasúnú riosca leathan, ina ndéantar athbhreithniú ar oibriú agus éifeachtúlacht na bpríomhbheartas agus príomhphróiseas rialaithe, ina ndéantar tuairisciú féinmheasúnaithe maidir le rialú inmheánach agus ina ndéantar tuairisciú ar fheidhmíocht, le tacaíocht gníomhaíochtaí dearbhaithe an Riosca, an Iniúchta Inmheánaigh agus an Iniúchta Sheachtraigh.

## Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá creat láidir ag Líonraí Gáis Éireann d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí agus atá siad, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus próisis bainistíochta riosca.

Tá an Bord sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach don ghnó. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh i ndáil le Líonraí Gáis Éireann, is é atá mar bhonn agus taca aige ná obair na mbainisteoirí sa Chuideachta atá freagrach as forbairt agus cothú an chreata rialaithe inmheánaigh. Cuireann an CIR leis sin, a dhéanann maoirseacht ar obair fheidhmeanna riosca agus rialachais, ar obair iniúchóireachta inmheánaí agus ar na ráitis a rinne an t-iniúchóir seachtrach ina litir do bhainisteoirí agus/nó i dtuairiscí eile.

Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí, go pras.

Áiríodh leis an monatóireacht leanúnach a dhéanann an bhainistíocht an méid seo a leanas:

- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an gclár um iniúchadh inmheánach agus breithniú ar a thuarascálacha agus torthaí. Déanann an CIR athbhreithniú freisin ar an gclár iniúchóireachta inmheánaí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairisciú rialta ón iniúchóireacht inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe sin ina dtuarascálacha féin. Déanann an CIR athbhreithniú ar thuarascálacha freisin.
- Rannpháirtíocht san Fhóram Dearbhaithe Chomhtháite.
- Rannpháirtíocht sa Choiste um Bainistiú Riosca.
- Cruinnithe míosúla a d'fhéadfadh cúrsaí airgeadais, riosca, iniúchóireachta inmheánaí agus oibriúcháin i dtaca le Líonraí Gáis Éireann a chuimsiú.

Áirítear leis an monatóireacht leanúnach a dhéanann an Bord an méid seo a leanas;

- Athbhreithniú ar an bpróifíl riosca.
- Athbhreithniú agus plé ar an tuarascáil ó Chathaoirleach Líonraí Gáis Éireann maidir le héifeachtúlacht oibriú na gcóras rialaithe inmheánaigh, idir airgeadas agus oibriúcháin.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheist ábhartha maidir le rialú airgeadais.

Áirítear leis an monatóireacht leanúnach a dhéanann an ARC;

- Athbhreithniú ar thuarascálacha an Fhóraim Dearbhaithe Chomhtháite maidir leis an gcóras um rialú inmheánach ar bhonn ráithiúil.
- Athbhreithniú ar an bpróifíl riosca ar bhonn ráithiúil. Athbhreithniú ar thuarascálacha ó fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí ina bhfuil mionsonraí ar shaincheisteanna rialaithe agus nuashonruithe ar stádas ar chlabhsúir maidir le moltaí oscailte iniúchóireachta inmheánaí.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheisteanna ábhartha maidir le rialú airgeadais inmheánach.
- Athbhreithniú agus breithniú ar an tuarascáil ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar a éifeachtaí is a bhí na córais rialaithe inmheánaigh, idir rialú airgeadais agus oibriúcháin.

## Caiteachas caipitil agus oibríochtúil

Tá córais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm lena chinntiú, de réir mar is cuí, go gcloítear leis na prionsabail agus riachtanais ábhartha maidir leis na Treoirlínte Bonneagair (rud atá ann in ionad sraith treoirlínte um Chód Caiteachais Phoiblí 2019).

Tugtar i bPolasaí Soláthair (PD02) na nósanna imeachta a gcloífidh Líonraí Gáis Éireann leo chun tacú le riachtanais soláthair san eagraíocht. Trí PD02 a chur i bhfeidhm déantar cinnte go bhfaightear luach ar airgead i gcleachtais soláthair, go gcloítear le dlíthe AE agus Éireannacha maidir le soláthar poiblí, go ndéantar próisis tairisceana a bhainistiú go cuí agus go gcoimeádtar forbhreathnú rialachais agus bainistíochta ar an bpróiseas soláthair ar fud Líonraí Gáis Éireann.

Sa pholasaí maidir le Caiteachas agus Faomhadh Conarthaí (PD03), leagtar amach an creat maidir le caiteachas airgeadais agus rialachas na gconarthaí, lena n-áirítear an próiseas údaraithe agus leibhéil údaráis le

TUARASCÁIL AN BHOIRD

haghaidh caiteachas caipitil agus oibríochta i Líonraí Gáis Éireann agus i ngach ceann dá bhfochuideachtaí. Caithfidh gach faomhadh caiteachais agus conartha cloí le ceanglais an Chreata Rialachais agus PD03.

Tá an creat um chaiteachas airgeadais agus rialachas conarthaí ag teacht leis na critéir maidir le luach ar airgead sna Treoirlínte Bonneagair uasdátaithe, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar a bhí, i mí na Nollag 2023.

Anuas ar cheanglais soláthair náisiúnta agus AE, ní mór don chaiteachas caipitil cloí le haon riachtanais a d'fhéadfadh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a leagan síos, riachtanais a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an bpleanáil agus tosaíochtaí bonneagair náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Úsáidtear modhanna cuí measúnaithe infheistíochta i dtaca le tionscadail chaipitil agus cláir chaipitil ionas gur féidir cinntí a dhéanamh go héifeachtach. Déantar measúnú ar thionscadail chaipitil agus ar chláir chaipitil agus déantar iad a sheachadadh le próiseas faofa láidir 5 chéim.

Feidhmíonn an próiseas gealltanas caipitil ar an mbonn go n-iarrann an chuideachta na ceadanna ábhartha ón Aire roimh ré i gcomhair imchlúdach iomlán gealltanas caipitil le tabhairt fúthu le linn na bliana airgeadais dár gcionn.

Iarrann Líonraí Gáis Éireann ceadanna Aire ar leithligh sula dtugtar gealltanas do thionscadal caipitil aonair ar bith nó do chlár caipitil nua ar chostas €40m nó níos mó i gcás caiteachais rialáilte agus €15m i gcás caiteachais neamhrialáilte. Cuirtear ceadanna Aire faoi bhráid na Máthair-roinne agus ranna rialtais ábhartha eile atá rannpháirteach sa phróiseas ceadaithe don iarratas sonrach. Lena chois sin, cuirtear iarratais ar fhaomhadh ón Aire faoi bhráid NewERA, a chuireann comhairle shonrach ar chúrsaí airgeadais agus tráchtála ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta sula dtugann an tAire cead.

Cuirtear infheistíochtaí caipitil, lena n-áirítear conarthaí a bhfuil luach os cionn €3.5 milliún ag baint leo, faoi bhráid Choiste Faofa Conarthaí (CFC) an Ghrúpa lena n-athbhreithniú agus lena bhfaomhadh. Tá faomhadh ón mBord ag teastáil le haghaidh gach caiteachas caipitil a bhfuil luach os cionn 10m air.

Tugtar an t-eolas is déanaí don Bhord maidir le stádas tionscadal agus cláir chaipitil de réir mar a théann siad ar aghaidh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí maidir leis an gcur i bhfeidhm i gcomparáid leis an bplean, leis na sceidil agus le cáilíocht. Cuirtear tuairisciú buiséid agus dífríochta i láthair don Bhord chomh maith. Bíonn cuspóirí ar leith ag gach tionscadal agus déantar iad a mheas i leith na gcuspóirí sin. Tá diancheanglais seachadta agus príomhtháscairí feidhmíochta mar chuid de thairiscintí agus de conarthaí a eascraíonn astú, agus úsáidtear iad chun feidhmíocht a thomhas le linn thréimhse an tionscadail. Cuirtear athbhreithnithe iar-thionscadail agus tuarascálacha dúnta airgeadais i láthair CFC, an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta agus an Bhoird chun breithniú a dhéanamh orthu ag brath ar luach an tionscadail nó an chláir. I gcruinnithe deiridh tionscadal agus athbhreithnithe bliantúla ar chláir, éascaítear cur chuige 'ceachtanna a foghlaimíodh' a ndéantar iad a mheasúnú, a rianú agus a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin mar chuid de thionscadail atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo ar fud na heagraíochta de réir mar is cuí.

### An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Níl aon ábhar imní suntasach léirithe ag an Oifigeach um Chosaint Sonraí maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le ceanglais reachtacha faoi RGCS.

### Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus córais bhainistíochta riosca don bhliain 2025 agus cinnteoidh sé go ndéanfar athbhreithniú den chineál céanna sa bhliain 2026. Rinne an CIR athbhreithniú mionsonraithe, agus thuairiscigh siad a gcuid torthaí do Bhord Líonraí Gáis Éireann.

### Fadhbanna maidir le rialú inmheánach

Níor aithníodh aon laigí ábhartha i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2025 a bhfuil foráil ag teastáil uathu sna ráitis airgeadais.





Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:
Dáta: 15 Aibreán 2026



**Kevin Toland**
Cathaoirleach



**Saoirse Fahey**
Comhalta an Bhoird

## Conclúid

### Gnóthas leantach

Agus na réamh-mheastacháin airgeadais reatha, na hacmhainní airgeadais atá ar fáil agus na saoráidí creidmheasa á gcur san áireamh acu, tá muinín ag na Stiúrthóirí go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag Líonraí Gáis Éireann agus a chuid fochuideachtaí ina iomláine chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad.

Mar sin, ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Tugtar tuilleadh mionsonraí faoin measúnú gnóthais leantaigh sin i nóta 1 de na Ráitis Airgeadais seo

### Bainistíocht riosca

Rinne an Bord measúnú forleathan ar na príomhrioscaí a bheadh ann don eagraíocht le linn na bliana 2025. Leagtar amach na rioscaí agus na rialuithe maolaithe nó gníomhaíochtaí seo ar leathanaigh 29-37.

### Caidreamh leis an scairshealbhóir

Tá Líonraí Gáis Éireann ag feidhmiú go neamhspleách óna Mháthair-Roinn (an Roinn Tithíochta, Pleanála, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta), ach bíonn sé gníomhach i mbun comhairliúcháin ar bhonn leanúnach in éineacht lena Mháthair-Roinn de réir mar a éilítear sa reachtaíocht agus sa Chód.

### Leasanna chomhaltaí an bhoird

Ní raibh aon leas ag na Comhaltaí Boird i Líonraí Gáis Éireann ná ina fhochuideachtaí le linn na bliana. Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí saor ó aon chaidrimh ghnó nó eile a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ábhartha acu, nó a d'fhéadfadh go mba chosúil go mbeadh tionchar ábhartha acu, ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách.

Féadfaidh comhaltaí Boird stiúrthóireachtaí nó poist feidhmiúcháin a bheith acu nó spéis a bheith acu i gcuideachtaí tríú páirtí, lena n-áirítear bainc agus institiúidí airgeadais, ar féidir go ndéanfadh cuid acu sin (nó a bhfochuideachtaí), mar chuid de ghnáthchúrsaí gnó, idirbhearta le Líonraí Gáis Éireann ar bhonn neamhspleách. Déanann na comhaltaí Boird go léir aon leas a nochtadh agus déanann siad iad féin a scaoileadh ó phlé agus cinntí Boird sa chás go mbíonn siad faoi choimhlint nó go mbíonn leas díreach nó indíreach de réir an Chóid acu. I gcásanna mar sin, coimeádtar taifead ar leithligh (nach bhfuil rochtain ag an gComhalta Boird air).

### Measúnú feidhmiúcháin

Faomhann an Bord buiséad bliantúil a thacaíonn leis na pleananna corparáideacha. Déantar measúnú bliantúil ar fheidhmiú iarbhír i gcomparáid leis an bplean agus buiséad. Tugtar breithniú cuimsitheach sna hAthbhreithnithe Oibriúcháin agus Airgeadais ar leathanaigh 42-69.

### Taifid chuntasaíochta

Creideann na comhaltaí Boird gur chuir siad córais agus acmhainní iomchuí ar fáil, lena n-áirítear pearsanra oiriúnach cáilithe cuntasaíochta a cheapadh ag a bhfuil taithí oiriúnach, chun cuntais chuí chuntasaíochta a choinneáil ar fud na heagraíochta d'fhonn oibleagáid Líonraí Gáis Éireann a chomhlíonadh maidir le taifid chuntasaíochta a choinneál. Tá leabhair cuntais Líonraí Gáis Éireann á gcoinneáil ag Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh.

### Iniúchóir seachtrach

Fuarthas cead ón Aire, tar éis próiseas tairisceana a chur i gcrích, KPMG a cheapadh mar iniúchóir do Líonraí Gáis Éireann sna blianta airgeadais 2024, 2025 agus 2026 agus tá an rogha ann síneadh ama suas le dhá bhliain eile a chur leis an téarma ceapacháin seo (2027 agus 2028).

TUARASCÁIL AN BHOIRD

# Tuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca

TUARASCÁIL DHEIREADH NA BLIANA 2025

**"Mar Chathaoirleach ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca Líonraí Gáis Éireann, tá áthas orm Tuarascáil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 a chur faoi bhur mbráid."**



Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ("an Coiste") bunaithe ar leibhéal Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann agus gníomhaíonn sé i leith Líonraí Gáis Éireann agus a fhochuideachtaí ("an Grúpa"). Tugann an tuarascáil seo léargas ar obair an Choiste le 12 mhí anuas agus tugann sí eolas ar an mbealach ar chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí faoina Théarmaí Tagartha agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód").

Tá go leor ama caite ag an gCoiste le linn na bliana ar a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh. Bhí an Coiste i dteagmháil ar bhonn rialta leis an mbainistíocht shinsearach, le lucht na hiniúchóireachta inmheánaí, le lucht na bainistíochta riosca agus le hiniúchóir reachtúil an Ghrúpa. Anuas air sin, thug an Coiste faoi chlár iomlán athbhreithnithe ina chruinnithe i rith na bliana lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Agus a príomhfhreagrachtaí maoirseachta á chomhlíonadh aici, bíonn cruinnithe ar leith ar bhonn rialta ag Cathaoirleach an Choiste leis an ardbhainistíocht, le lucht na hiniúchóireachta inmheánaí, le lucht na bainistíochta riosca agus le hiniúchóir reachtúil an Ghrúpa.

**Saoirse Fahey**
Cathaoirleach, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

## Ról agus freagrachtaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Is é ról an Choiste ná tacú le Líonraí Gáis Éireann i ndáil lena fhreagrachtaí i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Tuairisciú airgeadais
- Bainistíocht riosca
- Rialuithe Inmheánacha
- Iniúchadh inmheánach
- Iniúchadh seachtrach
- Gníomhaíochtaí gaolmhara eile, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta maidir le nochtadh cosanta, frithchalaois, frithbhreabaireacht agus frithéilliú.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste do Bhord Líonraí Gáis Éireann maidir le hábhair a phléitear ag gach cruinniú Coiste, agus faigheann an Bord miontuairiscí agus páipéir go léir an Choiste le haghaidh chruinnithe an Choiste. Leagtar amach go mion i dTéarmaí Tagartha an Choiste róil agus freagrachtaí an Choiste agus tá fáil orthu ar shuíomh gréasáin Líonraí Gáis Éireann **www.gasnetworks.ie**. Déantar athbhreithniú orthu gach bliain.

## Comhaltaí

Tá ceathrar Comhaltaí neamhspleácha Neamhfheidhmiúcháin de chuid Bhord Líonraí Gáis Éireann ar an gCoiste. Is é Bord Líonraí Gáis Éireann, i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste, a dhéanann Comhaltaí an Choiste a cheapadh. Féach Tuarascáil an Bhoird ar leathanach 111 do shonraí maidir le ballraíocht agus le tinreamh ag cruinnithe sa bhliain 2025. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta an Ghrúpa.

## Tuairisciú airgeadais

Tá an Coiste freagrach, ar son Bhord Líonraí Gáis Éireann, as monatóireacht a dhéanamh ar ionracas phróiseas ullmhúcháin Ráiteas Airgeadais an Ghrúpa agus as athbhreithniú a dhéanamh ar na breithiúnais tuairiscithe airgeadais atá iontu.

Ullmhaíonn foireann airgeadais a bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas cuí aici na Ráitis Airgeadais thar ceann an Bhoird.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú ar na dréacht-ráitis airgeadais sular mhol siad go ndéanfadh Bord Líonraí Gáis Éireann iad a fhaomhadh. Rinne an Coiste oiriúnacht na mbeartas agus na gcaighdeán suntasach cuntasaíochta, na meastachán agus na mbreithiúnas a úsáideadh agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, mar aon le soiléireacht agus críochnúlacht na nochtuithe sa Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a mheas. Rinne an Coiste plé ar na nithe sin leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Airgeadais agus iniúchóir seachtrach.

## Bainistíocht riosca

Tá an Coiste freagrach, ar son Bhord Líonraí Gáis Éireann, as monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Ghrúpa, ar fhorbairtí ó thaobh príomhrioscaí de agus ar dhul chun cinn ar sholáthar na próifíle riosca sprice, a chuireann ar chumas Bhord Líonraí Gáis Éireann a dheimhniú gach bliain go bhfuil measúnú déanta aige ar phríomhrioscaí an Ghrúpa.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú, i gcomhar leis an mbainistíocht shinsearach, ar an bpróifíl riosca, ar bheartais bhainistíochta riosca, ar neamhchosaintí ardtionchair/dóchúlachta íseal agus ar an inghlacthacht riosca agus ar an bpróifíl sprice lena bhfaomhadh ag Bord Líonraí Gáis Éireann. Rinne an Coiste athbhreithniú ar chuir i láthair ar roinnt príomhrioscaí lena n-áiritear cibear-rioscaí agus an Intleacht Shaorga agus rinne plé leis an mbainistíocht shinsearach ar na rialuithe inmheánacha ábhartha atá ann cheana leis na rioscaí sin a laghdú.

## Rialuithe Inmheánacha

Tá an Coiste freagrach, thar ceann Bhord Líonraí Gáis Éireann, as athbhreithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí agus ar a iomláine agus atá córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa, agus as athbhreithniú a dhéanamh le fáil amach an raibh an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe agus an dtugann an córas sin réamhrabhadh cuí maidir le haon chlistí agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Tá Líonraí Gáis Éireann freagrach faoin gCód as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Déanann Líonraí Gáis Éireann an fhreagracht seo a shaothrú tríd an ardbhainistíocht agus tríd an "bhFóram Dearbhaithe Comhtháite", ar grúpa bainistíochta é sin a bhailíonn fianaise ó na gníomhaíochtaí éagsúla rialaithe a dhéantar ar fud an Ghrúpa d'fhonn íomhá chuimsitheach a chruthú de rialú inmheánach agus riosca. Tugann an Fóram Dearbhaithe Comhtháite tuiscint níos fearr ar na gníomhaíochtaí dearbhaithe atá i bhfeidhm agus déanann sé moltaí maidir le feabhas a chur orthu, chun riosca a mhaolú agus maoirseacht rialachais a uasmhéadú, ag cuidiú freisin le haon bhearnaí sa dearbhú a shainaithint agus a réiteach.

## Iniúchadh inmheánach

Tá an Coiste, thar ceann an Bhoird, freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus scóip na feidhme iniúchta inmheánaigh, lena n-áirítear a phleananna, gníomhaíochtaí agus acmhainní d'fhonn a chinntiú gur féidir leis an iniúchadh inmheánach athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar oibriúchán rialuithe an Ghrúpa maidir le rioscaí suntasacha laistigh de chomhlacht an Ghrúpa.

Le linn 2025, rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean agus ar an obair a rinne foireann iniúchóireachta inmheánaí Líonraí Gáis Éireann agus ar na gníomhaíochtaí dá bharr atá le déanamh ag an lucht bainistíochta. Chuir Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí Líonraí Gáis Éireann ar an eolas go minic maidir le torthaí athbhreithnithe na hiniúchóireachta inmheánaí. Chomh maith leis sin, chíor an Coiste dul chun cinn na bainistíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna ábhartha, lena n-áirítear nádúr, réim agus tráthúlacht na bhfreagraí. Rinne an Coiste athbhreithniú ar phlean bliantúil bunaithe ar riosca um iniúchadh inmheánach don bhliain 2026 atá deartha le bheith sofhreagrúil, lena n-áirítear na hacmhainní a theastaíonn, agus rinne siad machnamh ar bhéim na hiniúchóireachta inmheánaí a ailíniú le réimsí lárnacha riosca eile.

Le linn na bliana 2025, lean an comhlacht ar aghaidh leis an ionracas a chur chun cinn agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hiompar eiticiúil ar fud na heagraíochta tríd an bhfeachtas 'An rud is fearr a dhéanamh' a chur i bhfeidhm.

Is éard atá san fheachtas roinnt tionscnamh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí ar shraith beartais

TUARASCÁIL AN BHOIRD

chorparáideacha a bhaineann le heitic, trí oiliúint a chur ar fáil, trí chultúr 'labhairt amach' agus comhráite ráithiúla sláine a dhíríonn ar ábhair a bhaineann le sláine na huaire a chur chun cinn.

## Iniúchadh seachtrach

Tá an Coiste freagrach, thar ceann Bhord Líonraí Gáis Éireann, as monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas iniúchóireachta seachtraigh. Rinne an Coiste monatóireacht ar iomláine ráitis airgeadais an Ghrúpa agus rinne sé athbhreithniú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta agus ar na saincheisteanna tuairiscithe airgeadais iontu, agus aird á tabhairt ar ábhair a chuireann an t-iniúchóir seachtrach in iúl don Choiste.

Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar phleananna, tuairiscí agus torthaí an iniúchóra sheachtraigh maidir leis an iniúchadh, agus phléigh sé iad leis an iniúchóir seachtrach. Níor tharla sé gur fostaíodh an t-iniúchóir chun seirbhísí a chur ar fáil a measadh go dtiocfadh coimhlint leasa dá mbarr i rith na bliana. Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíonadh an iniúchóra sheachtraigh leis an treoir ábhartha rialála, eitice agus ghairmiúil. Tá an Coiste sásta go bhfuil KPMG neamhspleách agus oibiachtúil.

Cloíonn an Coiste go beacht leis an teorainn táille 70% do sheirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad a leagtar síos in Alt 4 de Rialachán (AE) Uimhir 537/2014.

Tá an Coiste freagrach freisin, thar ceann Bhord Líonraí Gáis Éireann, as na tairiscintí iniúchóireachta a thionscnamh agus as an bpróiseas roghnúcháin don iniúchóir seachtrach agus ansin as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus luach saothair an iniúchóra sheachtraigh. Déanann an Coiste bearta cuí lena chinntiú go gcoimeádtar caidreamh oibiachtúil gairmiúil leis an iniúchóir seachtrach.

Le linn na bliana, rinne an Coiste measúnú ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúchóra, agus mar chuid de sin rinneadh athbhreithniú ar:

- nádúr agus fairsinge na seirbhísí a sholáthraítear, agus na táillí a thuilltear, as obair iniúchóireachta agus obair neamh-iniúchóireachta a dhéanann an t-iniúchóir seachtrach.
- beartas an Ghrúpa a rialaíonn soláthar sheirbhísí neamh-iniúchóireachta don Ghrúpa a chomhlíonadh trína bhfuil rialacha agus teorannacha soiléire i bhfeidhm, a cheadaíonn seirbhísí neamh-iniúchóireachta nach bhfuil aon choimhlint leasa ag baint leo.
- dearbhuithe soláthartha ag an iniúchóir seachtrach maidir leis sin.

Leagtar amach táillí seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad i Nóta 4 de na Ráitis Airgeadais. Níor tharla sé gur fostaíodh an t-iniúchóir chun seirbhísí a chur ar fáil a measadh go dtiocfadh coimhlint leasa dá mbarr i rith na bliana.

Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíonadh an iniúchóra sheachtraigh leis an treoir ábhartha rialála, eitice agus ghairmiúil. Tá an Coiste sásta go bhfuil KPMG neamhspleách agus oibiachtúil.

Déantar éifeachtacht an iniúchóra sheachtraigh a athbhreithniú gach bliain. Dírítear sa mheasúnú ar réimsí amhail chomh stóinseach agus atá an próiseas iniúchóireachta, an fhoireann iniúchóireachta, cumarsáid agus rialachas. Bhí an t-athbhreithniú sásúil ar an iomlán.

## Éifeachtacht an choiste um iniúchóireacht agus riosca

Déanann an Coiste athbhreithniú bliantúil ar a éifeachtacht féin. Rinneadh an t-athbhreithniú go hinmheánach trí cheistneoirí féinmheasúnaithe don bhliain 2025 a chríochnú agus bhí an t-athbhreithniú go hiomlán sásúil.

Thar ceann an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca:



**Saoirse Fahey**

Cathaoirleach,
An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca
15 Aibreán 2026



**Dáta: 15 Aibreán 2026**

## Arna fhaomhadh ag an mBord agus arna shíniú thar a cheann:

**Kevin Toland**
Cathaoirleach





**Saoirse Fahey**
Cathaoirleach, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca





# Tuarascáil na stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa agus na Cuideachta i láthair don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025. Tá an Grúpa comhdhéanta den Mháthairchuideachta agus dá fochuideachtaí atá nochta i Nóta 26.

## Príomhghníomhaíochtaí

Corpraíodh Líonraí Gáis Éireann ("an Chuideachta") ar an 13 Eanáir 2015 agus thosaigh an chuideachta ag trádáil ar an 1 Lúnasa 2015. Is fochuideachtaí de chuid na Cuideachta iad GNI (RA) Limited, Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC agus Aistriú Sheirbhísí Líonra DAC agus tá siad ina gcuid de Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann ("an Grúpa).

Fóntas líonra rialáilte atá sa Chuideachta, agus í á rialáil ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais ("CRU") in Éirinn. Rialaíonn an Rialálaí Fóntas píblínte GNI (UK) Limited i gcóras tarchurtha Thuaisceart Éireann.

Is é is príomhchuspóir don Chuideachta feidhmiú, cothabháil, forbairt agus dícharbónú an líonra gáis in Éirinn ar bhonn sábháilte, iontaofa agus éifeachtúil.

Is leis an gCuideachta an líonra gáis nádúrtha in Éirinn agus déanann sí é a oibriú agus a chothabháil. Tá ár líonra gáis ar cheann de na líonraí is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan agus cuimsítear ann 14,781 km de phíblínte gáis lena n-áirítear dhá idirnascaire fomhuirí agus píblínte fomhuirí in Albain, i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Gníomhaíonn Aurora Telecom, gnó de chuid na Cuideachta, mar sholáthraí seirbhíse mórdhíola, rochtana oscailte d'oibreoirí teileachumarsáide agus do chustaiméirí gnó, agus é ag soláthar seirbhísí snáithín dhorcha agus bandaleithid bainistithe.

Tá an chuideachta go hiomlán tiomanta do bheith ag obair i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ('DHLGH'), leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil ('DCEE'), agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais chun an leas is mó is féidir a bhaint as an líonra gáis agus chun a chinntiú go mbíonn slándáil soláthair ann san aistriú go dtí córas fuinnimh ísealcharbóin.

## Torthaí agus athbhreithniú ar an ngnó

Tá sonraí faoi thorthaí airgeadais an Ghrúpa leagtha amach i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa ar leathanach 136 agus sna nótaí gaolmhara ar leathanach 142.

Tá tráchtaireachtaí ar fheidhmíocht le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025, lena n-áirítear faisnéis faoi imeachtaí le déanaí agus forbairtí amach anseo, le fáil i dTuarascáil an Chathaoirligh, in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, agus san Athbhreithniú Airgeadais.

## Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Pléitear achoimre ar na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí atá roimh an nGrúpa sa tuarascáil ar leathanaigh 29 go 37. Áirítear i nóta 24 anailís iomlán ar spriocanna, beartais agus neamhchosaint na Cuideachta maidir le bainistiú riosca airgeadais.

## Díbhinní

D'íoc an Chuideachta díbhinn bhliantúil de €62m leis an Státchiste le linn na bliana airgeadais 2025. Ar an 15 Aibreán 2026, mhol an Bord go n-íocfaí díbhinn de €66m don bhliain airgeadais 2026.

## Na stiúrthóirí agus an rúnaí agus a gcuid leasanna

Is iad Stiúrthóirí na Cuideachta Kevin Toland, Fiona Egan, Geraldine Kelly, Keara Robins agus Saoirse Fahey a ceapadh go léir le héifeacht ón 19 Aibreán 2023, John Curran a ceapadh le héifeacht ón 18 Meán Fómhair 2024, Liz Joyce a ceapadh le héifeacht ón 20 Eanáir 2025 agus David Salisbury a ceapadh le héifeacht ón 5 Meán Fómhair 2025. Tháinig deireadh le tréimhse oifige Sean Hogan ar an 19 Eanáir 2025, d'éirigh Cathal Marley as oifig ar an 1 Aibreán 2025 agus tháinig deireadh le tréimhse oifige Keith Harris ar an 4 Iúil 2025. Is é Kevin Toland Cathaoirleach na Cuideachta. Is é Liam O'Riordan Rúnaí na Cuideachta. Tá leasanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí nochta i nóta 27 de na ráitis airgeadais.

## Síntiúis pholaitíochta

Níor tugadh aon síntiúis pholaitíochta i gcaitheamh na bliana airgeadais (2024: nialas).

## Gnóthas leantach

Tá ionchas réasúnach ag na Stiúrthóirí go leanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta ag feastal ar a ndliteanais mar a thagann siad go ceann i bhfad agus dá réir sin ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn ghnóthais leantaigh.

Tá luach €300m de shaoráidí bainc tiomanta neamhtharraingthe ar fáil don Ghrúpa (2024: €300m) agus tuartar go mbeidh brabús láidir ann sa bhliain 2026 agus ina dhiaidh sin, chun dliteanais a ghlanadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Dá réir sin, tá na Stiúrthóirí fós ag dul i muinín bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le hullmhú na ráiteas airgeadais sin. Tugtar tuilleadh mionsonraí faoin measúnú gnóthais leantaigh sin agus faoi

leachtacht an Ghrúpa i nótaí 1(a) agus 24(ii) faoi seach de na Ráitis Airgeadais seo.

## Taifid chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na Stiúrthóirí chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta a choinneáil ná fostú pearsanra cuntasaíochta atá cáilithe go cuí agus úsáid córas agus nósanna imeachta cuntasaíochta oiriúnacha.

Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh.

## Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Níor tharla eachtraí suntasacha a chuir as don Ghrúpa ó bhí deireadh na bliana airgeadais ann, seachas mar atá luaite i nóta 28 de na ráiteas airgeadais.

## Iniúchóirí

Fuarthas cead ón Aire, tar éis próiseas tairisceana a chur i gcrích, KPMG a cheapadh mar iniúchóir do Líonraí Gáis Éireann sna blianta airgeadais 2024, 2025 agus 2026 agus tá an rogha ann síneadh ama suas le dhá bhliain eile a chur leis an téarma ceapacháin seo (2027 agus 2028).

## Nochtadh faisnéise d'iniúchóirí

A mhéid is eol do gach Stiúrthóir atá i seilbh oifige ar dháta formheasa na ráiteas airgeadais:

- Níl aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha ann nach bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas fúithi; agus
- Tá na Stiúrthóirí tar éis gach beart ba chóir dóibh a bheith déanta acu mar Stiúrthóirí a dhéanamh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha agus chun a dheimhniú go bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

## Ráiteas comhlíonta na stiúrthóirí

Chun críocha alt 225 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (an 'Acht'), déanaimid, na Stiúrthóirí, an méid seo a leanas:

- A admháil go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Chuideachta a hoibleagáidí ábhartha mar a shainmhínítear in alt 225 (1) den Acht (na 'hoibleagáidí ábhartha'); agus
- A dheimhniú go bhfuil gach ceann díobh seo a leanas déanta:

Tá ráiteas comhlíontachta curtha le chéile (mar a shainmhínítear in alt 225(3)(a) den Acht) ina leagtar amach beartais na Cuideachta (atá, dar linne, oiriúnach don Chuideachta) maidir le comhlíonadh a hoibleagáidí ábhartha ag an gCuideachta;

Tá socruithe nó struchtúir iomchuí curtha i bhfeidhm, atá, dar linne, deartha chun comhlíonadh ábhartha oibleagáidí ábhartha na Cuideachta a áirithiú; agus I rith na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil airgeadais seo, rinneadh athbhreithniú ar na socruithe nó na struchtúir.

RÁITIS AIRGEADAIS

## Trí chúrsaí airgeadais a choinneáil láidir cuirfear ar chumas Líonraí Gáis Éireann bheith chun tosaigh san aistriú chuig córas fuinnimh ísealcharbóin.





Cuid

4

# Ráitis airgeadais


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách | 130 |
| Ráiteas faoi ioncam an ghrúpa | 136 |
| Ráiteas an ghrúpa maidir le hioncam cuimsitheach eile | 137 |
| Clár comhardaithe an ghrúpa | 138 |
| Ráiteas an ghrúpa faoi athruithe sa chothromas | 140 |
| Ráiteas an ghrúpa faoi shreafaí airgid | 141 |
| Nótaí le ráitis airgeadais an ghrúpa | 142 |
| Clár comhardaithe na cuideachta | 187 |
| Ráiteas na cuideachta ar athruithe ar an gcothromas | 189 |
| Ráiteas na cuideachta ar shreafaí airgid | 190 |
| Nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais na cuideachta | 191 |

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH

# Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

## Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Líonraí Gáis Éireann ('an Chuideachta') agus a gnóthais chomhdhlúite ('an Grúpa') don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 atá leagtha amach ar leathanaigh 136 go 207, lena gcuimsítear:

- Ráiteas faoi Ioncam Grúpa;
- Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile;
- Clár Comhardaithe an Ghrúpa;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe ar Ghnáthscaireanna;
- Ráiteas an Ghrúpa ar Shreafaí Airgid;
- Clár Comhardaithe na Cuideachta;
- Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe sa Chothromas;
- Ráiteas na Cuideachta ar Shreafaí Airgid;
- agus nótaí lena mbaineann, lena n-áirítear na beartais chuntasaíochta ábhartha atá leagtha amach i nóta 1.

Is é Dlí na hÉireann agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) mar a ghlac an tAontas Eorpach leo an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú.

Dar linne:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain airgeadais dar chríoch sin;
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa i gceart i gcomhréir le IFRS mar atá glactha ag an Aontas Eorpach;
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta i gceart i gcomhréir le IFRS mar atá glactha ag an Aontas Eorpach, mar atá curtha i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart i
- gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

## Bonn leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchóireacht i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) agus leis an dlí is infheidhme. Déantar tuilleadh cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa mhír "Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais" dár dtuarascáil. Chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eiticiúla faoi, agus d'fhanamar neamhspleách ar an nGrúpa i gcomhréir le ceanglais eiticiúla atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), mar a chuirtear i bhfeidhm é ar eintitis liostaithe.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn ina bunús leordhóthanach agus iomchuí dár dtuairim. Tá ár dtuairim iniúchóireachta ag teacht lenár dtuarascáil chuig an gcoiste um iniúchóireacht.

## Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus iniúchadh á dhéanamh againn ar na ráitis airgeadais, chinneamar gurb iomchuí do na stiúrthóirí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid chun na ráitis airgeadais a ullmhú. Chuimsigh ár meastóireacht ar mheasúnú na stiúrthóirí ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh ag glacadh le bunús an ghnóthais leantaigh don chuntasaíocht:

- Fuaireamar tuiscint maidir leis an bpróiseas a thug na stiúrthóirí faoi agus gnóthas leantach á mheas acu.
- Mheasamar oiriúnacht an mhodha arna úsáid ag na stiúrthóirí agus measúnú an ghnóthais leantaigh á dhéanamh i gcomhthéacs an chreat tuairiscithe airgeadais is infheidhme. Rinneamar measúnú agus iniúchadh ar ábharthacht agus iontaofacht na sonraí bunúsacha agus ar oiriúnacht na dtoimhdí a d'úsáid na stiúrthóirí agus an measúnú á dhéanamh agus cheistíomar an méid céanna.
- Chuireamar measúnú i gcrích ar na réamhaisnéisí réamhbhreathnaitheacha agus cheistíomar iad trí mheasúnú a dhéanamh ar bhuiséad FY26 agus ar shreafaí airgid níos fadtéarmaí, arna n-ullmhú ag an nGrúpa, chomh maith le réamh-mheastacháin ioncaim agus costais.
- Rinneamar athbhreithniú sonrach ar shaoráidí maoinithe an Ghrúpa agus na Cuideachta lenar áiríodh; athbhreithniú ar sheasamh airgid thirim an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais, na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Ghrúpa agus don Chuideachta agus béim curtha ar an bpróifíl um aisíocaíocht fiachais.
- Bhreithníomar an dtugann an nochtadh maidir le gnóthas leantach i nóta 1 leis na ráitis airgeadais cur síos iomchuí agus leordhóthanach ar mheasúnú na stiúrthóirí ar ghnóthas leantach, lena n-áirítear na rioscaí agus na spleáchais a sainaithníodh.
- Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh, ina n-aonar nó le chéile, ar chumas an Ghrúpa ná na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach go ceann tréimhse de dhá mhí déag ar a laghad ón uair a dhéantar na ráitis airgeadais a údarú lena n-eisiúint.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i leith an ghnóthais leantaigh le fáil sna ranna ábhartha den tuarascáil seo.

## Neamhrialtachtaí lena n-áirítear calaois a bhrath

D'aithníomar na réimsí dlíthe agus na rialacháin a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar ábhartha acu ar na ráitis airgeadais agus ar rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois, ag baint úsáide as ár dtuiscint ar thionscal an eintitis, ar an timpeallacht rialála agus ar fhachtóirí seachtracha eile agus fiosrúcháin leis na stiúrthóirí. Ina theannta sin, áiríodh ar ár nósanna imeachta measúnaithe riosca:

- Fiosrúcháin a dhéanamh leis na stiúrthóirí agus leis an mbainistíocht eile maidir le beartais agus nósanna imeachta an Ghrúpa maidir le comhlíonadh dlíthe agus rialachán, ag sainaithint, ag meastóireacht agus ag cur cuntas ar dhlíthíocht agus éilimh, chomh maith le cibé acu an bhfuil eolas acu ar aon neamhchomhlíonadh nó ar chásanna dlíthíochta nó éileamh.
- Fiosrúcháin a dhéanamh ar stiúrthóirí, ar an gcoiste iniúchóireachta, ar an iniúchóireacht inmheánach agus ar an mbainistíocht maidir le beartais agus nósanna imeachta an Ghrúpa chun calaois a chosc agus a bhrath, chomh maith le cibé acu an bhfuil eolas acu ar aon chalaois iarbhír, amhrasta nó líomhnaithe.
- Fiosrúcháin a dhéanamh ar stiúrthóirí, ar an gcoiste um iniúchóireacht, ar an iniúchóireacht inmheánach agus ar an mbainistíocht maidir lena measúnú ar an riosca go bhféadfadh na ráitis airgeadais a bheith míshonraithe go hábhartha mar gheall ar neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois.
- Comhfhreagras rialála agus dlíthiúil an Ghrúpa a iniúchadh.
- Miontuairiscí cruinnithe an Bhoird agus an fhochoiste a léamh.
- Scéimeanna dreasachta luach saothair agus spriocanna feidhmíochta a bhreithniú.
- Nósanna imeachta anailíseacha pleanála a dhéanamh chun aon ghnáthchaidrimh nó aon chaidrimh gan choinne a shainaithint.

Phléamar dlíthe agus rialacháin a sainaithníodh, fachtóirí riosca calaoise agus an gá atá le fanacht airdeallach i measc na foirne iniúchóireachta.

Ar an gcéad dul síos, tá an Grúpa agus an Chuideachta faoi réir dlíthe agus rialachán a mbíonn tionchar díreach acu ar na ráitis airgeadais, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le cuideachtaí agus tuairisciú airgeadais, reachtaíocht cánachais agus reachtaíocht maidir le brabúis indáilte. Rinneamar measúnú ar an méid comhlíontachta leis na dlíthe agus leis na rialacháin seo mar chuid dár nósanna imeachta maidir leis na míreanna ráitis airgeadais gaolmhara, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar nochtaí an ráitis airgeadais agus iad a chomhaontú le doiciméid thacaíochta nuair is gá.

Ar an dara dul síos, tá an Grúpa agus an Chuideachta faoi réir go leor dlíthe agus rialachán eile ina bhféadfadh iarmhairtí neamhchomhlíonta tionchar ábhartha a imirt ar mhéideanna nó ar nochtaí sna ráitis airgeadais, mar shampla trí fhíneálacha nó trí chás dlíthíochta a ghearradh nó trí cheadúnas oibriúcháin an Ghrúpa a chailleadh. D'aithníomar na réimsí seo a leanas mar na réimsí is dóichí a mbeadh tionchar den sórt sin acu: sláinte agus sábháilteacht, frith-bhreabaireacht, dlí fostaíochta, dlí comhshaoil, an tAcht Gáis 1976, Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992, agus cineál rialáilte ghníomhaíochtaí an Ghrúpa á shainaithint againn.

Le caighdeáin iniúchóireachta, tá na nósanna imeachta iniúchóireachta is gá chun neamhchomhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán neamhdhíreach seo a aithint teoranta ag fiosrúcháin a dhéanamh ar na stiúrthóirí agus ar an mbainistíocht agus ag cigireacht a dhéanamh ar chomhfhreagras rialála agus dlíthiúil, más ann dóibh. Níor aithin na nósanna imeachta teoranta sin neamhchomhlíonadh iarbhír ná amhrasta.

Rinneamar measúnú ar imeachtaí nó ar dhálaí a d'fhéadfadh dreasacht nó brú a léiriú chun calaois a dhéanamh nó a d'fhéadfadh deis a sholáthar chun calaois a dhéanamh. Mar a cheanglaítear leis na caighdeáin iniúchóireachta, chuireamar nósanna imeachta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go sáróidh an bhainistíocht rialuithe. Ar an iniúchadh seo ní chreidimid go bhfuil riosca calaoise ann a bhaineann le haithint ioncaim, seachas an riosca a bhaineann le sárú bainistíochta ar rialuithe. Ina theannta sin, níor aithníomar aon riosca calaoise breise eile.

Mar fhreagra ar na rioscaí calaoise, thugamar faoi nósanna imeachta, lenar áiríodh:

- Iontrálacha irisleabhair agus coigeartuithe eile a shainaithint le haghaidh tástála bunaithe ar chritéir riosca agus na hiontrálacha sainaitheanta a chur i gcomparáid le doiciméid thacaíochta.
- Measúnú a dhéanamh ar chuspóir gnó idirbhearta neamhghnácha suntasacha.
- Measúnú a dhéanamh ar mheastacháin chuntasaíochta suntasacha le haghaidh claontachta.
- Measúnú a dhéanamh ar na nochtaí sna ráitis airgeadais le haghaidh claontachta.

Ós rud é go bhfuil an Grúpa agus an Chuideachta rialáilte, bhain ár measúnú rioscaí le tuiscint a fháil ar an gcreat dlíthiúil agus rialála ina bhfeidhmíonn an Grúpa agus an Chuideachta agus tuiscint a fháil ar an timpeallacht rialaithe, lena n-áirítear nósanna imeachta an eintitis chun cloí le ceanglais rialála.

Mar gheall ar theorainneacha dúchasacha iniúchta, tá riosca dosheachanta ann nach mbeadh roinnt míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais braite againn, cé gur phleanáil agus gur fheidhmigh muid ár n-iniúchadh i gceart de réir na gcaighdeán iniúchóireachta. Mar shampla, dá mhéad a bhaintear neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialachán (neamhrialtachtaí) as na himeachtaí agus na hidirbhearta a léirítear sna ráitis airgeadais, is ea is lú an seans go n-aithneofaí é leis na nósanna imeachta atá teoranta ann féin a cheanglaítear le caighdeáin iniúchóireachta.

Ina theannta sin, mar atá le haon iniúchadh, tá riosca níos airde ann fós nach mbraithfear neamhrialtachtaí, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann (ar lean)
## Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais (ar lean)

ghnó, bréagléirithe, nó sárú rialuithe inmheánacha a bheith i gceist. Nílimid freagrach as neamhchomhlíonadh a chosc agus ní féidir a bheith ag súil go mbraithfimid neamhchomhlíonadh gach dlí agus rialacháin.

### Príomhábhair iniúchóireachta: ár measúnú ar rioscaí míshonrú ábhartha

Is ionann príomhábhair iniúchóireachta agus na hábhair úd, inár mbreithiúnas gairmiúil, ba mhó tábhachta san iniúchadh ar na ráitis airgeadais agus áirítear leo na rioscaí measta is suntasaí maidir le míshonrú ábhartha (cibé acu go raibh nó nach raibh siad de thoradh na calaoise) a d'aithníomar, lenar áiríodh iad siúd is mó a raibh éifeacht acu ar: an straitéis iomlán iniúchóireachta, leithdháileadh acmhainní san iniúchadh; agus iarrachtaí na foirne rannpháirtíochta a dhíriú. Tugadh aghaidh ar na hábhair sin i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus i dteacht ar thuairim ina leith, agus ní thugaimid tuairim ar leithligh maidir leis na hábhair sin.

Agus muid ag teacht ar ár dtuairim iniúchóireachta thuas, tá na príomhábhair iniúchóireachta, in ord íslitheach de réir shuntasacht iniúchóireachta, i leith an Ghrúpa agus na Cuideachta araon, leagtha amach thíos.

Leanaimid orainn ag comhlíonadh nósanna imeachta i ndáil le hiomláine agus cruinneas an ioncaim rialáilte a measadh go foirmiúil mar phríomhábhar iniúchóireachta in iniúchadh na bliana roimhe. Níl sé measta bheith ina phríomhábhar iniúchóireachta inár n-iniúchadh don bhliain reatha agus mar sin níl sé aitheanta ann féin inár dtuarascáil i mbliana.

### Scéimeanna pinsin shochair shainithe a thomhas: Grúpa agus Cuideachta - €45.7 milliún (2024: €23.1 milliún)

Féach leathanach 147 (beartas cuntasaíochta) agus leathanaigh 158 go 159 (nochtaí airgeadais)

#### An príomhábhar iniúchóireachta

Ar an 31 Nollaig 2025, bhí barrachas glan de €45.7m aitheanta ar chlár comhardaithe an Ghrúpa agus na Cuideachta i leith scéim pinsin shochair shainithe an Ghrúpa – lena gcuimsítear oibleagáid shochair shainithe chomhlán de €453.8 milliún agus sócmhainní plean de €499.5 milliún.

D'fhostaigh an Grúpa saineolaí achtúireach tríú páirtí seachtrach chun luacháil achtúireach a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail dáta an chláir chomhardaithe.

Tá riosca ann go n-úsáidtear toimhdí míchuí agus luacháil á déanamh ar dhliteanais phinsin a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar aithint an tseasaimh ghlan sócmhainne/dliteanais fhoriomláin.

Baineann tomhas dliteanas pinsin shochair shainithe le roghnú na bpríomhthoimhdí lena n-áirítear breithiúnais agus éiginnteacht bhunúsach, go háirithe maidir le roghnú an ráta lascaine a úsáidtear.

Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, chinn an fhoireann rannpháirtíochta gur ábhar iniúchóireachta ríthábhachtach é seo.

#### Conas a tugadh aghaidh ar an ábhar inár n-iniúchadh

Áiríodh na nithe seo a leanas ar ár nósanna imeachta iniúchóireachta:

- Rinneamar fiosrúcháin chun tuiscint a fháil ar an bpróiseas a cuireadh i bhfeidhm maidir le roghnú na bpríomhthoimhdí a úsáideadh agus an dliteanas sochair shainithe á ríomh.
- Rinneamar iniúchadh céim ar chéim ar an bpróiseas chun dliteanais a ríomh agus rinneamar meastóireacht ar chur i bhfeidhm an phríomhrialaithe ar an athbhreithniú agus ar fhaomhadh na mbonn tuisceana agus na luachála achtúirí.
- Rinneamar measúnú agus doiciméadú ar cháilíochtaí chomh maith le neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an achtúire a fostaíodh chun na ríomhanna achtúireacha a dhéanamh ar oibleagáidí sochar sainithe an Ghrúpa agus na Cuideachta.
- Bhaineamar úsáid as breithiúnas agus muid ag fostú ár speisialtóirí achtúireacha inmheánacha KPMG chun na measúnuithe luachála a iniúchadh, chun oiriúnacht na modheolaíochta a chuirtear i bhfeidhm a mheas agus chun réasúntacht na bpríomhbhonn tuisceana a chuirtear i bhfeidhm agus luacháil na ndliteanas sochar sainithe á measúnú a mheas – go háirithe bonn tuisceana an ráta lascaine. Áiríodh sa mheasúnú sin comparáid idir na boinn tuisceana seo agus tagarmharcanna atá ar fáil go seachtrach.
- Dheimhníomar go neamhspleách luach shócmhainní an phlean ar an 31 Nollaig 2025 le bainisteoir infheistíochta na scéime pinsin.
- Rinneamar measúnú ar shonraí rannpháirtithe na scéime a chuir Líonraí Gáis Éireann ar fáil d'achtúire an phlean le haghaidh iomláine agus cruinnis trí shonraí rannpháirtithe a chur i gcomparáid le taifid phárolla agus le fianaise tacaíochta eile.
- Rinneamar measúnú ar oiriúnacht aithint an bharrachais ghlan sa scéim mar shócmhainn ar chlár comhardaithe an Ghrúpa agus na Cuideachta agus tagairt á déanamh againn do rialacha na scéime.

Bhreithníomar leordhóthanacht nochtaí an Ghrúpa sna ráitis airgeadais i gcomhthéacs cheanglais IAS 19, lena n-áirítear i ndáil le híogaireacht an dliteanais i leith athruithe ar phríomhthoimhdí.

Bunaithe ar na nósanna imeachta iniúchóireachta a rinneadh agus ar an bhfianaise a fuarthas, níor aithníomar aon mhíshonrú ábhartha a bhaineann le tomhas scéimeanna pinsin shochair shainithe.

### Caipitliú caiteachais mar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh: €206.8m (Grúpa) (2024: €177.4 milliún) agus €174.4 milliún (Cuideachta) (2024: €140.2 milliún).

Féach leathanach 144 (beartas cuntasaíochta) agus leathanaigh 170 go 173 (nochtaí airgeadais)

#### An príomhábhar iniúchóireachta

Príomhréimse béim don Ghrúpa agus don Chuideachta atá in infheistíocht líonra. Tá an chuid is mó de bhonn sócmhainní an Ghrúpa agus na Cuideachta comhdhéanta de réadmhaoin, gléasra agus trealamh ('PPE') agus is cuid mhór de chaiteachas bliantúil an Ghrúpa iad. Ba é méid iomlán an chaiteachais caipitlithe a aithníodh sa bhliain airgeadais don Ghrúpa maidir le PPE ná €206.8 milliún (Cuideachta: €174.4m).

Ag brath ar a chineál, d'fhéadfadh go ndéanfaí caiteachas a chaipitliú nó a chlárú mar chaiteachas sa bhliain ina dtabhaítear an costas. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, ní mór don Ghrúpa agus don Chuideachta a mheas cibé acu an nginfear tairbhí eacnamaíochta amach anseo leis an gcaiteachas, agus an gcomhlíonann sé na critéir um chaipitliú i gcomhréir leis an mbeartas cuntasaíochta. Go sonrach, tá leibhéal suntasach breithiúnais ann maidir le caipitliú caiteachais athchóirithe. Ba ionann caiteachas athchóirithe a caipitlíodh sa bhliain airgeadais don Ghrúpa agus €72.6 milliún (Cuideachta: €54.6 milliún).

Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, chinn an fhoireann rannpháirtíochta gur ábhar iniúchóireachta ríthábhachtach é seo.

#### Conas a tugadh aghaidh ar an ábhar inár n-iniúchadh

Áiríodh na nithe seo a leanas ar ár nósanna imeachta iniúchóireachta:

- Fuaireamar agus rinneamar iniúchadh ar bheartas caipitlithe PPE an Ghrúpa agus na Cuideachta agus mheasamar go bhfuil sé i gcomhréir le IAS 16.
- Rinneamar iniúchadh céim ar chéim ar an bpróiseas agus rinneamar meastóireacht ar dhearadh agus ar chur i bhfeidhm an phríomhrialaithe ábhartha.
- Fuaireamar liosta de na sócmhainní a caipitlíodh agus d'aontaíomar iad leis an mórleabhar ginearálta.
- Roghnaíomar sampla de bhreiseáin le haghaidh tástála ag baint úsáide as uirlis samplála staitistiúil agus i gcás na samplaí uile a roghnaíodh, úsáideadh ár mbreithiúnas sna nithe seo a leanas:
  - rinneamar measúnú go gcomhlíonann gach ceann acu na critéir maidir le caipitliú faoi IAS 16 agus gur taifeadadh iad sa tréimhse cheart;
  - rinneamar iniúchadh ar chonarthaí agus/nó shonraisc bhunúsacha chun measúnú cibé acu an bhfuil na costais taifeadta go cruinn agus aicmithe go cuí mar chostais chaipitlithe; agus
  - rinneadh iniúchadh ar mhiontuairiscí Choiste an Ghrúpa um Fhaomhadh na hInfheistíochta mar fhianaise ar fhaomhadh cuí na mbreiseanna caipitil.

Rinneamar measúnú ar leordhóthanacht na nochtaí sna ráitis airgeadais.

Bunaithe ar na nósanna imeachta iniúchóireachta a rinneadh agus ar an bhfianaise a fuarthas, níor aithníomar aon mhíshonrú ábhartha a bhaineann le caipitliú na gcostas PPE.

### Ár gcur i bhfeidhm ábharthachta agus forléargas ar raon feidhme ár n-iniúchta

Socraíodh ábharthacht do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus do ráitis airgeadais na Cuideachta ina n-iomláine ag €17.0 milliún (2024:€14.5 milliún) agus €13.6 milliún (2024: €11.6 milliún) faoi seach, a cinneadh agus tagairt á déanamh do thagarmharc de ghlansócmhainní don Ghrúpa agus don Chuideachta araon (a léiríonn sé 1.2% de sin (2024: 1.1%) faoi seach).

Measaimid gurb iad na glansócmhainní an tagarmharc is oiriúnaí mar gheall ar leibhéal suntasach na n-iasachtaí bainc seachtracha agus bannaí liostaithe an Ghrúpa agus na Cuideachta.

Socraíodh ábharthacht feidhmíochta do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus do ráitis airgeadais na Cuideachta ina n-iomláine ag €12.7 milliún (2024: €9.4 milliún) agus €10.2 milliún (2024: €7.5 milliún) faoi seach, arb ionann é agus 75% d'ábharthacht an Ghrúpa agus na Cuideachta faoi seach.

Meastar dúinn gurb iad na glansócmhainní an tagarmharc cuí don Ghrúpa agus don Chuideachta araon toisc gur gnó bonneagair é Líonraí Gáis Éireann agus go measfadh úsáideoirí na ráiteas airgeadais gur príomhmhéadrach é luach glansócmhainní agus feidhmíocht á measúnú.

Thuairiscíomar don Choiste Iniúchóireachta aon mhíshonrú aitheanta, ceartaithe nó neamhcheartaithe, a sháraigh €0.85 milliún (2024: €0.7 milliún) (Grúpa) agus €0.68 milliún

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann (ar lean)

## Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais (ar lean)

## Ár gcur i bhfeidhm ábharthachta agus forléargas ar raon feidhme ár n-iniúchta (ar lean)

(2024: €0.58 milliún) (Cuideachta), chomh maith le míshonrú eile aitheanta a raibh tuairisciú ag teastáil ina leith ar fhorais cháilíochtúla.

Agus ár mbreithiúnas á chur i bhfeidhm againn maidir leis an gcéatadán a chinneadh atá le cur i bhfeidhm ar an tagarmharc (chun ábharthacht a chruthú do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta) agus atá le cur i bhfeidhm ar ábharthacht (chun ábharthacht feidhmíochta a bhunú do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta), mheasamar gur gnó aibí agus cobhsaí é Líonraí Gáis Éireann, go bhfuil comhsheasmhacht ann sa phríomhphearsanra bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais, go n-oibríonn an Grúpa i dtimpeallacht rialaithe agus go bhfuil socruithe fiachais aige.

Socraíodh raon feidhme ár n-iniúchóireacht ag ár measúnú ar rioscaí an mhíráitis ábhartha, ár socrú ar ábharthacht agus cur i bhfeidhm na hábharthachta sin againn. Shocraíomar raon feidhme ár n-iniúchta trí thuiscint a fháil ar an nGrúpa agus ar a thimpeallacht, lena n-áirítear rialuithe ar fud an Ghrúpa, agus trí mheasúnú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha ag leibhéal an Ghrúpa chomh maith le tábhacht airgeadais agus na rioscaí ar leith a bhaineann le cuideachtaí aonair laistigh den Ghrúpa.

Dhíríomar raon feidhme ár n-iniúchóireacht Grúpa ar iniúchóireacht ar na trí chuideachta trádála dlíthiúla a dhéanann suas an Grúpa. Is ionann na cuideachtaí (comhpháirteanna) sin agus na príomhaonaid ghnó go léir agus is ionann iad agus 100% d'ioncam agus de shócmhainní an Ghrúpa. Cuireadh ár gcuid oibre iniúchóireachta do gach cuid i bhfeidhm ag leibhéil níos ísle ná ábharthacht an Ghrúpa a bhí infheidhme i leith gach coda aonair sa réimse idir €1.7 milliún agus €13.6 milliún. Rinne foireann rannpháirtíochta aonair in Éirinn iniúchadh lárnach ar gach comhpháirt den Ghrúpa.

### Eolas eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil mar aon leis na ráitis airgeadais. Is éard atá san fhaisnéis eile ná faisnéis a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil mar aon leis na ráitis airgeadais, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra orthu. Níl na ráitis airgeadais ná tuairisc an iniúchóra orthu ina gcuid den fhaisnéis eile. Ní chlúdaítear inár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, dá réir sin, ní chuirimid tuairim iniúchóireachta in iúl nó, seachas mar a shonraítear go sainráite thíos, ní chuirimid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith in iúl.

Is í an fhreagracht atá orainne an fhaisnéis eile a léamh agus, agus é sin á dhéanamh againn, a mheas, bunaithe ar ár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais, an bhfuil an fhaisnéis atá ann míshonraithe go hábhartha nó ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó lenár bhfaisnéis iniúchóireachta. Bunaithe ar an obair sin amháin, níor aithníomar aon mhíráiteas ábhartha san fhaisnéis eile.

Bunaithe go hiomlán ar ár gcuid oibre ar an bhfaisnéis eile a rinneadh le linn an iniúchta, tuairiscímid an méid seo a leanas:

- nár aithníomar aon mhíshonrú ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí;
- go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais, dar linn, agus
- gur ullmhaíodh, dar linne, na codanna sin de thuarascáil na stiúrthóirí atá sonraithe dár n-athbhreithniú, nach n-áirítear tuairisciú inbhuanaitheachta nuair a cheanglaítear é le Cuid 28 d'Acht na gCuideachtaí 2014, i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

### Tá ár dtuairimí ar ábhair eile arna bhforordú ag Acht na gCuideachtaí 2014 gan mhodhnú

An fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid go bhfuil siad riachtanach chun críocha an iniúchta againn.

Dar linne, ba leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Nithe ar gá dúinn a thuairisciú de réir eisceachta

Ceanglaítear orainn faoi Acht na gCuideachtaí 2014 tuairisc a thabhairt duit mura ndéantar, dar linne, na nochtaí ar luach saothair agus ar idirbhearta stiúrthóirí a cheanglaítear le hailt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), ceanglaítear orainn a thuairisciú duit mura léirítear sa ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód ar leathanaigh 117 go 120 go bhfuil an Grúpa ag cloí le mír 1.9 (iv) den Chód nó mura bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais, agus tuairiscímid é mura bhfuil. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

**Date: 22 Aibreán 2026**

### Freagrachtaí agus srianta úsáide faoi seach

#### Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos iomláine i ráiteas freagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 109, tá na stiúrthóirí freagrach as an méid seo a leanas: ullmhú na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear bheith sásta go dtugtar léargas fírinneach cothrom iontu; cibé rialú inmheánach a cheapann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, cibé acu de bharr calaoise nó earráide; measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is cuí, nithe a bhaineann le gnóthas leantach; agus bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé beartaithe acu an Grúpa nó an Chuideachta a leachtú nó scor dá gcuid oibríochtaí, nó mura bhfuil rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

#### Freagrachtaí na n-iniúchóirí as iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha, mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint lenár dtuairim san áireamh. Leibhéal ard dearbhaithe atá sa dearbhú réasúnta, ach ní deimhniú é i gcónaí go n-aimseoidh iniúchóireacht a dhéantar i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) míráiteas ábharach nuair is ann do cheann. D'fhéadfadh míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos níos iomláine ar ár bhfreagrachtaí ar fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/.

#### Cuspóir ár gcuid oibre iniúchóireachta agus cé dó a bhfuilimid freagrach

Déantar an tuarascáil do bhaill na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchóireachta ionas gur féidir linn a chur in iúl do bhaill na Cuideachta na cúrsaí sin is gá dúinn a chur in iúl dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus don chúis sin amháin. Go dtí an méid is mó atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid freagracht as aon duine seachas an Chuideachta agus baill den Chuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí atá againn.



**Brian MacSweeney**

le haghaidh agus thar ceann na gCuntasóirí
Cairte KPMG, Comhlacht Iniúchóireachta
Reachtúla 85 An Meal Theas Corcaigh T12 A3XN

## Ráiteas faoi ioncam an ghrúpa

don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | |
| Ioncam | 3 | **635,141** | 599,501 |
| Glanchostais oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) | 4 | (293,753) | (276,209) |
| **Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (EBITDA)** | | **341,388** | 323,292 |
| Dímheas agus amúchadh | 6 | **(153,514)** | (153,639) |
| **Brabús oibriúcháin** | | **187,874** | 169,653 |
| Ioncam airgeadais | 7 | **5,626** | 13,397 |
| Costais airgeadais | 7 | **(20,291)** | (17,845) |
| Glanchostais airgeadais | 7 | **(14,665)** | (4,448) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | | **173,209** | 165,205 |
| Cáin ioncaim | 8 | **(26,840)** | (26,914) |
| **Brabús don bhliain** | | **146,369** | 138,291 |
| **Brabús inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | | **146,369** | 138,291 |
| **Brabús don bhliain** | | **146,369** | 138,291 |

## Ráiteas an ghrúpa maidir le hioncam cuimsitheach eile

don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain** | | **146,369** | 138,291 |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | |
| **Míreanna nach ndéanfar a athaicmiú mar bhrabús ná caillteanas:** | | | |
| Plean sochair sainithe gnóthacháin/(caillteanais) | 19 | **27,340** | (3,805) |
| Atomhas sócmhainní pinsin eile | 19 | **(657)** | 162 |
| Cáin iarchurtha a bhaineann le gnóthachain/ (caillteanais) achtúireacha an tsochair sainithe | 8 | **(3,335)** | 455 |
| **Iomlán na nithe nach ndéanfar iad a athaicmiú níos déanaí mar bhrabús nó caillteanas** | | **23,348** | (3,188) |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | |
| **Earraí a d'fhéadfadh a bheith athaicmithe chun brabúis nó caillteanais ina dhiaidh sin:** | | | |
| Difríochtaí aistrithe nuair a dhéantar fochuideachtaí eachtracha a chomhdhlúthú | | **(2,810)** | 2,991 |
| **Iomlán na nithe ar féidir iad a athaicmiú níos déanaí mar bhrabús nó caillteanas** | | **(2,810)** | 2,991 |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain** | | **20,538** | (197) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **166,907** | 138,094 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán curtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | | **166,907** | 138,094 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **166,907** | 138,094 |

# Clár comhardaithe an ghrúpa

amhail an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 9 | **2,562,570** | 2,511,608 |
| Réadmhaoine infheistíochta | 10 | **-** | 6,896 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | **30,229** | 28,614 |
| Sócmhainn sochair scoir | 19 | **45,709** | 23,069 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 24 | **-** | 59 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | **2,638,508** | 2,570,246 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Sócmhainní arna gcoinneáil le díol | 13 | **6,553** | - |
| Infháltais thrádála agus infháltais eile | 14 | **90,460** | 92,297 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa | 15 | **252,512** | 160,297 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | 15 | **24,982** | 21,339 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 24 | **77** | 333 |
| Sócmhainní cánach reatha | 8 | **10,695** | 3,371 |
| Fardail | 17 | **1,051** | 743 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **386,330** | 278,380 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **3,024,838** | 2,848,626 |
| | | | |
| **Cothromas agus dliteanais** | | | |
| **Cothromas** | | | |
| Scairchaipiteal agus scairbhiseach | | **(318,353)** | (318,353) |
| Ranníocaíocht chaipitil | | **(396,824)** | (396,824) |
| Tuilleamh coinnithe | | **(764,540)** | (656,898) |
| Cúlchiste aistrithe | | **(2,240)** | (5,050) |
| **Cothromas iomlán** | | **(1,481,957)** | (1,377,125) |
| | | | |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 18 | **(525,009)** | (859,422) |
| Ioncam iarchurtha | 20 | **(225,480)** | (182,788) |
| Deontais | 21 | **(38,529)** | (45,963) |
| Forálacha | 22 | **(5,090)** | (5,263) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | 23 | **(5,897)** | (5,905) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 24 | **(2)** | - |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 8 | **(223,811)** | (209,954) |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **(1,023,818)** | (1,309,295) |
| | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 18 | **(335,349)** | (231) |
| Ioncam iarchurtha | 20 | **(29,512)** | (18,017) |
| Deontais | 21 | **(6,736)** | (6,719) |
| Forálacha | 22 | **(1,263)** | (1,754) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | 23 | **(144,742)** | (134,637) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 24 | **(9)** | (51) |
| Dliteanais chánach reatha | 8 | **(1,452)** | (797) |
| | | | |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(519,063)** | (162,206) |
| **Dliteanais iomlána** | | **(1,542,881)** | (1,471,501) |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **(3,024,838)** | (2,848,626) |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:
Dáta: 15 Aibreán 2026



**Kevin Toland**
Cathaoirleach



**Saoirse Fahey**
Ball den Bhord

## Ráiteas an ghrúpa faoi athruithe sa chothromas

don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2025

| | | Scairchaipiteal agus scairbhiseach | Caiteachas ranníocaíocht | Coinnithe tuilleamh | Aistriúchán cúlchiste | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | | (318,353) | (369,947) | (565,813) | (2,059) | (1,256,172) |
| Brabús don bhliain | | - | - | (138,291) | - | (138,291) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | - | - | 3,188 | (2,991) | 197 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | - | - | (135,103) | (2,991) | (138,094) |
| Aistriú ó Ervia faoi rialú comhchoiteann | 27 | - | (26,877) | - | - | (26,877) |
| Díbhinní | 27 | - | - | 44,018 | - | 44,018 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | (318,353) | (396,824) | (656,898) | (5,050) | (1,377,125) |
| Brabús don bhliain | | - | - | (146,369) | - | (146,369) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | - | - | (23,348) | 2,810 | (20,538) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | - | - | (169,717) | 2,810 | (166,907) |
| Díbhinní | 27 | - | - | 62,075 | - | 62,075 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | (318,353) | (396,824) | (764,540) | (2,240) | (1,481,957) |

É go léir inchurtha i leith úinéirí na Cuideachta.

## Ráiteas an ghrúpa faoi shreafaí airgid

don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 16 | **364,772** | 354,199 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, gléasra agus trealamh | | **(196,902)** | (183,897) |
| Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe | | **(10,415)** | (10,265) |
| Deontas a fuarthas | 21 | **1,534** | - |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(205,783)** | (194,162) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Fáltais ó iasachtaí | 18 | **-** | 298,287 |
| Aisíocaíocht iasachtaí | 18 | **-** | (459,520) |
| Ranníocaíocht chaipitil a fuarthas | 27 | **-** | 2,492 |
| Aisíoc dliteanais léasa | 11 | **(231)** | (244) |
| Díbhinní íoctha | 27 | **(62,075)** | (44,018) |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **(62,306)** | (203,003) |
| **Glanmhéadú/(laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | 15 | **96,683** | (42,966) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | 15 | **181,636** | 223,746 |
| Éifeacht luaineachtaí sa ráta malairte ar airgead tirim atá á choinneáil | 15 | **(825)** | 856 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig** | 15 | **277,494** | 181,636 |

# Nótaí le ráitis airgeadais an ghrúpa


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta | 143 |
| 2. | Eolas deighilteach | 151 |
| 3. | Ioncam | 152 |
| 4. | Glanchostais oibriúcháin (gan dímheas agus amúchadh a áireamh) | 152 |
| 5. | Sochair fostaithe | 154 |
| 6. | Dímheas agus amúchadh | 155 |
| 7. | Glanchostais airgeadais | 155 |
| 8. | Cáin | 156 |
| 9. | Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 158 |
| 10. | Réadmhaoine infheistíochta | 160 |
| 11. | Sócmhainní agus dliteanais léasa | 161 |
| 12. | Sócmhainní doláimhsithe | 163 |
| 13. | Sócmhainní arna gcoinneáil le díol | 164 |
| 14. | Infháltais thrádála agus infháltais eile | 165 |
| 15. | Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 167 |
| 16. | Airgead tirim faighte ó oibríochtaí | 168 |
| 17. | Fardal | 168 |
| 18. | Iasachtaí agus fiachas eile | 169 |
| 19. | Sócmhainn sochair scoir | 170 |
| 20. | Ioncam iarchurtha | 174 |
| 21. | Deontais | 175 |
| 22. | Forálacha, teagmhais agus dliteanais chaipitil | 175 |
| 23. | Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | 176 |
| 24. | Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais | 176 |
| 25. | Tomhas luacha chóir | 183 |
| 26. | Fochuideachtaí | 184 |
| 27. | Páirtithe gaolmhara | 184 |
| 28. | Teagmhais ina dhiaidh sin | 186 |
| 29. | Faomhadh na ráiteas airgeadais | 186 |


NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA

## 1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta

### Bunús an ullmhúcháin

Cuideachta gníomhaíochta sainithe í Líonra Gáis Éireann ('an Chuideachta'), atá faoi theorainn scaireanna, agus a corpraíodh in Éirinn, ar an 13 Eanáir 2015. Is é seoladh a hoifige cláraithe ná Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. Is í uimhir chlárúcháin na cuideachta ná 555744. I ráitis airgeadais an Ghrúpa cuirtear le chéile ráitis airgeadais na Cuideachta agus a cuid fochomhlachtaí (mar a leagtar amach i nóta 26) (a dtagraítear dóibh i dteannta a chéile mar 'an Grúpa'), suas go dtí an 31 Nollaig gach bliain. Ba é Ervia a rialaigh an Chuideachta agus a fochuideachtaí roimhe seo. Díscaoileadh Ervia, corparáid reachtúil a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976 agus a bhí lonnaithe in Éirinn, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2024, de bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, ina ndearnadh foráil maidir le feidhmeanna, sócmhainní, agus dliteanais chorparáid reachtúil Ervia go léir a aistriú ar an dáta sin. Féach nóta 27(a) le haghaidh sonraí faoi na sócmhainní agus na dliteanais a aistríodh chuig Líonraí Gáis Éireann.

Bhain an Chuideachta leas as an díolúine in alt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014 gan a ráiteas ioncaim aonair, a ráiteas ar ioncam cuimsitheach agus na nótaí bainteacha a chur i láthair.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus cinntí clár oibre Choiste Léirmhínithe IFRS (IFRIC), le héifeacht do thréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh, agus Acht na gCuideachtaí 2014. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, slánaítear iad go dtí an míle is gaire agus ullmhaítear iad ar bhonn an chostais stairiúil, ach amháin i gcás ionstraimí airgeadais díorthacha áirithe a thomhaistear ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas. Is é an sainmhíniú a thugtar ar luach cóir ná an praghas a gheofaí as sócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ar dháta an tomhais.

Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhleanúnach sna blianta ar fad a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo, ach amháin nuair a glacadh le caighdeáin nua (mar atá leagtha amach thíos). Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, ní mór breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais. Leagtar amach thíos sonraí ar na breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta is suntasaí a chuirtear i bhfeidhm.

### Gnóthas leantach

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta.

Tá acmhainní airgeadais nach beag ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta agus creideann na Stiúrthóirí go bhfuil an Grúpa i riocht maith chun a rioscaí a bhainistiú go rathúil. Tá acmhainní suntasacha ar fáil ag an nGrúpa, lena n-áirítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim dar luach €253 milliún atá ar fáil don ghrúpa ar an 31 Nollaig 2025 (2024: €160 milliún) agus saoráidí bainc neamhtharraingthe geallta de €300 milliún ar an 31 Nollaig 2025 (2024: €300 milliún), agus tá réamhaisnéisí láidre maidir le brabúsacht agus sreabhadh airgid thirim oibriúcháin le haghaidh 2025 agus ina dhiaidh sin. Áirítear le glanseasamh dliteanas reatha an Ghrúpa de €133m ar an 31 Nollaig 2025, €336m de fhiachas Eorabhanna a dhéanfar a athmhaoiniú in 2026. Tá súil ag an nGrúpa go mbeidh fonn láidir ar infheisteoirí fós ár bhfiachas a athmhaoiniú de réir mar a thagann sé bhun bheith dlite, mar atá léirithe le déanaí le heisiúint rathúil an Bhanna €300 milliún i mí Mheán Fómhair 2024. Tá níos mó sonraí faoi shuíomh leachtachta an Ghrúpa curtha ar fáil i nóta 24 (ii) leis na ráitis airgeadais sin.

Agus an measúnú gnóthais leantaigh á chur i gcrích, chuir na Stiúrthóirí na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí maidir le gnó Líonraí Gáis Éireann san áireamh, lena n-áirítear imeachtaí geopholaitiúla agus tionchair an athraithe aeráide.

Tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go bhfuil neart acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh ag oibriú ar feadh dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar ar faomhadh na ráitis airgeadais.

### Caighdeáin chuntasaíochta nua IFRS i bhfeidhm don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Rinne an Grúpa na leasuithe caighdeán seo a leanas a ghlacadh, leasuithe nach bhfuil aon tionchar ábhartha ag baint leo ar thorthaí ná ar nochtuithe ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Leasuithe ar IAS 21 Éifeacht na Rátaí Malairte: Easpa Inmhalartachta

## 1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta (ar lean)

### Caighdeáin agus léirmhínithe IFRS nua nár glacadh leo fós

Rinneadh na caighdeáin chuntasaíochta nua seo a leanas agus na leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana a eisiúint, ach níl siad in éifeacht go fóill don tréimhse chuntasaíochta seo nó níl tacaíocht ón Aontas Eorpach ina leith go fóill:

- Leasuithe ar IFRS 9 agus IFRS 7: Aicmiú agus Tomhas Ionstraimí Airgeadais.
- Feabhsúcháin Bhliantúla ar na Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS - Imleabhar 11
- Leasuithe ar IFRS 9 agus IFRS 7: Conarthaí a Thagraíonn do Leictreachas atá ag Brath ar an Dúlra
- Cur i Láthair agus Nochtadh IFRS 18 i Ráitis Airgeadais
- Fochuideachtaí IFRS 19 gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtadh
- Leasuithe ar CIC 21 Aistriú go hAirgeadra Hibearbhoilscithe um Chur i Láthair

Cuirfear IFRS 18 in ionad IAS 1 Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais do thréimhsí tuairiscithe bliantúla ag tosú ar an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. Leis an gcaighdeán cuntasaíochta nua tugtar isteach na riachtanais lárnacha seo a leanas.

- Ceanglaítear ar eintitis an t-ioncam agus na speansais go léir a aicmiú i gcúig chatagóir sa ráiteas brabúis nó caillteanais, is iad sin ná na catagóirí um oibriú, infheistiú, maoiniú, oibríochtaí scortha agus cháin ioncaim. Ceanglaítear ar eintitis freisin fo-iomlán nua-shainithe don bhrabús oibriúcháin a chur i láthair. Ní athrófar glanbhrabús na n-eintiteas.
- Nochtar bearta feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht (BFManna) i nóta singil sna ráitis airgeadais.
- Tugtar treoir fheabhsaithe maidir le conas faisnéis a ghrúpáil sna ráitis airgeadais.

Ina theannta sin, ceanglaítear ar eintitis úsáid a bhaint as an bhfo-iomlán don bhrabús oibriúcháin mar an bpointe tosaithe don ráiteas ar shreafaí airgid agus sreafaí airgid oibriúcháin á gcur i láthair faoin modh indíreach.

Tá an Grúpa fós i mbun measúnú a dhéanamh ar thionchar an chaighdeáin nua, go háirithe maidir le struchtúr an ráiteas brabúis nó caillteanais de chuid an Ghrúpa, an ráiteas sreabhaidh airgid, agus na nochtuithe breise a theastaíonn i gcomhair BFManna. Tá an Grúpa ag déanamh measúnaithe freisin ar an gcaoi a ngrúpáiltear faisnéis sna ráitis airgeadais, lena n-áirítear i gcomhair míreanna atá lipéadaithe mar 'eile' faoi láthair.

## Eolas faoi Bheartas Cuntasaíochta Ábhartha

### a) Bunús an Chomhdhlúthaithe

#### Fochuideachtaí

Is ionann fochuideachtaí agus eintitis atá rialaithe ag an nGrúpa. Tá smacht ann nuair atá an Grúpa neamhchosanta ar thorthaí inathraitheacha an eintitis de bharr an bhaint atá aige leis agus a bhfuil sé de chumas aige dul i bhfeidhm ar na tuairisceáin sin trína chumhacht thar an eintiteas, nó nuair atá cearta ag an nGrúpa chun na torthaí inathraitheacha sin. Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí i ráitis airgeadais an Ghrúpa ón dáta ar a dtosaítear smacht go dtí an dáta ar a dtagann deireadh le smacht. I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, cuirtear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar aghaidh mar chostas lúide aon mhuirir bhearnúcháin.

#### Idirbhearta a chuirtear as an áireamh i ndiaidh chomhdhlúthaithe

Faightear réidh le hiarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa agus ioncam/costais neamhréadaithe ar bith ó idirbhearta inghrúpa in ullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa. Faightear réidh le gnóthachain néamhréadaithe a thagann chun cinn ó idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i gcomparáid leis an infheistíocht sa mhéid agus atá leas ag an nGrúpa san institiúid infheistiúcháin. Déantar caillteanais neamhréadaithe a dhíbirt ar an gcaoi chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ag díreach sa mhéid is nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnú.

#### Aistriú sócmhainní agus dliteanas ó eintiteas faoi rialú comhchoiteann

Nuair a aistrítear sócmhainní agus dliteanais idir eintitis atá faoi rialú comhchoiteann ag dáta an aistrithe, ní dhéantar na sócmhainní agus na dliteanais a thomhas ag a luachanna córa agus ina áit sin, déantar iad a thomhas bunaithe ar na luachanna anonn. Áirítear leis na difríochtaí idir an chomaoin a íocadh agus luach anonn scartha na sócmhainní agus dliteanais (amhail dáta an idirbhirt) a fuarthas i gcothromas mar ranníocaíocht chaipitil.

### b) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

#### Aithint

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a thomhas ag a gcostas lúide a ndímheas carntha agus a gcaillteanas carntha de bharr an bhearnúcháin. Cuimsítear i gcostais costais dhíreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostais), costais dhíchoimisiúnaithe nó athchóirithe agus ús arna thabhú chun tógáil na sócmhainne a mhaoiniú nuair a ghlacann an tógáil sin tréimhse ama nach beag le críochnú. Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu.

#### Caiteachais ina dhiaidh sin

Aithnítear caiteachas ina dhiaidh sin, mar shampla, an costas as cuid nó mír de réadmhaoin, fearas agus trealamh a athsholáthartha, i suim ghlanluacha na míre más dócha go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ag baint leis an mír san am atá le teacht chuig an nGrúpa, agus más féidir an costas a thomhas go hiontaofa. Déantar suim ghlanluacha na coda athsholáthraithe a dhí-aithint. Aithnítear na costais as seirbhísiú laethúil ar réadmhaoin, fearas agus trealamh sa chuntas brabúis nó caillteanais de réir mar a aithnítear iad.

#### Dímheas

Dímheasann míreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ón uair a bhíonn siad ar fáil lena n-úsáid.

Ríomhtar an muirear as dímheas go príomha chun costas na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíluacháil, lúide an costas iarmharach measta, de réir méid chothroim thar a saol úsáideach measta. Dímheastar sócmhainní léasaithe thar théarma an léasa nó a saol úsáideach, cibé acu is giorra. Is iad na haicmithe móra sócmhainne agus a saol úsáideach measta ná:

| | |
|---|---|
| Píblínte dáileacháin | 60 bliain |
| Píblínte tarchurtha (arna rialú i dTuaisceart Éireann) | 25 bliain |
| Píblínte tarchurtha (arna rialú i bPoblacht na hÉireann) | 40 bliain |
| Stáisiúin chomhbhrúiteora | 20 bliain |
| Méadair | 15 bliain |
| Suiteálacha Os Cionn Talún (Above Ground Installations/AGInna) | 25 nó 40 bliain |
| Foirgnimh | 40 bliain |

Ní ghearrtar dímheas ar thalamh ná sócmhainní atá á dtógáil. Déantar athbhreithniú ar an modh dímheasa, ar shaolréanna fónta agus ar luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

#### Costais iasachta

Déantar costais iasachta a chaipitliú mar chostas sócmhainne má tá siad inchurtha go díreach i leith éadáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí. Is é atá i sócmhainn cháilitheach ná sócmhainn nach mór cuid mhór ama a chaitheamh ar a hullmhú lena húsáid bheartaithe nó lena díol. Tagann deireadh le caipitliú úis nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó nuair a cuireadh isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fhada ama.

### c) Réadmhaoine Infheistíochta

Áirítear le Réadmhaoin Infheistíochta foirgneamh oifige agus láithreáin oibreacha gáis toraidh nach bhfuil in úsáid ag an nGrúpa. Sealbhaítear réadmhaoine infheistíochta ag costas stairiúil lúide a ndímheas agus lagú carntha. Ní dhéantar aistrithe chuig (nó ó) réadmhaoin infheistíochta ach amháin nuair atá athrú ar úsáid. Cuirtear aistrithe go (nó ó) réadmhaoin infheistíochta ó (nó go) réadmhaoin faoi úinéireacht san áireamh ag costas stairiúil lúide a ndímheas agus lagú carntha. Déantar ionaid réadmhaoine infheistíochta a dhí-aithint nuair a fhaightear réidh leo nó nuair a bhaintear iad go buan ó úsáid agus nîltear ag súil le leas eacnamaíoch amach anseo óna ndiúscairt.

### d) Sócmhainní Doláimhsithe

#### Bogearraí agus bogearraí arna bhforbairt

Áirítear le costais bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go hinmheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach araon.

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go hinmheánach a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúla bogearraí atá rialaithe ag an nGrúpa. Aithnítear sócmhainní doláimhsithe nuair a chomhlíonann siad sainmhíniú sócmhainn doláimhsithe CIC 38 alt 8 agus na critéir aitheanta in CIC 38 alt 21-23. Cuimsíonn an caiteachas a dhéantar a chaipitliú an costas as ábhair, saothar díreach, forchostais atá inchurtha go díreach i leith ullmhú na sócmhainne dá n-úsáid bheartaithe, agus costais iasachta ar shócmhainní cáilitheacha.

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire a fuarthas a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu, ar chuntas go gcomhlíonann na costais na critéir in CIC 38 i gcomhair caipitlithe.

#### Amúchadh sócmhainní doláimhsithe

Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh de réir méid chothroim sa chuntas brabúis nó caillteanais thar a saol fóinteach measta, ón dáta a bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile a amúchadh, de réir méid chothroim, thar a saol fóinteach measta suas le seacht mbliana.

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna amúchta, saolréanna fóinteacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

#### Costais iasachta

Féach beartas cuntasaíochta b) thuas.

### e) Bearnúchán Sócmhainní

Sócmhainní nach bhfuil faoi réir amúchta

Déantar sócmhainní doláimhsithe nach bhfuil réidh le húsáid go fóill a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin.

#### Sócmhainní nach bhfuil faoi réir dímheasa/amúchta

Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní sin ar gach dáta tuairiscithe chun socrú cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin orthu. Má tá comhartha ann go bhfuil bearnú i gceist, déantar méid in-aisghabhála na sócmhainne a mheas.

## 1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta (ar lean)

### Caillteanas bearnúcháin a aithint

Chun críocha bearnúchán a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpa ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ann ar féidir a aithint astu féin (aonaid giniúna airgid nó AGAnna). Aithnítear caillteanas bearnúcháin le haghaidh na méide ag a sáraíonn suim ghlanluacha sócmhainne a méid in-aisghabhála. Is é atá sa mhéid in-aisghabhála ná luach cóir sócmhainne lúide costas as diúscairt nó luach úsáide sócmhainne, cibé acu is airde. Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtaobh AGAnna a leithdháileadh ar dtús chun an méid glanluacha d'aon dea-thoil dáilte ar AGA a laghdú, agus ina dhiaidh sin leithdháiltear iad chun laghdú a dhéanamh ar mhéid glanluacha na sócmhainní eile in AGA ar bhonn pro rata.

### Caillteanas bearnúcháin a aithint

Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a fhreaschur maidir le dea-thoil. I dtaobh sócmhainní eile, déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtréimhsí roimhe sin a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe le haghaidh aon chomharthaí gur tháinig laghdú ar an gcaillteanas nó nach ann dó a thuilleadh. Ní aisiompaítear caillteanas bearnúcháin ach sa mhéid nach sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne an tsuim ghlanluacha, glan ó dhímheas ná amúchadh, murar aithníodh aon chaillteanas bearnúcháin.

Déantar aisiompú caillteanais bearnúcháin le haghaidh AGA a leithdháileadh ar shócmhainní an aonaid, seachas cáilmheas, ar bhonn pro rata le suimeanna glanluacha na sócmhainní sin. Aithnítear an t-aisiompú láithreach i mbrabús nó i gcaillteanas. Agus úsáid á baint as suim ghlanluacha athbhreithnithe na sócmhainne, déantar soláthar do dhímheas/amúchadh de réir méid chothroim thar an saol fóinteach a mheastar a bheith fágtha ag an tsócmhainn.

### f) Sócmhainní arna gcoinneáil le díol

Aicmítear sócmhainní mar arna gcoinneáil le díol más ard an dóchúlacht go n-aisghabhfar trí dhíolachán iad seachas trí húsáid leanúnach. Is gnách go ndéantar sócmhainní, nó grúpaí diúscartha dá leithéid, a thomhas ag a suim ghlanluacha nó a luach cóir, cibé acu is ísle, lúide costais le díol. Nuair atá siad aicmithe mar arna gcoinneáil le díol, ní dhéantar sócmhainní doláimhsithe ná réadmhaoin, gléas agus trealamh a amúchadh nó a dhímheas a thuilleadh.

### g) Airgeadra eachtrach

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta agus airgeadra chur i láthair an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta chomh maith.

Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistríodh sócmhainní agus dliteanais airgid arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha chuig an airgeadra feidhmiúil ag na rátaí a bhí i bhfeidhm ag dáta an tuairiscithe. Aithnítear sa chuntas brabúis nó caillteanais an gnóthachan nó caillteanas airgeadra eachtraigh a thagann chun cinn tar éis an aistrithe a dhéanamh. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta in airgeadra eachtrach a dhéantar a thomhas ar chostas stairiúil agus úsáid á baint as an ráta malairte ar dháta an idirbhirt, agus ní aistrítear arís iad ina dhiaidh sin.

Aistrítear go euro, ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe, sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadáil. Déantar torthaí oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na meánrátaí malairte don tréimhse, nuair a fhreagraíonn siad do mheastachán réasúnta de na fíor-rátaí a tabhaíodh. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de chothromas (cúlchiste aistrithe).

### h) Ioncam

Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha, i margaí rialáilte agus neamhrialáilte araon, a thagann ioncam an Ghrúpa. Forbraíonn, oibríonn agus déanann an Grúpa cothabháil ar na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann an Grúpa seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Chomh maith leis sin, oibríonn an Grúpa agus tá sé ina úinéir ar an dá phíblíne idirnascaire gáis idir Albain agus Éire agus tá sócmhainní bonneagair líonra aige i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Cuimsítear ioncam ó léasa oibriúcháin le hioncam an Ghrúpa freisin, a aithnítear i gcomhréir le IFRS 16 (féach pointe h thíos).

Déantar ioncam a thomhas bunaithe ar an gcomaoin a measann an Grúpa go mbeidh sé ina teideal i gconradh le custaiméir, agus ní áirítear méideanna a bhailítear ar son tríú páirtithe. Aithníonn an Grúpa ioncam nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta, mar a leagtar amach iad sa chonradh, nó de réir mar a chomhlíontar iad. Aithnítear ioncam ó acmhainn iompair (billeáilte agus neambhilleáilte) thar am de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid feidhmíochta arb é acmhainn líonra a sholáthar, agus aithnítear aon ioncam a bhaineann le tráchtearraí ar bhonn an tréchuir don tréimhse le haghaidh gach custaiméara.

Aithnítear ranníocaíochtaí custaiméara i ndáil le ceangail leis an líonra gáis in ioncam iarchurtha nuair a fhaightear iad, agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad thar shaolré an cheangail. Tá breithiúnas ag teastáil chun a chinneadh cibé acu an bhfuil críochnú na seirbhísí ceangail difriúil ó sholáthar seirbhísí iompair líonra amach anseo. Bhain an Grúpa de thátal as nach seirbhísí ar leith iad na ceangail agus na seirbhísí iompair agus, dá bhrí sin, aithnítear ranníocaíochtaí ceangail custaiméara mar ioncam thar am de thairbhe go soláthraímid rochtain ar an líonra gáis. Scaoiltear ioncam ó cheangail chórais tarchurtha chuig an ráiteas ioncaim thar thréimhse cúig bliana déag agus scaoiltear ioncam ó cheangail chórais dáileacháin chuig an ráiteas ioncaim thar thréimhse seacht mbliana.

Ranníocaíochtaí a fhaightear i dtreo an chostais a bhaineann le heilimintí den líonra gáis a atreorú nó a athlonnú, déantar iad a thaifeadadh ar dtús mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad le linn chur i gcrích na n-oibreacha.

Má mheastar nach gcomhlíontar na critéir um aithint ioncaim le haghaidh conartha, cuirtear moill le haithint ioncaim go measfar an inbhailitheacht mar a bheith dóchúil. I gcás inar gá, déantar méid geallta na comaoine a lascainiú chun gné mhaoinithe an idirbhirt a léiriú agus cuirtear an foirceannadh úis i láthair go bliantúil mar chreidmheas don ráiteas ioncaim.

Braitheann roinnt foinsí ioncaim de chuid an Ghrúpa ar fhaomhadh a fháil ón rialaitheoir tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU). In imthosca áirithe, d'fhéadfadh an t-ioncam rialaithe “ceadaithe” a bheith róghnóthaithe nó tearcghnóthaithe sa bhliain. Mar shampla, mar chuid dár gcomhaontú rialála, tá an Grúpa i dteideal aon tearcghnóthú costas faoi bhealach a aisghnóthú amhail crapadh an chórais gáis trí choigeartuithe taraife ioncaim amach anseo. Dá bhrí sin, is féidir aon róghnóthú nó tearcghnóthú ioncaim “cheadaithe” a chuimsiú, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Mar sin féin, ní dhéantar aon choigeartú um róghnóthú nó tearcghnóthú sa bhliain ina dtagann siad chun cinn mar bíonn na gnóthachtálacha faoi réir athruithe taraife amach anseo a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí iompair amach anseo, agus dá bhrí sin níl coigeartuithe den sórt sin i dteideal aitheantais mar shócmhainní ná mar dhliteanais ar an dáta tuairiscithe.

### i) Léasanna

### An Grúpa mar Léasaí

Aithnítear léasanna mar shócmhainn a bhfuil ceart úsáide ag baint léi agus mar dhliteanas comhfhreagrach ar an dáta a bhíonn an tsócmhainn léasaithe ar fáil lena húsáid ag an nGrúpa. Tráth tionscanta conartha léasa, measann an grúpa cibé acu an léas é conradh nó a chuimsítear léas leis. Má thugtar leis an gconradh an ceart chun úsáid sócmhainne a rialú ar feadh tréimhse ama mar chúiteamh ar chomaoin, aithnítear mar léas é.

Cuireann an Grúpa na nithe seo a leanas san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar an gceart chun sócmhainn a rialú:

- an bhfuil sócmhainní inaitheanta sa chonradh
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa leasanna eacnamaíocha go léir na sócmhainne a fháil go substainteach
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa an tsócmhainn a oibriú ar fud thréimhse an chonartha.

Déantar dliteanas an léasa (curtha i láthair laistigh 'd'Iasachtaí agus d'fhiach eile') a thomhas ar dtús ar ghlanluach láithreach na n-íocaíochtaí léasa. Cuimsítear freisin sa tomhas ar an dliteanas íocaíochtaí léasa a dhéanfar faoi roghanna sínte atá réasúnta cinnte. Déantar na híocaíochtaí léasa a lascainiú leis an ráta úis is intuigthe sa léas. Más rud é nach féidir an ráta sin a chinneadh go héasca, rud a tharlaíonn go hiondúil le haghaidh léasanna sa Ghrúpa, úsáidtear ráta iasachtaithe incriminteach an léasaí, arb é atá sa ráta sin an ráta a bheadh le híoc ag an léasaí aonair chun iasacht a fháil de na cistí is gá chun sócmhainn ar luach cosúil leis an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáide ag baint léi i dtimpeallacht eacnamaíoch chosúil lena mbaineann téarmaí, slándáil agus coinníollacha cosúla.

Leithdháiltear íocaíochtaí léasa idir príomhchostas agus costas airgeadais. Déantar an costas airgeadais a mhuirearú le brabús nó le caillteanas thar an tréimhse léasa chun ráta úis tréimhsiúil seasta a tháirgeadh ar fhuílleach an dliteanais le haghaidh gach tréimhse.

Maidir le sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo (a chuirtear i láthair in 'Réadmhaoin, gléasra agus trealamh'), déantar iad a thomhas ar aitheantas tosaigh ar a gcostas lena gcuimsítear iad seo a leanas:

- méid thomhas tosaigh an dliteanais léasa
- íocaíochtaí léasa a rinneadh ag an dáta tosaigh nó roimhe sin lúide aon dreasachtaí léasa a fuarthas
- aon dírchostais tosaigh, agus
- costais athchóirithe.

Déantar sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo a thomhas ina dhiaidh sin ag costas lúide caillteanais fhabhraithe dímheasa agus lagaithe. Cuirtear CIC 36 i bhfeidhm lena dhearbhú an bhfuil sócmhainn ceart úsáide bearnaithe agus cuntais an Ghrúpa d'aon chaillteanas bearnaithe aitheanta mar a dhéantar cur síos air i bpolasaí E Lagú sócmhainní.

Go hiondúil, dímheastar sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo thar shaol úsáideach na sócmhainne agus an téarma léasa de réir méid chothroim, cibé acu is giorra. Má tá an Grúpa réasúnta cinnte rogha ar cheannach a fheidhmiú, déantar an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáide ag baint léi a dhímheas thar shaol úsáideach na sócmhainne bunúsaí.

I dtaobh léasanna atá gearrthéarmach (is lú an téarma léasa agus 12 mhí) agus ar luach íseal (is lú ná €5,000 luach na sócmhainne nuair atá an tsócmhainn nua), aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa mar chaiteachas oibriúcháin de réir méid chothroim thar théarma an léasa, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe. Ní raibh aon léas den sórt sin ag an nGrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe ná le linn tréimhsí comparáideacha.

### An Grúpa mar Léasóir

Déantar léasanna a bhfuil an Grúpa ina léasóir ina leith a aicmiú mar léasanna airgeadais nó oibriúcháin. Aon uair a dhéanann téarmaí an léasa na rioscaí agus sochair a bhaineann le húinéireacht a aistriú den chuid is mó chuig an léasaí, déantar an conradh a aicmiú mar léas airgeadais. Déantar gach léas eile a aicmiú mar léas oibriúcháin.

## 1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta (ar lean)

Déanann an Grúpa comhaontuithe léasa agus é ina léasóir i dtaca le cuid dá réadmhaoine infheistíochta agus dá phíblínte, agus déantar na léasanna sin a aicmiú mar léasanna oibriúcháin. Déantar ioncam cíosa ó léasanna oibriúcháin píblíne a aithint mar ioncam de réir an mhéid chothroim thar théarma an léasa chuí, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe. Aithnítear Ioncam Cíosa ó réadmhaoin infheistíochta in ioncam oibriúcháin eile ar bhonn líne dírí agus cuirtear san áireamh i nglanchostais oibriúcháin é (nóta 4). Déantar costais dhíreacha thosaigh, a thabhaítear i rith an phróisis idirbheartaíochta agus socraithe don léas oibriúcháin, a chur le méid anonn na sócmhainne léasaithe agus déantar iad a aithint de réir an mhéid chothroim thar téarma an léasa.

Déantar na méideanna atá iníoctha ag léasaithe faoi léasanna airgeadais a aithint mar infháltais ag méid atá comhionann leis an nglaninfheistíocht a rinne an Grúpa sna léasanna. Déantar ioncam ó léasanna airgeadais a leithdháileadh ar thréimhsí cuntasaíochta ionas go bhfreagróidh siad do ráta fáltais tréimhsiúil buan ar ghlaninfheistíocht amuigh an Ghrúpa i dtaca leis na léasanna sin.

Nuair a chuimsíonn conradh gnéithe léasa agus neamhléasa, cuireann an Grúpa IFRS 15 i bhfeidhm chun an chomaoin faoin chonradh a leithdháileadh ar gach gné.

### j) Sócmhainn sochair scoir

#### Scéim pinsin sochair sainithe

Scéim sochair iarfhostaíochta is ea scéim sochair shainithe seachas scéim ranníocaíochta sainithe, a dtugtar eolas ina leith thíos.

I gcás scéimeanna a bhfuil sochar sainithe ag baint leo, úsáidtear Modh na n-Aonad Réamh-mheasta Creidmheasa leis an gcostas as sochair a chur ar fáil a mheas. Cuirtear athbhreithnithe achtúireacha i gcrích ar gach lá tuairiscithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a shainaithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Sainaithnítear lasmuigh den chuntas brabúis nó caillteanais iad agus cuirtear i láthair iad in ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear an costas iar-sheirbhíse láithreach. Déantar an costas seirbhíse reatha agus gnóthachain agus caillteanais ar réitigh agus ciorrúcháin a mhuirearú ar chostais oibriúcháin, nó ar sholáthairtí i gcásanna ina ndearnadh soláthar ar dtús i gcomhar na gcostas gaolmhar mar chuid de sholáthar athstruchtúraithe a aithint. Ríomhtar an glanchostas úis pinsin tríd an ráta lascaine ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm ar an nglandliteanas nó ar an nglansócmhainn sainithe.

Is ionann an tsócmhainn sochair scoir arna haithint sa chlár comhardaithe agus luach reatha na hoibleagáide sochair sainithe le haghaidh na scéime agus luach cóir shócmhainní na scéime.

Aithnítear luach cóir na gceart aisíocaíochta nuair atá an Grúpa i dteideal an costas a bhaineann le seirbhís inphinsin roimhe a fháil ar ais ó chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí nuair a dhéanann fostaithe incháilithe a dteidlíochtaí a bhaineann le seirbhís inphinsin – a thagann as seirbhís i gcomhlachtaí eile san earnáil phoiblí – a aistriú chuig scéim Líonraí Gáis Éireann, i gcomhréir le Líonra Aistrithe don Earnáil Phoiblí, atá faoi rialú ag Alt 4 den Acht Aois-Liúntas agus Pinsean, 1963.

#### Scéimeanna pinsin ranníocaíochta sainithe

Is ionann scéim ranníocaíochta sainithe agus scéim iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh, agus ní bheidh aon oibleagáid dlí ná inchiallaithe ar bith air méideanna breise a íoc. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar bhrabús nó chaillteanas sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.

### k) Deontais

Aithnítear deontas mar dhliteanas sa chlár comhardaithe ar dtús nuair atá ráthaíocht réasúnta ann go bhfaighfear

é agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a bhaineann leis. Aithnítear na deontais ioncaim atá mar chúiteamh don Ghrúpa as speansais arna dtabhú sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sa tréimhse chéanna ina dtabhaítear na speansais. Déantar deontais a chúitíonn an Grúpa as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaol úsáideach na sócmhainne chun an muirear dímheasa a mheaitseáil.

### l) Soláthairtí agus Dliteanais Theagmhasacha

Déanann an Grúpa meastóireacht ar nochtuithe ar dhliteanais theagmhasacha a bhaineann le dlíthíocht atá le teacht nó éilimh eile gan réiteach atá faoi réir réitigh chaibidlithe, idirghabhála, eadrána nó rialú Rialtais. Aithnítear soláthar nuair is dóchúil gurb ann d'oibleagáid ar féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar an ábhar aonair. Cuimsíonn anailís measúnú ar an dóchúlacht go n-éireoidh le héileamh gan réiteach, nó go dtiocfaidh dliteanas chun cinn, agus an pointe aitheantais don dliteanas gaolmhar.

Aithnítear mar dhliteanais theagmhasacha ábhair ar oibleagáidí féideartha iad nó nach gcomhlíonann na critéir aitheantais i gcomhair soláthair, ach amháin más beag an fhéidearthacht go n-aistreofar tairbhí eacnamaíochta.

B'fhéidir go n-athródh soláthair amach anseo de bharr forbairtí nua agus de réir mar a bhíonn faisnéis nua ar fáil. D'fhéadfadh go mbeadh costais iarbhír difriúil leis an soláthar measta mar gheall ar an éiginnteacht nádúrtha sa phróiseas meastóireachta sin. Tá sonraí faoi sholáthairtí nochta i nóta 22.

### m) Fardail

Déantar fardail a thomhas agus úsáid á baint as costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, agus úsáid á baint as an bhfoirmle costais "is túisce isteach is túisce amach" (FIFO) i gcomhréir le Fardail CIC 2. Tá costas déanta suas de phraghas ceannaigh agus gach costas díreach a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt chuig a n-ionad reatha agus a riocht reatha. Is ionann glanluach inréadaithe agus an praghas díola iarbhír nó measta lúide na costais go léir atá le tabhú roimh an díolachán. Déantar soláthar sonrach le haghaidh nithe a bhfuil dochar déanta dóibh, atá imithe as feidhm nó nach féidir a úsáid, nuair is cuí sin.

### n) Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais

#### Ionstraimí airgeadais díorthacha

Is iad réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh an t-aon ionstraim airgeadais dhíorthach a bhíonn in úsáid ag an nGrúpa chun a nochtadh ar rioscaí malairte eachtraí a bhainistiú. Déantar tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a nochtadh i nóta 24.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ag luach cóir ar an dáta a ndéantar conradh díorthach agus déantar iad a atomhas ina dhiaidh sin go dtí a luach cóir ar gach dáta tuairiscithe. Déantar gnóthachain nó caillteanais a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais láithreach, ach amháin más ionstraim fhálaithe shainithe agus éifeachtach iad. Sa chás sin, braitheann uainiú an aitheantais sa chuntas brabúis nó caillteanais ar nádúr na gaolmhaireachta fálaithe.

Cé go ndéantar díorthach a bhfuil luach cóir dearfach aige a aithint mar shócmhainn airgeadais, déantar díorthach a bhfuil luach cóir diúltach aige a aithint mar dhliteanas airgeadais. Ní dhéantar díorthaigh a fhritháireamh sna ráitis airgeadais ach amháin má bhíonn an ceart agus cuspóir dlíthiúil reatha ag an nGrúpa é sin a dhéanamh. Déantar díorthach a chur i láthair mar shócmhainn neamhreatha nó mar dhliteanas neamhreatha más amhlaidh go bhfuil aibíocht na hionstraime atá fágtha níos mó ná 12 mhí agus mura bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar é a réadú nó a shocrú laistigh de 12 mhí.

#### Iasachtaí

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. Tar éis aitheantas tosaigh, luaitear iasachtaí ag costas amúchta ag baint úsáid as modh an ráta úis éifeachtaigh.

#### Infháltais thrádála agus infháltais eile

Aithnítear trádáil agus infháltais eile ar dtús ag an bpraghas idirbhirt atá infhála agus, ina dhiaidh sin, iompraítear iad ag an luach sin, toisc nach bhfuil aon chomhpháirt shuntasach mhaoinithe ann, lúide liúntas cuí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha. Déantar foráil maidir le caillteanais bhearnúcháin le samhail le haghaidh caillteanas creidmheasa ionchasach thar shaolré na sócmhainne, agus aithnítear an bearnúchán ionchasach mar chostas sna costais oibriúcháin. Nuair is gá, ríomhtar méid na gcaillteanas creidmheasa ionchasach trí rátaí caillteanais ionchasaigh a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an bhfeidhmíocht iarbhír bailiúcháin airgid stairiúil, chuig próifíl an fhiachais aoise le tosca maicreacnamaíocha amach anseo agus tosca a bhaineann go sonrach leis na féichiúnaithe san áireamh.

#### Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa

Cuimsítear le hairgead tirim airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh. Is infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtach iad coibhéisí airgid thirim ar féidir iad a thiontú go héasca go méideanna aitheanta airgid thirim agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach agus a shealbhaítear iad chun gealltanais airgid thirim a chomhlíonadh seachas chun críche infheistíochta nó chun críoch eile. I gcás inarb ann do na coinníollacha agus don rún maidir le fritháireamh, déantar iarmhéideanna airgid thirim a chomhcheangal le comharduithe rótharraingthe agus cuirtear an comh-iarmhéid sin i láthair ar an gclár comhardaithe.

#### - taiscí srianta

Airgead tríú páirtí atá i gceist le taiscí srianta, a sealbhaítear iad faoi shocruithe sláine nó rialála airgeadais, agus nach bhfuil ar fáil chun críoch oibriúcháin faoi Chód Oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann, ná nach sealbhaítear iad ach an oiread chun gealltanais airgid thirim ghearrthéarmacha a chomhlíonadh. Coinnítear an t-airgead i gcuntais taisce le bainc, comhlíonann an t-airgead an sainmhíniú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

#### Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile

Déantar suimeanna iníoctha trádála agus eile a thaifeadadh ar luach cóir i dtosach, ar gnách gurb é méid tosaigh an tsonraisc móide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach ina leith é, agus tugtar anonn iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus úsáid á baint as modh an ghlanráta úis.

#### Iasachtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí Grúpa (Cuideachta)

Tá iasachtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí Grúpa ina sócmhainní nó ina ndliteanais airgeadais neamhdhíorthacha nach bhfuil luaite i margadh gníomhach. Cuirtear san áireamh iad in infháltais reatha trádála agus eile agus i suimeanna iníoctha eile i gclár comhardaithe na Cuideachta, ach amháin iad siúd lena ngabhann ionchas um bailiú níos faide ná dhá mhí dhéag tar éis dháta an chláir chomhardaithe, a chuirtear san áireamh in infháltais neamhreatha trádála agus eile nó i suimeanna iníoctha neamhreatha trádála agus eile. Déantar iasachtaí atá dlite do chuideachtaí an Ghrúpa a thaifeadadh ar dtús ag luach cóir. Tugtar cuntas ina dhiaidh sin d'iasachtaí agus iarmhéideanna infhála ag cuideachtaí an Ghrúpa ar chostas amúchta lúide caillteanas creidmheasa ionchais.

#### Dliteanais conartha dearbhaithe airgeadais

Is ionann conradh dearbhaithe airgeadais agus conradh ina bhfuil gá ag an eisitheoir íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir a aisíoc as caillteanas a thabhaíonn sé

## 1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta (ar lean)

toisc go dteipeann ar fhéichiúnaí íocaíochtaí a dhéanamh nuair atá siad le híoc de réir téarmaí ionstraim fiachais.

Déantar dliteanais conartha dearbhaithe airgeadais a thomhas ar dtús ag a luachanna córa agus, mura bhfuil siad ainmnithe mar FVTPL agus mura dtagann siad ó aistriú sócmhainne, déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin an méid níos airde dóibh seo a leanas:

An méid lamháltais caillteanais arna socrú de réir IFRS 9 (féach sócmhainní airgeadais thuas).

An méid a sainaithníodh ar dtús lúide, más cuí, amúchadh carnach a sainaithníodh i gcomhréir leis na beartais aitheantais ioncaim atá leagtha amach thuas.

### o) Glanioncam/glanchostais airgeadais

Cuimsítear le costais airgeadais ús éifeachtach ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthair (a aithnítear má mheastar go bhfuil siad ábhartha), agus gluaiseachtaí luacha chóir ar shócmhainní airgeadais a aicmítear mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais. Úsáidtear modh an úis ghlain le costais iasachtaíochta nach bhfuil inchurtha go díreach i leith ceannach, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithe a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Cuimsítear le hioncam airgeadais gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais atá aicmithe mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais, aon ioncam úis ar chistí infheistithe agus díbhinní a fuarthas. Déantar ioncam úis a aithint de réir mar a bhfabhraíonn sé i mbrabús nó caillteanas, ag baint úsáid as modh an úis ghlain.

Cuirtear i láthair coigeartuithe luacha chóir ar ionstraimí maoinithe atá ainmnithe ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas mar ioncam airgeadais nó mar chostais airgeadais, mar is cuí.

### p) Cáin Ioncaim

Cuimsíonn speansas cánach ioncaim cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta go díreach i ngnáthscaireanna nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó caillteanas inchánach don bhliain, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na mblianta roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear cáin iarchurtha i dtaca le difríochtaí sealadacha idir méideanna anonn sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a bhfuil súil leo a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil leis go n-iompóidh difríochtaí sealadacha, bunaithe ar rátaí cánacha agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh den chuid is mó roimh an dáta tuairiscithe.

Meastar go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í go dtí, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dóchúil go mbeidh brabúis inchánach oiriúnacha sna blianta beaga atá amach romhainn, óna mbeifear in ann aisiompú na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a dhéaduchtú.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear foráil le haghaidh na nithe sin dá bhfuil an socrú cánach éiginnte, ach meastar gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh cistí chuig údarás cánach ann amach anseo. Déantar na forálacha a thomhas ag an meastachán is fearr den mhéid a bhfuiltear ag súil lena éirí iníoctha. Tá an measúnú bunaithe ar bhreithiúnas gairmithe cánach sa Ghrúpa, á thacú ag taithí roimhe maidir le gníomhaíochtaí mar sin agus, i gcásanna áirithe, bunaithe ar chomhairle neamhspleách chánach.

### q) Brabús oibriúcháin

Sonraítear brabús oibriúcháin roimh ghlanchostais airgeadais agus chánachas.

### r) Bearta Neamh-GAAP

Sainítear EBITDA mar thuillimh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iasachtaí iomlána agus fiachais eile coigeartaithe i gcomhair tionchar fálaithe luacha chóir lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil don ghrúpa. Baineann an Grúpa úsáid as na bearta neamh-GAAP sin chun eolas úsáideach faoi fheidhmíocht agus mhaoiniú a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do stocshealbhóirí agus pháirtithe leasmhara seachtracha.

### Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm aige, éilítear ar an nGrúpa meastacháin (méideanna airgeadaíochta sna ráitis airgeadais atá faoi réir neamhchinnteacht tomhais), boinn tuisceana agus breithiúnais áirithe a dhéanamh a gcreideann sé iad a bheith réasúnach bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Déantar iad sin a mheasúnú agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Ina theannta sin, bhreithnigh an Grúpa impleachtaí an athraithe aeráide ar a oibríochtaí agus ar a ghníomhaíochtaí, agus tá sonraí breise air sin le fáil thíos.

Bíonn tionchar ag na meastacháin, boinn tuisceana agus breithiúnais sin ar na méideanna sócmhainní agus dliteanais atá ann ar dháta na ráiteas airgeadais agus ar na méideanna ioncaim agus costais a aithnítear i rith na dtréimhsí tuairiscithe a chuirtear i láthair. D'fhéadfadh éifeacht ábhartha a bheith ag athruithe ar na meastacháin sin ar na ráitis airgeadais.

Ar bhonn leanúnach, úsáideann an Grúpa modhanna éagsúla lena mheastacháin a mheasúnú: taithí stairiúil, comhairliúchán le saineolaithe agus modhanna eile ar meastar iad a bheith réasúnach sna tosca áirithe atá ann. D'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin seo, agus déantar a dtionchar siúd a aithint sa tréimhse ina dtagann na fíricí is cúis leis an athbhreithniú chun solais.

### (i) Breithiúnais chriticiúla le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm

Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla seachas iad sin a bhaineann le meastacháin (a ndéileáiltear leo astu féin thíos) atá déanta ag an nGrúpa agus na beartais chuntasaíochta sin á gcur i bhfeidhm agus a bhfuil an éifeacht is mó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

#### (a) Rangú ar chostas idir caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitil

D'fhéadfadh breithiúnais shuntasacha a bheith ag teastáil maidir le caiteachas a rangú mar chaiteachas caipitil nó oibriúcháin, go háirithe i gcásanna a mbíonn eilimintí de ghníomhaíochtaí feabhsúcháin (caipiteal) agus cothabhála (oibriúchán) araon ann. Tá beartais, rialúcháin agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag an nGrúpa chun na rioscaí a mhaolú go ndéanfaí caiteachas neamh-incháilithe a chaipitliú.

#### (b) Seirbhísí ceangail agus seirbhísí iompair líonra

Is gá breithiúnas a thabhairt i bhfeidhmiú bheartas cuntasaíochta ioncaim an Ghrúpa maidir le ranníocaíochtaí custaiméirí ceangail líonra, chun a chinneadh an bhfuil críochnú na n-oibreacha ceangail ina oibleagáid feidhmíochta ar leith ó sheirbhísí iompair líonra amach anseo. Tugann an Grúpa faoi deara go ndearnadh an réimse breithiúnais chuntasaíochta seo a bhreithniú laistigh den ghairm chuntasaíochta, agus dhá scoil smaointeoireachta ann maidir le cibé acu an bhfuil na hoibreacha ceangail ina n-oibleagáid feidhmíochta ar leith, ag brath ar an measúnú maidir le cibé acu an bhfuil seirbhísí líonra amach anseo "ar fáil go héasca" i gcomhréir le IFRS 15. Is é an dearcadh eile atá ann ná nach bhfuil seirbhísí líonra amach anseo "ar fáil go héasca" i gcomhréir le IFRS 15, bunaithe ar an measúnú go bhfuil oibreacha ceangail nasctha go dlúth le soláthar seirbhísí iompair líonra amach anseo. Bhain an Grúpa de thátal as nach oibleagáid feidhmíochta ar leith iad oibreacha ceangail agus, dá bhrí sin, aithnítear ranníocaíochtaí custaiméirí ceangail líonra mar ioncam thar shaolré mheasta an cheangail de réir mar a chuirtear seirbhísí líonra ar fáil.

### (ii) Neamhchinnteacht sna meastacháin

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí maidir leis an am atá le teacht agus maidir leis na príomhfhoinsí eile as a dtagann neamhchinnteacht meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, a bhféadfadh riosca suntasach a bheith ag baint leo maidir le coigeartú ábhartha a dhéanamh ar na suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas taobh istigh den bhliain seo chugainn.

#### (a) Sócmhainní bonneagar agus na sócmhainní a úsáidimid inár ngnó

Amhail an 31 Nollaig 2025, ba é €2,592.8 milliún comhiomlán shócmhainní réadmhaoine, gléasra agus trealaimh, réadmhaoine infheistíochta agus shócmhainní doláimhsithe an Ghrúpa (2024: €2,547.1 milliún), arbh é sin tromlach shócmhainní an Ghrúpa. Dá bhrí sin, tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a rinneadh leis an luach anonn a dheimhniú ríthábhachtach sna ráitis airgeadais mar gheall go bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag in-aisghabhálacht na méideanna, nó a heasnamh sin, ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an Ghrúpa amach anseo. Aithníonn an Grúpa muirir dhímheasa agus amúchta go bliantúil (2025: €153.5 milliún agus 2024: €153.6 milliún) a ríomhtar go príomha chun costas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe a laghdú thar a saolré fhóinteach eacnamaíoch (UEL).

I gcás réadmhaoine, gléasra agus trealaimh go háirithe, tá gá le breithiúnas suntasach chun saolréanna fóinteacha measta le haghaidh sócmhainní a shocrú, atá bunaithe ar thaithí, ionchas don am atá le teacht agus fachtóirí eile. Leagtar amach sna polasaithe cuntasaíochta seo an tsaolré fhóinteach mheasta le haghaidh aicmithe sócmhainní móra. Déanann an Grúpa athbhreithniú ar shaolré fhóinteach sócmhainní go bliantúil agus déantar aon athrú atá ag teastáil a choigeartú go hionchasach.

Beidh tionchar ag sprioc na hÉireann maidir le Gníomhú ar son na hAeráide chun glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050 ar an gcaoi a n-úsáideann custaiméirí agus tomhaltóirí deiridh breoslaí iontaise agus beidh tionchar aige sin ar an gcaoi a n-úsáidtear ár líonra gáis amach anseo. Creidimid go bhfuil ról soiléir againn maidir le haghaidh a thabhairt ar spriocanna glan-nialasacha an athraithe aeráide trí aistriú éifeachtúil fuinnimh a éascú, trí dhícharbónú an líonra gháis, trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí malartacha lena n-áirítear hidrigin agus bith-mheatán. D'fhoilsíomar 'Conair chuig Líonra Carbóin Ghlan-nialasaigh', ina dtugtar mionsonraí ar ár n-uaillmhianta bunathraithe i dtreo líonra gáis a bhfuil a chuspóir agus a mhéid athraithe agus atá dícharbónaithe go hiomlán faoi 2045. Cé go n-aithnímid go bhfuil réimse cásanna féideartha ann maidir leis an gcaoi a n-úsáidfear ár líonra amach anseo, táimid sásta, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair, go bhfuil saolréanna fónta sócmhainní fós iomchuí.

Mar gheall ar a thábhachtaí agus atá an infheistíocht sócmhainní don Ghrúpa, d'fhéadfadh éagsúlachtaí idir an tsaolré fhóinteach eacnamaíoch iarbhír agus mheasta tionchar a imirt ar thorthaí san am atá le teacht, ar bhealach

dearfach nó diúltach. Féach nóta 9 le haghaidh anailís íogaireachta ar an tionchar dá nglacfaí leis go mbeadh saolré fhóinteach eacnamaíoch níos giorra i gceist le haghaidh ghléasra, phíblíne agus innealra an Ghrúpa.

### (b) An t-athrú aeráide

Leanann an Grúpa dá mheasúnú ar thionchair fhadtéarmacha fhéideartha an athraithe aeráide ar shócmhainní agus ar dhliteanais ina ráitis airgeadais a fhorbairt agus a fheabhsú. Breithníodh tionchar an athraithe aeráide i roinnt réimsí agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, go háirithe maidir le luacháil na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh atá ag an nGrúpa, mar a thuairiscítear in (a) thuas.

### (c) Cánachas

Bíonn an Grúpa faoi réir cánacha ioncaim i ndlínsí difriúla. De réir forálacha i gcomhair dliteanas cánach ceanglaítear ar an nGrúpa meastacháin a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna agus nochtadh cánach. Mar sin bíonn na méideanna a chuirtear ar fáil bunaithe ar léirmhíniú an Ghrúpa ar dhlíthe cánach agus ar dhóchúlacht an ghlanta. I gcás gur difriúil an toradh deireanach cánach leis na méideanna a bhí taifeadta i dtosach, beidh tionchar ag na difríochtaí sin ar na forálacha cánach reatha agus iarchurtha i gcaitheamh na tréimhse ina dhéantar an cinneadh sin. Féach ar nóta 8.

# 2. Eolas deighilteach

Tá Deighleoga Oibriúcháin IFRS 8 glactha ag an nGrúpa sna ráitis airgeadais. Ceanglaítear de réir IFRS 8 go n-aithneofaí deighleoga oibriúcháin ar bhonn tuairiscí inmheánacha faoi ghnéithe den Ghrúpa a ndéanann an Príomhchinnteoir Oibriúcháin athbhreithniú orthu go rialta chun acmhainní a leithdháileadh don deighleog agus chun a feidhmíocht a mheas. I gcás an Ghrúpa, tá an Príomhchinnteoir Oibriúcháin aitheanta mar Bhord Líonraí Gáis Éireann.

Mar sin is iad deighleoga oibriúcháin an Ghrúpa na cinn a úsáideann Bord Líonraí Gáis Éireann go hinmheánach chun an gnó a rith agus chun cinntí straitéiseacha a dhéanamh. Cuirtear faisnéis ar fáil do Bhord Líonraí Gáis Éireann i dtaobh an Ghrúpa ar bhonn deighleoige singile chun críoch feidhmíocht a mheasúnú agus acmhainní a leithdháileadh. Déanann Bord Líonraí Gáis Éireann athbhreithniú ar thorthaí oibriúcháin ar leibhéal Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann. I bhfianaise an mhéid sin, tá deighleog shingil ag an nGrúpa chun críocha an tuairiscithe airgeadais. Dá bharr sin, is iad na brabúis deighleoige agus na sócmhainní agus na dliteanais deighleoige mar a thuairiscítear don phríomhchinnteoir oibriúcháin ná iad siúd atá leagtha amach i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa agus i gClár Comhardaithe an Ghrúpa faoi seach agus mar sin ní chuirtear aon fhaisnéis deighleoige bhreise ar fáil sa nóta seo.

### (a) Ioncam de réir suíomh geografach

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| Éire | **595,597** | 559,980 |
| An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | **39,544** | 39,521 |
| **Iomlán** | **635,141** | 599,501 |

Áirítear le hioncam iomlán an Ghrúpa ioncam €165.7 milliún (2024: €156.1 milliún), €125.9 milliún (2024: €111.3 milliún) agus €83.5 milliún (2024: €80.4 milliún) a tháinig chun cinn ó dhíolacháin leis na trí chustaiméir is mó atá ag an nGrúpa. Sháraigh ioncam ó chustaiméir amháin eile 10% den ioncam iomlán (€66.7m). Féach nóta 3 le haghaidh anailís ar ioncam ó chustaiméirí seachtracha de réir cineáil.

### (b) Sócmhainní neamhreatha de réir ionaid gheografaigh

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| Éire | **2,214,339** | 2,172,426 |
| An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | **378,460** | 374,692 |
| **Iomlán** | **2,592,799** | 2,547,118 |

Cuimsíonn sócmhainní neamhreatha chun críocha an nochta seo réadmhaoin, gléasra, trealamh, réadmhaoine infheistíochta agus sócmhainní doláimhsithe.

# 3. Ioncam

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| Rialaithe | **593,097** | 553,405 |
| Neamhrialáilte – conarthaí iompair | **13,165** | 12,999 |
| Neamhrialáilte – conarthaí nua nasc | **11,320** | 9,502 |
| Neamhrialaithe – eile | **17,559** | 23,595 |
| **Iomlán** | **635,141** | 599,501 |

Is éard atá in ioncam rialaithe ná ioncam a thuilltear ó ioncam earraí agus acmhainne. Is iad an Coimisiún um Rialáil Fóntais ("CRF") agus an Rialálaí Fóntais (UR) a dhéanann ioncam rialaithe a rialáil. Is éard is conarthaí iompair neamhrialáilte ann ná comhaontuithe le haghaidh iompar gáis nach ndéanann CRF ná UR maoirseacht orthu. Déantar na conarthaí sin a shocrú go díreach idir Líonraí Gáis Éireann agus lastóirí nó soláthraithe gáis. Neamhrialaithe - baineann conarthaí nua ceangail le ranníocaíochtaí ceangail custaiméirí tarchurtha agus dáileacháin, a aithnítear mar ioncam le himeacht ama de réir mar a sholáthraímid rochtain ar an líonra gáis. Neamhrialaithe - áirítear le hioncaim eile ranníocaíochtaí i dtreo chostas na n-atreoruithe agus na n-athruithe líonra, ioncaim ó ghnó teileachumarsáide Aurora agus ioncaim ó sheirbhísí oibríochtúla atá coimhdeach le húsáid an chórais iompair gáis.

Féach nóta 1 le haghaidh sonraí ar bheartas cuntasaíochta ioncaim agus ar shreafaí ioncaim an Ghrúpa. Féach ar nóta 14 le haghaidh mionsonraí maidir le hearraí infhaighte trádála an Ghrúpa ó na sruthanna ioncaim seo.

# 4. Glanchostais oibriúcháin

## gan dímheas agus amúchadh a áireamh

| | Nótaí | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Costas sochair fostaí | 5 | **(83,583)** | (77,220) |
| Seirbhísí fruilithe agus ar conradh | | **(14,722)** | (15,031) |
| Costais ábhar, cothabhála agus fochonraitheora | | **(86,848)** | (85,771) |
| Rátaí agus saoráidí | | **(40,262)** | (39,328) |
| Crapadh an chórais gáis agus caillteanais gháis | | **(32,359)** | (26,655) |
| Speansais oibriúcháin eile | | **(36,547)** | (33,510) |
| Ioncam oibriúcháin eile | | **568** | 1,306 |
| **Iomlán** | | **(293,753)** | (276,209) |

### Sonraítear costais oibriúcháin tar éis go ngearrtar muirir:

### (a) Luach saothair an iniúchóra

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa * | **(332)** | (325) |
| Seirbhísí árachais eile | **(91)** | (89) |
| Seirbhísí neamhiniúchóireachta eile | **(95)** | (176) |
| **Iomlán** | **(518)** | (590) |

** Cuimsítear an t-iniúchadh ar fhochuideachtaí leis an iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.*

## (b) Luach saothair an stiúrthóra*

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin - Táillí | **(139)** | (137) |
| Luach saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin ** | **(320)** | (266) |
| **Iomlán** | **(459)** | (403) |

## (c) Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá sonraí faoi chostas cuimsitheach an phacáiste luach saothair de chuid an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin mar seo a leanas:

(i) Luach saothair an Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Ghníomhaigh

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe | **(219)** | - |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | **(20)** | - |
| **Iomlán** | **(239)** | - |

(ii) Luach saothair an Iar-Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Buntuarastal | **(57)** | (225) |
| Sochair ghearrthéarmacha eile le haghaidh fostaithe | **(16)** | (11) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | **(8)** | (30) |
| **Iomlán** | **(81)** | (266) |

*** Áiríodh le sochair ghearrthéarmacha eile do fhostaithe íocaíocht in ionad teidlíochtaí saoire fabhraithe.*

# 5. Sochair fostaithe

## (i) Sochair chomhiomlána fostaithe

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha le haghaidh baill foirne | **(79,792)** | (74,142) |
| Sochair iarfhostaíochta - scéim sochair sainithe * | **(9,235)** | (6,008) |
| Sochair iarfhostaíochta - scéim ranníocaíochtaí sainithe | **(3,629)** | (3,146) |
| Costais árachais sóisialta | **(8,927)** | (8,216) |
| | **(101,583)** | (91,512) |
| Párolla caipitlithe | **18,000** | 14,292 |
| **Costas sochair fostaithe arna mhuirearú ar an gcuntas brabúis nó caillteanais** | **(83,583)** | (77,220) |

## (ii) Sochair ghearrthéarmacha foirnez

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | **(75,083)** | (70,057) |
| Ragobair | **(1,974)** | (1,430) |
| Liúntais | **(1,147)** | (1,111) |
| Eile ** | **(1,588)** | (1,544) |
| Iomlán | **(79,792)** | (74,142) |

** Ghlac Líonraí Gáis Éireann páirt i scéim Aoisliúntais Ervia go dtí an 1 Meitheamh 2024. Áirítear sa chostas a nochtar thuas maidir le 2024, €2.13m arna thabhú sna tréimhsí roimh an 1 Meitheamh 2024, ar cuireadh san áireamh iad mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19 - féach nóta 19 chun tuilleadh sonraí a fháil.*

*** Áirítear go príomha le sochair ghearrthéarmacha fostaithe eile sochair bhuana árachais sláinte is saoil agus liúntais inchánach taistil.*

*Ba é meánlíon míosúil na bhfostaithe a sholáthair seirbhísí don Ghrúpa agus don Chuideachta le haghaidh na bliana ná 896 (2024: 848)*

# 6. Dímheas agus amúchadh

| | Nótaí | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 9 | **(149,299)** | (144,653) |
| Lagú réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 9 | **(2,049)** | (6,916) |
| Dímheas réadmhaoine infheistíochta | 10 | **(343)** | (429) |
| Dímheas ar shócmhainní a bhfuil ceart úsáide baint leo | 11 | **(387)** | (402) |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 12 | **(8,396)** | (7,904) |
| Amúchadh deontas | 21 | **6,960** | 6,665 |
| **Iomlán** | | **(153,514)** | (153,639) |

# 7. Glanchostais airgeadais

| | Nótaí | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Roimh atomhais** | | | |
| Costais úis agus airgeadais | | **(21,670)** | (18,923) |
| Ioncam úis | | **4,714** | 8,713 |
| Gnóthachan ar dhí-aithint dliteanais airgeadais * | | **-** | 4,104 |
| Ús caipitlithe | | **1,726** | 1,154 |
| Muirear airgeadais um dhliteanas léasa | 11 | **(72)** | (76) |
| Glanús ar an nglansócmhainn sochair shainithe | 19 | **682** | 58 |
| Ús ar shócmhainní pinsin eile | | **230** | 127 |
| **Iomlán roimh atomhais** | | **(14,390)** | (4,843) |
| | | | |
| **Atomhais** | | | |
| Glan-athruithe ar luach cóir díorthach | | **(275)** | 395 |
| **Atomhais ina n-iomláine** | | **(275)** | 395 |
| | | | |
| **Iomlán** | | | |
| Ioncam airgeadais | | **5,626** | 13,397 |
| Costais airgeadais | | **(20,291)** | (17,845) |
| **Glanchostais airgeadais** | | **(14,665)** | (4,448) |

** I Meán Fómhair 2024, d'eisigh Líonraí Gáis Éireann Banna Corparáideach €300 milliún ag ráta cúpóin 3.25%. Ina dhiaidh sin, thug Líonraí Gáis Éireann faoi chleachtadh Bainistíochta Dliteanais €164 milliún ar an mbanna cúpóin €500m 1.375%, a bhí le haibiú i mí na Nollag 2026. Bhí an méid is iníoctha chun an banna a fhuascailt go páirteach €4.49 milliún faoi bhun a pharluacha, lúide táillí a bhaineann le haischeannach €0.387m, a raibh gnóthachan €4.104m mar thoradh air, a thuairiscítear faoi ioncam airgeadais thuas.*

# 8. Cáin

## Cáin ioncaim

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha** | | |
| Cáin reatha | **(24,324)** | (28,955) |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo * | **9,061** | 2,060 |
| | **(15,263)** | (26,895) |
| **Cáin iarchurtha** | | |
| Údarú agus freaschur difríochtaí sealadacha | **(3,099)** | 2,145 |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo1 | **(8,478)** | (2,164) |
| | **(11,577)** | (19) |
| Cáin ioncaim iomlán | **(26,840)** | (26,914) |

** Baineann coigeartuithe i leith muirir chánach reatha agus iarchurtha go príomha le teidlíochtaí luathaithe liúntas caipitil ag fochuideachta an Ghrúpa sa Ríocht Aontaithe.*

## An ráta cánach éifeachtach a idir-réiteach

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Brabús roimh cháin ioncaim | **173,209** | 165,205 |
| Cáin gearrtha ar 12.5% (2024: 12.5%) | **(21,651)** | (20,651) |
| Dímheas ar chaiteachas caipitiúil nach bhfuil in-asbhainte chun críoch cánach | **(1,720)** | (2,392) |
| Speansais eile nach bhfuil in-asbhainte chun críoch cánach | **(318)** | 367 |
| Ioncam nach bhfuil inchánach | **869** | 503 |
| Brabúis ó fhochuideachta sa Ríocht Aontaithe ar gearradh cáin orthu ar rátaí níos airde | **(4,948)** | (4,795) |
| Coigeartú malartaithe | **345** | 158 |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | **583** | (104) |
| | **(26,840)** | (26,914) |

Féach ráiteas an Ghrúpa maidir le hioncam cuimsitheach eile le mionsonraí a fháil faoin tionchar cánach ansin.

## Sócmhainní agus dliteanais chánach reatha

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Sócmhainn cánach reatha ** | **10,695** | 3,371 |
| Dliteanais chánach reatha | **(1,452)** | (797) |

*** D'eascair sócmhainn chánach na bliana reatha agus na mblianta roimhe go príomha mar gheall ar theidlíochtaí liúntais chaipitil luathaithe ag Fochuideachta na Ríochta Aontaithe de chuid an Ghrúpa.*

## Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

| | Pinsean | Dímheas luathaithe cánach | Ús muirir iníoctha | Eile *** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | - | (206,120) | 260 | (197) | (206,057) |
| Aistrithe faoi idirbheart rialaithe chomhchoitinn | (3,465) | - | - | - | (3,465) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | 140 | (156) | (23) | 20 | (19) |
| Aitheanta i gcothromas | 455 | - | - | - | 455 |
| Coigeartú malartaithe | - | (868) | - | - | (868) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | (2,870) | (207,144) | 237 | (177) | (209,954) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | **117** | **(12,157)** | **68** | **395** | **(11,577)** |
| Aitheanta i gcothromas | **(3,335)** | **-** | **-** | **-** | **(3,335)** |
| Coigeartú malartaithe | **-** | **1,055** | **-** | **-** | **1,055** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **(6,088)** | **(218,246)** | **305** | **218** | **(223,811)** |

Ní dhearnadh foráil i leith cáin iarchurtha maidir le cúlchistí neamhaistírithe fhochuideachta thar lear an Ghrúpa, arbh iad €240.6 milliún an 31 Nollaig 2025 (2024: €211.1 milliún).

**** Áirítear leis sin sócmhainn chánach iarchurtha de €0.3m maidir le dliteanais léasa (2024: €0.3m). Is ionann an dliteanas cánach iarchurtha maidir le sócmhainní ceart úsáide agus €0.1 m (2024 €0.5m).*

# 9. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Nótaí | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht | | **2,559,062** | 2,507,713 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh – sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo | 11 | **3,508** | 3,895 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - arna gcur i láthair ar an gclár comhardaithe | | **2,562,570** | 2,511,608 |

## Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht

| | Nótaí | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Gléasra, píblíne agus innealra €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | | 73,489 | 4,813,929 | 108,221 | 4,995,639 |
| Breiseanna | | - | 7,582 | 169,810 | 177,392 |
| Diúscairtí | | - | (5,257) | - | (5,257) |
| Aistrithe | | 2,229 | 133,121 | (135,350) | - |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | | - | 12,004 | 332 | 12,336 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | 75,718 | 4,961,379 | 143,013 | 5,180,110 |
| Breiseanna | | **-** | **5,353** | **201,481** | **206,834** |
| Diúscairtí | | **-** | **(3,920)** | **-** | **(3,920)** |
| Aistrithe | | **321** | **208,629** | **(208,950)** | **-** |
| Aistrithe ó réadmhaoin infheistíochta | 10 | | **655** | **-** | **655** |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | | **-** | **(13,830)** | **(335)** | **(14,165)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | **76,039** | **5,158,266** | **135,209** | **5,369,514** |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus** | | | | | |
| **bearnúcháin** | | (31,963) | (2,485,625) | - | (2,517,588) |
| Ar an 1 Eanáir 2024 | | (1,541) | (143,112) | - | (144,653) |
| Muirear dímheasa | | - | (6,916) | - | (6,916) |
| Muirear bearnúcháin | | - | 5,257 | - | 5,257 |
| Diúscairt | | - | (8,497) | - | (8,497) |
| **Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte** | | (33,504) | (2,638,893) | - | (2,672,397) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | | **(1,588)** | **(147,711)** | **-** | **(149,299)** |
| Muirear dímheasa | | **-** | **(2,049)** | **-** | **(2,049)** |
| Muirear bearnúcháin | | **-** | **3,881** | **-** | **3,881** |
| Diúscairtí | 10 | | **(655)** | **-** | **(655)** |
| Aistriú ó réadmhaoin infheistíochta | | **-** | **10,067** | **-** | **10,067** |
| **Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte** | | **(35,092)** | **(2,775,360)** | **-** | **(2,810,452)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | | | | |
| Suimeanna glanluacha | | 42,214 | 2,322,486 | 143,013 | 2,507,713 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | **40,947** | **2,382,906** | **135,209** | **2,559,062** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | | | | |

## 9. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (ar lean)

Ba ionann caillteanais mhallachair a aithníodh maidir le gléasra agus innealra sa bhliain agus €2.0 milliún, (2024 €6.9m). Tá na caillteanais sin inchurtha i leith caithimh agus cuimilte níos mó ná a bhíothas ag súil agus díluachách cistí atá ar fáil. Baineann an caillteanas bearnúcháin a tugadh chun cinn maidir le sócmhainní atá á dtógáil le tionscadail forbartha.

Áirítear le luach (tugtha) anonn na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh sócmhainní atá faoi réir socruithe léasa oibriúcháin mar atá curtha síos orthu i nóta 11 'An Grúpa mar Léasóir'. Ba é luach anonn na sócmhainní sin ar an 31 Nollaig 2025 ná €27 milliún (31 Nollaig 2024: €35 milliún) agus áirítear é sa ghléasra, píblíne agus innealra.

Le linn na bliana, rinne an Grúpa €1.7 milliún a chaipitliú (2024: €1.2 milliún) i gcostais iasachtaithe. Ba é 2.51% an ráta caipitlithe (2024: 1.65%).

### Íogaireacht dímheasa

Ar an ábhar gur réimse atá ann ina bhfuil neamhchinnteacht maidir le meastachán, mar a dhéantar cur síos air i nóta 1, tugaimid anailís íogaireachta thíos maidir leis an méadú ar an muirear dímheasa dá nglacfaí leis go mbeadh saolré fóinteach eacnamaíoch ní ba ghairide ann:

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| UEL teoranta do 2050 | **16,295** | 15,161 |
| UEL teoranta do 2060 | **4,542** | 4,158 |
| UEL teoranta do 2070 | **1,018** | 877 |

# 10. Réadmhaoine infheistíochta

| | Iomlán<br>€'000 |
|---|---|
| **Costas** | |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | **23,151** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **23,151** |
| Aistriú chuig réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 9) | (655) |
| Aistriú chuig sócmhainní arna gcoinneáil le díol (nóta 13) | (22,496) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **-** |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin** | |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | **(15,826)** |
| Muirear dímheasa | (429) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **(16,255)** |
| Muirear dímheasa | (343) |
| Aistriú chuig réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 9) | 655 |
| Aistriú chuig sócmhainní arna gcoinneáil le díol (nóta 13) | 15,943 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **-** |
| **Suimeanna glanluacha** | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **6,896** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **-** |

Is éard atá i réadmhaoin infheistíochta an Ghrúpa go príomha ná foirgneamh oifige, lena n-áirítear freisin láithreáin oibreacha gáis oidhreachta, a bhfuil ceann amháin acu ar léas le tríú páirtí.

Amhail an 31 Nollaig 2025 bhí dhá haonad réadmhaoine athaicmithe ó réadmhaoin infheistíochta go sócmhainní arna gcoinneáil le díol toisc go bhfuil an bhainistíocht geallta chun plean chun na haonaid réadmhaoine sin a dhíol. Féach nóta 13 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Ba é luach cóir na n-aonad réadmhaoine infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2024 agus €11.7m, tá luachanna córa na réadmhaoine bunaithe ar luachálacha arna ndéanamh ag Avison Young, luachálaí neamhspleách creidiúnaithe a bhfuil taithí aige ar shuíomh agus ar chatagóir na réadmaoine atá á luacháil. Ullmhaíodh an luacháil de réir Chaighdeáin Dhomhanda Luachála RICS (lena n-ionchorpraítear Caighdeáin Luachála Idirnáisiúnta IVSC.) Rinneadh tomhas luach cóir do gach réadmhaoin infheistíochta a chatagóiriú mar luach cóir Leibhéal 3 bunaithe ar na hionchuir ar an teicníc luachála a úsáideadh (féach nóta 25).

# 11. Sócmhainní agus dliteanais léasa

## An Grúpa mar Léasaí

Tá socruithe léasa éagsúla déanta ag an nGrúpa a bhaineann go ginearálta le foirgnimh, talamh agus sócmhainní teileachumarsáide ar cíos. Ní dhéantar aon srianta suntasacha nó neamhghnácha a cur i bhfeidhm de réir théarmaí na léasanna seo. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

### Suimeanna arna n-aithint ar an gclár comhardaithe

| Sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo | Talamh agus Foirgnimh | Gléasra, píblíne agus innealra | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costais** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | 492 | 5,536 | 6,028 |
| Breiseanna | 121 | - | 121 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | 613 | 5,536 | 6,149 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **613** | **5,536** | **6,149** |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | (401) | (1,451) | (1,852) |
| Muirear dímheasa | (76) | (326) | (402) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | (477) | (1,777) | (2,254) |
| Muirear dímheasa | **(61)** | **(326)** | **(387)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **(538)** | **(2,103)** | **(2,641)** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 136 | 3,759 | 3,895 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **75** | **3,433** | **3,508** |
| **Dliteanais léasa** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | (93) | (2,488) | (2,581) |
| Breis | (121) | - | (121) |
| Costas úis | (1) | (75) | (76) |
| Íocaíochtaí léasa | 80 | 240 | 320 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | (135) | (2,323) | (2,458) |
| Costas úis | **(3)** | **(69)** | **(72)** |
| Íocaíochtaí léasa | **63** | **240** | **303** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **(75)** | **(2,152)** | **(2,227)** |

### Anailísithe mar seo a leanas:

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Neamhreatha | **(2,011)** | (2,227) |
| Reatha | **(216)** | (231) |
| **Iomlán** | **(2,227)** | **(2,458)** |

Déantar monatóireacht ar dhliteanais léasa laistigh de na feidhmeanna gnó ábhartha. Níl an Grúpa ag déileáil le riosca leachtach suntasach maidir lena dhliteanais léasa. Féach nóta 18 le haghaidh anailís aibíochta ar dhliteanais léasa.

## An Grúpa mar Léasóir

Chuaigh an Grúpa isteach i léasanna oibriúcháin ar a réadmhaoin infheistíochta (féach Nóta 10). Is ionann ioncam cíosa a aithníonn an Grúpa in ioncam oibriúcháin eile (féach Nóta 4) le linn na bliana agus €0.6m (2024 €1.3m).

Déanann an Grúpa socruithe léasa oibriúcháin le cead a thabhairt do thríú páirtithe codanna den chóras Iompair Líonra Gáis a úsáid. I gcomhréir le beartas cuntasaíochta an Ghrúpa, meastar gach fáltas ó na socruithe sin a bheith tuillte mar chuid d'oibríochtaí lárnacha an Ghrúpa agus dá réir sin aithnítear an t-ioncam léasa sin mar ioncam sa ráiteas ioncaim. Le linn na bliana 2025, aithníodh ioncam léasa €6.7 milliún maidir leis an gcóras iompair (2024: €8.3 milliún). Leagtar amach thíos próifíl d'ioncam léasa oibriúcháin neamh-inchealaithe neamhlascainithe a bheidh le haithint mar ioncam agus ioncam oibriúcháin eile sna blianta amach romhainn. Idir 1 bhliain agus 2 bliana atá sna téarmaí léasa neamhchaite (2024: 1 bhliain go 3 bliana).

### Anailís ar aibíocht

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Bliain 1 | **3,959** | 6,919 |
| Bliain 2 | **502** | 3,899 |
| Bliain 3 | **-** | 502 |
| **Iomlán** | **4,461** | 11,320 |

# 12. Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí agus eile | Bogearraí i mbun forbartha | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | 176,739 | 6,190 | 182,929 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | - | 10,702 | 10,702 |
| Aistrithe | 11,109 | (11,109) | - |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | 118 | 3 | 121 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | 187,966 | 5,786 | 193,752 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | **-** | **10,043** | **10,043** |
| Aistrithe | **8,919** | **(8,919)** | **-** |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | **(144)** | **(7)** | **(151)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **196,741** | **6,903** | **203,644** |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | (157,133) | - | (157,133) |
| Muirear amúchta | (7,904) | - | (7,904) |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | (101) | - | (101) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | (165,138) | - | (165,138) |
| Muirear amúchta | **(8,396)** | **-** | **(8,396)** |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | **119** | **-** | **119** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **(173,415)** | **-** | **(173,415)** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 22,828 | 5,786 | 28,614 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **23,326** | **6,903** | **30,229** |

# 13. Sócmhainní arna gcoinneáil le díol

I rith 2025, bhí na haonaid réadmhaoine atá leagtha amach thíos aicmithe mar shócmhainní arna gcoinneáil le díol ó aonaid réadmhaoine infheistíochta (nóta 10) ag a suim ghlanluacha mar atá €6.6m.

| | 2025 |
|---|---|
| | €'000 |
| Talamh agus Foirgnimh | **6,553** |

D'fhaomh Bord Líonraí Gáis Éireann diúscairt láithreáin fheabhsaithe le hachar 1.2 heicteár i Luimneach le glanluach leabhair €1.2m, don Ghníomhaireacht Forbartha Talún chun tithe inacmhainne nua a fhorbairt. Tabharfar an diúscairt chun críche in 2026, agus socrófar luach na diúscartha ag Tailte Éireann, i gcomhréir leis an Acht um Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún 2021.

D'fhaomh Bord Líonraí Gáis Éireann freisin tosú an phróisis díolacháin i gcomhair fhoirgneamh oifige ar Shráid Uí Fhoghlú, Baile Átha Cliath, ar ghlanluach leabhair €5.4m. Is ag €9.5m a bhfuil an foirgneamh á mhargú, méid atá ag teacht go hábhartha lena luach cóir.

# 14. Infháltais thrádála agus infháltais eile

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Úsáid infháltas córais - billeáilte | **5,386** | 7,394 |
| Úsáid infháltas córais - neamhbhilleáilte | **56,660** | 54,850 |
| Infháltais thrádála eile - billeáilte | **6,622** | 7,519 |
| Infháltais thrádála eile - neamhbhilleáilte | **10,564** | 11,554 |
| Infháltais eile | **1,645** | 2,460 |
| **Fo-iomlán** | **80,877** | 83,777 |
| Réamhíocaíochtaí | **9,583** | 8,520 |
| **Iomlán** | **90,460** | 92,297 |
| | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamhreatha | **-** | - |
| Reatha | **90,460** | 92,297 |
| **Iomlán** | **90,460** | 92,297 |

Is éard a léirítear in infháltais trádála is mó ná úsáid infháltas córais le haghaidh líonra píblíne gáis an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Is éard a léirítear in infháltais trádála eile is mó ná infháltais neamhrialáilte ó chonarthaí custaiméara agus infháltais choimhdeacha neamhrialáilte ó chonarthaí custaiméara.

Ní aithníonn an Grúpa aon lamháltais caillteanas creidmheasa ábhartha a bhfuil súil leo agus níl an Grúpa ag súil leis go mbeidh aon chaillteanais shuntasacha infháltas ann nach ndearnadh foráil ina leith cheana.

## Úsáid Infháltais an Chórais:

### Poblacht na hÉireann:

Poblacht na hÉireann:Cuimsítear le húsáid ioncaim córais in Éirinn ioncam ó Úsáid Dáileacháin Córais (DUoS) agus ioncam ó Úsáid Tarchuir Córais (TUoS). Is iad na téarmaí creidmheasa do DUoS agus TUoS araon ná deich lá ghnó agus bhí fiche a hocht lastóir eachtrach ann faoi dheireadh na bliana. Déanann an Grúpa ioncam TUoS agus DUoS a bhilleáil agus a bhailiú. Tá sonrasc le tabhairt do na lastóirí as an ioncam ceadaithe ar bhonn míosúil, dhá lá gnó dhéag tar éis dheireadh na míosa agus íocaíocht dlite dhá lá dhéag tar éis dháta na heisiúna nó faoin dara lá gnó deiridh den mhí (cibé acu is déanaí). Faoi Chód Oibriúcháin an Líonra gháis, d'fhéadfaí go n-iarrfaí ar lastóirí sláine airgeadais a chur ar fáil chun an Grúpa a chosaint in aghaidh neamhíocaíocht sonrasc ar iompar gáis. Coinnítear cistí a fuarthas agus a bhaineann leis ar éarlais agus cuimsítear iad laistigh den iarmhéid éarlaise teoranta (nóta 15). Níor aithin an Grúpa aon chaillteanas bearnúcháin ábhair sa tréimhse reatha nó sa tréimhse thuairiscithe roimhe seo.

### Tuaisceart Éireann:

Cuimsíonn ioncam ó úsáid an chórais i dTuaisceart Éireann ioncam ó Úsáid an Chórais Leithdháilte (DUoS). Déanann an riarthóir na sonraisc a eisiúint agus gearrtar ráta úis laethúil ar shonraisc neamhíoctha. Is féidir a iarraidh ar lastóirí sláine airgeadais a chur ar fáil chun an Grúpa a chosaint ar neamhíocaíocht sonrasc as iompar gáis. Coinnítear cistí a fuarthas agus a bhaineann leis ar éarlais agus cuimsítear iad laistigh den iarmhéid éarlaise teoranta (nóta 15). Níor aithin an Grúpa aon chaillteanas bearnúcháin sa tréimhse reatha nó sa tréimhse thuairiscithe roimhe seo.

## Infháltais trádála eile agus infháltais eile:

Cuimsíonn infháltais trádála eile infháltais ó chonarthaí custaiméara neamhrialaithe, infháltais ó dhamáistí tríú páirtí, infháltais ó Aurora Telecom agus infháltais ó chonarthaí custaiméara rialaithe atá coimhdeach i dtaca le húsáid chórais DUoS agus TUoS. Déantar íocaíochtaí i dtaobh ceangal nua nó athruithe sula ndéantar an obair. Déantar riosca creidmheasa ar gach infháltas eile a bhainistiú trí mhonatóireacht agus bainistíocht réamhghníomhach ar iarmhéideanna agus grinnscrúdú creidmheasa (más infheidhme).

Is é uasnochtadh infháltas trádála agus infháltas eile an Ghrúpa do riosca creidmheasa ar an dáta tuairiscithe ná €80.9 milliún (2024: €83.8 milliún). Fágtar réamhíocaíochtaí as an áireamh mar ní thagann aon neamhchosaint creidmheasa chun cinn.

Is mar seo a leanas an neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa le haghaidh na trádála agus infháltais eile ar an dáta tuairiscithe de réir réigiún geografach:

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Poblacht na hÉireann | **72,646** | 73,237 |
| An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | **8,231** | 10,540 |
| **Iomlán** | **80,877** | 83,777 |

Bailítear tromlach d'infháltais trádála agus d'infháltais eile an Ghrúpa taobh istigh de 30 lá ó dháta an tsonraisc. I bhfianaise acmhainneacht creidmheasa agus infháltais eile an Ghrúpa, ní úsáideann an Grúpa maitrís soláthair. Meastar nach bhfuil gá le coigeartú i leith tosca maicreacnamaíocha óir ní bheadh tionchar ábhartha ag an gcoigeartú ar na caillteanais chreidmheasa ionchasacha (ECL) a aithnítear. Déantar measúnú ar ECL i gcás féichiúnaithe aonair. Mar a luadh thuas, ní aithníonn an Grúpa aon lamháltais caillteanas creidmheasa ábhartha a bhfuil súil leo agus níl an Grúpa ag súil leis go mbeidh aon chaillteanais shuntasacha infháltas ann nach ndearnadh foráil ina leith cheana. Díscríobhann an Grúpa trádáil agus infháltais eile nuair atá faisnéis ann a thugann le fios go bhfuil deacracht mhór airgeadais ag an bhféichiúnaí agus nach dócha go réasúnach gur féidir aisghabháil a bheith ann e.g. nuair atá an féichiúnaí curtha faoi leachtú nó nuair atá siad tar éis dul isteach in imeachtaí féimheachta. Ní ábhartha na hinfháltais trádála a díscríobhadh, i mbliana agus sa bhliain roimhe seo.

Léirítear sa tábla seo a leanas an ghluaiseacht sa liúntas caillteanais chreidmheasa ionchais a aithníodh le haghaidh na trádála agus infháltais eile i gcomhréir leis an gcur chuige simplithe a leagtar amach in IFRS 9 (measúnú aonair).

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir** | **(678)** | (894) |
| Caillteanais bearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | **(553)** | (102) |
| Liúntas a úsáideadh | **101** | 318 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(1,130)** | (678) |

Seo a leanas mar a aosaítear infháltas trádála agus eile, glan ar chaillteanais chreidmheasa ionchais:

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Nach bhfuil thar an dáta dlite | **70,022** | 80,754 |
| 1-30 lá thar téarma | **8,803** | 1,106 |
| 31-120 lá thar téarma | **1,880** | 1,088 |
| > 120 lá thar téarma | **172** | 829 |
| **Iomlán** | **80,877** | 83,777 |

# 15. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

## Ar fáil don ghrúpa

Coinnítear airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim chun gealltanais ghearrthéarmacha airgid thirim a chomhlíonadh.

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Taiscí bainc gearrthéarmacha | **246,755** | 126,097 |
| Airgead tirim ag an mbanc | **5,757** | 34,200 |
| **Iomlán** | **252,512** | 160,297 |

Is éard atá in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ná iarmhéideanna airgid thirim agus taiscí bainc gearrthéarmacha a bhfuil aibíocht bunaidh níos lú ná trí mhí ag baint leo. Tugann suim ghlanluacha na sócmhainní sin neasluach dá luach cóir. Féach nóta 24 le haghaidh nochtaí riosca creidmheasa a bhaineann leis an gcistíocht.

## Taiscí srianta

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Airgead tirim ag an mbanc | **24,982** | 21,339 |
| **Iomlán** | **24,982** | 21,339 |

Comhlíonann na taiscí srianta uile atá i seilbh an Ghrúpa an sainmhíniú ar "Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim" faoi IAS 7 "Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid". Áirítear le taiscí srianta méideanna arna gcoinneáil i dtaobh taiscí urrúis de chuid lastóirí líonra gáis (nóta 14) agus comhaontuithe áirithe ceangail (nóta 20). Déantar measúnú rialta ar an leibhéal d'urrús lastóra atá i bhfeidhm, agus déantar taiscí nó aisíocaíochtaí breise más gá, i gcomhréir le Cód Oibríochtaí Líonraí Gáis Éireann. Coimeádtar urrúis slándála le haghaidh chomhaontuithe ceangail chun an costas caipitil as tionscadail mhóra ceangail a mhaoiniú (fillte ar an gcustaiméir ar bhonn céimnithe thar 2-3 bliana) agus chun íocaíochtaí acmhainne a mhaoiniú (fillte ar an gcustaiméir thar thréimhse de suas le 7 mbliana). Tá sé de rogha ag custaiméirí cineálacha eile urrús airgeadais a chur in ionad taiscí urrúis atá ann cheana féin ag am ar bith. Rinneadh taifead de na suimeanna iníoctha dlite do gach iarmhéid airgid a taifeadadh mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim. Féach nóta 24 le haghaidh nochtaí riosca creidmheasa a bhaineann leis an gcistíocht.

Áirítear le gníomhaíochtaí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim tríd an ráiteas ar shreafaí airgid gníomhaíochtaí iarmhéideanna taisce srianta.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir** | **181,636** | 223,746 |
| Méadú/laghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim sa ráiteas faoi shreafaí airgid | **96,683** | (42,966) |
| Éifeacht luaineachtaí sa ráta malairte ar airgead tirim atá á choinneáil | **(825)** | 856 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **277,494** | 181,636 |

# 16. Airgead tirim faighte ó oibríochtaí

| | Nótaí | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain | | **146,369** | 138,291 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 6 | **153,514** | 153,639 |
| Costas sochair scoir | | **4,994** | 1,451 |
| Glanchostais airgeadais | 7 | **14,665** | 4,448 |
| Costas cáin ioncaim | 8 | **26,840** | 26,914 |
| | | **346,382** | 324,743 |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | | |
| Athruithe ar infháltais thrádála agus infháltais eile | | **1,634** | 24,951 |
| Athrú i suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | | **1,172** | (7,174) |
| Athrú ar ioncam iarchurtha | | **54,377** | 39,387 |
| Athrú ar sholáthairtí | | **(664)** | 254 |
| Athrú ar fhardail | | **(308)** | (87) |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **402,593** | 382,074 |
| Ús íoctha * | | **(15,853)** | (7,213) |
| Cáin ioncaim a íocadh | | **(21,968)** | (20,662) |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **364,772** | 354,199 |

** Is ionann an t-ús a íocadh agus glanmhéid an ioncaim úis éarlaise ar éarlaisí gearrthéarmacha de €4.0m (2024 €8.7m).*

# 17. Fardal

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Stoic agus ábhair** | **1,051** | **743** |

Níor gealladh aon fhardal mar urrús.

Níor díscríobhadh aon fhardail chuig glanluach inréadaithe sa bhliain 2025 (2024: €nialas).

Sa bhliain 2025, ba ionann an luach ar fhardal a aithníodh mar chostais chothabhála agus €3.0m (2024 €3.3m).

# 18. Iasachtaí agus fiachas eile

Sa nóta seo tugtar eolas faoi théarmaí conarthacha na n-iasachtaí úsmhara de chuid an Ghrúpa. Féach ar nóta 24 chun níos mó eolais a fháil faoi nochtadh an Ghrúpa do ráta úis, ráta malairte agus riosca leachtachta.

| | Nótaí | 31-Noll-25<br>€'000 | 31-Noll-24<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Bannaí | | **(758,391)** | (757,695) |
| Iasachtaí ó institiúidí airgeadais | | **(99,740)** | (99,500) |
| Dliteanais léasa | | **(2,227)** | (2,458) |
| **Iomlán** | | **(860,358)** | (859,653) |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | |
| Neamhreatha | | **(525,009)** | (859,422) |
| Reatha | | **(335,349)** | (231) |
| **Iomlán** | | **(860,358)** | (859,653) |
| Níos lú ná aon bhliain amháin | | **(335,349)** | (231) |
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | | **(299,556)** | (334,101) |
| Níos mó ná cúig bliana | | **(225,453)** | (525,321) |
| **Iomlán** | | **(860,358)** | (859,653) |

Tá gach iasacht in-aisíoctha ar bhealach eile seachas i dtráthchodanna.

## Glanfhiachas

| | Nótaí | 31-Noll-25<br>€'000 | 31-Noll-24<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Iomlán iasachtaí agus fiachas eile | | **(860,358)** | (859,653) |
| Lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don Ghrúpa | 15 | **252,512** | 160,297 |
| Glanfhiachas ** | | **(607,846)** | (699,356) |

*** Ní áirítear ach airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus glanfhiachas, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim á ríomh - tá méideanna teoranta as an áireamh.*

## Athruithe ar dhliteanais ag eascairt ó ghníomhaíochtaí maoinithe

| | Nótaí | Bannaí<br>€'000 | Iasachtaí ó institiúidí airgeadais<br>€'000 | Dliteanais léasa<br>€'000 | Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | | (922,103) | (99,260) | (2,581) | (1,023,944) |
| Aisíoc dliteanais léasa | 11 | - | - | 244 | 244 |
| Fáltais ó iasachtaí | | (298,287) | - | - | (298,287) |
| Aisíocaíocht iasachtaí | | 459,520 | - | - | 459,520 |
| Neamhairgead | | 3,175 | (240) | (121) | 2,814 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | (757,695) | (99,500) | (2,458) | (859,653) |
| Aisíoc dliteanais léasa | 11 | **-** | **-** | **231** | **231** |
| Neamhairgead | | **(696)** | **(240)** | **-** | **(936)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | **(758,391)** | **(99,740)** | **(2,227)** | **(860,358)** |

# 19. Sócmhainn sochair scoir

Oibríonn an Grúpa scéim sochair sainithe agus scéim ranníocaíochta sainithe.

## Scéim sochair sainithe - Mionsonraí & Rioscaí

Braitheann leibhéal na sochar ar fhad seirbhíse na mball agus ar a dtuarastal inphinsin nuair a imíonn siad ón scéim, is é sin, scéim 'tuarastail deireanaigh'. Is gnách go gcuirtear méaduithe ar phinsin ar fáil ar bhonn roghnach agus sprioc fhadtéarmach um boilsciú praghsanna i gceist (teorainn 4% in aghaidh na bliana).

Is é an Bord Iontaobhaithe, ar a bhfuil ionadaithe ball agus fostóra, a riarann an scéim le sochar sainithe. Tá an Bord Iontaobhaithe freagrach as an scéim a bhainistiú agus a rialáil, a chuimsíonn na dlíthe agus rialacháin ábhartha go léir a chomhlíonadh. Tá sócmhainní na scéime scartha uathu sin atá ag an nGrúpa i gcistí faoi riarachán iontaobhaithe. Tá an scéim faoi réir luachálacha achtúireacha neamhspleácha gach trí bliana ar a laghad. Rinne achtúire cáilithe an luacháil is deireanaí ar an scéim le sochar sainithe faoi mar a bhí i gceist an 1 Aibreán 2025. Is é an 1 Aibreán 2028 an dáta éifeachtach don chéad luacháil achtúireach eile.

Tá an Grúpa neamhchosanta ar rioscaí éagsúla de bharr na scéime. Is iad seo a leanas na rioscaí is suntasaí:

### Riosca luaineachta sócmhainní

Déantar na dliteanais a ríomh ag úsáid ráta lascaine atá socraithe le tagairt do thorthaí bannaí corparáideacha. Mura bhfuil sócmhainní ag déanamh chomh maith agus a léireodh an toradh seo, d'fhéadfadh sé sin easnamh a chruthú. Tá thart ar 30% den chiste ag an scéim i sócmhainní fáis (cothromais agus roghanna malartacha éagsúlaithe) a chruthaíonn luaineacht agus riosca sa ghearrthéarma, cé go bhfuiltear ag súil go sáróidh siad bannaí corparáideacha san fhadtéarma.

### Riosca a bhaineann le hathruithe ar thorthaí bannaí

Má thagann laghdú ar thorthaí bannaí corparáideacha, tiocfaidh ardú ar an luach a chuirtear ar dhliteanais chun críocha cuntasaíochta, cé go ndéanfaidh ardú ar luach aon ghabháltais bannaí an t-ardú sin a fhritháireamh i bpáirt.

### Riosca tuarastail

Ós rud é gur scéim tuarastail deiridh atá i gceist, tá nochtadh i leith sochair níos airde ann mar gheall ar mhéaduithe níos airde ar thuarastail ná mar a ndearnadh soláthar dóibh sna toimhdí. Déanann na boinn toimhdí a úsáidtear chun an tuarastal deiridh a fhortheilgean ionchorprú ar bhall a bhaineann le haois chomh maith le bun-ráta bunúsach mar liúntas le haghaidh incrimintí agus arduithe céime.

## 19. Sócmhainn sochair scoir (ar lean)

### Riosca boilscithe

Tá oibleagáidí sochar sainithe na Scéime nasctha le boilsciú (i gcás comhaltaí gníomhacha, tá sochair nasctha le méaduithe tuarastail agus i gcás comhaltaí iarchurtha, tá sochair chaomhnaithe nasctha le hathluacháil reachtúil). Is cuspóir den bheartas sochair agus maoinithe arduithe pinsin iarscoir lánroghnacha a thabhairt atá nasctha le boilsciú praghsanna (teorainn 4% in aghaidh na bliana leo). Beidh dliteanais níos airde mar thoradh ar bhoilsciú atá níos airde ná mar atáthar ag súil leis. Tá cion den Chiste infheistithe i mbannaí nasctha le boilsciú (agus fíorbhabhtálacha) le meaitseáil le fíordhliteanais dá leithéid. Infheistítear thart ar 70% den chiste i mbannaí nó i mbabhtálacha atá nasctha le boilsciú (fíorionstraimí IDC) mar mheaitseáil le dliteanais réadacha den sórt sin.

### Riosca ionchais saoil

Is iad formhór oibleagáidí na scéime ná sochair a chur ar fáil do shaol an chomhalta (agus a chleithiúnaithe), agus beidh ardú ar dhliteanais mar thoradh ar arduithe ar ionchais saoil.

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Infheistíochtaí luaite i margaí gníomhacha:** | | |
| **Gnáthscaireanna** | **69,012** | 72,361 |
| – margaí forbartha | 62,486 | 64,904 |
| – margaí atá ag teacht chun cinn | 6,526 | 7,457 |
| **Bannaí** | **338,277** | 368,009 |
| – Fiachas an Rialtais | 210,130 | 222,954 |
| – Fiachas nach fiachas rialtais é | 128,147 | 145,055 |
| **Cistí infheistíochta** | **42,698** | **43,273** |
| **Airgead** | **74** | **6,126** |
| **Infheistíochtaí neamhluaite:** | | |
| Réadmhaoin/foraoiseacht | **2,578** | 2,903 |
| Bonneagar | **40,836** | 36,620 |
| **Luach cóir sócmhainní plean** | **493,475** | 529,292 |
| Oibleagáid sochar sainithe | **(453,815)** | (512,896) |
| **Glansócmhainn sochair sainithe (roimh chearta aisíocaíochta)** | **39,660** | 16,396 |
| Cearta ar aisíocaíocht | **6,049** | 6,673 |
| **Iomlán** | **45,709** | 23,069 |

## Straitéis Infheistíochta

D'aontaigh an Grúpa agus Iontaobhaithe ar sprioc straitéise infheistíochta ag aistriú go 80% sócmhainní meaitseála thar am de réir mar a thagann deiseanna dí-riosca chun cinn agus de réir mar a fhorbraíonn an scéim. Ba ionann leithdháileadh na sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2025 agus fás 30% / meaitseáil dliteanais 70%.

## Gluaiseacht i nglansócmhainn sochair shainithe roimh chearta aisíocaíochta

| | Dliteanas sochair sainithe | | Luach cóir na sócmhainní plean | | Glansócmhainn sochair sainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 | 2024 | 2025 | 2024 | 2025 | 2024 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir** | **(512,896)** | - | **529,292** | - | **16,396** | - |
| Aistriú ó Ervia 01 Meitheamh 2024 | | (502,805) | | 524,138 | | 21,333 |
| **Ráiteas Ioncaim:** | | | | | | |
| Costas seirbhíse reatha | **(6,235)** | (3,877) | **-** | - | **(6,235)** | (3,877) |
| Costas seirbhíse san am a chuaigh thart | **(3,000)** | - | **-** | - | **(3,000)** | - |
| Ús ar dhliteanais agus sócmhainní | **(17,440)** | (9,958) | **18,122** | 10,016 | **682** | 58 |
| | **(26,675)** | (13,835) | **18,122** | 10,016 | **(8,553)** | (3,819) |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile:** | | | | | | |
| Toradh ar shócmhainní plean, ioncam úis as an áireamh | **-** | - | **(45,935)** | (371) | **(45,935)** | (371) |
| Taithí (caillteanais)/gnóthachain ar dhliteanais | **2,779** | 1,498 | **-** | - | **2,779** | 1,498 |
| Athruithe ar thoimhdí airgeadais | **71,221** | (4,932) | **-** | - | **71,221** | (4,932) |
| Athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha | **(725)** | - | **-** | - | **(725)** | - |
| | **73,275** | (3,434) | **(45,935)** | (371) | **27,340** | (3,805) |
| Ranníocaíochtaí ag fostóirí | **-** | - | **4,281** | 2,680 | **4,281** | 2,680 |
| Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí | **(2,477)** | (1,544) | **2,477** | 1,544 | **-** | - |
| Sochair a íocadh | **14,958** | 8,722 | **(14,762)** | (8,715) | **196** | 7 |
| | **12,481** | 7,178 | **(8,004)** | (4,491) | **4,477** | 2,687 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(453,815)** | (512,896) | **493,475** | 529,292 | **39,660** | 16,396 |

B'ionann meántréimhse ualaithe na hoibleagáide sochair shainithe amhail an 31 Nollaig 2025 agus thart ar 16 mbliana (2024: 17 bliana). Táthar ag súil le ranníocaíocht €4.3 milliún ón nGrúpa le plean pinsin an Ghrúpa in 2026.

## 19. Sócmhainn sochair scoir (ar lean)

Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | **4.30%** | 3.45% |
| Toimhde maidir le boilsciú | **2.20%** | 2.25% |
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail | **2.70%** | 2.75% |
| Ráta méadaithe ar íocaíocht pinsin | **2.15%** | 2.25% |

Seo a leanas an meánionchas saoil don todhchaí a tógadh san áireamh sa luacháil, bunaithe ar dhul ar scor ag 65 bliain d'aois, le haghaidh fostaithe atá ar scor faoi láthair agus a rachaidh ar scor amach anseo

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Bean, 40 bliain d'aois anois | **27.2** | 27.0 |
| Bean, 65 bliana d'aois anois | **25.0** | 24.9 |
| Fear, 40 bliain d'aois anois | **25.1** | 25.1 |
| Fear, 65 bliana d'aois anois | **22.9** | 23.0 |

### Anailís íogaireachta i gcomhair na bpríomhbhonn tuisceana a úsáidtear chun dliteanais scéime a thomhas

Tá neamhchinnteachtaí nádúrtha ag baint leis na toimhdí airgeadais agus déimeagrafacha a glacadh agus luach achtúireach oibleagáid sochair shainithe an Ghrúpa á ríomh. Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar an tionchar measta a thiocfadh as dliteanais scéime ó athruithe ar phríomhthoimhdí achtúireacha.

| Toimhde | Athrú ar thoimhde | Ús ar dhliteanais na scéimeanna |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | Méadú/laghdú 0.25% | Laghdú 3.7%/méadú 3.9% |
| Boilsciú | Méadú/laghdú 0.25% | Méadú 4.0%/laghdú 3.7% |
| Tuarastal | Méadú/laghdú 0.25% | Méadú 1.0%/laghdú 1.0% |
| Mortlaíocht | Méadú/laghdú aon bhliain amháin | Méadú 2.5%/laghdú 2.6% |

### Oibleagáid sochar sainithe - cearta ar aisíocaíocht

Tá Líonraí Gáis Éireann páirteach sa Líonra Aistrithe don tSeirbhís Phoiblí (PSTN). Tá an PSTN á rialú ag Alt 4 den Acht Aois-Liúntas agus Pinsean, 1963. Cuireann sé ar a gcumas d'fhostaithe incháilithe a dteidlíochtaí seirbhíse inphinsin a aistriú chuig scéim Líonraí Gáis Éireann. Is iad na teidlíochtaí sin a thagann as seirbhís le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí atá rannpháirteach. Maidir leis an gcostas a bhaineann leis an tseirbhís inphinsin roimh ré sin a mhaoiniú, tá Líonraí Gáis Éireann i dteideal an chostais sin a aisghabháil ó na comhlachtaí poiblí ábhartha i gcomhréir leis an bhforáil sa PSTN nuair a íoctar na sochair aoisliúntais ábhartha le haghaidh fostaithe. Fuair Líonraí Gáis Éireann maoiniú €0.2 milliún ar ais i gcaitheamh na bliana. Amhail an 31 Nollaig 2025, rinne achtúire na scéime luach cóir na gceart aisíocaíochta a luacháil ag €6.0 milliún faoi bhoinn tuisceana CIC 19. Meastar gurb é sin luach na n-oibleagáidí gaolmhara faoi láthair (2024: €6.7 milliún).

### Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe

Déanann an Grúpa ranníocaíochtaí i leith Scéim Ranníocaíochta Sainithe Líonraí Gáis Éireann thar ceann a fostaithe. Cuirtear na costais seo faoi mhuirear an ráitis ioncaim agus nochtar iad i nóta 5.

# 20. Ioncam iarchurtha

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(200,805)** | (161,251) |
| Faighte | **(73,852)** | (62,426) |
| Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim | **19,475** | 23,039 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | **190** | (167) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(254,992)** | (200,805) |

## Anailísithe mar seo a leanas:

| | 31-Noll-25 €'000 | 31-Noll-24 €'000 |
|---|---|---|
| Neamhreatha | **(225,480)** | (182,788) |
| Reatha | **(29,512)** | (18,017) |
| **Iomlán** | **(254,992)** | (200,805) |

Déantar ranníocaíochtaí custaiméirí ó cheangail nua, a fhaightear roimh ré, a thaifeadadh ar dtús mar ioncam iarchurtha. Ansin scaoiltear na ranníocaíochtaí sin chuig an ráiteas ioncaim mar ioncam thar am de réir mar a chuirtear rochtain ar an líonra gáis ar fáil.

# 21. Deontais

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir** | **(52,682)** | (58,986) |
| Infhaighte sa bhliain | **(1,534)** | - |
| Inaisíoctha | **1,324** | - |
| Amúchta | **6,960** | 6,665 |
| Curtha chun sochair costas oibriúcháin | **133** | 184 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | **534** | (545) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(45,265)** | (52,682) |

Anailísithe mar seo a leanas:

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Neamhreatha | **(38,529)** | (45,963) |
| Reatha | **(6,736)** | (6,719) |
| **Iomlán** | **(45,265)** | (52,682) |

Níl aon dálaí nár comhlíonadh ag gabháil le deontais a aithnítear sa ráiteas ioncaim. Ar chúinsí áirithe d'fhéadfadh sé go dtiocfadh deontais chun a bheith in-aisíochta mura gcloítear leis na coinníollacha atá leagtha síos sna comhaontuithe deontais. Bhain deontais €1.5 milliún a fuarthas le haghaidh 2025 le maoiniú deontais ón Innovation and Networks Executive Agency (INEA) le hinfheistiú i stáisiún Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus i mbonneagar bainteach le Bithghás. Tá an Grúpa ag súil go n-aisíocfaidh sé €1.324m le INEA toisc nár úsáideadh maoiniú deontais réamh-mhaoinithe a fuarthas.

# 22. Forálacha, teagmhais agus dliteanais chaipitil

## Forálacha

| | Éilimh féin-árachais | Iomlán |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir 2025** | **(7,017)** | **(7,017)** |
| Forálacha a rinneadh | **(934)** | **(934)** |
| Forálacha a úsáideadh | **1,598** | **1,598** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **(6,353)** | **(6,353)** |

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | €'000 | €'000 |
| Neamhreatha | **(5,090)** | (5,263) |
| Reatha | **(1,263)** | (1,754) |
| **Iomlán** | **(6,353)** | (7,017) |

### Éilimh féin-árachais

Tá féin-árachas ag an nGrúpa i dtaobh éileamh áirithe as díobháil agus dochar. Tá an fhoráil ann ag deireadh na bliana le haghaidh na gcostas measta a bhaineann le teagmhais atá i ndiaidh tarlú suas go dtí an 31 Nollaig 2025. Déantar na híocaíochtaí de réir mar a réitítear na cásanna. Cuimsítear an muirear sa ráiteas ioncaim faoi chostais oibriúcháin. Mar gheall ar chineál na n-éileamh sin ní fios dáta an tsocraithe ach measann an Grúpa go mbeidh an chuid is mó d'éilimh socraithe faoin mbliain 2027.

## Teagmhais

Nochtar dliteanais theagmhasacha i ndáil le deontais i nóta 21.

Tá an Grúpa faoi réir dlíthíocht, éilimh agus díospóidí conarthacha éagsúla le linn gnáthchúrsa oibríochtaí. Cé go mbíonn gné éiginnteachta ag gabháil le himeachtaí ar bith den sórt sin, ní mheasaimid go mbeidh drochéifeacht ábhartha ag réiteach na n-imeachtaí sin sa deireadh ar thorthaí an Ghrúpa ó oibríochtaí, ó shreafaí airgid oibriúcháin ná ó ghlanseasamh airgeadais.

## Gealltanais chaipitil

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €"milliún | €"milliún |
| Caiteachas caipitil atá ar conradh ach nach bhfuil soláthar déanta ina leith | **96** | 100 |

# 23. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Suimeanna iníoctha trádála | **(16,453)** | (13,306) |
| Speansais fhabhraithe | **(82,947)** | (79,277) |
| Suimeanna iníoctha eile | **(32,189)** | (26,077) |
| Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialta | **(19,050)** | (21,882) |
| **Iomlán** | **(150,639)** | (140,542) |
| | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamhreatha | **(5,897)** | (5,905) |
| Reatha | **(144,742)** | (134,637) |
| **Iomlán** | **(150,639)** | (140,542) |
| | | |
| **Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialta** | | |
| ÍMAT/árachas sóisialta | **(2,491)** | (2,477) |
| CBL | **(16,559)** | (19,405) |
| **Iomlán** | **(19,050)** | (21,882) |

# 24. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais

## Conarthaí i malairt eachtrach agus babhtálacha airgeadra

Chuaigh an Grúpa i mbun conarthaí i malairt eachtrach i dtaca le híocaíochtaí soláthraithe (atá i ndollair SAM agus i steirling) agus i dtaca le fálú oibriúcháin atá bunaithe ar steirling. Tá aibíochtaí ag na conarthaí seo a shíneann chomh fada le 2027. Ní dhearnadh na trádálacha a bhí i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2025 a shainiú chun críocha cuntasaíochta fálaithe.

## Aicmithe cuntasaíochta agus luachanna córa

Comhcheanglaíonn an tábla seo a leanas eolas maidir le:

- aicmí ionstraimí airgeadais bunaithe ar a gcineál agus ar a saintréithe;
- suimeanna glanluacha na n-ionstraimí airgeadais;
- luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais (seachas ionstraimí airgeadais nuair atá an suim ghlanluacha geall le bheith comhionann lena luach cóir); agus
- leibhéil ordlathais luachanna córa do shócmhainní airgeadais agus do dhliteanais airgeadais ar nochtadh luach cóir ina leith.

Féach nóta 25 le haghaidh nochtuithe faoi IFRS 13 maidir le tomhas luach cóir.

| | Ordlathas luachanna córa | FVTPL €'000 | Costas amúchta €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | |
| Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe) | Level 2 | **77** | **-** | **77** |
| Infháltais trádála agus eile [2] | | **-** | **80,877** | **80,877** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa [3] | | **-** | **252,512** | **252,512** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | | **-** | **24,982** | **24,982** |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | **77** | **358,371** | **358,448** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas [4] | Level 2 | **-** | **(860,358)** | **(860,358)** |
| Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe) | Level 2 | **(11)** | **-** | **(11)** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile [1] | | **-** | **(48,642)** | **(48,642)** |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | **(11)** | **(909,000)** | **(909,011)** |
| **Glan(dliteanais) airgeadais** | | **66** | **(550,629)** | **(550,563)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | |
| Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe) | Level 2 | 392 | - | 392 |
| Infháltais trádála agus eile [2] | | - | 83,777 | 83,777 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa [3] | | - | 160,297 | 160,297 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | | - | 21,339 | 21,339 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | 392 | 265,413 | 265,805 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas [4] | Level 2 | - | (859,653) | (859,653) |
| Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe) | Level 2 | (51) | - | (51) |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile [1] | | - | (39,383) | (39,383) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | (51) | (899,036) | (899,087) |
| **Glan(dliteanais) airgeadais** | | 341 | (633,623) | (633,282) |

*1 Níor cuireadh speansais agus cánach fhabhraithe agus creidiúnaithe árachais shóisialta san áireamh toisc nach ndéantar iad sin a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.*

*2 Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.*

*3 Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus tuairiscítear an glanmhéid sa chlár comhardaithe i gcás go bhfuil ceart ag an nGrúpa atá infhorfheidhmithe de réir an dlí chun na méideanna aitheanta a fhritháireamh, agus go bhfuil sé ar intinn socrú a dhéanamh ar ghlanbhonn agus an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna. Maidir leis an airgead tirim agus na coibhéisí airgid thirim atá nochta thuas ba ann dóibh tar éis go ndearnadh rótharraingtí €0.4m (2024:nialas) a fhritháireamh Amhail an 31 Nollaig 2025, ní raibh aon mháistirshocrú glanluachála ná socruithe comhchosúla eile ag an nGrúpa.*

*4 Ba é luach cóir na n-iasachtaí agus an fhiachais eile ar an 31 Nollaig 2025 ná €836.1 milliún (2024: €831.5 milliún).*

## 24. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

**Seo a leanas luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais, agus iad grúpáilte de réir aicme ionstraim:**

| | Sócmhainní neamhreatha | Sócmhainní reatha | Dliteanais neamhreatha | Dliteanais reatha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Conarthaí malairte eachtraí | **-** | **77** | **(2)** | **(9)** | **66** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **-** | **77** | **(2)** | **(9)** | **66** |
| Conarthaí malairte eachtraí | 59 | 333 | - | (51) | 341 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | 59 | 333 | - | (51) | 341 |

## Bainistíocht riosca airgeadais

Tá beartais bainistithe riosca airgeadais curtha ar bun ag an nGrúpa chun na rioscaí atá ann don Ghrúpa a shainaithint agus a anailísiú, chun srianta agus rialaithe oiriúnacha riosca a leagan síos agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus ar chomhlíonadh teorainneacha. Déantar beartais agus córais bainistíochta riosca airgeadais a athbhreithniú go rialta ionas go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí an Ghrúpa. Sna caighdeáin agus nósanna imeachta oiliúna agus bainistíochta atá ag an nGrúpa, déantar iarracht timpeallacht rialála a fhorbairt atá idir eagraithe agus fhiúntach, ina dtuigeann na fostaithe ar fad na róil atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu.

Agus díorthaigh á n-úsáid, cloíonn an Grúpa leis an Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992 agus aon cheanglais agus choinníollacha de réir mar a d'fhéadfadh an tAire Airgeadais a shonrú dá réir agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm trína ndéantar monatóireacht, athbhreithniú agus tuairisciú chuig an mBord ar an gcomhlíonadh sin ar bhonn rialta.

Ní dhéantar feidhm chistíochta an Ghrúpa a oibriú mar aonad brabúis agus déantar bainistíocht ar staideanna cistíochta ar bhealach chun riosca a sheachaint. Tá cúis bhailí bhunúsach ghnó taobh thiar de gach idirbheart cistíochta agus tá diantoirmeasc ar sheasaimh amhantracha.

## (i) Riosca creidmheasa

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena dtéann sé i mbun idirbheart. Áirítear leis sócmhainní i seilbh bhainc agus institiúidí airgeadais, idirbhearta maidir le hionstraimí airgeadais díorthacha agus neamhchosaint chreidmheasa ag eascairt ó chaidreamh trádála le custaiméirí. Is é cuspóir bhainistíochta riosca creidmheasa an Ghrúpa ná neamhchosaint ar riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha. Níl an lucht bainistíochta ag súil go mainneoidh aon chontrapháirtí suntasach a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

Ba é seo a leanas suim ghlanluacha sócmhainní airgeadais, lena léirítear a n-uasmhéid neamhchosanta creidmheasa, ar an dáta maidir le tuairisciú:

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | **80,877** | 83,777 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa | **252,512** | 160,297 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | **24,982** | 21,339 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **77** | 392 |
| **Iomlán** | **358,448** | 265,805 |

### (i) (a) Riosca creidmheasa a bhaineann le cistíocht

Tugann an Chistíocht faoi gach gníomhaíocht chiste le haghaidh an Ghrúpa. Déanann an Chistíocht bainistíocht ar riosca creidmheasa a bhaineann le ciste trí úsáid a bhaint as teorannacha creidmheasa frithpháirtí, lena gcuirtear san áireamh, i measc fachtóirí ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Is é beartas na Cuideachta ná go gcuirtear airgead i dtaisce den chuid is mó le hinstitiúidí a choimeádann rátáil chreidmheasa de ghrád infheistíochta. Déanann an Chistíocht a neamhchosaint ar chontrapháirtí cistíochta a mheas agus a thomhas go rialta.

Cuirtear gach trádáil díorthach i gcrích i gcomhréir le Ceanglais agus Coinníollacha an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Leagtar amach ann na critéir is gá a chomhlíonadh maidir le gach contrapháirtí díorthaigh a mbíonn gnó ag an nGrúpa leis. Déanann Cistíocht an Ghrúpa a neamhchosaint ar chontrapháirtí cistíochta a mheas agus a thomhas go rialta. I gcás ina bhféadfadh an neamhchosaint ar ionstraimí díorthacha a bheith ábhartha i leith ghlanluach an Ghrúpa, déanfaidh an Grúpa breithniú ar dhul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa.

## Ráthaíochtaí airgeadais

I ngnáthchúrsa a ghnó, téann an Grúpa i mbun gnóthais agus gealltanais áirithe maidir le tríú páirtithe i dtaobh oibleagáidí a fheidhmiú faoi shocruithe conarthacha. Déantar oibleagáidí chun tríú páirtithe a ráthú le litreacha creidmheasa arna n-eisiúint ag institiúidí airgeadais. Bíodh is go bhféadfadh sé tarlú nach n-aithnítear na hoibleagáidí sin ar chlár comhardaithe an Ghrúpa, is ann do riosca creidmheasa i ndáil leis na hionstraimí sin mar cuirtear ceanglas ar an nGrúpa leo íocaíochtaí a dhéanamh i gcás gníomh ar leith agus dá bhrí sin is cuid de riosca foriomlán an Ghrúpa iad. Liostaítear anseo thíos luachanna ainmniúla na gceanglas sin (is é sin, an neamhchosaint uasta do riosca creidmheasa faoi na hoibleagáidí sin).

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Litreacha creidmheasa | **700** | 700 |
| **Iomlán** | **700** | 700 |

### (i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil

Féach nóta 14 le haghaidh anailís ar neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca creidmheasa a bhaineann le trádáil.

## (ii) Riosca maoinithe agus leachtachta

Is ionann cur chuige Líonraí Gáis Éireann maidir le riosca maoinithe agus leachtachta a bhainistiú ná a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun a chuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, bíodh sé sin le linn ghnáthdhálaí nó i ndálaí anáis. Tá an Chistíocht freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag Líonraí Gáis Éireann ar leachtacht leordhóthanach le déanamh cinnte de go mbeidh Líonraí Gáis Éireann in ann oibleagáidí a eascraíonn as a oibríochtaí laethúla, oibleagáidí maidir le haibíocht fiachas agus eisíocaíochtaí infheistíochta caipitil a réiteach. Forbraíonn agus coimeádann an Chistíocht gaolmhaireachtaí le hinstitiúidí airgeadais chun a dtuiscint ar an ngnó a fhorbairt agus chun a dtiomantas fadtéarmach don Chuideachta a fhorbairt. Déantar gach seirbhís baincéireachta agus cistíochta a fhoinsiú ag praghsanna iomaíocha. Déantar comhthiomsú airgid agus glantar iarmhéideanna cuntais nuair is féidir chun airgead díomhaoin agus costais úis a laghdú.

### (ii) (a) Maoiniú

Bhí seasamh maoinithe an Ghrúpa láidir sa bhliain 2025. Soláthraíonn saoráid creidmheasa imrothlaigh le grúpa 6 bhanc intíre agus idirnáisiúnta leibhéal láidir leachtachta don Ghrúpa go dtí 2029. Féachann an Grúpa chuige go bhfuil meascán d'fhoinsí maoinithe aige ar théarmaí agus coinníollacha inghlactha chun forbairt an ghnólachta a mhaoiniú agus chun oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Coimeádann an Grúpa próifíl chothrom aibíochta chun an riosca aisíocaíochtaí buaice athmhaoinithe a choimeád chomh híseal agus is féidir.

Tá sé mar sprioc ag an nGrúpa a dhéanamh cinnte de go mbeidh saoráidí creidmheasa tiomanta i bhfeidhm aige chun 120% dá chroí-riachtanais tionscadail a chlúdach thar bhliain amháin agus go ndéanfar na saoráidí sin a shocrú le cúnaint airgeadais agus oibriúcháin chuí chun a chinntiú go bhfuil a dhóthain solúbthachta ag an lucht bainistíochta chun a ghnó a oibriú.

Féachann an Grúpa chuige go bhfuil meascán d'fhoinsí maoinithe aige ar théarmaí agus coinníollacha inghlactha chun forbairt an ghnólachta a mhaoiniú agus chun oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Coimeádann an Grúpa próifíl chothrom aibíochta chun an riosca aisíocaíochtaí buaice athmhaoinithe a choimeád chomh híseal agus is féidir.

## 24. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

### Saoráidí atá ar fáil don Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe;

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Iasachtaí (gan dliteanais léasa san áireamh) | **(858,131)** | (857,195) |
| Saoráidí tiomanta | **(1,160,279)** | (1,160,066) |

Tá ráta A+ (2024 A+) ag Líonraí Gáis Éireann ó Standard & Poor's agus dearcadh dearfach agus tá ráta A2 (2024 A2) aige ó Moody's Investors Services. Leis an rátáil chreidmheasa dhaingean sin cuirtear ar chumas na Cuideachta rochtain a bheith aici ar rogha leathan d'fhoinsí maoinithe agus déantar cinnte de gur féidir léi maoiniú ar chostas iomaíoch a ardú.

### (ii) (b) Barrachais airgid

Is chun an leibhéal fiachais a laghdú a úsáidtear barrachais airgid go príomha. Cuirtear barrachais airgid i dtaisce le bainc ar contrapháirtithe iad. Déanfaidh an Grúpa airgead barrachais a infheistiú in euro nó in airgeadra oibríochtaí thar lear.

### (ii) (c) Neamhchosaint ar riosca leachtachta

Is iad seo a leanas aibíochtaí conarthacha dliteanas airgeadais (agus sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis nár lascainíodh a bhaineann le hiasachtaí agus na sreafaí glana airgid nár lascainíodh atá inchurtha i leith ionstraimí airgeadais. Cuimsítear sa nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthaigh a bhfuil socraíocht chomhlán airgid chomhuaineach ag gabháil leo, m.sh. reámhchonarthaí i rátaí malairte eachtraí.

| | Suim ghlanluacha | Sreafaí airgid conarthacha | < 1 bhliain | 1-2 bhliain | 2-5 bliana | > 5 bliana |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(860,358)** | **(962,032)** | **(355,996)** | **(15,397)** | **(346,792)** | **(243,847)** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile * | **(48,642)** | **(48,642)** | **(48,642)** | **-** | **-** | **-** |
| **Neamhdhíorthach** | **(909,000)** | **(1,010,674)** | **(404,638)** | **(15,397)** | **(346,792)** | **(243,847)** |
| dliteanais airgeadais | **66** | **66** | **68** | **(2)** | **-** | **-** |
| **Conarthaí ráta malairte eachtraí** | **66** | **66** | **68** | **(2)** | **-** | **-** |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **(908,934)** | **(1,010,608)** | **(404,570)** | **(15,399)** | **(346,792)** | **(243,847)** |
| **Glandliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | (859,653) | (983,147) | (20,440) | (356,070) | (46,997) | (559,640) |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (39,383) | (39,383) | (39,383) | - | - | - |
| **Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile *** | (899,036) | (1,022,530) | (59,823) | (356,070) | (46,997) | (559,640) |
| Neamhdhíorthach | 341 | 341 | 282 | 59 | - | - |
| **dliteanais airgeadais** | 341 | 341 | 282 | 59 | - | - |
| **Conarthaí ráta malairte eachtraí** | (898,695) | (1,022,189) | (59,541) | (356,011) | (46,997) | (559,640) |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | | | | | | |
| **Glandliteanais airgeadais** | | | | | | |

** Níor cuireadh speansais agus cánach fhabhraithe agus creidiúnaithe árachais shóisialta san áireamh toisc nach ndéantar iad sin a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.*

## (iii) Riosca margaidh

Is é atá i riosca margaidh ná an fhéideartacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar fhachtóirí margaidh ar luach shócmhainní airgeadais, dliteanais nó sreafaí airgid ionchais an Ghrúpa don todhchaí.

Tá an Chistíocht freagrach as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí úis agus rátaí malairte airgeadra. Déantar gach idirbheart den sórt sin laistigh de na treoirlínte atá leagtha amach sa Bheartas Cistíochta, agus cuirtear i gcrích iad i gcomhréir le Ceanglais agus Coinníollacha an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Tá sé mar sprioc ag Ciste cuntasaíocht fhálaithe a chur i bhfeidhm d'fhonn luaineacht i mbrabús agus caillteanas a bhainistiú áit a mbíonn sé sin ábhartha do chomhthéacs an Ghrúpa.

### (iii) (a) Riosca an ráta malairte

Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go ndéantar cuid d'oibríochtaí an Ghrúpa in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha). Is é an cuspóir atá i gceist agus riosca ráta malairte á bhainistiú ná brabúsacht a chosaint agus tionchar na n-éagsúlachtaí ábhartha mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte a íoslaghdú.

## 24. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

### Ba iad seo a leanas na rátaí malairte GBP/EUR:

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| An meánráta | **0.857** | 0.847 |
| Ráta ag deireadh na bliana | **0.872** | 0.827 |

Is féidir neamhchosaint ar riosca an ráta malairte a achoimriú mar seo a leanas:

### Fochuideachtaí atá ag feidhmiú in airgeadra eachtrach (steirling)

Déantar sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an tuairiscithe. Déantar torthaí oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na meánrátaí malairte don tréimhse, nuair a fhreagraíonn siad do mheastachán réasúnta de na fíor-rátaí a tabhaíodh. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de chothromas (cúlchiste aistrithe). Déanann Cistíocht an Ghrúpa monatóireacht ar an riosca sin, agus má mheastar gur riosca ábhartha é, déanann siad fálú ar an riosca agus margaí malairte eachtraí á n-úsáid.

Aistrítear cistiú inghrúpa d'fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh go euro. Úsáidtear na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe leis sin a dhéanamh. Breactar an brabús/caillteanas a thagann chun cinn ar aistriú an chistithe inghrúpa go fochuideachtaí eachtracha chuig an ráiteas ioncaim. Déantar an brabús/caillteanas a eascraíonn ó aistriú na ndliteanas airgeadra eachtraigh a aistriú chuig an ráiteas ioncaim freisin, sa mhéid agus a úsáidtear iad chun airgead a sholáthar nó fálú a dhéanamh in aghaidh an chistithe inghrúpa i bhfochuideachtaí eachtracha.

### Neamhchosaint ar idirbhearta

Ó am go chéile déanann an Grúpa ceannacháin in airgeadraí eachtracha. Is é beartas an Ghrúpa an neamhchosaint sin ar idirbheart a bhainistiú. Leis sin a dhéanamh, féachtar chun ceannacháin agus díolacháin a ghlanluacháil in airgeadraí eachtracha sa mhéid agus is féidir. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar nochtaí a fhálú agus úsáid á baint as díorthaigh atá ceadaithe faoin mBeartas Cistíochta.

Faoi réir an Bheartais Chistíochta, déanfar aon idirbheart ionchasach a bhfuil coibhéis níos mó ná €300,000 aige in airgeadraí eachtracha a mheas i dtaca leis na rioscaí gnó a mbaineann leis agus, más cuí sin, déanfar na rioscaí airgeadra a fhálú chun aon neamhréireanna diúltacha a d'fhéadfadh eascairt as gluaiseachtaí airgeadra a mhaolú.

### Anailís ar íogaire ráta malairte

Dá n-éireodh an euro níos láidre nó níos laige, mar a léirítear thíos, i gcomparáid le steirling ar an 31 Nollaig, thiocfadh méadú/(laghdú) ar ioncam cuimsitheach eile agus ar bhrabús nó caillteanas den mhéid a thaispeántar thíos. Tá an anailís seo bunaithe ar neamhréireanna sa ráta malairte, a mheas an Grúpa go réasúnach go bhféadfaidís a bheith ann ag an dáta tuairiscithe. Glacann an anailís leis go bhfanann na neamhréireanna eile ar fad, go háirithe rátaí úis, seasta agus déanann sí neamhshuim de thionchar na ndíolachán agus na gceannachán a bhfuiltear ag súil leo.

| | Brabús roimh ghnóthachan/(caillteanas) cánachais | Ioncam Cuimsitheach eile | Brabús roimh ghnóthachan/(caillteanas) cánachais | Ioncam Cuimsitheach eile |
|---|---|---|---|---|
| | 31-Noll-25 | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 | 31-Noll-25 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Láidriú 5% | **(751)** | **(2,460)** | (1,141) | (3,435) |
| Lagú 5% | **751** | **2,460** | 1,141 | 3,435 |

*Nóta: Ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach (tugtha) anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin.*

### (iii) (b) Riosca an ráta úis

Eascraíonn riosca an ráta úis as athruithe rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus a théann i bhfeidhm ar ghlanioncam trí thionchar a imirt ar mhuirir airgeadais.

Clúdaíonn nochtadh an Ghrúpa do luaineachtaí i rátaí úis dhá chineál riosca:

**(i)** riosca go dtiocfadh athrú ar na sreafaí airgid a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta comhlúthach agus

**(ii)** riosca go dtiocfadh athrú ar luach sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta seasta.

Déanann an Grúpa monatóireacht ar neamhchosaint ar riosca ráta úis ar bhonn leanúnach d'fhonn tairbhe a bhaint as timpeallachtaí a bhfuil ráta úis íseal acu, ar mhaithe le hoibleagáidí ráta úis an Ghrúpa a réiteach agus cinnteacht maidir le próifíl caiteachais ar rátaí úis an Ghrúpa a mhéadú. Is é beartas an Ghrúpa íosleibhéal fiachais ráta sheasta de 60% den ghlanfhiachas a choinneáil ar bhonn rollach 12 mhí agus 50% den ghlanfhiachas ar bhonn rollach trí bliana. Úsáideann an Grúpa roinnt modhanna éagsúla, lena n-áirítear dul i mbun díorthaigh a bhaineann le fiachas ráta seasta agus rátaí úis, chun an riosca ráta úis atá ar a phunann fiachais a bhainistiú.

Ba é seo a leanas céatadán fhiachas seasta agus comhlúthach an Ghrúpa (dliteanais léasa agus fiachas atá dlite don Mháthairchuideachta as an áireamh) amhail an 31 Nollaig:

| | 2025 | 2025 | 2024 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | % | €'000 | % |
| Ag rátaí seasta | **(758,391)** | **88.4%** | (757,695) | 88.4% |
| Ag rátaí comhlúthacha | **(99,740)** | **11.6%** | (99,500) | 11.6% |
| **Iomlán** | **(858,131)** | **100.0%** | (857,195) | 100.0% |

Amhail an 31 Nollaig 2025, ba é 2.26% an meánráta úis ualaithe a gearradh ar an bpunann fiachais sheasta (gan léasanna a chur san áireamh) (2024: 2.26%) lenar cuimsíodh trí bhanna dar luach €761.0 milliún ar an iomlán (2024: €761.0 milliún).

Cuirtear sonraí ar fáil sa tábla thíos ar fhiachas ar ráta seasta, lena n-áirítear iasachtaí amhail an 31 Nollaig 2025:

| | Méid Fuascailte €'000 | Dáta a Eisíodh | Aibíocht | Cúpón % |
|---|---|---|---|---|
| Eorabhanna 1 | 335,989 | 2016 | 10 mbliana | 1.375 |
| Eorabhanna 2 | 125,000 | 2016 | 20 bliain | 2.25 |
| Eorabhanna 4 | 300,000 | 2024 | 6 bliana | 3.25 |

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| É seo a leanas meánmharthanacht an fhiachais ar ráta seasta | **4.06 bliana** | 5.06 bliain |

Déantar costais úis a bhaineann le hiasachtaí ar ráta athraitheach a athshocrú ar bhonn tráthúil le haghaidh mí amháin, trí mhí nó sé mhí thar an ráta margaidh atá i réim.

## 24. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

### Anailís íogaireachta ar shreabhadh airgid le haghaidh fiachas ar ráta comhlúthach

Is í aidhm bheartais agus phróisis an Ghrúpa um bainistiú agus rialú riosca ráta úis, mar atá leagtha amach roimhe seo, ná laghdú a dhéanamh ar thionchar luaineachta gearrthéarmacha sa ráta úis ar thuilleamh an Ghrúpa. Mar sin féin, beidh tionchar ag athruithe fadtéarmacha ar rátaí úis ar thuilleamh an Ghrúpa.

Meastar go mbeadh tionchar ag gluaiseacht 200 bonnphointe i rátaí úis ar an 31 Nollaig 2025 ar bhrabús roimh chánachas de réir na méideanna arna dtaispeáint thíos, agus go mbeadh an t-athrú luacha chóir ar ioncam cuimsitheach eile mar a thaispeántar thíos:

| | Brabús roimh ghnóthachan/ (chaillteanas) cánachais | | Ioncam Cuimsitheach eile | |
|---|---|---|---|---|
| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
| Méadú 200 bp | **(1,995)** | **(1,990)** | - | - |
| Laghdú 200 bp | **1,995** | **1,990** | - | - |

Rinneadh na toimhdí seo a leanas maidir leis an anailís íogaireachta thuas:

- fanann gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh ach go háirithe, mar an gcéanna;
- ní bhaineann sé ach le hionstraimí airgeadais díorthacha agus fiachas comhlúthach;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach (tugtha) anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin; agus
- déileáiltear leis an gcéim chomhlúthach d'aon mhalairt nó aon fhiachas ráta chomhlúthaigh amhail is nach mbeadh aon ráta úis socraithe cheana féin, mar sin bíonn tionchar ag athrú ar rátaí úis ar feadh 12 mhí don chion úis fhabhraithe de na ríomhanna íogaireachta.

# 25. Tomhas luacha chóir

Éilíonn cuid de bheartais agus nochtaí cuntasaíochta an Ghrúpa go ndéanfar na luachanna córa a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais a thomhas. Agus luach cóir sócmhainne nó dliteanais á mheas aige, úsáideann an Grúpa sonraí ó mhargaí inbhraite sa mhéid agus atá na sonraí sin ar fáil.

Déantar luachanna córa a chatagóiriú i leibhéil dhifriúla in ordlathas luacha chóir bunaithe ar na hionchuir a úsáidtear sna teicnící luachála mar seo a leanas;

- **Leibhéal 1:** praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- **Leibhéal 2:** ionchuir seachas na praghsanna a luadh, a cuireadh san áireamh i Leibhéal 1, atá infheicthe le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, cibé acu go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin, bunaithe ar phraghsanna).
- **Leibhéal 3:** ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cothrom sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil dhifriúla d'ordlathas an luacha chóir, ansin déantar an tomhas luacha chóir a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna d'ordlathas an luacha chóir mar an t-ionchur luacha chóir is ísle atá suntasach don tomhas ina iomláine. Aithníonn an Grúpa aistrithe idir leibhéil d'ordlathas luacha chóir ag deireadh na bliana tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn. Ní raibh aon aistrithe ann sa bhliain 2025 ná sa bhliain 2024.

## (a) Luach cóir sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a thomhaistear ar luach cóir ar bhonn athfhillteach

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na teicnící luachála a chuireann an Grúpa i bhfeidhm chun luach cóir a thomhas, i dteannta le haon ionchur dobhraite suntasach.

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchuir dhobhraite shuntasacha |
|---|---|---|
| Conarthaí réamh-mhalairte<br>(Féach ar nóta 24) | Bíonn luach cóir conarthaí réamh-mhalairte bunaithe ar a bpraghas luaite, má tá sé ar fáil.<br>Mura bhfuil praghas luaite ar fáil, meastar luach cóir mar an difríocht idir réamh-phraghas an chonartha agus réamh-phraghas reatha um aibíocht iarmharach an chonartha.<br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |

## (b) Luach cóir dliteanas airgeadais nach ndéantar a thomhas ar luach cóir (ach tá nochtaí luacha chóir de dhíth)

Déantar luach cóir iasachtaí, arna dtomhas ag an gcostas amúchta, a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú ó na glanluachanna reatha agus úsáid á bhaint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe - Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2. Níorbh ann d'ionstraimí airgeadais a dhéantar a thomhas ar luach amúchta ar nochtadh luach cóir lena aghaidh, a bhí aicmithe mar Leibhéal 3 sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe.

## (c) Luach cóir réadmhaoine infheistíochta nach ndéantar a thomhas ar luach cóir (ach tá nochtuithe luacha chóir de dhíth)

Iompraítear réadmhaoine infheistíochta ag costas stairiúil lúide dímheas carntha. Nochtar luach cóir na réadmhaoine infheistíochta i gcomhréir le ceanglais IAS 40.79. Rinneadh an luach cóir a chinneadh trí úsáid a bhaint as an gcur chuige margaidh, i bhfianaise an eolais mhargaidh ar fad atá ar fáil agus rinne Avison Young é (luachálaithe cláraithe RICS). Díorthaíodh an luach cóir go príomha trí úsáid a bhaint as idirbhearta inchomparáide le déanaí ar neamhthuilleamaí agus trí theicnící luachála cuí a úsáid - Ordlathas luacha chóir: leibhéal 3.

# 26. Fochuideachtaí

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta ar an 31 Nollaig 2025:

| An chuideachta | Cineál an Ghnó | Oifig Chláraithe | % de Shealbhán Gnáth-Scairchaipitil |
|---|---|---|---|
| GNI (RA) Limited | Tarchur Gáis | 13ú Urlár, One Angel Court, Londain, An Ríocht Aontaithe EC2R 7HJ | 100% |
| Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC | Tarchur Gáis | Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, Éire | 100% |
| DAC Athrú Seirbhísí Líonra | Neamhthrádáil | Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, Éire | 100% |

# 27. Páirtithe gaolmhara

## Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí

Tá na príomhbhainisteoirí comhdhéanta de Bhord Líonraí Gáis Éireann, POF Líonraí Gáis Éireann agus na daoine a thuairiscíonn go díreach dó.

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe | **(2,376)** | (2,289) |
| Sochair iarfhostaíochta | **(214)** | (218) |
| **Iomlán** | **(2,590)** | (2,507) |

## Comhaltaí Boird

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag comhaltaí an Bhoird sa Ghrúpa ag aon uair le linn na bliana.

## Comhlachtaí Rialtais

Ar aon dul le go leor eintitis eile, déileálann an Grúpa i ngnáthchúrsa a ghnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, amhail Bord Soláthair an Leictreachais, Eirgrid, Údaráis Áitiúla agus bainc Éireannacha áirithe atá faoi úinéireacht pháirteach Rialtas na hÉireann. Déantar na hidirbhearta go léir de réir gnáththéarmaí tráchtála. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an nGrúpa le haon bhanc den sórt sin le linn na bliana, ar an dáta tuairiscithe, ná le haghaidh dheireadh na tréimhse comparáidí.

## Idirbhearta le Ervia (an bhliain roimhe)

### (a) Aistriú ó Ervia faoi smacht choiteann

Roimh 1 Meitheamh 2024, ba é Ervia máthairchuideachta deiridh Líonraí Gáis Éireann agus is comhlacht corparáideach é atá bunaithe faoin Acht Gáis 1976 agus a bhfuil sainchónaí air in Éirinn. Rinneadh Ervia a dhíscaoileadh le héifeacht ón 1 Meitheamh 2024, de bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, lenar foráladh d'aistriú feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais uile chorparáid reachtúil Ervia ar an dáta sin, chuig Líonraí Gáis Éireann. Féach thíos le haghaidh sonraí maidir leis na hiarmhéideanna a aistríodh ó Ervia chuig Líonraí Gáis Éireann.

| | 01-Meith-24 €'000 |
|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 2,492 |
| Sócmhainn sochair scoir | 27,724 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | (3,465) |
| Infháltais thrádála agus infháltais eile - díbhinn a bhí dlite ó Líonraí Gáis Éireann * | 44,018 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile - díbhinn iníoctha leis an Státchiste * | (44,018) |
| Infháltais trádála agus Infháltais eile - eile | 210 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile - fabhrú | (10) |
| Dliteanas cánach reatha | (74) |
| **An tIomlán a aistríodh** | **26,877** |

** Maidir le díbhinn €44.018m i gcomhair 2024 a dhearbhaigh Líonraí Gáis Éireann níor íocadh le Ervia é sula ndearnadh é a dhíscaoileadh ar an 01 Meitheamh 2024. De bhun an Achta Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024, ghlac Líonraí Gáis Éireann an dliteanas díbhinne dar luach €44.018m (nóta c) ó Ervia do Stát na hÉireann in ionad an dliteanais sin.*

Nuair a aistrítear sócmhainní agus dliteanais idir eintitis atá faoi rialú comhchoiteann ag dáta an aistrithe, ní dhéantar na sócmhainní agus na dliteanais a thomhas ag a luachanna córa agus ina áit sin, déantar iad a thomhas bunaithe ar na luachanna (tugtha) anonn. Áirítear leis na difríochtaí idir an chomaoin a íocadh (nialasach) agus luach (tugtha) anonn comhiomlán na sócmhainní agus dliteanais (€26.9m) a fuarthas i gcothromas mar ranníocaíocht chaipitil (€26.9m).

27. Páirtithe gaolmhara (ar lean)

(b) Díbhinní

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| Díbhinn a Íocadh leis an Státchiste | **(62,075)** | (44,018) |
| **Iomlán** | **(62,075)** | (44,018) |

I mí an Mhárta 2024, dhearbhaigh an Chuideachta díbhinn bhliantúil €44m do Ervia mar a leagtar amach thuas. I ndiaidh díscaoilte Ervia, íocadh an díbhinn seo leis an Státchiste ag Líonraí Gáis Éireann. Íocadh díbhinn bhliantúil €62.075m leis an Státchiste i rith na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025.

(c) Costais pinsin

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costais pinsin | **-** | (3,363) |

# 28. Teagmhais ina dhiaidh sin

I mí Aibreáin 2026, d'fhaomh an Bord dearbhú agus íocaíocht díbhinne de €65.974 milliún.

Táimid ag déanamh dlúthmhonatóireachta ar an staid a thagann chun cinn ón gcoinbhleacht sa Mheánoirthear agus leanfaimid orainn ag fiosrú na dtionchar féideartha ar ár gcuid oibríochtaí de réir mar a leanfaidh cúrsaí ar aghaidh ag athrú. Is teagmhas neamhchoigeartúcháin é sin le haghaidh na ráiteas airgeadais seo. Níor tharla aon teagmhais eile idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais, a mbeadh coigeartú ar na ráitis airgeadais seo nó aon nochtaí breise ag teastáil lena n-aghaidh.

# 29. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 15 Aibreán 2026.

## Clár comhardaithe na cuideachta

amhail an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 31-Noll-25<br>€'000 | 31-Noll-24<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 30A. | **2,184,789** | 2,137,430 |
| Réadmhaoine infheistíochta | 10 | **-** | 6,896 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 30B. | **29,550** | 28,098 |
| Infheistíocht i bhfochuideachtaí | 30C. | **515** | 515 |
| Infháltais thrádála agus infháltais eile | 30D. | **87,171** | 123,052 |
| Sócmhainn sochair scoir | 19 | **45,709** | 23,069 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 30M. | **2** | 59 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | **2,347,736** | 2,319,119 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Sócmhainní arna gcoinneáil le díol | 13 | **6,553** | - |
| Infháltais thrádála agus infháltais eile | 30D. | **78,762** | 79,508 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don chuideachta | 30E. | **229,108** | 121,172 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | 30E. | **22,602** | 18,878 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 30M. | **86** | 357 |
| Fardail | 30G. | **980** | 664 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **338,091** | 220,579 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **2,685,827** | 2,539,698 |
| | | | |
| **Cothromas agus dliteanais** | | | |
| **Cothromas** | | | |
| Scairchaipiteal agus scairbhiseach | | **(318,353)** | (318,353) |
| Ranníocaíocht chaipitil | | **(396,824)** | (396,824) |
| Tuilleamh coinnithe | | **(519,725)** | (436,771) |
| **Cothromas iomlán** | | **(1,234,902)** | (1,151,948) |
| | | | |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 18 | **(525,009)** | (859,422) |
| Ioncam iarchurtha | 30H. | **(222,771)** | (179,139) |
| Deontais | 30I. | **(4,825)** | (9,203) |
| Forálacha | 30J. | **(5,090)** | (5,263) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | 30K. | **(3,205)** | (3,272) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 30M. | **(2)** | (59) |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 30L. | **(190,816)** | (189,235) |

## Clár comhardaithe na cuideachta (ar lean)

amhail an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 31-Noll-25 €'000 | 31-Noll-24 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **(951,718)** | (1,245,593) |
| | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 18 | **(335,349)** | (231) |
| Ioncam iarchurtha | 30H. | **(29,302)** | (18,017) |
| Deontais | 30I. | **(4,150)** | (4,036) |
| Forálacha | 30J. | **(1,263)** | (1,754) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | 30K. | **(127,615)** | (116,915) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 30M. | **(80)** | (385) |
| Dliteanais chánach reatha | 30L. | **(1,448)** | (819) |
| | | | |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(499,207)** | (142,157) |
| **Dliteanais iomlána** | | **(1,450,925)** | (1,387,750) |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **(2,685,827)** | (2,539,698) |

B'ionann brabús inchurtha i leith na Cuideachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 agus €121.7 milliún (2024: €116.9 milliún).

**Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:**
**Dáta: 15 Aibreán 2026**





**Kevin Toland**
Cathaoirleach

**Saoirse Fahey**
Ball den Bhord

## áiteas na cuideachta ar athruithe ar an gcothromas

don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2025

| | | Scairchaipiteal agus scairbhiseach | Ranníocaíocht chaipitil | Tuilleamh coinnithe | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | | (318,353) | (369,947) | (367,036) | (1,055,336) |
| | | | | | |
| Brabús don bhliain | | - | - | (116,941) | (116,941) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | - | - | - | 3,188 | 3,188 |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain** | - | - | - | (113,753) | (113,753) |
| | | | | | |
| Aistriú faoi idirbheart rialaithe chomhchoitinn | 30N. | - | (26,877) | | (26,877) |
| Díbhinní | 27 | - | - | 44,018 | 44,018 |
| | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | (318,353) | (396,824) | (436,771) | (1,151,948) |
| | | | | | |
| Brabús don bhliain | | **-** | **-** | **(121,681)** | **(121,681)** |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | - | - | (23,348) | (23,348) |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain** | | **-** | **-** | **(145,029)** | **(145,029)** |
| | | | | | |
| Díbhinní | 27 | **-** | **-** | **62,075** | **62,075** |
| | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | **(318,353)** | **(396,824)** | **(519,725)** | **(1,234,902)** |

É go léir inchurtha i leith úinéirí na Cuideachta.

## Ráiteas na cuideachta ar shreafaí airgid

don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 30F. | **318,943** | 300,141 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, gléasra agus trealamh | | **(164,296)** | (147,305) |
| Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe | | **(10,039)** | (9,967) |
| Deontais faighte | 30I. | **1,534** | - |
| Ús faighte | | **4,649** | 6,159 |
| Aisíocaíocht a fuarthas (iasacht le fochuideachta) | | **18,175** | |
| Díbhinn a fuarthas | 30O. | **5,000** | - |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(144,977)** | (151,113) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Fáltais ó iasachtaí | 18 | **-** | 298,287 |
| Aisíocaíocht iasachtaí | 18 | **-** | (459,520) |
| Ranníocaíocht chaipitil a fuarthas | 27 | **-** | 2,492 |
| Aisíoc dliteanais léasa | 11 | **(231)** | (244) |
| Díbhinní íoctha | 30O. | **(62,075)** | (44,018) |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **(62,306)** | (203,003) |
| **Glanmhéadú/(laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | 30E. | **111,660** | (53,975) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | 30E. | **140,050** | 194,025 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig** | 30E. | **251,710** | 140,050 |



# Nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais na cuideachta


| | |
|---|---|
| 30A. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 192 |
| 30B. Sócmhainní doláimhsithe | 193 |
| 30C. Infheistíocht i bhfochuideachtaí | 194 |
| 30D. Infháltais thrádála agus infháltais eile | 194 |
| 30E. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 197 |
| 30F. Airgead tirim faighte ó oibríochtaí | 198 |
| 30G. Fardal | 198 |
| 30H. Ioncam iarchurtha | 199 |
| 30I. Deontais | 199 |
| 30J. Forálacha, teagmhais agus dliteanais chaipitil | 200 |
| 30K. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | 200 |
| 30L. Cáin | 201 |
| 30M. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais | 201 |
| 30N. Scairchaipiteal eisithe | 205 |
| 30O. Páirtithe gaolmhara | 206 |
| 30P. Teagmhais ina dhiaidh sin | 207 |

# 30A. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Nótaí | 31-Noll-25 €'000 | 31-Noll-24 €'000 |
|---|---|---|---|
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht | | **2,181,281** | 2,133,535 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh – sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo | 11 | **3,508** | 3,895 |
| **Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - arna gcur i láthair ar an gclár comhardaithe** | | **2,184,789** | 2,137,430 |

## Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht

| | Nótaí | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Gléasra, píblíne agus innealra €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | | 65,138 | 4,023,459 | 77,110 | 4,165,707 |
| Breiseanna | | - | 7,582 | 132,612 | 140,194 |
| Diúscairtí | | - | (5,257) | - | (5,257) |
| Aistrithe | | 2,229 | 117,603 | (119,832) | - |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | 67,367 | 4,143,387 | 89,890 | 4,300,644 |
| Breiseanna | | **-** | **5,353** | **169,074** | **174,427** |
| Diúscairtí | | **-** | **(3,920)** | **-** | **(3,920)** |
| Aistrithe | | **321** | **155,157** | **(155,478)** | **-** |
| Aistrithe ó Réadmhaoine infheistíochta | 10 | **-** | **655** | **-** | **655** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | **67,688** | **4,300,632** | **103,486** | **4,471,806** |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus** | | | | | |
| **bearnúcháin** | | (26,073) | (2,019,920) | - | (2,045,993) |
| Ar an 1 Eanáir 2024 | | (1,357) | (119,498) | - | (120,855) |
| Muirear dímheasa | | - | (5,518) | - | (5,518) |
| Muirear bearnúcháin | | - | 5,257 | - | 5,257 |
| **Diúscairtí** | | (27,430) | (2,139,679) | - | (2,167,109) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | | **(1,405)** | **(123,309)** | **-** | **(124,714)** |
| Muirear dímheasa | | **-** | **(1,927)** | **-** | **(1,927)** |
| Muirear bearnúcháin | | **-** | **3,880** | **-** | **3,880** |
| Diúscairtí | 10 | **-** | **(655)** | **-** | **(655)** |
| **Aistrithe ó Réadmhaoine infheistíochta** | | **(28,835)** | **(2,261,690)** | **-** | **(2,290,525)** |

| | Nótaí | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Gléasra, píblíne agus innealra €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | | | | |
| Suimeanna glanluacha | | 39,937 | 2,003,708 | 89,890 | 2,133,535 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | **38,853** | **2,038,942** | **103,486** | **2,181,281** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | | | | |

Ba ionann caillteanais bhearnúcháin i dtaobh fearais agus innealra sa bhliain agus €1.9 milliún, (2024 €5.5m). Tá na caillteanais sin inchurtha i leith caithimh agus cuimilte níos mó ná a bhíothas ag súil agus díluacháil cistí atá ar fáil. Baineann an caillteanas bearnúcháin a tugadh chun cinn maidir le sócmhainní atá á dtógáil le tionscadail forbartha.

Áirítear le luach (tugtha) anonn na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh sócmhainní atá faoi réir socruithe léasa oibriúcháin mar atá curtha síos orthu i nóta 11 'An Grúpa mar Léasóir'. Ba é luach anonn na sócmhainní sin ar an 31 Nollaig 2025 ná €27 milliún (31 Nollaig 2024: €35 milliún) agus áirítear é sa ghléasra, píblíne agus innealra.

# 30B. Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí agus eile €'000 | Bogearraí i mbun forbartha €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | 174,476 | 6,094 | 180,570 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | - | 10,381 | 10,381 |
| Aistrithe | 10,733 | (10,733) | - |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | 185,209 | 5,742 | 190,951 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | **-** | **9,671** | **9,671** |
| Aistrithe | **8,793** | **(8,793)** | **-** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **194,002** | **6,620** | **200,622** |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | (155,072) | - | (155,072) |
| Muirear amúchta | (7,781) | - | (7,781) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | (162,853) | - | (162,853) |
| Muirear amúchta | **(8,219)** | **-** | **(8,219)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **(171,072)** | **-** | **(171,072)** |
| **Suim ghlanluacha** | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 22,356 | 5,742 | 28,098 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **22,930** | **6,620** | **29,550** |

# 30C. Infheistíocht i bhfochuideachtaí

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Ar an 1 Eanáir | **515** | 515 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **515** | 515 |
| Bearnúchán | | |
| Ar an 1 Eanáir | **-** | - |
| **Ar an 31 Nollaig** | **-** | - |
| **Suim ghlanluacha** | | |
| **Ar an 31 Nollaig** | **515** | 515 |

Féach nóta 26 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh shonraí chúrsaí fhochuideachtaí na Cuideachta.

# 30D. Infháltais thrádála agus infháltais eile

| | Nótaí | 31-Noll-25 €'000 | 31-Noll-24 €'000 |
|---|---|---|---|
| Úsáid infháltas córais - billeáilte | | **5,384** | 1,890 |
| Úsáid infháltas córais - neamhbhilleáilte | | **51,091** | 52,038 |
| Infháltais thrádála eile - billeáilte | | **5,693** | 7,213 |
| Infháltais thrádála eile - neamhbhilleáilte | | **8,855** | 9,637 |
| Méideanna atá dlite ó fhochuideachtaí | 30O. | **87,637** | 124,199 |
| Infháltais eile | | **1,618** | 2,447 |
| **Fo-iomlán** | | **160,278** | 197,424 |
| Réamhíocaíochtaí | | **5,655** | 5,136 |
| **Iomlán** | | **165,933** | 202,560 |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | |
| Neamhreatha | | **87,171** | 123,052 |
| Reatha | | **78,762** | 79,508 |
| **Iomlán** | | **165,933** | 202,560 |

Cuimsítear le hinfháltais thrádála agus infháltais eile úsáid infháltas córais, infháltas thrádála eile agus méideanna atá dlite ó fhochuideachtaí - féach nóta 14 le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus 30O le haghaidh tuilleadh sonraí faoi gach ceann acu siúd.

Níor aithin an Chuideachta aon chaillteanais chreidmheasa ionchasacha ábhartha.

Cuireann an Chuideachta cur chuige simplithe IFRS 9 (ina n-úsáidtear caillteanais chreidmheasa ionchasacha (CCI) saoil) i bhfeidhm chun CCI a thomhas le haghaidh infháltais thrádála agus infháltais eile, ach amháin méideanna áirithe atá dlite ó fhochuideachtaí, a ndéantar iad a thomhas le cur chuige ginearálta IFRS 9. Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar infháltais thrádála agus infháltais eile ag an gcur chuige um thomhas CCI a chuireann an Chuideachta i bhfeidhm.

| | 31-Noll-25 €'000 | 31-Noll-24 €'000 |
|---|---|---|
| Cur chuige simplithe | **72,641** | 73,225 |
| Cur chuige ginearálta | **87,637** | 124,199 |
| **Iomlán** | **160,278** | 197,424 |

## Cur chuige simplithe - caillteanais chreidmheasa ionchais

Féach nóta 14 le ráitis airgeadais an Ghrúpa chun tuilleadh sonraí a fháil faoi chur i bhfeidhm an chuir chuige shimplithe CCI sa Ghrúpa agus sa Chuideachta.

Léirítear sa tábla seo a leanas an ghluaiseacht sa liúntas caillteanais chreidmheasa ionchais a aithníodh le haghaidh na trádála agus infháltais eile i gcomhréir leis an gcur chuige simplithe a leagtar amach in IFRS 9 (measúnú aonair).

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(678)** | (894) |
| Caillteanais bearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | **(553)** | (102) |
| Liúntas a úsáideadh | **101** | 318 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(1,130)** | (678) |

Léiríonn an tábla seo a leanas aosú infháltas trádála agus infháltais eile, glan ar liúntas i gcomhair caillteanais chreidmheasa ionchais, arna thomhas i gcomhréir leis an gcur chuige simplithe mar atá leagtha amach in IFRS 9.

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Nach bhfuil thar an dáta dlite | **62,437** | 70,185 |
| 1-30 lá thar téarma | **8,336** | 1,106 |
| 31-120 lá thar téarma | **1,698** | 1,088 |
| > 120 lá thar téarma | **170** | 846 |
| **Iomlán** | **72,641** | 73,225 |

## Cur chuige ginearálta - caillteanais chreidmheasa ionchais

Baineann an cur chuige ginearálta le hinfháltais nach bhfuil incháilithe um chur i bhfeidhm an chuir chuige shimplithe arb iad, le haghaidh na Cuideachta, méideanna áirithe atá dlite ó fhochuideachtaí. Tá measúnú ar dhóchúlacht na mainneachtana le haghaidh na n-infháltas sin leagtha amach thíos.

Faoin gcur chuige ginearálta, ní mór don eintiteas a shocrú cibé acu an bhfuil an tsócmhainn airgeadais i gceann amháin de thrí chéim chun an méid CCI a shocrú atá le haithint;

Is é atá i gceist le
Céim 1 ná caillteanas creidmheasa nach ndeachaigh i méid go suntasach ó aithníodh i dtosach é. Le haghaidh sócmhainní airgeadais atá ag céim 1, ceanglaítear ar eintitis CCI 12 mhí a aithint agus ioncam úis a aithint ar bhonn ollmhéide – ciallaíonn sé sin go ríomhfar ús ar ollsuim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais sula ndéantar coigeartú i gcomhair CCI.

Ag Céim 2 níl an riosca creidmheasa imithe i méid go suntasach ó aithníodh i dtosach é. Nuair a aistríonn sócmhainn airgeadais go céim 2 ceanglaítear ar eintitis CCI saolré a aithint ach leanfar ar aghaidh ag aithint ioncaim ar bhonn ollmhéide.

Ag Céim 3 tá an tsócmhainn airgeadais bearnaithe. Is é sin go bunúsach an pointe ag ar tharla caillteanas tabhaithe. Le haghaidh sócmhainní airgeadais ag céim 3, leanfaidh eintitis ar aghaidh ag aithint CCI saolré ach anois aithneoidh siad ioncam úis ar bhonn glanmhéide. Ciallaíonn sé sin go ríomhfar ús bunaithe ar ollshuim glanluacha na sócmhainne airgeadais lúide CCI.

## 30D. Infháltais thrádála agus infháltais eile (ar lean)

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí méideanna dlite ó fhochuideachtaí de €87.6 milliún ag an gCuideachta (2024: €124.2 milliún). Nuair atá caillteanais chreidmheasa ionchais á ríomh (lena n-áirítear an dóchúlacht go mbeidh mainneachtain agus caillteanas i gcás mainneachtana ann), rinneadh méideanna dlite ó fhochuideachtaí a aicmiú mar infháltais ar riosca íseal creidmheasa. Ó aithníodh ar dtús iad, ní raibh aon mhéid ann a aicmíodh mar iníoctha ar an éileamh nó a raibh méadú suntasach le brath sa riosca creidmheasa atá ann ina leith. Chun caillteanas creidmheasa ionchais a shocrú, tugtar aird ar fheidhmíocht stairiúil na hiasachta ábhartha chomh maith le faisnéis réamhbhreathnaitheach don fhochuideachta ábhartha, lena n-áirítear réamhaisnéisí sonraithe um shreabhadh airgid lascainithe agus fachtóirí macrai-eacnamaíocha. De bhun an mheasúnaithe sin, ní aithnítear aon liúntas i dtaca le caillteanais chreidmheasa ionchais maidir leis na méideanna sin ar an 31 Nollaig 2025 (2024: €nialas) agus níor aithníodh aon chaillteanais chreidmheasa ionchais le linn na bliana maidir leis na méideanna sin (2024: €nialas) toisc go ndearnadh CCI a mheas mar mhí-ábhartha.

Léiríonn an tábla seo a leanas na hinfháltais de réir céime, glan ar liúntas caillteanais chreidmheasa ionchais, a dhéantar a thomhas i gcomhréir leis an gcur chuige ginearálta mar atá leagtha amach in IFRS 9.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Céim 1 - CCI 12 mhí (níl sé bearnaithe ó thaobh creidmheasa) | **87,637** | 124,199 |
| **Iomlán** | **87,637** | 124,199 |

Is mar seo a leanas an neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa le haghaidh na trádála agus infháltais eile ar an dáta tuairiscithe de réir réigiún geografach:

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Éire | **72,641** | 73,225 |
| An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | **87,637** | 124,199 |
| **Iomlán** | **160,278** | 197,424 |

# 30E. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

## Ar fáil don ghrúpa

Coinnítear airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim chun gealltanais ghearrthéarmacha airgid thirim a chomhlíonadh.

| | | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|---|
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| Taiscí bainc gearrthéarmacha | | **229,000** | 114,000 |
| Airgead tirim ag an mbanc. | 30M. | **108** | 7,172 |
| **Iomlán** | | **229,108** | 121,172 |

## Taiscí srianta

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Airgead tirim ag an mbanc | **22,602** | 18,878 |
| **Iomlán** | **22,602** | 18,878 |

Áirítear le taiscí srianta méideanna arna gcoinneáil i dtaobh taiscí urrúis de chuid lastóirí líonra gáis (nóta 30E) agus comhaontuithe áirithe ceangail (nóta 30H). Déantar measúnú rialta ar an leibhéal d'urrús lastóra atá i bhfeidhm, agus déantar taiscí nó aisíocaíochtaí breise más gá, i gcomhréir le Cód Oibríochtaí Líonraí Gáis Éireann. Coinnítear éarlaisí slándála i gcomhair comhaontuithe ceangail chun an costas caipitil as tionscadail mhóra ceangail a fhrithghealladh (filltear na custaiméirí iad ar bhonn céimnithe in imeacht 2-3 bliana) agus chun íocaíochtaí acmhainne a fhrithghealladh (filltear ar an gcustaiméir iad i gcaitheamh tréimhse suas le 7 mbliana). Bíonn sé de rogha ag custaiméirí foirmeacha eile sláine airgeadais a chur in ionad éarlaisí slándála reatha uair ar bith. Rinneadh taifead de na suimeanna iníoctha dlite do gach iarmhéid airgid a taifeadadh mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim. Féach nóta 30M le haghaidh nochtaí riosca creidmheasa a bhaineann le cistíocht.

Áirítear le gníomhaíochtaí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim tríd an ráiteas ar shreafaí airgid gníomhaíochtaí iarmhéideanna taisce srianta.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir** | **140,050** | 194,025 |
| Méadú/(laghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim sa ráiteas faoi shreafaí airgid | **111,660** | (53,975) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **251,710** | 140,050 |

# 30F. Airgead tirim faighte ó oibríochtaí

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Brabús don bhliain | **121,681** | 116,941 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | |
| - Dímheas gus amúchadh | **131,248** | 130,959 |
| - Costas sochair scoir | **4,994** | 1,451 |
| - Glanioncam/(chostais) airgeadais | **7,356** | 80 |
| - Costas cáin ioncaim | **17,784** | 19,550 |
| | **283,063** | 268,981 |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | |
| Athruithe ar infháltais thrádála agus infháltais eile | **18,509** | 16,913 |
| Athrú i suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | **(447)** | (4,540) |
| Athrú ar ioncam iarchurtha | **54,917** | 38,994 |
| Athrú ar sholáthairtí | **(664)** | 254 |
| Athrú ar fhardail | **(316)** | (74) |
| Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | **355,062** | 320,528 |
| Ús íoctha * | **(17,209)** | (7,609) |
| Cáin ioncaim a íocadh | **(18,910)** | (12,778) |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **318,943** | 300,141 |

** Tá an t-ús arna íoc glan ar ioncam úis ar thaiscí ar thaiscí gearrthéarmacha de €3.4m (2024 €8.3m).*

# 30G. Fardal

| | 31-Noll-25<br>€'000 | 31-Noll-24<br>€'000 |
|---|---|---|
| Stoic agus ábhair | **980** | 664 |

Níor gealladh aon fhardal mar urrús.

Níor díscríobhadh aon fhardail chuig glanluach inréadaithe sa bhliain 2025 (2024: €nialas).

In 2024, ba ionann luach an fhardail arna aithint mar chostais chothabhála agus €1.8m (2024:€2.0m).

# 30H. Ioncam iarchurtha

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(197,156)** | (158,162) |
| Faighte | **(74,454)** | (62,033) |
| Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim | **19,537** | 23,039 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(252,073)** | (197,156) |

## Anailísithe mar seo a leanas:

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| Neamhreatha | **(222,771)** | (179,139) |
| Reatha | **(29,302)** | (18,017) |
| **Iomlán** | **(252,073)** | (197,156) |

# 30I. Deontais

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(13,239)** | (17,448) |
| Infhaighte sa bhliain | **(1,534)** | - |
| Inaisíoctha | **1,324** | - |
| Amúchta | **4,341** | 4,025 |
| Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim | **133** | 184 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(8,975)** | (13,239) |

## Anailísithe mar seo a leanas:

| | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| Neamhreatha | **(4,825)** | (9,203) |
| Reatha | **(4,150)** | (4,036) |
| **Iomlán** | **(8,975)** | (13,239) |

Níl aon dálaí nár comhlíonadh ag gabháil le deontais a aithnítear sa ráiteas ioncaim. Ar chúinsí áirithe d'fhéadfadh sé go dtiocfadh deontais chun a bheith in-aisíochta mura gcloítear leis na coinníollacha atá leagtha síos sna comhaontuithe deontais. Bhain deontais €1.5 milliún a fuarthas le haghaidh 2025 le maoiniú deontais ón Innovation and Networks Executive Agency (INEA) le hinfheistiú i stáisiún Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus i mbonneagar bainteach le Bithghás. Tá an Grúpa ag súil go n-aisíocfaidh sé €1.324m le INEA toisc nár úsáideadh maoiniú deontas réamh-mhaoinithe a fuarthas.

# 30J. Forálacha, teagmhais agus dliteanais chaipitil

## Forálacha

Féach ar nóta 22 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh tuilleadh nochtuithe i dtaobh sholáthairtí na Cuideachta.

## Teagmhais

Nochtar dliteanais theagmhasacha i ndáil le deontais i nóta 30I.

Bíonn an Chuideachta faoi réir dlíthíochta, éileamh agus díospóidí conartha éagsúla le linn ghnáthchúrsa na n-oibríochtaí. Cé go mbíonn gné éiginnteachta ag gabháil le himeachtaí ar bith den sórt sin, ní mheasaimid go mbeidh drochéifeacht ábhartha ag réiteach na n-imeachtaí sin sa deireadh ar thorthaí na Cuideachta ó oibríochtaí, ar shreafaí airgid oibriúcháin ná ar ghlanseasamh airgeadais.

## Gealltanais chaipitil

| | 2025<br>€'milliún | 2024<br>€'milliún |
|---|---|---|
| Caiteachas caipitil atá ar conradh ach nach bhfuil soláthar déanta ina leith | **80** | 78 |

# 30K. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile

| | 31-Noll-25<br>€'000 | 31-Noll-24<br>€'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna iníoctha trádála | **(14,931)** | (11,219) |
| Speansais fhabhraithe | **(67,065)** | (62,695) |
| Suimeanna iníoctha eile | **(29,421)** | (23,589) |
| Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialta | **(19,403)** | (22,684) |
| **Iomlán** | **(130,820)** | (120,187) |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamhreatha | **(3,205)** | (3,272) |
| Reatha | **(127,615)** | (116,915) |
| **Iomlán** | **(130,820)** | (120,187) |
| **Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialta** | | |
| ÍMAT/árachas sóisialta | **(2,582)** | (2,546) |
| CBL | **(16,821)** | (20,138) |
| **Iomlán** | **(19,403)** | (22,684) |

# 30L. Cáin

## Sócmhainní agus dliteanais chánach reatha

| | 31-Noll-25<br>€'000 | 31-Noll-24<br>€'000 |
|---|---|---|
| (Dliteanais)/ sócmhainní cánach reatha | **(1,448)** | (819) |

## Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

| | Pinsean<br>€'000 | Dímheas luathaithe cánach<br>€'000 | Muirir úis iníoctha<br>€'000 | Eile *<br>€'000 | Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | - | (188,612) | 262 | (201) | (188,551) |
| Aistrithe faoi rialú comhchoiteann | (3,465) | - | - | - | (3,465) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | 140 | 2,189 | (23) | 20 | 2,326 |
| Aitheanta i gcothromas | 455 | - | - | - | 455 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | (2,870) | (186,423) | 239 | (181) | (189,235) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | **117** | **1,174** | **68** | **395** | **1,754** |
| Aitheanta i gcothromas | **(3,335)** | **-** | **-** | **-** | **(3,335)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **(6,088)** | **(185,249)** | **307** | **214** | **(190,816)** |

** Áirítear leis sin sócmhainn chánach iarchurtha de €0.3m maidir le dliteanais léasa (2024 €0.3m). Is ionann an dliteanas cánach iarchurtha maidir le sócmhainní ceart úsáide agus €0.1m, (2024 €0.5m).*

# 30M. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais

Féach nóta 24 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh achoimre ar na hionstraimí airgeadais díorthacha a bhíonn in úsáid ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta.

Comhcheanglaíonn an tábla seo a leanas eolas maidir le:

- aicmí ionstraimí airgeadais bunaithe ar a gcineál agus ar a saintréithe;
- suimeanna glanluacha na n-ionstraimí airgeadais;
- luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais (seachas ionstraimí airgeadais nuair atá an suim ghlanluacha geall le bheith comhionann lena luach cóir); agus
- leibhéil ordlathais luachanna córa do shócmhainní airgeadais agus do dhliteanais airgeadais ar nochtadh luach cóir ina leith.

Féach nóta 25 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh nochtaí faoi IFRS 13 maidir le tomhas luacha chóir.

## 30M. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

| | Ordlathas luachanna córa | FVTPL | Costas amúchta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | |
| Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe) | Leibhéal 2 | **88** | **-** | **88** |
| Infháltais trádála agus eile [2] | | **-** | **160,278** | **160,278** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa [3] | | **-** | **229,108** | **229,108** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | | **-** | **22,602** | **22,602** |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | **88** | **411,988** | **412,076** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas [4] | Leibhéal 2 | **-** | **(860,358)** | **(860,358)** |
| Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe) | Leibhéal 2 | **(82)** | **-** | **(82)** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile [1] | | **-** | **(44,352)** | **(44,352)** |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | **(82)** | **(904,710)** | **(904,792)** |
| **Glan(dliteanais) airgeadais** | | **6** | **(492,722)** | **(492,716)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | |
| Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe) | Leibhéal 2 | 416 | - | 416 |
| Infháltais trádála agus eile [2] | | - | 197,424 | 197,424 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa [3] | | - | 121,172 | 121,172 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | | - | 18,878 | 18,878 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | 416 | 337,474 | 337,890 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas [4] | Leibhéal 2 | - | (859,653) | (859,653) |
| Conarthaí ráta malairte eachtraí (neamhainmnithe) | Leibhéal 2 | (444) | - | (444) |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile [1] | | - | (34,808) | (34,808) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | (444) | (894,461) | (894,905) |
| **Glan(dliteanais) airgeadais** | | (28) | (556,987) | (557,015) |

*1 Níor cuireadh speansais agus cánach fhabhraithe agus creidiúnaithe árachais shóisialta san áireamh toisc nach ndéantar iad sin a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.*

*2 Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.*

*3 Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus tuairiscítear an glanmhéid sa chlár comhardaithe i gcás go bhfuil ceart ag an Máthairchuideachta, atá infhorfheidhmithe de réir an dlí na méideanna aitheanta a chúiteamh, agus go bhfuil sé ar intinn socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna. Nochtadh an t-airgead tirim agus na coibhéisí airgid thirim thuas tar éis go ndearnadh rótharraingtí €0.4m a fhritháireamh (2024:nialas). Amhail an 31 Nollaig 2025, ní raibh an Mháistirchuideachta imithe isteach i máistir-shocrú glanluachála ar bith ná i gcomhaontú eile dá leithéid.*

*4 Ba é luach cóir na n-iasachtaí agus an fhiachais eile ar an 31 Nollaig 2025 ná €836.1 milliún (2024: €831.5 milliún).*

### Seo a leanas luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais a thugtar anonn ag luach cóir, agus iad grúpáilte de réir aicme ionstraime:

| | Sócmhainní neamhreatha | Sócmhainní reatha | Dliteanais neamhreatha | Dliteanais reatha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Conarthaí malairte eachtraí | **2** | **86** | **(2)** | **(80)** | **6** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **2** | **86** | **(2)** | **(80)** | **6** |
| **Luach cóir ionstraimí airgeadais** | | | | | |
| Conarthaí malairte eachtraí | **59** | **357** | **(59)** | **(385)** | **(28)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | 59 | 357 | (59) | (385) | (28) |

## Bainistíocht riosca airgeadais

Féach nóta 24 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh tuilleadh sonraí faoi bheartais an Ghrúpa um bainistíocht riosca airgeadais. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

## (i) Riosca creidmheasa

Freagraíonn suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais don uasmhéid neamhchosanta creidmheasa. An neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe:

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | **160,278** | 197,424 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa | **229,108** | 121,172 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | **22,602** | 18,878 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **88** | 416 |
| **Iomlán** | **412,076** | 337,890 |

### (i) (a) Riosca creidmheasa a bhaineann le cistíocht

Féach nóta 24 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh anailíse ar bheartais an Ghrúpa maidir le riosca creidmheasa a bhaineann le cistíocht. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

### Ráthaíochtaí airgeadais

Féach nóta 24 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí ar na ráthaíochtaí airgeadais atá curtha ar bun ag an gCuideachta.

### (i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil

Féach nóta 30D le haghaidh anailís ar neamhchosaint na Cuideachta ar riosca creidmheasa a bhaineann le trádáil.

## 30M. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

### (ii) Riosca maoinithe agus leachtachta

Féach nóta 24 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi spriocanna, bheartais agus phróisis an Ghrúpa chun riosca maoinithe agus leachtachta a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca leachtachta a thomhas. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

Is iad seo a leanas aibíochtaí conarthacha dliteanas airgeadais (agus sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis nár lascainíodh a bhaineann le hiasachtaí agus na sreafaí glana airgid nár lascainíodh atá inchurtha i leith ionstraimí airgeadais. Cuimsítear sa nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthaigh a bhfuil socraíocht chomhlán airgid chomhuaineach ag gabháil leo, m.sh. reámhchonarthaí i rátaí malairte eachtraí.

| | Suim ghlanluacha | Sreafaí airgid conarthacha | < 1 bhliain | 1-2 bhliain | 2-5 bliana | > 5 bliana |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(860,358)** | **(962,032)** | **(355,996)** | **(15,397)** | **(346,792)** | **(243,847)** |
| Suimeanna Iníoctha Trádála agus Suimeanna Iníoctha Eile * | **(44,352)** | **(44,352)** | **(44,352)** | **-** | **-** | **-** |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(904,710)** | **(1,006,384)** | **(400,348)** | **(15,397)** | **(346,792)** | **(243,847)** |
| Conarthaí ráta malairte eachtraí | **6** | **6** | **6** | **-** | **-** | **-** |
| **Dliteanais airgeadais glan-díorthacha** | **6** | **6** | **6** | **-** | **-** | **-** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(904,704)** | **(1,006,378)** | **(400,342)** | **(15,397)** | **(346,792)** | **(243,847)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (859,653) | (983,147) | (20,440) | (356,070) | (46,997) | (559,640) |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile * | (34,808) | (34,808) | (34,808) | - | - | - |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | (894,461) | (1,017,955) | (55,248) | (356,070) | (46,997) | (559,640) |
| Conarthaí ráta malairte eachtraí | (28) | (28) | (28) | - | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | (28) | (28) | (28) | - | - | - |
| **Glandliteanais airgeadais** | (894,489) | (1,017,983) | (55,276) | (356,070) | (46,997) | (559,640) |

** Níor cuireadh speansais agus cánach fhabhraithe agus creidiúnaithe árachais shóisialta san áireamh toisc nach ndéantar iad sin a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.*

### (iii) Riosca margaidh

Féach nóta 24 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi spriocanna, bheartais agus phróisis an Ghrúpa chun riosca margaidh a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca margaidh a thomhas. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

#### (iii) (a) Riosca an ráta malairte

Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go ndéantar cuid d'oibríochtaí na Cuideachta in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha). Is é an cuspóir atá i gceist agus riosca ráta malairte á bhainistiú ná brabúsacht a chosaint agus tionchar na n-éagsúlachtaí ábhartha mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte a íoslaghdú.

Baineann an nochtadh féideartha do riosca ráta malairte le nochtadh an idirbhirt agus le fiachas in airgeadra eachtrach mar atá nochta i ráitis airgeadais an Ghrúpa (nóta 24).

#### Anailís ar íogaire ráta malairte

Dá n-éireodh an euro níos láidre nó níos laige, mar a léirítear thíos, i gcomparáid le steirling ar an 31 Nollaig, thiocfadh méadú/(laghdú) ar ioncam cuimsitheach eile agus ar bhrabús nó caillteanas den mhéid a thaispeántar thíos. Tá an anailís seo bunaithe ar neamhréireanna sa ráta malairte, a mheas an Chuideachta go réasúnach go bhféadfaidís a bheith ann ag an dáta tuairiscithe. Glacann an anailís leis go bhfanann na neamhréireanna eile ar fad, go háirithe rátaí úis, seasta agus déanann sí neamhshuim de thionchar na ndíolachán agus na gceannachán a bhfuiltear ag súil leo.

| | Brabús roimh ghnóthachan/ (chaillteanas) cánachais | Ioncam Cuimsitheach eile | Brabús roimh ghnóthachan/ (chaillteanas) cánachais | Ioncam Cuimsitheach eile |
|---|---|---|---|---|
| | 31-Noll-25 | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 | 31-Noll-24 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Láidriú 5% | **(587)** | **-** | (844) | - |
| Lagú 5% | **587** | **-** | 844 | - |

*Nóta: Ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach (tugtha) anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin.*

#### (iii) (b) Riosca an ráta úis

Féach nóta 24 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi spriocanna, bheartais agus phróisis an Ghrúpa chun riosca ráta úis a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca ráta úis a thomhas. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

Féach nóta 24 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh nochtadh ar riosca ráta úis an Ghrúpa. Léirítear leis seo riosca ráta úis na Cuideachta mar iompraíonn an Chuideachta an riosca ráta úis go léir.

# 30N. Scairchaipiteal eisithe

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Údaraithe:** | | |
| 1,000,000 gnáthscair ar €1.00 an ceann | **1,000** | **1,000** |
| **Sannta, glaoite agus íoctha go hiomlán:** | | |
| 100 gnáthscair ar €1.00 an ceann | - | - |

Ar an 1 Meitheamh 2024, d'eisigh Líonraí Gáis Éireann 100 scair sna sciartha seo a leanas:

(a) 90 scair chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;

(b) 5 scair chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide;

(c) 5 scair leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### (b) Scairbhiseach

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir *** | **318,353** | **318,353** |
| Eisiúint na scaireanna | **-** | - |
| **Ar an 31 Nollaig** | **318,353** | 318,353 |

## 30N. Scairchaipiteal eisithe (ar lean)

### (c) Ranníocaíocht chaipitil

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir **** | **396,824** | 369,947 |
| Aistriú ó Ervia (nóta 27) | **-** | 26,877 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **396,824** | 396,824 |

** Ar an 1 Lúnasa 2015, d'aistrigh Ervia, Máthairchuideachta Líonraí Gáis Éireann roimhe seo, a chuid sócmhainní agus dliteanais ar fad, a bhaineann le gnólacht na líonraí gáis chuig Líonraí Gáis Éireann, fochuideachta a ionchorpraíodh díreach ansin. Agus Ervia agus Líonraí Gáis Éireann faoi rialú comhchoiteann ar dháta an aistrithe, ní dhearnadh na sócmhainní agus na dliteanais a thomhas ag a luachanna córa agus ina áit sin, rinneadh iad a thomhas bunaithe ar na luachanna (tugtha) anonn. Is ionann an scairbhiseach atá ag teacht chun cinn agus an difríocht idir luach (tugtha) anonn na sócmhainní agus na ndliteanas a aistríodh ó Ervia (€1,231.4m) agus comhiomlán an chúitimh iníoctha (€550m) agus an ranníocaíocht chaipitil a fuarthas (€363.1m).*

*** Fuarthas ranníocaíocht chaipitil de €363.1m ó Ervia ar an 1 Lúnasa 2015, mar a dhéantar cur síos air thuas. Fuarthas ranníocaíochtaí caipitil breise de €9.1m in 2021 agus €26.9m in 2024 mar chuid de phróiseas díscaoilte Ervia, a tugadh chun críche ar an 01 Meitheamh 2024.*

# 30O. Páirtithe gaolmhara

Is iad seo a leanas glaniarmhéideanna na bpáirtithe gaolmhara i ndáil leis na hidirbhearta atá sonraithe sna rannáin ábhartha thíos:

| | 31-Noll-25 | 31-Noll-24 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Fochuideachtaí | **87,637** | 124,199 |
| | **87,637** | 124,199 |

### Idirbhearta le Ervia

Féach Nóta 27 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí maidir le hidirbhearta a bhaineann leis an bpáirtí le Máthairchuideachta Ervia.

### Idirbhearta le fochuideachtaí

| | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta | (a) | **7,165** | 7,358 |
| Ioncam úis | (b) | **4,002** | 6,097 |
| Seirbhísí iompair soláthair | (c) | **(63,725)** | (55,241) |
| Díbhinn a fuarthas ón bhfochuideachta | (d) | **(5,000)** | - |

#### (a) Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta

Soláthraíonn Líonraí Gáis Éireann straitéiseacha, rialachas, bainistíocht riosca, bainistíocht seachadta oibriúcháin agus caipitil agus costais seirbhísí airgeadais agus idirbheartaíochta do Líonraí Gáis Éireann (RA) Teo. agus Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC Teo.

#### (b) Ioncam úis

Bhí ioncam úis ag an gCuideachta ó fhochuideachtaí ag eascairt ó shaoráidí iasachta idirchuideachta.

#### (c) Seirbhísí iompair

Le linn na bliana, cheannaigh an Chuideachta seirbhísí agus soláthairtí ó fhochuideachta. Bhain an caiteachas sin le seirbhísí iompair go príomha.

#### (d) Díbhinn

I mí Iúil 2025, d'fhaomh Bord Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC íocaíocht díbhinne speisialta €5.0 milliún lena mháthairchuideachta, Líonraí Gáis Éireann.

### Comhaltaí Boird

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag na Stiúrthóirí sa Chuideachta ag aon uair le linn na bliana ná ar an dáta tuairiscithe.

### Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí

Féach nóta 27 le ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh mionsonraí maidir le cúiteamh phríomhbhainisteoirí an Ghrúpa.

### Comhlachtaí Rialtais

Ar aon dul le go leor eintitis eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa a ghnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, amhail Bord Soláthair an Leictreachais, Eirgrid, Údaráis Áitiúla agus bainc Éireannacha áirithe atá faoi úinéireacht pháirteach Rialtas na hÉireann. Déantar na hidirbhearta go léir de réir gnáththéarmaí tráchtála. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an gCuideachta le haon bhanc den sórt sin le linn na bliana, ar an dáta tuairiscithe, ná le haghaidh dheireadh na tréimhse comparáidí.

# 30P. Teagmhais ina dhiaidh sin

Féach nóta 28 de ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí teagmhas ina dhiaidh sin

Líonraí Gáis Éireann

The main contact details for Gas Networks Ireland are:

**General Enquiries**
**1800 464 464**

Lines open Monday to Friday 8am – 8pm and Saturday 9am – 5.30pm

**24 Hour Emergency Service**
**1800 20 50 50**

**networksinfo@gasnetworks.ie**

**@GasNetIRL**
**gasnetworks.ie**

GNI_AnnualReport_2025